Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní
National Asset Management Agency

An 30 Meitheamh 2011

An tUasal Michael Noonan TD

An tAire Airgeadais

Foirgnimh an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir againn Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas,

**Frank Daly**
Cathaoirleach

**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas Misin GNBS

Iasachtaí a fuarthas a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go gasta agus le leas is fearr an Stáit. An brabach is fearr a ghnóthú faoi réir riosca airgeadais inghlactha. A ngníomhaíochtaí a stiúradh ar bhealach a chabhraíonn leis an margadh réadmhaoine feidhmiú go héifeachtúil agus ar bhealach a bhaineann inbhuanaitheacht fadtéarmach amach le linn cuspóirí sóchaíocha níos forleithne a chur san áireamh.

# An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

## Tuarascáil & Cuntais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Comhaltaí an bhoird | 4 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 7 |
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | 11 |
| Dul chun cinn i 2010 | 14 |
| Creat Dlíthiúil | 15 |
| Athbhreithniú Gnó - Cúlra | 16 |
| Athbhreithniú Gnó - Fáil Iasachta | 16 |
| Athbhreithniú Gnó - Rannpháirtíocht Féichiúnaí | 21 |
| Roinnt Eochair-Chur Chuige Straitéiseacha/Beartas ar Ghlac an Bord Leo | 24 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 27 |
| Struchtúr eagrúcháin GNBS<br>(na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní = GBNS) | 32 |
| Sólathróirí Seirbhíse don GNBS | 36 |
| **Rialachas** | |
| Bord agus Coistí an Bhoird | 39 |
| Tuarascálacha Chathaoirligh Choistí an GNBS | 40 |
| Nochtadh agus Freagreacht | 46 |
| Bainistíocht Riosca | 47 |
| Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais | 49 |
| Gluais Téarmaí | 112 |

# Comhaltaí an Bhoird



## An tUasal Frank Daly

**Cathaoirleach** (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009 le haghaidh tréimhse cúig bliana)
Ceapadh Frank Daly mar Stiúrthóir Leasa an Phobail de Bhanc Angla-Éireannach i mí na Nollag 2008. D'éirigh sé as an bpost seo ar an 22 Nollaig 2009 nuair a cheap an tAire Airgeadais é mar Chathaoirleach an GNBS. Scoir an tUas. Daly as a phost mar Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim i mí an Mhárta 2008, tar éis dó obair mar Chathaoirleach ón mbliain 2002 agus mar Choimisinéir ón mbliain 1996. Chuaigh sé isteach sna Coimisinéirí Ioncaim in 1963. I mí an Mhárta 2008, ceapadh an tUas. Daly mar Chathaoirleach an Choimisiúin um Chánachas. Cuireadh é seo ar bun le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus éifeachtúlacht Chóras Cánachais na hÉireann; d'eisigh an Coimisiún a dTuarascáil i mí Mheán Fómhair 2009.



## An tUasal Michael Connolly

**Comhalta Boird** (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009 le haghaidh tréimhse cúig bliana)
*Cathaoirleach an Choiste Creidmheasa*
*Comhalta an Choiste Chomhairligh Phleanála*
Sa dá bhliain sular ceapadh é mar stiúrthóir an GNBS, bhí Michael Connolly ina chomhairleach do roinnt banc maidir lena bpunanna iasachtaí anásta. Chaith sé 32 bliain ag obair le Banc na hÉireann go dtí 2000, banc ina raibh sé mar chomhalta na hard-fhoirne bainistíochta sinsearaí den Bhanc le breis agus 10 mbliana agus ina bhfuair sé freagrachtaí fairsinge creidmheasa agus baincéireachta gnó go hintíre agus go hidirnáisiúnta. Tá an-taithí rathúil aige mar fheidhmeannach sinsearach i mbun bainistíochta punann réadmhaoine anásta i New Hampshire, SAM, le linn na tréimhse 1991-93. Céimí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (BBS). Comhalta d'Institiúid na mBaincéirí. Comhalta de Chomhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.



## An tUasal John C. Corrigan

**Comhalta an Bhoird (de bhrí oifige)**
*Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca*
Ceapadh John Corrigan mar Phríomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an GBCN) i mí na Nollag 2009. Chuaigh sé isteach sa GBCN go gairid i ndiaidh a mbunaithe in 1991 agus bhí sé freagrach i dtús don chomhpháirt intíre d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Bhí baint ag an tUas. Corrigan in 2001 le bunú an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) agus Stiúrthóir Infheistíochta an Chiste a bhí ann go dtí a cheapadh mar Phríomhfheidhmeannach an GBCN. Sula ndeachaigh sé isteach san GBCN, bhí an tUas. Corrigan mar Phríomhoifigeach Infheistíochta de Bhainisteoirí Infheistíochta AIB (Banc-Aontais na hÉireann), mar gur oibrigh sé roimhe sin sa Roinn Airgeadais.



## An tUas. Eilish Finan

**Comhalta Boird** (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009 le haghaidh tréimhse ceithre bliana)
*Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin*
*Comhalta an Choiste Iniúchóireachta*
*Comhalta Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann*
Is Stiúrthóir Neamhspleách agus Comhairleach í Eilish Finan a sainfheidhmíonn in earnálacha na seirbhísí airgeadais agus réadmhaoine. D'oibrigh an tUas. Finan leis an KPMG mar chuntasóir cairte ní ba luaithe ina gairm. Bhí sí mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir d'Infheistíochtaí an AIG a shainfheidhmigh i mbainistíocht infheistíochta, i mbainistíocht ciste, i seirbhísí iontaobhaí agus caomhnóireachta, in infheistíocht réadmhaoine agus i mbainistíocht sócmhainní. Tá an tUas. Finan ina Comhalta de na Cuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina comhalta Boird de Chumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.



## An tUasal Brendan McDonagh

**Príomhfheidhmeannach**
*Comhalta an Bhoird (de bhrí oifige)*
*Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin*
*Comhalta an Choiste Bainistíochta Riosca*
*Comhalta an Choiste Creidmheasa*
*Comhalta an Choiste Chomhairligh Phleanála*
Cheap an tAire Airgeadais Brendan McDonagh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS i mí na Nollag 2009. Bhí sé mar Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca ag an GNBS roimhe sin ó 2002 go 2009 agus bhí an post mar Rialtóir Airgeadais an GBCN aige idir 1998 agus 2002. Chuaigh an tUas. McDonagh isteach san GBCN ón ESBN (Bord Soláthair Leictreachais = BSL) in 1994. An fóntas cumhachta is mó in Éirinn atá sa BSL, agus d'oibrigh sé ann i roinnt réimsí, amhail cuntasaíocht, iniúchadh inmheánach agus cistíocht.



**An tUasal Brien McEnery**
**Comhalta Boird** (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009 le haghaidh tréimhse ceithre bliana)
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta*
*Comhalta Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann*
Sainfheidhmíonn Brian McEnery (an FCCA) i dtarrtháil agus i ndócmhainneacht chorparáideach agus is comhpháirtí é i ngnólacht tosaigh cuntasóirí agus comhairleoirí gnó agus cleachtais i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte (an ACCA) agus ina chomhalta comhairle den ACCA. Bhí sé mar Uachtarán an ACCA in Éirinn in 2010. Is stiúrthóir é de Choiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta (an CCAB) agus fónann sé ar a gcoiste dócmhainneachta in Éirinn.



**An Dr. Steven A. Seelig**
**Comhalta Boird** (ceaptha ar an 26 Bealtaine 2010 le haghaidh tréimhse trí bliana)
*Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca*
*Comhalta an Choiste Iniúchóireachta*
An Dr. agus Príomhfheidhmeannach na gComhaltaí Cobhsaíochta Airgeadais é an Dr. Steven A. Seelig, is gnólacht comhairleach é a shainfheidhmíonn i réimse na saincheisteanna cobhsaíochta airgeadais. Sular chuir sé Comhaltaí Cobhsaíochta Airgeadais ar bun, d'fhóin an Dr. Seelig mar Chomhairleoir i Rannóg Airgeadaíochta agus Margadh an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (an CAI) mar a raibh freagracht phríomha aige ar ghníomhaíochtaí na rannóige um athstruchtúrú agus réiteach na hearnála airgeadais. An Dr. Seelig formhór a ghairme proifisiúnta sa Chorparáid Árachais Chónaidhme Taisce (an FDIC). Bhí réimse leathan post aige ann, amhail Príomhoifigeach Airgeadais. D'oibrigh an tUas. Seelig freisin mar EacGNBSí i mBanc Cúlchiste Feidearálach Nua-Eabhrac agus mar Chomhollamh EacGNBSíochta ar Ollscoil Fordham.



**An tUasal William Soffe**
**Comhalta Boird** (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009 le haghaidh tréimhse ceithre bliana)
*Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Phleanála*
*Comhalta an Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin*
*Comhalta Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann*
Tá breis agus 45 bliain caite ag William Soffe ag obair i Rialtas Áitiúil i gceantar Bhaile Átha Cliath. Le linn na tréimhse seo, bhí poist aige mar Bhainisteoir Cúnta Cathrach, Bardas Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anois) agus Bainisteoir Contae, Comhairle Contae Fhine Gall. Ó scoir sé in 2004, thug an tUas. Soffe faoi roinnt tascanna seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Cathaoirleach Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, comhalta den Choimisiún um Chánachas agus comhalta den Ghrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú ar Scéimeanna Ceantar-bhunaithe um Athnuachan Dreasachta Cánach.



**An tUasal Peter Stewart**
**Comhalta Boird** (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009 le haghaidh tréimhse trí bliana)
*Cathaoirleach Choiste Comhairleach Thuaisceart Éireann*
*Comhalta an Choiste Iniúchóireachta*
*Comhalta an Choiste Creidmheasa*
Is Comhalta na gCuntasóirí Cairte in Éirinn é Peter Stewart agus tá an-taithí aige ar a lán gnéithe de bhainistíocht airgeadais. Tá obair déanta aige mar iniúchóir poiblí, mar iniúchóir inmheánach, mar phríomhoifigeach airgeadais agus mar chomhairleach airgeadais. Bhí poist shinsearacha bhainistíochta ag an Uas. Stewart i ngnólachtaí trádála idirnáisiúnta in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus i Meiriceá Theas sular chuir sé a ghnólacht comhairleachta airgeadais ar bun. Áiríodh ar a leas gnó bainistíocht ciste réadmhaoine, comhlacht seirbhísí corparáideacha, comhpháirtíocht i gCuntasóirí Cairte O'Donovan Stewart agus comhpháirtíocht i gComhairligh EacGNBSíochta Webster Stewart. Tá taithí leathan Stiúrthóra ag an Uas. Stewart, amhail comhlachtaí poiblí, príobháideacha agus thar lear, rannpháirteach i seirbhísí airgeadais agus seirbhísí eile, i ndéantúsaíocht, i maoin agus i ngnó seachbhrabúsach.



# Ráiteas an Chathaoirligh

## Réamhrá

Is iomaí rud a scríobhadh ar chúlra an GNBS: Mar gheall ar bhoilgeog phraghsanna réadmhaoine a bhí á gcumhachtú ag barraíocht iasachtaithe agus iasachtú neamhairdiúil, tháinig géarchéim baincéireachta a ghéaraigh go gasta agus ba ghá don Rialtas tabhairt fúithi sa chuid dheireanach den bhliain 2008 agus go luath in 2009. Mar chuid dá bhfreagairt beartais, bhunaigh an Rialtas gníomhaireacht bainistíochta sócmhainní le hiasachtaí réadmhaoine bainc a fháil. D'fhógair an tUas. Brian Lenihan TD, trócaire air, an tIar-Aire Airgeadais, cinneadh an Rialtais an GNBS a chur ar bun, sa Cháinaisnéis Fhorlíontach i mí Aibreáin 2009. Tar éis achtú na reachtaíochta i mí na Samhna sa bhliain sin, cuireadh an GNBS ar bun go foirmiúil agus ceapadh Bord an GNBS go mall i mí na Nollag 2009.

Tugtar tuairisc sa Tuarascáil seo ar obair na Gníomhaireachta sa chéad bhliain - bliain a raibh dúshlán, gníomhaíocht agus éachtaí bainteach léi.

## Bunús dúshlánach

Le réamhrá a dhéanamh ar ár gcéad Tuarascáil Bhliantúil, is tábhachtach a aithint gur rud an-dúshlánach é bunú an GNBS. Níor tháinig an Ghníomhaireacht i láthair ach ocht mí dhéag ó shin le freagairt phráinneach ag teastáil ó ghéarchéim a bhí ag fabhrú go gasta sa chúlra, agus le linn atmaisféir a bhí lán le díospóireacht bhríomhar polaitíochta agus poiblí ar na beartais freagartha i leith na géarchéime sin agus ar shonraíochtaí na mbeart a bhí á moladh.

Ba bheag beart a rinne an Rialtas a chruthaigh an oiread sin díospóireachta polaitiúla agus poiblí agus iniúchadh is a chruthaigh bunú an GNBS. Ní chreidim gur tháinig aon Ghníomhaireacht eile Stáit i láthair riamh a raibh bonn ionchasach cliant aici (na daoine bainteach le baincéireacht agus le forbairt réadmhaoine) leis an easpa sin díograise. Is cinnte freisin nár tugadh tasc do Ghníomhaireacht eile Stáit nó d'oibríochtaí earnála príobháidí chomh mór is a bhí an tasc tugtha don GNBS. Mar gheall ar an gcéad eilimint dár sainchúram oibriúcháin, bhí orainn breis agus €70 billiún i sócmhainní iasachta a aistriú ó chúig institiúid airgeadais a chuimsigh 850 féichiúnaí a bhí corradh agus 11,000 iasacht aonair acu a bhí á gcomhthaobhú ag 16,000 réadmhaoin aonair. Ba ghá é seo a dhéanamh laistigh d'amscála docht de réir struchtúr casta dlí a ceapadh chun an ollinfheistíocht seo d'airgead na gcáiníocóirí a chosaint. Is cinnte gur chuir an fíoras go raibh ar an nGníomhaireacht a mbonneagar féin a thógáil agus feidhmiú faoi chlúdach dian na meán agus faoi aire dhlí agus pholaitiúil leis na dúshláin os ár gcomhair amach.

Leis an sainchúram tráchtála fíordheacair seo a bhainistiú, cruthaíodh an GNBS i gcomhréir leis an teimpléad a bhunaigh an GBCN fiche bliain ó shin - is é sin meascán idir saineolas na hearnála príobháidí agus poiblí ag obair chun aisíoc tráchtála a bhaint amach don cháiníocóir agus ag feidhmiú laistigh d'éiteas cuntasachta poiblí.

## Slata Tomhais Ratha

Agus mé ag scríobh an ráitis seo i mí an Mheithimh 2011, tá clár comhardaithe de bhreis agus €30 billiún ag an GNBS. Tá an figiúr seo inchurtha leis na hilnáisiúntaigh is mó agus i bhfad níos mó ná formhór na ngnólachtaí tráchtála in Éirinn. Tá muid difriúil ó ghnólachtaí tráchtála eile ar dhóigh amháin ar a laghad, áfach. Tosaíonn formhór na n-eagraíochtaí go beag agus leathnaíonn siad le fás thar thréimhse ama; os a choinne sin, tosaíonn an GNBS le punann ollmhór agus is é is aidhm dóibh crapadh go gasta. Eochair-shlat tomhais ár ratha is ea ár gclár comhardaithe a chrapadh, tar éis dúinn íosmhéid ar na costais ar fad a thabhaigh an GNBS mar gheall ar iasachtaí, réamhíocaíochtaí agus costais chaipitil feidhmithe a fhorchúiteamh. Is soiléir go bhfuil sé seo i gcomhréir leis an gcuspóir chun an t-aischur is fearr a bhainfeadh amach don Stát a fháil, mar a leagtar síos é in Acht an GNBS.

Slat tomhais eile i leith an GNBS is ea an t-ionchur atá déanta againn, agus a leanfaidh muid a dhéanamh, chun ár gcóras baincéireachta a chóiriú. Tuigtear go coitianta go bhfuil bóthar fada os ár gcomhair amach go fóill ach, trí chomhiarrachtaí an Stáit, tá muid ag déanamh go maith. Ar feadh tréimhse, b'fhéidir gur rud réasúnta é measadh gurbh fhéidir leis an GNBS ina n-aonar an córas baincéireachta a chóiriú dá mbeadh an fhadhb teoranta do na catagóirí iasachta a ceapadh don GNBS. Ní raibh an t-ionchas tosaigh sin féideartha, áfach, mar gheall ar scála fhadhbanna na mbanc, fadhbanna a leathnaigh ní b'fhaide ná talamh is forbairt agus iasachtaí bainteacha laistigh de shainordú an GNBS, agus a tháinig aníos tar éis don GNBS tús a chur lena gcuid oibre. Bhí, agus tá, an GNBS ina gcuid thábhachtach den iarracht ar ár mbainc a chóiriú. Ag a leibhéal is praiticiúla, ghlac muid chóir a bheith gach ceann de na hiasachtaí

talún agus forbartha agus bainteacha as leabhair na mbanc, agus d'íoc muid €30.5 billiúin leo in urrúis infhuascailte ionas go mbeadh teacht acu ar leachtacht agus go leanfadh siad gnáthghnó baincéireachta.

Is gá gur slat tomhais eile rath an GNBS é an pointe ar a dtéann muid i ngleic le cuspóirí beartais phoiblí agus shóisialta. Laistigh de theorainneacha ár gcuspóra tráchtála a leagtar amach thuas, féadfaidh muid bheith ábalta páirt dhearfach a ghlacadh i gcuspóirí éagsúla beartais phoiblí agus shóisialta. Le cuimhne a choinneáil air sin, chomhoibrigh muid le hAirí, Ranna Stáit, gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Pobail éagsúla le hiniúchadh a dhéanamh ar dhóigheanna a bhféadfaimis cuidiú a thabhairt le haghaidh dhul chun cinn na gcuspóirí seo. Rinne muid ár ndícheall, go háirithe, aon scóip a d'fhéadfadh bheith ag an GNBS chun a ngníomhaíochtaí a luí le beartas Stáit i leith tithíochta a aithint.

## Ag íoc an mhéid chirt as iasachtaí

Bhí an-chuid cainte ar an topaic seo, is é sin ar cheart go mbeadh an chomaoin a d'íoc muid as iasachtaí a fuarthas (€30.5 billiún) ní b'airde nó ní ba lú nó ar cheart dúinn í a íoc ní ba luaithe. Níor cheart go ndéanfaí dearmad gur ghá gur ceapadh an GNBS, gur tugadh reachtaíocht dóibh agus gur tógadh ón talamh iad agus ba ghá é seo a dhéanamh go gasta. Ar an leibhéal amuigh, b'fhéidir go mbeadh sé ní b'fhusa dúinn go léir, amhail an GNBS, baincéirí, rialaitheoirí agus féichiúnaithe, má rinneadh luacháil ar an bpunann a fuarthas agus má aistríodh í go tapa. Bhí barraíocht i ngeall ag na páirtithe go léir ann, áfach, amhail na cáiníocóirí a d'íoc as ina iomláine, nárbh fhéidir aon aicearra a ghabháil.

Mar gheall ar na figiúirí ollmhóra a bhí i gceist, ba ghá ár bpraghsáil iasachta a shocrú go cuimsitheach agus go beacht. Ba mhaith le bainc an chomaoin a bhain siad amach as díolachán a n-iasachtaí a uasmhéadú. Luigh sé seó le réasún maidir leis na himpleachtaí caipitil a bhí i gceist. Ábhar ba chúram don GNBS, os a choinne sin, ná cinntiú nár thiomnaigh muid cistí cáiníocóirí thar na méideanna a bheimis ag súil le fáil ar ais ar na hiasachtaí. Go deimhin, bhí teachtaireacht shoiléir ag teacht ó chuid mhór den díospóireacht phoiblí a tharla le linn an dara leatha sa bhliain 2009 nuair a tháinig buairt as ionad aníos faoi ró-íocaíocht féideartha na sócmhainní bainc ag an GNBS.

Ní raibh an pobal amhain ag coinneáil súl ar an gcúrsa seo, ar ndóigh. Bhí spéis airdeallach ag Coimisiún an AE sa toradh ina ról mar mhaoirseoir ar rialacha Státchabhrach. Ní bheadh cinnteacht ag na páirtithe go léir gur stiúradh an t-idirbheart ollmhór seo ar bhonn cothrom réasúnta ach amháin trí na punanna aistrithe a chur faoi luacháil iasachta-ar-iasacht.

Is eol dúinn anois, mar a shroicheann muid deireadh an phróisis fhada dícheall chuí agus luachála, gurbh ionann an chomaoin a d'íoc an GNBS as na hiasachtaí agus 42% de na hiarmhéideanna ainmniúla iasachta i.e. meánlascaine 58%. Ní sheasann na fíricí don áitiú go raibh an toradh seo dian go míchuí ar na hinstitiúidí airgeadais a bhí i gceist. Mar gheall ar chomhchruinniú an mhéid mhóir iasachtaithe i leith líon measartha beag féichiúnaithe agus ar an meath géar ar phraghsanna réadmhaoine ón mbliain 2007, bhí an damáiste déanta cheana féin do chláir chomhardaithe na n-institiúidí airgeadais sular ceapadh an GNBS sa chéad dul amach.

Rinneadh an t-áiteamh gurbh fhéidir an t-instealladh caipitil dhírigh ó cháiníocóirí a laghdú má d'íoc an GNBS tuilleadh airgid as iasachtaí réadmhaoine. Maíonn sé seo go mbeadh ról ag an GNBS, le fírinne, gníomhú mar idirghabhálaí i leith fóirdheontas ceilte do scairshealbhóirí bainc agus do sholáthróirí fofhiachais. Níorbh fhéidir é seo a dhéanamh faoi rialacha Státchabhrach an AE ach, dá mb'fhéidir é, níl aon amhras agam nach gcuirfeadh sé seo na margaidh airgeadais amú agus go mbainfeadh siad de thátal as seo fíor-staid chláir-chomhardaithe an bhainc. Ós rud é gur mheath margadh réadmhaoine na hÉireann faoi 50%-60% ar a mheán óna bhuaic (ag brath ar rang sócmhainní i gceist), níl sé doiligh na hionchais aisíocaíochta bainteach le punanna iasachta maoine a oibriú amach. Is í an fhírinne gur ghá na hinstitiúidí airgeadais a athchaipitliú ar na leibhéil chéanna cibé scéal é.

## Rannpháirtíocht le féichiúnaithe

Ba ar thógáil na heagraíochta agus ar fháil na n-iasachtaí ó na hinstitiúidí rannpháirteacha a bhí ár mbéim san GNBS in 2010. Ón ráithe dheireanach in 2010, aistríodh an chuid is mó dár n-aird go dul i dteagmháil le féichiúnaithe. Ba é ab aidhm dúinn aisíocaíocht a ndliteanas a uasmhéadú ionas go mbainfimis amach na spriocanna aisíocaíochta fiachais a leagtar amach inár bPlean Gnó ó Iúil 2010. Tá an-dul chun cinn déanta againn i leith na sprice sin go dtí seo agus tá muid ag obair go maith le formhór na bhféichiúnaithe de réir mar a dhéanann muid anailís ar a bpleananna gnó agus a oibríonn muid leo ar idirbhearta gnó laethúla.

Is éard atá in aisíocaíocht fiachais ná ceann de na heochair-fhigiúirí príomha a thaispeánfaidh dul chun cinn an GNBS i leith a spriocanna. Is rud spreagúil é a thabhairt faoi deara gur laghdaigh muid ár bhfiachas le breis agus €1 billiún

de réir mar a scríobhaim an ráiteas seo. D'fhuascail muid €750m i mBannaí an GNBS agus d'aisíoc muid €299m d'airleacain a fuarthas ón Aire Airgeadais. Le linn dúinn leibhéal suntasach laghdaithe fiachais a bhaint amach laistigh de bheagáinín níos mó ná bliain, bhí muid ábalta airleacain oibriúcháin agus chaipitil forbraíochta ar fiú corradh le €800m a fhaomhadh. Ina theannta sin, tá iarmhéideanna airgid choinnithe de thimpeall ar €1 billiún againn faoi láthair, rud a éascóidh tuilleadh airleacan caipitil nuair is gá sna míonna atá ag teacht.

## Bearnú

Ar aon dul le rialacha tuairiscithe airgeadais faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, ba ghá don GNBS athbhreithniú bearnaithe ar a bpunann iasachta a fuarthas a stiúradh amhail an 31 Nollaig 2010. Bhí an-teagmháil ag an GNBS leis an iniúchóir seachtrach - an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste - maidir leis an leibhéal cuí bearnaithe don bhliain 2010. Chuimsigh an Bord figiúr réamh-mheasta de €1 billiún ina dtuarascáil ráithe neamhiniúchta Alt 55 do R4 2010. Athbhreithníodh é seo suas go €1.485 billiún sna Ráitis Airgeadais neamhiniúchta do 2010. Tháinig an t-athrú ar leibhéal an bhearnaithe aníos mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Ráta Úis Éifeachtaigh a bhí níos airde ná mar a ceapadh (ráta lascaine) maidir le heilimint aistrithe builc na punainne (nach raibh go fóill faoi réir dícheall cuí amhail deireadh 2010) agus léirmhíniú níos déine ar rialacha cuntasaíochta an IFRS, rud a chuir cosc ar an GNBS ó ghnóthachain ionchasacha a fhritháireamh i gcoinne caillteanais ionchasacha ina gcomh-mheasúnú bearnaithe. Bhí teacht chun cinn na fianaise breise ar bhearnú i gcás na bhféichiúnaithe ag a raibh suntasacht aonair ina toisc eile.

Míneofar go sonrach in áit eile sa Tuarascáil seo agus sna cuntais an mhodheolaíocht agus na ríomhanna atá taobh thiar den mhuirear bearnaithe arb ionann agus €1.485 billiún iad, muirear a ndéanann muid foráil air inár gcuntais. Is fiú béim a chur ar roinnt pointí i leith na forála cuntasaíochta sin.

I gcomhthéacs measúnú a dhéanamh, ag deireadh 2010, ar chaillteanais iasachta ionchasacha ar phunann iasachta atá tuartha le bheith á réadú go ceann tréimhse fhada (d'fhéadfadh sé bheith suas go deich mbliana i gcásanna áirithe), níl aon taithí stairiúil chaillteanais iasachta ar fáil don GNBS a fhéadtar a úsáid mar threoir. Is iomaí neamhchinnteacht bhunúsach i gceist sa mheasúnú bearnaithe agus teastaíonn ón bpróiseas feidhmiú an bhreithiúnais shuibiachtúil de réir luachanna réadaithe sa todhchaí agus mhéid agus uainiú an tsreafa airgid sa todhchaí. Ní chiallaíonn an fhíric go dtugann an GNBS foráil bhearnaithe ag deireadh 2010 go dtiocfaidh caillteanais den chineál seo aníos.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir, faoi na rialacha cuntasaíochta céanna, brabúis ionchasacha ar mhéaduithe ar luach na réadmhaoine i leith eilimint thar lear phunann an GNBS a chur san áireamh mar fhritháireamh go dtí go bhfuil siad réadaithe. Is gá caillteanais ionchasacha a aithint láithreach. Dá réir sin, cé gur figiúr mór arb ionann agus €1.485 billiún é figiúr bearnaithe na bliana 2010, creideann muid go bhfuil sé stuama sa dóigh is go seasann sé do mheath leanúnach na luachanna réadmhaoine, in Éirinn go príomha, le linn 2010. Ní gá dom a rá go mbeidh muid ag obair go dúthrachtach chun aon fhíor-chaillteanais a íosmhéadú de réir mar a réadaítear an phunann agus chun aischur ar ár bpunann a uasmhéadú.

## Oscailteacht maidir lenár ngníomhaíochtaí

De bharr a scála agus a suntasachta, ní leor go bhfuil an-obair á déanamh ag an GNBS; is gá go bhfeictear go bhfuil an-obair á déanamh againn. Dúshlán an-mhór os ár gcomhair is ea an pointe ar a bhféadann muid bheith oscailte agus follasach maidir lenár ngníomhaíochtaí.

Ón tús, ghlac an Bord le polasaí ina mbeimis chomh follasach agus ab fhéidir linn agus níl muid doicheallach rochtain a chur ar fáil d'ionadaithe pobail, do na meáin chumarsáide, do ghrúpaí sainleasa agus d'eagraíochtaí ionadaíochta orainn. Tá muid ag baint úsáid as an gcéad Tuarascáil Bhliantúil seo leis an oiread eolais agus is féidir linn a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara go léir. Tá deacrachtaí againn maidir le soláthar an leibhéil mhionsonra gur mhaith le daoine a bheith acu (go réasúnach). I measc na ndeacrachtaí seo tá réadúlacht na sriantachtaí dlí in Acht an GNBS agus san Acht um Chosaint Sonraí agus i rúndacht baincéireachta. Cuimsíonn na deacrachtaí seo an fhíric go bhfuil eagraíocht tráchtála ionainn go bunúsach atá ag feidhmiú sa mhargadh oscailte agus is le réasún atá muid drogallach faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh bheith le leas ár n-iomaitheoirí. Is ionann sonraíocht atá le leas ár n-iomaitheoirí agus sonraíocht atá le neamhleas cáiníocóirí.

Is diminsean breise maidir le hoscailteacht é cuntasacht, ar ndóigh. Ina leith sin, faigheann an GNBS iniúchadh parlaiminteach dian de bhua a riachtanais tuairiscithe faoi Ailt 53, 54 agus 55 den Acht agus de bhua na fírice go bhféadtar iarraidh ormsa, mar Chathaoirleach, agus ar Brendan McDonagh, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin,

fianaise a thabhairt os comhair choistí an Oireachtais, lena n-áirítear an Coiste um Chuntais Phoiblí, ag am ar bith. Tá ár gcuntais á n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhfuil rochtain iomlán ar ár dtaifid aige.

## Conclúid

Is i gcónaí a bhíonn ionchais don GNBS ard. Chreid daoine go bhféadfadh an GNBS réiteach iomlán a sholáthar, go bhféadfaimis na bainc a chóiriú inár n-aonar ar dhóigh éigin, go bhféadfaimis an margadh réadmhaoine a chóiriú agus go bhféadfaimis cuid den chor chun donais eacGNBSíoch ar a laghad a chosc. B'fhéidir gur réasúnta súil a bheith ag duine ar feadh tréimhse go mbainfeadh cuid de na torthaí seo amach ach is rud difriúil é an réaltacht. Mar a chonacthas sa ghníomh PCAR2 a d'fheidhmigh an Banc Ceannais, bhí na fadhbanna i bhfad ní ba mhó ná iad siúd a cuimsíodh i sainchúram an GNBS agus is cinnte nár tháinig an fíor-scála d'fhadhbanna na mbanc chun cinn sular chuir an GNBS tús lena gcuid oibre. Is cuid thábhachtach í an GNBS - cé nach bhfuil inti ach cuid - den réiteach do na fadhbanna baincéireachta, réadmhaoine agus geilleagracha a chuir isteach ar ár dtír. Tuigeann gach duine againn san GNBS an pháirt is gá dúinn a imirt. Glacann muid leis gur freagracht mhór í ach is freagracht í a thugann muid fúithi go dícheallach agus go hoibiachtúil thar ceann shaoránach na hÉireann go léir.


Tá Éire arís ag tarraingt anois ar chruthaitheacht, fuinneamh agus athléimneacht iomráiteach a saoránach le tús a chur leis an bpróiseas fada d'atógáil ár ngeilleagair. Tá na buanna seo ag teacht i láthair in earnálacha go léir na sochaí tar éis an tsuaite eacGNBSíoch a d'fhulaing muid le blianta beaga anuas agus níl aon amhras agam go bhfuil muid ár dtreorú acu chun gnóthaithe agus rath comhchoiteann.

## Go raibh maith agaibh

San GNBS, Tá mé tógtha leis, agus do mo spreagadh ag, na buanna seo i mo chomhghleagaithe ar an mBord, i gcomhaltaí seachtracha Choistí an GNBS, sa Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Brendan McDonagh agus ina Fhoireann Feidhmiúcháin, i bhfoireann an GNBS agus san fhoireann laistigh den GBCN a sholáthraíonn seirbhísí dár n-eagraíocht óg. Is iomaí duine sna bainc agus sna soláthróirí seirbhíse atá ag obair leis an GNBS faoi láthair a thaispeánann na buanna céanna agus an tiomantas céanna i leith ár bhfadhbanna a réiteach.

Is beag eagraíocht a tháinig i láthair i gcúinsí deacra agus ainfhiala den chineál seo go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Gan chuimhneamh, chuaigh an GNBS i bhfostú i bhfearg inchosanta an phobail a bhris amach tar éis na géarchéime baincéireachta agus réadmhaoine agus cuireadh agus cuirtear, le cúis, ár ngníomhaíochtaí go léir faoi aird, iniúchadh agus, b'fhéidir faoi mhíchiall corruair.

Ós rud é go bhfuil na haistrithe iasachta beagnach curtha i gcrích ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh acu i leith díolachán sócmhainní agus aisíocaíochta fiachais, rachaidh mé i mbannaí go leanfaidh muid ag imirt ar róil mar cheann de na hinnill athnuachana do gheilleagar na hÉireann. Gabhann muid ár mbuíochas le gnáthmhuintir na hÉireann as a bhfoighne linn agus geallann muid dóibh go dtreoraítear ár bhfuinneamh go léir ar a leas a chosaint.



**Frank Daly**
An Cathaoirleach

30 Meitheamh 2011

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

## Cúlra

Is cúram an-chasta é an GNBS agus tá a scála agus méid na punainne a fuarthas thar cuimse. Ós rud é gurb ionann seo agus an chéad Tuarascáil Bhliantúil den GNBS, féadfaidh sé bheith úsáideach dul siar ar an turas chuig an bpointe seo agus ar na garspriocanna tábhachtacha inár ndul chun cinn go dtí seo.

Go gairid i ndiaidh fhógairt an chinnidh ar bhunú na Gníomhaireachta, cheap an tIar-Aire Aigeardais, Brian Lenihan, trócaire air, mé féin mar Stiúrthóir eatramhach Bainistíochta an GNBS. D'iarr an tAire orm na socruithe feidhmiúcháin riachtanacha go léir a dhéanamh leis an nGníomhaireacht a bhunú. Tháinig tréimhse de dhianobair ullmhúcháin ina dhiaidh sin le linn an tsamhraidh agus an fhómhair in 2009. D'oibrigh foireann bheag ón GBCN i gcomhar le hionadaithe ó Oifig an Ard-Aighne agus ón Roinn Airgeadais ar dhréachtú píosa reachtaíochta a bheadh mar cheann de na píosaí reachtaíochta ba chasta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais riamh. Bhí ar an reachtaíocht, a ritheadh i mí na Samhna 2009, na constaicí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS feidhmiú go héifeachtach a réamh-mheas agus déileáil leo.

Ar aon dul le dréachtú agus le hachtachán na reachtaíochta, bhí próiseas rannpháirtíochta ann le hOifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh) agus le Coimisiún an AE. Bhí sé tábhachtach go gcaithfeadh le haon tograí faoisimh shócmhainne ar ghlac Éire leo ar an mbonn céanna is a gcaithfeadh leo siúd i scéimeanna na mBallstát eile. Tháinig plé a raibh baint ag Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, ag an Roinn Airgeadais agus ag an GBCN leis i gcrích le glacadh d'Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, i gcomhréir lena rialacha, nach gcuirfeadh gníomhaíochtaí an mheáin shainchuspóra (a bheadh á bhunú agus a rialú ag an GNBS, ach bheadh formhór na scaireanna ag infheisteoirí príobháideacha) san áireamh le haghaidh fhiachas agus easnaimh Rialtas na hÉireann a ríomh.

Bhí sé tábhachtach freisin go measfadh Coimisiún an AE, trína chumhachtaí le scéimeanna faoisimh shócmhainne faoi rialacha Státchabhrach a fhaomhadh, go mbeadh tograí an GNBS comhoiriúnach leis na rialacha sin. Ba é a bhí i gceist anseo ná próiseas fada comhairliúcháin, lena raibh baint ag an Roinn Airgeadais agus le mo chomhghleacaithe san GNBS, leis an gCoimisiún le linn an dara leatha sa bhliain 2009 agus go luath in 2010. I rith na tréimhse seo, rinne an Coimisiún iniúchadh géar ar an modheolaíocht luachála mholta agus ar a himpleachtaí. Chríochnaigh sé seo le faomhadh an Choimisiúin le Scéim an GNBS ag deireadh mhí Feabhra 2010.

## Luacháil

Ba é ceann de na hábhair ba mhó cúram don Choimisiún ná go mbeadh na sócmhainní a bheadh le haistriú faoi réir luacháil dhian chun cinntiú nach sárófaí rialacha Státchabhrach ag an bpraghas fála a n-íocfaí do na hinstitiúidí rannpháirteacha. Ní hamháin gur chuimsigh ról an Choimisiúin faomhadh na modheolaíochta luachála ar an iomlán ach chuimsigh sé faomhadh luachálacha iasachtaí ar bhonn tráinse-ar-thráinse freisin (d'eisigh an Coimisiún faomhadh foirmiúil Státchabhrach aistrithe Thráinse 1 agus Thráinse 2 i rith 2010). Leis an ráthaíocht riachtanach a thabhairt do na páirtithe go léir go raibh bunús cothrom ag na luachálacha, cuireadh bonneagar luachála ar bun chun luacháil mhionsonraithe iasachta-ar-iasacht a thacú: áiríodh air seo painéal luachálaithe réadmhaoine, painéal gnólachtaí dlí, painéal luachálaithe iasachta agus ceapadh an Chomhordaitheora Iniúchta le cruinneas agus le comhsheasmhacht na luachálacha a chinntiú.

Mar gurb ionann príomhchinntitheach na luachálacha iasachta aonair agus luach na comhthaobhachta bunúsaí, atá ina réadmhaoin go príomha, fágann sé seo gur ghá sócmhainní réadmhaoine a chur faoi luacháil chríochnúil ag luachálaithe gairmiúla a bhfuil dualgas cúraim acu, ní hamháin i leith na mbanc, ach i leith an GNBS freisin. Is ionann cloch choirnéil na modheolaíochta luachála agus an toimhde go bhfuil ar iontaoibh bhunaidh an GNBS, nuair atá iasachtaí neamhthuillmheach, luach na comhthaobhachta a urraíonn na hiasachtaí a réadú. Is próiseas díchill chuí dlíthiúil é tacú na modheolaíochta. Tá an próiseas seo dírithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar in-fhorfheidhmitheacht an urrúis agus ar aon easnaimh i dteideal na sócmhainní a aithint sula bhfaigheann an GNBS iad ó na hinstitiúidí rannpháirteacha.

Rinneadh roinnt tráchtanna ar rannpháirteachas an GNBS le saineolas gairmiúil chun luacháil réadmhaoine agus dícheall cuí dlíthiúil a dhéanamh. Is í mo fhreagairt nach bhfuil aon dul as againn ina leith seo: tá airgead cáiníocóirí faoi riosca agus, ina theannta sin, caithfidh muid cinntiú go bhfuil muid ag gníomhú i gcomhréir le rialacha Státchabhrach. Is gá go bhfuil luacháil na réadmhaoine agus, trí fhadú, na n-iasachtaí láidir go léir chun dlíthíocht a sheasamh. Níl mórán amhrais

agam go mbeadh agóidí dlíthiúla á gcur inár gcoinne cheana féin murar tacaíodh ár luachálacha agus ár ndícheall cuí le saineolas gairmiúil. Tá mé cinnte freisin go bhfuil leas na gcáiníocóirí dá fhónamh is fearr trí chinntiú go ndéantar luacháil ar iasachtaí ar bhonn réadúil. Bhí an ghéarchéim atá muid ag iarraidh a réiteach á chruthú go háirithe ag an dearmad a rinneadh ar an dearcadh thar a bheith soirbh i leith praghsanna réadmhaoine in Éirinn; níor bhain sé le ciall an earráid sin a réiteach trí dhóchas iomarcach a ionchorprú i bpraghsáil na sócmhainní a bhí faighte ag an GNBS. Nuair a cuireadh an GNBS ar bun, bhí imní chontráilte ann go n-íocfaimis an iomarca as na hiasachtaí; tá daoine áirithe ag maíomh anois gur ghearríoc muid. Is í an fhírinne nach bhfuil ceachtar tuairim ceart; d'íoc muid go díreach de réir na modheolaíochta luachála a faomhadh faoi rialacha Státchabhrach agus bheadh gá leis an leibhéal céanna athchaipitlithe a thabhairt do na hinstitiúidí airgeadais lena gcaillteanais a chumhdach i gcás ar bith.

## 2010

Bliain trasdula don GNBS a bhí sa bhliain 2010, le pleananna agus le cuspóirí ag dul i ngníomh. Le linn na bliana, d'earcaigh muid breis agus 100 ball foirne a raibh saineolas acu i réimse an airgeadais, na réadmhaoine, na cuntasaíochta, na baincéireachta, an dlí agus an chreidmheasa. Fuair muid punann ab ionann breis agus €71 billiún ainmniúil in iasachtaí ó na cúig institiúid rannpháirteacha as comaoin ab ionann beagáinín thar €30 billiún. Faoi dheireadh na bliana 2010, cuireadh faoi dhícheall cuí agus faoi luacháil aonair iasachta-ar-iasacht timpeall ar €33 billiún ainmniúil den €71 billiún a fuarthas.

Mar fhreagairt d'iarratas ón Aire Airgeadais go mall i mí Mheán Fómhair 2010, shocraigh muid aistriú luathaithe an €38 billiún iarmharaigh sa ráithe dheireanach in 2010, ag baint úsáid as meicníocht bhulcaistrithe le luachálacha iasachta measta. Is mar gheall ar mhoill na n-institiúidí rannpháirteacha ar fhaisnéis iasachta agus réadmhaoine a chur faoinár mbráid a tháinig an-chuid den mhoill ar chur i gcrích an dícheall chuí. Tá córais fhaisnéise na n-institiúidí faoi bhun an chaighdeáin a mbítear ag súil leis i ndáil le punanna iasachta móra den chineál seo; mar thoradh air seo, iarracht am-íditheach a bhí san iarracht a bhí ag teastáil ar fhaisnéis a fháil ó fhoinsí éagsúla, lenar áiríodh roinnt córas TF, comhad páipéir agus cuimhne chorparáideach fhoireann an bhainc. D'éirigh an deacracht seo ní ba dheacra mar gur theip ar obair dlí agus doiciméadúchán iasachta coinneáil suas le heis-sreabhadh iasachtaithe na mbanc agus leis an obair dícheall chuí ar theideal agus ar urrús ba cheart a bhí á déanamh blianta ó shin agus nach bhfuil á cur i gcrích faoi dheireadh ach ceithre bliana ina dhiaidh sin.

Chuir muid tús in 2010 lenár rannpháirtíocht le 850 féichiúnaí agus leis na 11,500 iasacht (á n-urrú ag 16,000 réadmhaoin) atá faighte againn. Cuimsíodh anseo rannpháirtíocht ní ba dhéine ar phleananna gnó na tríocha féichiúnaí ba mhó, arb ionann a n-iasachtaí agus beagnach leathchuid den phunann a fuarthas. Garsprioc ollmhór a bhí i nglacadh Bhord an GNBS le roinnt cinntí beartais straitéisigh i mí an Mheithimh 2010. Leag na cinntí seo amach paraiméadair dár rannpháirtíocht le féichiúnaithe, lenar áiríodh plé ar sceidil diúscartha sócmhainní agus ar spriocanna aisíocaíochta fiachais, ar urrú na sócmhainní neamhualaithe agus ar aisiompú na n-aistrithe sócmhainne do ghaolta. Leagtar iad seo amach i bPlean Gnó an GNBS atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.GNBS.ie.

Scar an GNBS an phunann a fuair siad ina dhá cuid: is iad seo na 180 féichiúnaí is mó a bhfuil neamhchosaintí de bhreis agus €75m acu (€62 billiún mar fhigiúr comhiomlán) agus na 670 féichiúnaí is mó ina dhiaidh sin (arb ionann a bhfiachas agus €10 billiún) atá á mbainistiú ag na hinstitiúidí rannpháirteacha faoi údarás tarmligthe ón GNBS. Tá an rannpháirtíocht leis na 180 féichiúnaí is mó á déanamh go díreach ag foireann an GNBS. Beidh riarachán laethúil na n-iasachtaí go léir á dhéanamh ag na hinstitiúidí rannpháirteacha go fóill. Le treoir a thabhairt dóibh maidir le raon agus le cáilíocht na seirbhíse a mbítear ag súil leo ina mbainistiú ar iasachtaí an GNBS, eisíodh gach institiúid le Treoir mhionsonraithe faoi Alt 131 den Acht.

## Ionchas

Tháinig méadú suntasach ar líon na bhféichiúnaithe lena bhfuil muid ag déanamh mionphlé sna chéad sé mhí sa bhliain 2011. Faoi dheireadh na bliana, tá súil againn go mbeidh ár n-athbhreithniú ar phleananna gnó na 180 féichiúnaí is mó curtha i gcrích againn agus tá súil againn freisin go mbeidh athbhreithniú déanta ag na hinstitiúidí rannpháirteacha, ag gníomhú faoinár maoirseacht, ar líon ard de phleananna gnó na 670 féichiúnaí eile. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara nach gcuireann athbhreithniú an GNBS ar phlean gnó an fhéichiúnaí cosc ar ghníomhaíocht laethúil gnó agus ar chinntí laethúla a bheith á ndéanamh: déanann an GNBS agus na hinstitiúidí rannpháirteacha timpeall ar 400 cinneadh in aghaidh na míosa faoi láthair i leith iarratas féichiúnaí, lena n-áirítear iarratais ar chaipiteal breise oibre nó forbartha, ar cheaduithe léasa agus ar cheaduithe díolachán.

Tá súil againn go dtiocfaidh formhór na bhféichiúnaithe ar chomhréiteach leis an GNBS ina dtiomáinfidh siad do chláir dhiúscartha sócmhainní agus aisíocaíochta fiachais. Tá an-dul chun cinn feicthe againn i mbliana cheana féin maidir le féichiúnaithe ag díol sócmhainní chun cistí a ghiniúint le haghaidh cuid dá bhfiachais a aisíoc. Tá taithí ag líon áirithe féichiúnaithe ar thoilteanas an GNBS airgead breise a iasachtú i gcásanna ina n-éascaíonn cistiú den chineál seo cur i gcrích tionscadal inmharthana. Léirítear i gcistiú an GNBS ar chur i gcrích Fhoirgneamh Montevetro le linn 2010 agus ina bpáirt i ndíolachán an fhoirgnimh do Google an raon le haghaidh idirghabháil thuisceanach le leas na gcáiníocóirí ón GNBS, fiú sna coinníollacha reatha margaidh mhaolaithe.

I measc an phlé agus na díospóireachta poiblí sa chúlra, níor thuras suaimhneach a bhí i dturas an GNBS go dtí an pointe seo ach tá an bhraistint anois ann gur baineadh an-chuid amach laistigh d'achar gairid ama. Aithním, ar ndóigh, go bhfuil an-chuid le déanamh go fóill. Tá súil agam go mbeidh an t-earcú foirne curtha i gcrích againn faoin ráithe dheireanach in 2011, ag ardú an lín reatha de 140 duine go 200 duine. Géarófar an rannpháirtíocht le féichiúnaithe i rith an dara leatha sa bhliain. Tá líon ard díolachán sócmhainní ar na bacáin agus, má théann siad ar aghaidh, éascóidh siad aisíoc breise fiachais ag féichiúnaithe agus ag an GNBS. Ní rún ar bith é go bhfuil muid ag spreagadh féichiúnaithe féachaint go géar ar dheiseanna díolachán nuair is féidir, ach i gcónaí ar phraghsanna margaidh atá réadúil. Ar ordú an Aire Airgeadais, tá muid ag féachaint ar an fhéidearthacht a bhaineann le tabhairt isteach tionscnamh a spreagfadh athbheochan ghníomhaíochta i margadh réadmhaoine na hÉireann.

Ba mhaith linn cuidiú le féichiúnaithe maireachtáil, ach caithfidh siad bheith réadúil agus toilteanach athruithe cuí a dhéanamh dá stíl mhaireachtála agus dá gceangaltais. Thar ceann na gcáiníocóirí, is é is aidhm dúinn bheith dian ach cothrom inár ndéileálacha le féichiúnaithe. B'fhéidir gur rud follasach é sin do dhuine i mo phost féin a rá ach, i measc an-chuid dár bhféichiúnaithe, is rud nuaga é an smaoineamh a bhaineann le rannpháirtíocht bhríomhar lena n-iasachtóirí. Le beagnach deich mbliana anuas, tháinig aisiompú ar an gcaidreamh traidisiúnta idir baincéir agus féichiúnaí. Mar gheall ar seo, beag beann ar ard-fhiachas reatha, bhí féichiúnaithe á mealladh go fóill ag a n-iasachtóirí agus ag bainc eile. Tá an ré sin thart. Tá an chuid is mó de na féichiúnaithe ag dul in oiriúint don timpeallacht nua agus cuireann muid fáilte roimhe sin. Aimseoidh na féichiúnaithe nach bhfuil toilteanach dul in oiriúint nach mbeadh moill ar an GNBS forfheidhmiú ina n-éadan. Is ionann sin agus ár rogha dheireanach, áfach, agus ní dhéanann muid na cinntí seo go réidh. Tá an ceart ag cáiníocóirí, atá ag íoc go mór as ceaduithe agus as neamhinniúlacht sna deich mbliana atá caite, bheith ag súil go ngníomhóidh an GNBS go dian chun leas an phobail a chosaint.

Is éard atá i gcostais agus saincheist thábhachtach agus is é mo fhreagracht mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin cinntiú go mbainistítear iad agus go gcoinnítear iad ar an leibhéal is lú agus go mbaintear luach ar airgead amach. Mar gheall ar chastacht agus ar mhéid phunann an GNBS le €30.5 billiún ar an láthair i leith na gcáiníocóirí, áfach, is tábhachtach go mbainistítear í mar is ceart agus go gcuirtear comhairle chuí agus phroifisiúnta ar an mBord ionas go mbeidh siad ábalta cinntí eolacha a dhéanamh ar mhaithe le leas an Stáit. B'ionann ár gcostais do 2010 (gan chostais díchill chuí san áireamh, costais atá á n-íoc ag na hinstitiúidí rannpháirteacha) agus 0.15% den chomaoin a d'íoc muid as na hiasachtaí ar €46m. Seasann sé seo don tógáil de réir a chéile d'eagraíocht nua. De réir mar a bhaineann an GNBS staid fhoisteanach amach, tá súil againn gurbh éard atá i dtimpeall ar leathchuid dár gcostais bhliantúla sna blianta atá romhainn ná íocaíocht do na 500 ball foirne a mheastar le bheith á bhfostú ag na hinstitiúidí airgeadais le punann an GNBS a riar.

Tá an cuspóir agam go mbeidh an GNBS ina bhfórsa cruthaitheach fuinniúil sa mhargadh réadmhaoine, go háirithe in Éirinn. Tuigeann muid, ar ndóigh, go bhfuil institiúidí airgeadais eile ag déanamh iarrachta a leabhar iasachta a dhíghiaráil sa mhargadh céanna ag an am céanna. Beidh mala ghéar os ár gcomhair amach sa todhchaí ach is deimhin liom go bhfuil sé ar ár gcumas na dúshláin romhainn a shárú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Chathaoirleach, do mo chomhghleacaithe ar an mBord, do chomhaltaí Coiste agus d'fhoireann an GNBS agus an GBCN i leith na hiarrachta iontaí agus an tiomantais iontaigh a chuir siad isteach le linn 2010 agus a leanadh ar aghaidh sna chéad sé mhí in 2011. Ba éard a bhí i mbunú d'eagraíocht mhór chasta ná aistear deacair dúshlánach ach is áthas liom a chur in iúl gur bhunaigh an GNBS iad féin mar eagraíocht inchreidte ghairmiúil atá ag dul sa bhealach ceart chun feabhas a chur ar gheilleagar na hÉireann.



**Brendan McDonagh**
Priomhfheidhmeannach

An 30 Meitheamh 2011

# Dul Chun Cinn i 2010

## Garspriocanna

- Tugadh faomhadh Choimisiún an AE don GNBS ag deireadh mhí Feabhra 2010.
- Ag tosú ag deireadh mhí an Mhárta 2010, fuair an GNBS €71.2bn in iarmhéideanna iasachta ainmniúla faoi dheireadh-2010 (a chuimsigh 11,500 iasacht de 850 féichiúnaí) do chomaoin €30.2 billiún, lascaine de 58 faoin gcéad.
- D'eisigh an Coimisiún Eorpach a fhaomhadh maidir le luachálacha Thráinse 1 agus Thráinse 2.
- Comhaontaíodh cinntí beartais straitéisigh an Bhoird i mí an Mheithimh 2010 agus chomhaontaigh an Bord Plean Gnó an GNBS, rud ina n-ionchorpraítear tionchar ionchasach na gcinntí seo, agus foilsíodh i mí Iúil 2010 é. Fortheilgeadh sa Phlean Gnó, faoina chnámha lárnacha scéil, go ngnóthódh an Ghníomhaireacht brabús €1.0 billiún do na cáiníocóirí i dtéarmaí an ghlanluacha láithrigh (NPV) thar a shaolré (táthar ag súil gurbh ionann é sin agus thart ar dheich mbliana).
- Rinne an Coiste Creidmheasa agus an Bord athbhreithniú ar 30 Plean Gnó Féichiúnaí (€31bn ainmniúil, a sheas do 44% den phunann a fuarthas faoi dheireadh na bliana 2010), nuair ba chuí.
- Próiseáladh 934 iarratas creidmheasa aonair agus rinneadh cinntí orthu sna naoi mí tar éis iasachtaí sa chéad dul amach a fháil (R2-R4 in 2010).
- Faomhadh díolacháin sócmhainní arbh ionann agus €1.9bn iad in 2010.
- Faomhadh cistiú nua €406m le haghaidh caipitil oibre agus forbartha.
- Tosaíodh agus/nó faomhadh 23 beart forfheidhmithe faoi dheireadh-2010.
- Chríochnaigh an GNBS an bhliain 2010 le hiarmhéideanna airgid arbh ionann agus €836m iad, tar éis dóibh €250m a aisíoc as iasacht a sholáthar an tAire Airgeadais mar chaipiteal oibre ní ba luaithe sa bhliain.
- Rinne an GNBS brabús oibriúcháin, roimh mhuirir bhearnaithe, €305m don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2010. Thaifead an GNBS caillteanas foriomlán €1,180m tar éis muirear bearnaithe de €1,485m.

## Oibríochtúil

- Ag tosú na bliana le seachtar ball foirne, bhí 104 ball foirne earcaithe ag an GNBS faoi dheireadh bliana. Mhéadaigh an líon seo go 140 ball foirne faoi dheireadh mhí an Mhárta 2011.
- Tionóladh 27 cruinniú an Bhoird in 2010. Cuireadh sé choiste den Bhord ar bun agus tháinig siad le chéile 99 uair i rith na bliana.
- Cuireadh struchtúr Aonáin Shainchuspóirigh (SPV) an GNBS i bhfeidhm agus aimsíodh infheistíocht phríobháideach €51m.
- Cruthaíodh bonneagar i leith luachála réadmhaoine, athbhreithnithe ar dhícheall cuí dlíthiúil agus luachála iasachta, lena n-áirítear iniúchadh, chun tacú leis an bpróiseas fála.
- D'éascaigh an GNBS athstruchtúrú an chórais bhaincéireachta trí spriocdháta deireadh bliana an Aire i leith aistriú luathaithe iasachtaí ó na hinstitiúidí rannpháirteacha. Fuarthas iasachtaí de €38bn ar bhonn bulcaistrithe i.e. bhí dícheall cuí agus luacháil iasachta lán á ndéanamh go cúlghabhálach.
- Fuarthas iasachtaí de 850 féichiúnaí. D'oibrigh an GNBS i gcomhpháirtíocht le féichiúnaithe a bhfuarthas a n-iasachtaí mar chuid de na chéad trí thráinse, lenar áiríodh athbhreithniú forleathan ar na féichiúnaithe ba mhó. Forbraíodh teimpléad agus modheolaíocht le haghaidh pleananna gnó na bhféichiúnaithe a phróiseáil.
- Fálaíodh go rathúil neamhchosaint ar airgeadra eachtrach de €10bn isteach san Euro i gcoinníollacha deacra margaidh. Fuarthas agus fálaíodh punann de dhíorthaigh fhéichiúnaithe (luach ainmniúil €14bn) a bhí bainteach le hiasachtaí, nuair ba ghá.
- Cuireadh maolán leachtachta stuamachta €250m i bhfeidhm.
- Bunaíodh agus liostaíodh ar Stocmhalartán na hÉireann Clár ECP €2.5bn.
- Roghnaíodh díoltóirí do Chóras Bainistíochta Punainne (PMS) agus do Chóras Bainistíochta Doiciméad tar éis próiseas um sholáthar poiblí.
- Ceapadh **Capita Asset Services** mar Phríomh-Sheirbhíseoir le tuairisciú comhdhlúite airgeadais a sholáthar, bunaithe ar shonraí ó na cúig institiúid rannpháirteacha.
- Dréachtaíodh agus eisíodh do na hinstitiúidí rannpháirteacha treoir faoi Alt 131 den Acht a leag amach riachtanais fhéichiúnaithe agus bhainistíochta iasachta. Tháinig rannpháirtíocht mhionsonraithe leis na hinstitiúidí rannpháirteacha ina dhiaidh sin ar shocruithe rialachais, feidhmiúcháin agus creidmheasa atá ag teastáil le haghaidh bainistíochta iasachtaí an GNBS.
- Tá an GNBS faoi réir phróiseas an AE agus próiseas náisiúnta um sholáthar poiblí agus thug siad faoi roinnt iomaíochtaí tairisceana le linn 2010, ina bhfuair siad beagnach 1,000 iarratas ar ghá measúnú a dhéanamh orthu.

# Creat Dlíthiúil

Tá an GNBS bunaithe mar chomhlacht reachtúil chorpraithe agus tagann a gcumhachtaí agus a bhfeidhmeanna d'**Acht na Gníomhaíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní** 2009. Áirítear ar phríomhchuspóirí an Achta tabhairt faoi bhagairt thromchúiseach don gheilleagar agus do chobhsaíocht chórasach na n-institiúidí creidmheasa sa Stát i gcoitinne trí sholáthar do bhunú an GNBS. Faoi Alt 10 den Acht, is iad aidhmeanna an GNBS ná páirt a ghlacadh i mbaint amach chuspóirí an Achta seo trí na nithe seo a leanas:

(a) sócmhainní bainc a fháil ó na hinstitiúidí rannpháirteacha;

(b) déileáil go gasta leis na sócmhainní a fuarthas; agus

(c) cosaint agus feabhsú luach na sócmhainní a fuair siad le leas an Stáit.

Ina leith seo, is gá, a mhéid is féidir, an toradh is fearr airgeadais a bhaint amach, chomh fada agus is féidir, don Stát, ag féachaint don chostas don Státchiste ar shócmhainní bainc a fháil agus ar dhéileáil le sócmhainní bainc, ar chostas caipitil an GNBS agus ar chostais eile, agus le tosca ar bith eile a mheasann an GNBS bheith bainteach le baint amach a gcuspóirí.

Liostaítear in Alt 11 den Acht a bhfeidhmeanna, a chuimsíonn na nithe seo a leanas:

1. sócmhainní inghlactha bainc a fháil ó na hinstitiúidí rannpháirteacha,
2. sócmhainní a shealbhú, a bhainistiú agus a réadú,
3. feidhmeanna eile a chomhlíonadh, bainteach le bainistiú nó le réadú na sócmhainní a fuarthas, atá á stiúradh ag an Aire agus
4. gach beart a dhéanamh atá riachtanach nó caoithiúil le luach na sócmhainní a fuarthas a chosaint, a fheabhsú nó a réadú, lena n-áirítear iasachtaí a dhiúscairt don phraghas ab fhearr a bhainfí amach, punanna iasachtaí a urrú nó a athmhaoiniú agus urrús a shealbhú, a réadú agus a dhiúscairt.

Leagtar amach in Alt 12 den Acht na cumhachtaí a deonaíodh don GNBS le cur ar a gcumas a gcuspóirí a bhaint amach agus a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tAire treoirlínte agus treoruithe scríofa, atá ina gceangal, a eisiúint don GNBS. Is gá go bhfoilsítear na treoirlínte agus treoruithe go léir a luaithe is féidir tar éis eisiuna.

Beidh an chéad mheasúnú ar dhul chun cinn an GNBS maidir le baint amach a gcuspóirí foriomlána á dhéanamh ag an Aire ag deireadh 2012. Féadfaidh an tAire iarraidh ar thuairiscí ar an dul chun cinn ag am ar bith roimh an measúnú sin nó ina dhiaidh.

## STRUCHTÚR AN GNBS

Rialaigh Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh) i gcinneadh a eisíodh i mí Iúil 2009 go measfaí aonáin shainchuspóireacha (SPVanna) a bhí ar úinéireacht thromlaigh ag comhlachtaí príobháideacha go mbeidís lasmuigh den earnáil rialtais dá gcomhlíonfaidís roinnt coinníollacha. Áiríodh ar na coinníollacha go raibh fad sealadach ag na haonáin shainchuspóireacha (SPVanna) agus gur bunaíodh iad leis an aidhm aonair chun tabhairt faoin ngéarchéim gheilleagrach. Chun cinntiú nach gcaithfí leis an bhfiachas a d'eisigh an GNBS le sócmhainní bainc a cheannach mar chuid d'Fhiachas Ginearálta Rialtais, bhunaigh an GNBS roinnt aonán sainchuspóireach (SPVanna) agus ba é Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo. an príomhcheann acu, an Príomhaonán Sainchuspóireach.

Leagtar amach na haonáin shainchuspóireacha (SPVanna) agus a n-idirghaolmhaireachtaí sa taobhphainéal agus léirítear iad i Nóta 1 do na Ráitis Airgeadais.

### TAOBHPHAINÉAL - STRUCHTÚR CHOMHLACHTAÍ AN GNBS

**An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teo.**
Is é seo cuideachta shealbhaíochta infheistíochta an Phríomhaonáin Shainchuspóirigh agus bunaíodh í le rannpháirteachas na n-infheisteoirí príobháideacha a éascú. Is le trí chomhlacht phríobháideacha (Cuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt, Comhlacht Árachais Éireann Nua cpt agus Percy Nominees Teo., ainmní de chuid Bhainisteoirí Infheistíochta AIB) é 51% de na scaireanna sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teo., an chuideachta shealbhaíochta infheistíochta, agus is leis an GNBS an 49% eile. Faoi chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus infheisteoirí príobháideacha, tá an ceart ag an GNBS cinntí arna ndéanamh ag an gcuideachta a chrosadh.

**Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teo. (Príomhaonán sainchuspóireach)**

Is é seo an t-aonán a eisíonn fiachas sinsearach agus fofhiachas do na hinstitiúidí rannpháirteacha (PInna) mar iomlaoid ar iasachtaí a fuarthas. Tá ceithre fhochuideachta ag an bpríomhaonán sainchuspóireach:

**Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teo.**
Gníomhaíonn sé seo mar chuideachta shealbhaíochta do na trí fhochuideachta eile. Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teo. Tá an t-aonán seo freagrach as sealbhaíocht, fáil agus bainistiú na sócmhainní bainc ó na hinstitiúidí rannpháirteacha. Íoctar aon bhrabús a shaothraíonn siad leis an bPríomhaonán sainchuspóireach.

Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teo.
Faigheann an t-aonán seo réadmhaoin ó Bhainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teo. tar éis gníomh forfheidhmiúcháin a fhorghníomhú in aghaidh féichiúnaithe. Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teo.

Tá sé seo freagrach as riarachán cánach agus as cuntais bhain a oibriú do GNBS agus as sonraisc a phróiseáil.

# Athbhreithniú Gnó

## 1. Cúlra

Bhí bunú an GNBS mar cheann de roinnt tionscnamh ar ghlac an Rialtas leis chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach i mbaincéireacht na hÉireann a d'éirigh ní b'fhollasaí ar fud 2008. D'fhógair an tAire Airgeadais an cinneadh ina Ráiteas faoin mBuiséad i mí Aibreáin 2009. Foilsíodh dréacht-reachtaíocht i mí Mheán Fómhair 2009 agus Ritheadh **Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009** sa dlí i mí na Samhna 2009. Bunaíodh an GNBS go foirmiúil ar an 21 Nollaig 2009 agus ceapadh a mBord an lá dar gcionn. Is é a gcuspóir tráchtála aisghabháil do na cáiníocóirí an méid a íocann siad as iasachtaí a fuarthas i dteannta aon mhéide a infheistíonn siad le sócmhainní réadmhaoine a fholuíonn na hiasachtaí a fheabhsú.

Chuir cúig institiúid (agus a bhfochuideachtaí) iarratas isteach ar dhul isteach i scéim an GNBS agus cheap an tAire iad mar institiúidí rannpháirteacha i mí Feabhra 2010. Is iad seo Banc na hÉireann, Banc-Aontas Éireann, Banc Angla-Éireannach, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann agus an Cumann Oideach Foirgníochta.

Cuireann dlíthe an Aontais Eorpaigh cosc ar sholáthar aon státchabhrach a d'fhéadfadh an éifeacht a bheith aici cóir fhabhrach a thabhairt d'aonáin áirithe agus iomaíocht ar fud an Aontais a shaobhadh mar thoradh. I measc dhíolúintí an choisc tá cabhair arbh é ab aidhm di corraíl thromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a dheisiú; is gá go dtugann an Coimisiún Eorpach réamh-fhaomhadh d'aon chabhair a meastar uirthi faoin díolúine seo.

I mí Feabhra 2009, d'eisigh an Coimisiún treoir ar aidhm agus ar chur i bhfeidhm na scéimeanna faoiseamh sócmhainní. Thug an treoir seo eolas do phlé a cuireadh ar siúl leis an gCoimisiún ar fud fhormhór na bliana 2009 agus go luath in 2010 faoi dhearadh scéim an GNBS agus faoi leibhéal na státchabhrach a bhí ceadaithe faoi rialacha Státchabhrach. Rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim agus ar a himpleachtaí go mionsonrach agus mhol sé athruithe ar thograí le haghaidh leibhéal na státchabhrach a mheas sé a bheith ceadaithe a shocrú. D'fhaomh an Coimisiún scéim an GNBS go foirmiúil ar an 26 Feabhra 2010, agus ina dhiaidh sin, go luath i mí an Mhárta 2010, d'fhoilsigh an tAire Airgeadais rialacháin athbhreithnithe luachála a chuir i bhfeidhm an mhodheolaíocht luachála a bhí faofa ag an gCoimisiún. Fuair an GNBS an chéad tráinse d'iasachtaí ní ba mhoille sa mhí sin.

## 2. Fáil Iasachta

**Acoimre ar fhálacha iasachta**

Rinneadh na chéad aistrithe iasachta ar an 29 Márta 2010. Cuireadh an chéad aistriú tráinse (€15.3 billiún ainmniúil) i gcrích i mí na Bealtaine 2010 agus cuireadh an dara haistriú tráinse (€11.9 billiún) i gcrích i mí Lúnasa. Rinneadh an dá cheann acu ar bhonn an díchill chuí dlíthiúil iomlán agus na luachálacha iasachtaí.


Ar iarratas an Aire Airgeadais, géaraíodh aistriú den tríú tráinse iasachta agus de na tráinsí iasachta ina dhiaidh sin mar chuid de bhulcaistriú sa ráithe dheireanach sa bhliain. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2011, beidh dícheall cuí iomlán curtha i gcrích maidir leis an tríú tráinse agus leis an gceathrú tráinse a chuimsíonn iarmhéideanna iasachta ainmniúla de €19.2 billiún (agus comaoin €8.42 billiún). Mar gheall air seo, b'ionann méid iomlán na n-iasachtaí a cuireadh faoi dhícheall cuí iomlán (Tráinsí 1 - 4), chomh maith le luacháil iasachta aonair agus €46.4 billiún (agus comaoin íoctha de €21.4 billiún a sheas do lascaine 54%). B'ionann luach margaidh reatha na réadmhaoine i dTráinsí 1 - 4 agus €21.5 billiún. Tá an próiseas dícheall chuí don chuid eile den phunann a fuarthas ag leanúint ar aghaidh agus, ag brath ar uainiú an chuir isteach de dhícheall cuí iomlán dlí agus réadmhaoine ó na hinstitiúidí rannpháirteacha, bheadh an GNBS ag súil le cur i gcrích na luachálacha go léir faoin ráithe dheireanach sa bhliain.

Faoi dheireadh 2010, bhí €71.2 billiún in iasachtaí san iomlán (bulcaistrithe curtha san áireamh) aistrithe ag na cúig institiúid rannpháirteacha don GNBS agus íocadh €30.2 billiún mar chomaoin leis na hinstitiúidí, lascaine iomlán 58%. Déantar achoimre i **dTábla 1** thíos ar áit de réir institiúide:

**TÁBLA 1: Fálacha iasachta ó institiúidí rannpháirteacha amhail deireadh-2010**

| € billiún | AIB | ANGLO | BOI | EBS | INBS | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéideanna iasachta a aistríodh | 18.5 | 34.0 | 9.4 | 0.8 | 8.5 | **71.2** |
| Comaoin a íocadh | 8.5 | 13.0 | 5.4 | 0.3 | 3.0 | **30.2** |
| Lascaine | 54% | 62% | 42% | 60% | 64% | **58%** |

### Taobhphainéal – Cairt A: Clár Comhardaithe – an 31 Nollaig 2010




Mhéadaigh aistrithe iasachta sa bhreis de €1.1 billiún sa chéad ráithe in 2011 an fáltas foriomlán go €72.3 billiún agus an chomaoin go €30.5 billiún. Féadfar €3.5 billiún sa bhreis a aistriú in 2011, ag brath ar thoradh na dlíthíochta agus na rannpháirtíochta leanúnaí le féichiúnaithe.

Soláthraítear i **dTábla 2** thíos mionanailís ar na ceangail fhéichiúnaithe is mó de réir mhéid an nochta fiachais ainmniúil. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara go bhfuil an-chuid de na féichiúnaithe i bhfiacha ag institiúidí airgeadais nach bhfuil páirteach i scéim an GNBS.

### TÁBLA 2: Dáileadh féichiúnaithe le fiachas ainmniúil de bhreis ar €100m de réir mhéid an fhiachais ainmniúil*

| Fiachas Ainmniúil | Líon na bhféichiúnaithe | Meánfhiachas ainmniúil de réir féichiúnaí €m | Fiachas ainmniúil iomlán sa chatagóir seo €m |
|---|---|---|---|
| De bhreis ar €2,000m | 3 | 2,784 | 8,352 |
| Idir €1,000m agus €2,000m | 9 | 1,564 | 14,077 |
| Idir €500m agus €999m | 17 | 666 | 11,322 |
| Idir €250m agus €499m | 28 | 358 | 10,023 |
| Idir €100m agus €249m | 78 | 160 | 12,483 |
| **IOMLÁN** | **135** | **417** | **56,257** |

*Ní chuirtear san áireamh anseo ach féichiúnaithe a bhfuarthas a n-iasachtaí go hiomlán nó go páirteach

**Luacháil Sócmhainní**

Fuarthas sócmhainní bainc (iasachtaí agus idirbhearta díorthaigh) ar luach an fháltais a socraíodh ar aon dul le Cuid 5 d'Acht an GNBS agus leis na rialacháin luachála a rinne an tAire agus a foilsíodh ar an 5 Márta 2010 (cóip ar fáil ar www.GNBS.ie). Ba é an 30 Samhain 2009 an dáta tagartha luachála do luacháil na sócmhainní réadmhaoine go léir.

Is ionann luach fáltais na sócmhainní bainc go léir agus luach eacGNBSíoch fadtréimhseach na hiasachta (LEVL). Cuirtear tosca éagsúla san áireamh i ríomh an LEVL, lena n-áirítear luach margaidh reatha an urrúis (eastát réadach i gcoitinne ach sócmhainní neamh-eastáit réadaigh freisin, ar nós scaireanna), LEV na réadmhaoine agus luach margaidh na sócmhainne bainc. Féach taobhphainéil ar leathanaigh 33-34 le haghaidh tuilleadh eolais.

Éilítear sna Rialacháin Luachála go gcuireann an GNBS fachtóir ardaithe socraithe ó 0% go 25% i bhfeidhm ar luach margaidh reatha na réadmhaoine le seasamh dá luach eacGNBSíoch fadtréimhseach (LEV). Sainítear é seo san Acht mar an luach (a) a mbeifí ag súil le réadmhaoin a ghnóthú i gcóras airgeadais chobhsaí nuair atá feabhas curtha ar na coinníollacha géarchéime a bhí i réim le linn rith an Achta agus (b) ina bhfuil praghas nó toradh ar an réadmhaoin sa todhchaí ar aon dul le hionchais réasúnta ag tabhairt airde dá meánphraghas stairiúil fadtréimhseach.

Leagtar amach i **dTábla 3** thíos na fachtóirí meánardaithe ualaithe de luach eacGNBSíoch fadtréimhseach (LEV) Réadmhaoine (LEVP) a cuireadh i bhfeidhm i dTráinsí 1 - 4:

### TÁBLA 3 Meánardú Ualaithe (Tráinsí 1 go 4)

| Tráinse | Meánardú ualaithe LEVP % |
|---|---|
| Tráinse 1 | 11.0 |
| Tráinse 2 | 9.8 |
| Tráinse 3 | 7.9 |
| Tráinse 4 | 7.3 |
| Meánardú ualaithe T1-T4 | 9.3 |

## TAOBHPHAINÉAL – LUACHÁIL RÉADMHAOINE

Déantar luacháil ar na punanna iasachta a fuair an GNBS ó na hinstitiúidí rannpháirteacha ar bhonn iasachta-ar-iasacht. Eochairghné de luacháil gach iasachta is **ea luach margaidh** reatha (CMV) na réadmhaoine nó aon chomhthaobhaigh eile a urraíonn an iasacht. Tá an CMV á sholáthar ag luachálaí gairmiúil ar choimisiúnaigh an institiúid rannpháirteach é sa chéad dul amach ach a bhfuil dualgas cúraim aige i leith an GNBS. Cuireann an GNBS gach luacháil ar aghaidh chuig a bpainéal luachála réadmhaoine féin a dhéanann athbhreithniú uirthi agus a sholáthraíonn tuairim ar an bhfuil sí ceart nó nach bhfuil. Má easaontaíonn painéalaí an GNBS leis an luacháil, cuirfear í ar aghaidh chuig luachálaí neamhspleách réadmhaoine le haghaidh breithnithe. Glacann an GNBS leis an luacháil réadmhaoine tríú páirtí seo agus úsáidtear í mar chuid den luacháil iasachta.

Sa bhliain 2010, chuir na hinstitiúidí rannpháirteacha 4,500 luacháil réadmhaoine isteach agus rinne painéal an GNBS athbhreithniú orthu: Ghlac an GNBS le 83% díobh agus cuireadh 17% díobh ar aghaidh le haghaidh tuairim bhreise. Mar gheall air seo, bhí laghdú €1.7 billiún ar luach margaidh d'iasachtaí urraithe réadmhaoine a fuarthas agus bhí laghdú comhfhreagrach ar an bpraghas fáltais a íocadh leis na hinstitiúidí rannpháirteacha.

## TAOBHPHAINÉAL - LUACHÁIL IASACHTA

Tar éis chur i gcrích na bpróiseas réadmhaoine agus dícheall chuí, déantar luacháil iasachta-ar-iasacht ag ceann de na cúig ghnólacht luachála iasachta atá a bhfostú ag an GNBS. Déanann an KPMG, a ghníomhaíonn mar Chomhordaitheoir Iniúchta, iniúchadh ar an bpróiseas luachála iasachta. Soláthraíonn an Comhordaitheoir Iniúchta deimhniú iniúchta do Choimisiún an AE go bhfuil na luachálacha ar aon dul leis an modheolaíocht a d'fhaomh an Coimisiún. Dhearbhaigh an Coimisiún a fhaomhadh d'aistriú iasachta Thráinse 1 i mí Lúnasa 2010 agus d'aistriú Thráinse 2 i mí na Samhna 2010.

## TAOBHPHAINÉAL - DÍCHEALL CUÍ DLÍTHIÚIL

Bhí luacháil na n-iasachtaí a fuarthas ó na hinstitiúidí rannpháirteacha bunaithe ar phróiseas forleathan dícheall chuí a bhí déanta ag an GNBS. Chuimsigh sé seo dícheall cuí dlíthiúil mionsonraithe i ndáil leis an urrús a bhí á shealbhú ag na hinstitiúidí rannpháirteacha do na hiasachtaí agus leis na sócmhainní a bhí á n-urrú araon. Rinne painéal seachtrach dlí an GNBS athbhreithniú ar ábhar dícheall chuí dhlíthiúil a bhí curtha isteach ag na hinstitiúidí rannpháirteacha: bhí gá leis na hathbhreithnithe aird a dhíriú ar aon saincheisteanna a chruthódh deacrachtaí dlí don GNBS maidir le bainistiú na n-iasachtaí nó le tabhairt faoi ghníomhartha forfheidhmithe ina leith siúd. Tugtar aird ar leith don infhorfheidhmitheacht urrúis, d'aon easnaimh i dteideal do réadmhaoin agus d'impleachtaí na n-easnamh seo. Tar éis an athbhreithnithe seo, cinneann an GNBS ar an bhfuil sé riachtanach lascaine a chur i bhfeidhm nó nach bhfuil le seasamh d'aon chaillteanas ionchasach réadaithe a fhéadfaidh teacht chun cinn ó easnaimh in urrús nó i dteideal.

Ní gá don GNBS na sócmhainní bainc inghlactha go léir a fháil agus féadfaidh siad tosca a chur san áireamh amhail dlíthíocht ar feitheamh, an bhfuil an t-urrús imleor nó nach bhfuil nó ar comhlíonadh í nó nár comhlíonadh, nó an bhfuil an doiciméadúchán saoráide creidmheasa lochtach nó nach bhfuil. Go dtí seo, sheas laghduithe timpeall ar €300m ar phraghas fáltais na n-iasachtaí i gceist d'easnaimh in urrús iasachta a sainaithníodh sa phróiseas dícheall chuí.

## TAOBHPHAINÉAL - MEICNÍOCHT AISTRITHE

Cuirtear san áireamh ar sceideal fáltais iasachtaí a ndearnadh luacháil orthu agus gníomhaíonn seirbhís an sceidil seo mar mheicníocht trína n-aistrítear na sócmhainní go dleathach don GNBS. I gcás na sócmhainní bainc eachtraigh, mar nach mbeadh aistriú reachtúil Éireannach éifeachtach ann, caithfidh an institiúid rannpháirteach gach beart is gá a dhéanamh le cinntiú go bhfuil aistriú ceangailteach in-fheidhmithe de shócmhainn bainc eachtraigh do GNBS, mar ábhar de dhlí eachtrach infheidhmithe. A luaithe is a sheirbheáil an GNBS sceidil fháltais i ndáil leis na sócmhainní bainc go léir a mholann siad a fháil ó institiúid rannpháirteach, seirbheálfaidh siad fógra comhlíonta ar an institiúid rannpháirteach sin.

Sa tsamhail luachála iasachta a d'fhaomh Coimisiún an AE, frithháiríonn lascainiú an tsreafa airgid sa todhchaí an tionchar ag aon ardú LEVP. Léirítear é seo i **dTábla 4** thíos.

**Lascainí**

Den chuid is mó, cinntear na lascainí a chuirtear i bhfeidhm ar iarmhéideanna iasachta ainmniúla chun praghas fáltais a dhíorthú le luach margaidh reatha na réadmhaoine a urraíonn na hiasachtaí, agus, go pointe níos lú, le lascainí breise a dhéantar chun seasamh do dheacrachtaí dlí, amhail an pointe ar a bhféadtar urrús a fhorfheidhmiú nó easnaimh i dteideal. Déantar achoimre i **dTábla 4** thíos ar shonraí comhiomlána i leith iasachtaí a aistríodh mar chuid de na chéad cheithre thráinse arbh ionann an lascaine iomlán dóibh agus 54%.


**TÁBLA 4: Tráinsí 1 go 4 - Sonraí Comhiomlána**

| | € Billiún |
|---|---|
| A. Iarmhéideanna iasachta comhiomlána | 46.41 |
| B. Luach láithreach margaidh na réadmhaoine a urraíonn na hiasachtaí (CMVP) | 21.51 |
| C. Luach eacnamúil fadtréimhseach na réadmhaoine (ina gcorparaítear ardú 9.3%) | 23.51 |
| D. Luach láithreach margaidh iasachtaí | 17.25 |
| E. Luach eacnamúil fadtréimhseach iasachtaí (LEVL - praghas fáltais) | 21.39 |
| F. Ardú iasachta (D lúide E) | 4.14 |
| G. Lascaine (A lúide E) | 25.02 |
| H. Lascaine chéatadáin (G/A) | 54% |
| I. CMVP/LEVL (B/E) | 100.6% |

D'fhéadfaí tabhairt faoi deara gur ceann amháin d'éifeachtaí an chuir chuige luachála ar ghlac Coimisiún an AE leis ná go bhfuil an chomaoin a d'íoc an GNBS as na hiasachtaí an-chóngarach (difríocht €120m) do luach margaidh reatha na réadmhaoine (CMVP). D'fhéadfaí tabhairt faoi deara freisin go gcaitheann an Coimisiún leis an difríocht idir luach margaidh reatha na n-iasachtaí (mír D thuas) agus a luach eacGNBSíoch fadtréimhseach (mír E) mar ghné Státchabhrach scéim an GNBS. B'ionann an luacháil d'ardú na chéad cheithre thráinse agus €4.14 billiún.

Comhathraíonn lascainí go han-mhór ar fud institiúidí (féach **Tábla 1** thuas) agus féichiúnaithe. Cuirtear i láthair i gCairt B

**Líon na bhféichiúnaithe i ngach catagóir lascaine - Tráinsí 1 go 3**




thíos dáileadh na lascainí céatadáin a bhain leis na 95 féichiúnaí a bhfuarthas a n-iasachtaí mar chuid de na chéad trí thráinse.

Maidir le dhá thrian de na féichiúnaithe, bhí lascainí thar 50%. Seasann sé go mór don laghdú suntasach ar luach margaidh reatha den bhun-réadmhaoin ag urrú a n-iasachtaí.

**Miondealú earnála**

Miondealaítear an réadmhaoin a fuarthas le hiasachtaí urraithe mar chuid de na chéad cheithre thráinse mar a leanas, i dtéarmaí ranga sócmhainní:

**TÁBLA 5: Tráinsí 1 go 4 - Rangú Sócmhainní**

| Rang Sócmhainní – T1 go T4 | Luach Láithreach Margaidh na Réadmhaoine* € Billiún | % |
|---|---|---|
| Talamh (réadmhaoin forbraíochta atá níos lú ná 30% curtha i gcrích á cur san áireamh) | 5.2 | 24 |
| Réadmhaoin chónaithe le hathdhíol | 2.6 | 12 |
| Réadmhaoin infheistíochta | 10.3 | 48 |
| Óstáin | 2.5 | 12 |
| Réadmhaoin forbartha (breis agus 30% curtha i gcrích) | 0.9 | 4 |
| **IOMLÁN** | **21.5** | **100** |

*dáta tagartha do luacháil réadmhaoine - an 30 Samhain 2009

Ba éard a bhí sna tráinsí iasachta tosaigh ná céatadán ní b'airde infheistíochta agus réadmhaoine cónaithe agus óstán ná sna tráinsí ina dhiaidh sin - 72% ar fud Thráinsí 1 go 4. Táthar ag súil, tar éis chur i gcrích an díchill chuí ar an bpunann iomlán a fuarthas, ba éard a bheadh i bpunann fhoriomlán iasachtaí urraithe réadmhaoine an GNBS ná timpeall is 60% réadmhaoin infheistíochta/réadmhaoin chónaithe/óstáin agus 40% talamh agus forbairt.

**Miondealú geografach**
Maidir le láthair gheografach, is é miondealú na n-iasachtaí urraithe réadmhaoine a fuarthas mar chuid de na chéad cheithre thráinse mar a leanas:

**TÁBLA 6: Dlínse na n-iasachtaí urraithe maoine a fuarthas i dTráinsí 1 go 4**

| Dlínse | Luach Láithreach Margaidh na Réadmhaoine* € Billiún | % |
|---|---|---|
| Éire | 11.5 | 54 |
| an Ríocht Aontaithe | 8.2 | 38 |
| An Chuid Eile den Eoraip | 1.5 | 7 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá/ Ceanada | 0.3 | 1 |
| **IOMLÁN** | **21.5** | **100** |

*dáta tagartha do luacháil réadmhaoine - an 30 Samhain 2009

Tar éis chur i gcrích an díchill chuí ar fad ar €26 billiún d'iasachtaí atá fágtha, níltear ag súil go mbeidh comhathrú mór idir an miondealú dlínsiúil agus na figiúirí seo.

**Athbhreithneoir Saineolach**
I gcás ina dteipeann ar na páirtithe comhaontú ar cháilitheacht na sócmhainne bainc, cuireann an GNBS an díospóid chuig an Athbhreithneoir Saineolach (Abhcóide Sinsearach atá á cheapadh ag an Aire Airgeadais). Déanann an tAthbhreithneoir Saineolach measúnú ar cháilitheacht na sócmhainne trí thagairt don Acht agus do na Rialacháin ar Shócmhainní Cáilitheacha a bhí déanta ag an Aire agus a foilsíodh i mí na Nollag 2009 (ar fáil ar www.GNBS.ie). Cuireann an tAthbhreithneoir Saineolach comhairle ar an Aire an bhfuil sé den tuairim gur sócmhainn inghlactha bainc í an tsócmhainn i gceist nó nach bhfuil, agus deimhníonn an tAire, tar éis dó machnamh a dhéanamh ar an gcomhairle, go bhféadfaidh an GNBS an tsócmhainn a fháil nó treoraíonn sé don GNBS gan í a fháil.

Go dtí seo, chuir na hinstitiúidí rannpháirteacha in aghaidh fháil na n-iasachtaí dar luach ainmniúil €1,414. D'aistarraing an institiúid rannpháirteach nó an GNBS €515m i rith an phróisis mar tháinig eolas eile aníos a shoiléirigh cáilitheacht. De na hiasachtaí iarmharacha €899m san iomlán, mheas an tAthbhreithneoir Saineolach gurbh ionann €831m (92%) de na hiasachtaí agus iasachtaí inghlactha agus gurbh ionann €68m (8%) díobh agus iasachtaí neamhghlactha.

**Díospóidí luachála**
Faoi Ailt 119-127 den Acht, féadfaidh institiúid rannpháirteach **luach iomlán fáltais phunainne** a sócmhainní bainc a fuarthas a dhíospóid má chreideann sí go sáraíonn **luach comhiomlán margaidh** na punainne a fuarthas luach iomlán fáltais phunainne. Ceapfaidh an tAire painéal luachála a bhfuil an saineolas cuí nó an t-eolas saineolach aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhíospóidí luachála institiúidí rannpháirteacha. Is é feidhm an phainéil luachála athbhreithniú a dhéanamh ar luach comhiomlán margaidh na punainne agus comhairle a chur ar an Aire an bhfuil an luach ceart nó nach bhfuil, dar leo.

Déanann an tAire machnamh ar chomhairle an phainéil luachála agus féadfaidh sé (i) an luach comhiomlán margaidh a chomhairligh an painéal luachála a dheimhniú nó, (ii) má sháraíonn cinneadh an phainéil ar an luach comhiomlán margaidh an luach iomlán fáltais phunainne agus measann sé go bhfuil an chomhairle mícheart, féadfaidh sé an luacháil a tharchur chuig an bpainéal luachála, ag leagan amach a chúiseanna ina leith seo. I gcás ina gcinneann an tAire go sáraíonn luach comhiomlán margaidh na punainne a fuarthas an luach iomlán fáltais phunainne, treoróidh sé an GNBS an institiúid rannpháirteach a chúiteamh go dtí méid na difríochta cuí trí chomaoin bhreise a sholáthar nó trí aischur na sócmhainní bainc nó trí chomhcheangal eatarthu.

**Clarú iasachtaí faighte**
Tar éis iasachtaí a fháil ó na hinstitiúidí rannpháirteacha, chuir an GNBS tús le rannpháirtíocht mhionsonraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine chun a úinéireacht ar na hiasachtaí a fuarthas a chlárú, i gcás ina gcuimsíonn an t-urrús d'iasachtaí den chineál seo talamh chláraithe.

Cé go gcuirtear ar fáil san Acht go bhfuil gach ceart clárúcháin agus cumhachtaí an mhorgáistí ag an GNBS i ndáil le muirear faighte ar bith, mheas an GNBS agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine go mbeadh follasacht an chórais chlárúcháin dá fónamh ab fhearr ag clárúchán leas urrúis an GNBS agus tá tionscadal ar siúl faoi láthair le haghaidh mhuirir cláraithe na talún a fuair an GNBS a chlárú. Tá an GNBS ag cur isteach sonraí ar na muirir chláraithe a fuair sí chuig an Údarás Clárúcháin Maoine le haghaidh cláraithe ar bhonn tráinse-ar-thráinse. Taisceadh muirir Thráinse 1, Thráinse 2 agus Thráinse 3 ar fad le haghaidh cláraithe amhail Meitheamh 2011.

Clárófar úinéireacht ar gach muirear an GNBS i bhfochlár agus beidh siad ar fáil go hiomlán ar son cuardaigh ar láithreán gréasáin an Údaráis Chlárúcháin Maoine (www.landdirect.ie). Léireofar anseo sonraí ar na tailte a muirearaíodh agus ar an úinéir cláraithe agus léarscáileofar anseo teorainneacha na réadmhaoine muirearaithe.

## 3. Rannpháirtíocht Féichiúnaí

Bainistíonn an GNBS na 180 féichiúnaí is mó (€62 billiún) go díreach. Is é atá i gceist anseo ná go dtéann an féichiúnaí i dteagmháil leis an GNBS go díreach ar shaincheisteanna creidmheasa ach is í an institiúid rannpháirteach a dhéanann riarachán iasachta. Tharmlig an GNBS do na hinstitiúidí rannpháirteacha bainistíocht chaidrimh laethúil na 670 féichiúnaí eile (€10 billiún, a fhéadfar ardú go €13 billiún go deireadh), laistigh de theorainneacha dochta sonracha údaráis tharmligthe.

Tá cinntí creidmheasa á rianú go deireadh ag an GNBS, ag baint úsáid as córas cascáideach teorainneacha creidmheasa agus údaráis tharmligthe. Is é Bord an GNBS an leibhéal is airde cinnteoireachta. Ag brath ar chandam agus ar chéim an bhearnaithe i gceist, tarmligtar cinntí go rathúil don Choiste Creidmheasa (a thagann le chéile ar bhonn seachtainiúil ar a laghad), do lucht ardbhainistíochta an GNBS agus d'Aonaid an GNBS sna hinstitiúidí rannpháirteacha.

Baineann Alt 71 den Acht le hiasachtaí atá inghlactha ach nach bhfuil faighte ag an GNBS go fóill. Faoin bhforáil seo, is gá d'institiúidí rannpháirteacha réamh-fhaomhadh an GNBS a fháil sula ndéanann siad aon ghníomh creidmheasa. Tá feidhm ag Alt 131 tar éis don GNBS iasacht a fháil: Eisíodh do gach ceann de na hinstitiúidí rannpháirteacha treoir mhionsonraithe a leag amach a n-oibleagáidí seirbhísithe iasachta.

Tar éis don GNBS iasacht a fháil, leanann an féichiúnaí d'fhiachas na buniasachta ar fad a bheith acu, lena n-áirítear aon ús fabhraithe nó riaráistí agus aon mhéideanna a bhí dlite ar dhíorthaigh bhainteacha amhain an dáta fáltais. Is é príomhchuspóir an GNBS ina rannpháirtíocht le féichiúnaithe laghdú suntasach fiachais a bhaint amach laistigh de thréimhse trí bliana/ceithre bliana agus, ina dhiaidh sin, garspriocanna eile aisíocaíochta fiachais a bhaint amach, ag críochnú le haisíocaíocht iomlán nach moille ná 2019.

Cé go bhfuil tábhacht ag próiseas Plean Gnó an Fhéichiúnaí, ní bhacann sé gníomhaíocht creidmheasa ar an bpunann: Próiseálann an GNBS agus na hinstitiúidí rannpháirteacha suas go dtí 400 cinneadh in aghaidh na míosa faoi láthair ar ábhair éagsúla ó fhaomhadh léasa go diúscairt sócmhainní.

### Na 180 féichiúnaí is mó

Tosaíonn rannpháirtíocht dhíreach an GNBS leis na 180 féichiúnaí is mó go gairid tar éis fháil na hiasachta. Tionóltar cruinnithe tosaigh ina gcuirtear in aithne don fhéichiúnaí foireann bainistíocht punainne an GNBS atá ag déileáil lena fhiachas agus cuirtear réamhphlé ar siúl i ndáil lena thionscadail agus lena phleananna. Leantar ar aghaidh le rannpháirtíocht plean gnó an fhéichiúnaí sna céimeanna seo a leanas:

1. Éilíonn an GNBS ar gach féichiúnaí plean gnó a chur isteach ina leagtar amach an dóigh a bhfuil sé i gceist aige na méideanna dlite a aisíoc. Is gá go gcuirtear san áireamh i bpleananna féichiúnaí - bunaithe ar theimpléad atá curtha ar fáil ag an GNBS - an fhaisnéis seo a leanas:
   - Faisnéis ar gach saoráid sócmhainne gan íoc, lena n-áirítear saoráidí a bhí réamhíoctha leo ag bainc nach bhfuil páirteach san GNBS.
   - Comhréir an fhiachais atá urraithe agus an chomhréir atá gan iontaoibh.
   - Na sócmhainní a urraíonn na hiasachtaí agus an cumas atá acu ioncam a ghiniúint.
   - Aon sócmhainní neamhualaithe faoi rialú an fhéichiúnaí.
   - Sócmhainní a aistríodh do ghaolta agus do dhaoine eile le cúig bliana anuas.
   - Aisíocaíocht fiachais mholta agus straitéisí bainistíochta sócmhainní, lena n-áirítear díolacháin shócmhainní, cur i gcrích agus díolachán forbairtí, aisíocaíocht caipitil agus úis ó ioncam agus athmhaoiniú dliteanas.
2. Is é an gnás go ndéanann athbhreithneoir gnó neamhspleách (IBR) athbhreithniú ar phlean gnó an fhéichiúnaí, duine a stiúrann measúnú grinn ar an bplean. Cheap an GNBS painéal de 38 gnólacht ar féidir athbhreithneoirí gnó neamhspleácha a cheapadh astu, más gá. Déanann an t-athbhreithneoir gnó neamhspleách athbhreithniú ar réasúntacht ghlacacht an fhéichiúnaí, stiúrann sé mionanailís ar réamh-mheastácháin sreafa airgid agus cuireann sé ar fáil critic neamhspleách ar an bplean.
3. Déanann Bord, Coiste Creidmheasa, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó bainisteoireacht shinsearach an GNBS machnamh ar an bplean agus ar athbhreithniú bainteach an athbhreithneora gnó phríobháidigh, bunaithe ar chóras cascáideach d'údaráis tharmligthe a d'fhaomh an Bord. I measc na dtosca eile a chuirtear san áireamh tá an pointe ar a gcomhoibríonn an féichiúnaí leis an GNBS agus caighdeán a shocruithe rialachais chorparáidigh. Féadfaidh na nithe seo a leanas torthaí athbhreithnithe an Bhoird/an Choiste Creidmheasa/an Údaráis Tharmligthe a fholú, is iad seo (i) glacadh, (ii) glacadh faoi réir athruithe agus cuir i bhfeidhm coinníollacha áirithe nó (iii) diúltú.
4. Má ghlacann an Bord, an Coiste Creidmheasa nó an t-údarás tarmligthe (de réir mar is cuí) leis an bplean, tabharfar spriocdháta gairid don fhéichiúnaí a chomhaontú le téarmaí an GNBS a chur in iúl. Taifeadfar comhaontú féichiúnaí leis an gcás gnó faofa trí Mheabhrán Tuisceana (MOU) sínithe. Sonraítear téarmaí an Mheabhráin Thuisceana i leathán téarma agus tugtar stádas conartha dóibh trí chomhaontuithe saoráide agus trí chomhaontuithe ceangail bhainistíochta.
5. Comhaontaítear le garspriocanna feidhmithe agus déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar chloí an fhéichiúnaí le spriocanna comhaontuithe ar bhonn rialta.

**Féichiúnaithe atá á mbainistiú ag Institiúidí Rannpháirteacha**
Tharmlig an GNBS do na hinstitiúidí rannpháirteacha bainistíocht chaidrimh laethúil na 670 féichiúnaí eile (€10 billiún faoi láthair), laistigh de theorainneacha dochta sonracha údaráis tharmligthe. Bhunaigh an GNBS próiseas le maoirseacht a dhéanamh ar a n-institiúidí rannpháirteacha maidir lena gcur i bhfeidhm feidhmeanna creidmheasa agus oibriúcháin thar ceann an GNBS.

Ba cheart go dtabharfaí faoi deara go ndéanann an GNBS, le linn phróiseas plean gnó an fhéichiúnaí, teagmháil le féichiúnaithe ar bhonn 'gnáthghnó' i.e. déantar measúnú ar iarratais chreidmheasa, atá á ndéanamh ag an bhféichiúnaí, de réir a bhfiúntas tráchtála.

**Pleananna Gnó Féichiúnaí**
Tá dhá leagan de Phlean Gnó an GNBS. Teastaíonn ón gcéad leagan, a fheidhmíonn leis na féichiúnaithe móra a bhfuil struchtúir chasta chorparáide acu agus ar aistríodh a n-iasachtaí mar chuid de na chéad trí thráinse, soláthar faisnéise mionsonraithe agus cuimsithí ón bhféichiúnaí don GNBS. Feidhmíonn an dara leagan, is é sin Leagan 2 den Phlean Gnó agus leagan sruthlíneach den bhunphlean gnó, le formhór na bhféichiúnaithe. Tá sé seo le cur chuig an GNBS go díreach (má tá an féichiúnaí ar dhuine de na daoine a mbainistíonn an GNBS a n-iasachtaí go díreach) nó chuig institiúid rannpháirteach. I gcás an rogha dheiridh, cuirfidh féichiúnaithe a bpleananna faoi bhráid na n-institiúidí rannpháirteacha agus, bunaithe ar na pleananna, dréachtóidh na hinstitiúidí straitéis le cur chuig an GNBS. Tá an dá leagan de Phlean Gnó an GNBS ar fáil ar www.GNBS.ie.

**Toradh an Athbhreithnithe ar Phlean Gnó Féichiúnaí**
Tiocfaidh idir faomhadh plean gnó an fhéichiúnaí nó forfheidhmiú as an bpróiseas plean gnó sa deireadh. Beidh feidhm ag an rogha deiridh i gcás féichiúnaithe nach bhfuil ábalta deimhniú go bhfuil sé ar a chumas a n-oibleagáidí fiachais a chomhlíonadh (fiú dá n-athstruchtúrófaí iad) nó i gcás inar theip orthu comhoibriú leis an bpróiseas. Ní hionann forfheidhmiú agus céadrogha an GNBS mar gurb é a gcuspóir sonraithe ná iarracht a dhéanamh ar oibriú amach comhthoiliúil leis an bhféichiúnaí a bhaint amach. Ar an drochuair, beidh sé riachtanach don GNBS i gcásanna áirithe gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh féichiúnaithe agus luach na mbunsócmhainní (réadmhaoin de ghnáth) a urraíonn a n-iasachtaí a réadú. Déanfar forfheidhmiú le cuidiú ó phainéil de chleachtóirí dlí agus dócmhainneachta agus de ghlacadóirí sócmhainní a bunaíodh in 2010 tar éis próiseas tairisceana soláthair phoiblí.

Beidh roinnt féichiúnaithe ábalta leanúint le seirbhísiú a n-aisíocaíochtaí sceidealta fiachais ar aon dul lena n-oibleagáidí conartha reatha agus ní theastóidh uathu cuidiú ar leith a fháil ón GNBS.

Maidir le formhór na bhféichiúnaithe, áfach, críochnóidh an t-athbhreithniú ar an bplean gnó le comhaontú leis an GNBS a bheidh bunaithe ar thiomantas do sceideal comhaontaithe aisíocaíochta fiachais agus ba dhóchúil a gcuirfí san áireamh anseo an chuid is mó, nó gach ceann, de na gnéithe a leagtar amach thíos:

*Spriocanna Aisíocaíochta Fiachais*
Is é an gnás gurb é atá sna spriocanna sprioc laghdaithe fiachais 25% faoin mbliain 2013, chomh maith le sceideal d'aisíocaíochtaí breise ag tréimhsí éagsúla go ceann téarma ocht mbliana ar a mhéad.

*Athstruchtúrú Fiachais*
Is iondúil go bhfuil sé i gceist anseo athstruchtúrú isteach i dtrí iasacht. Is éard atá in **Iasacht A** fiachas ús-thorthach, cuirtear san áireamh in **Iasacht B** fiachas neamhúsmhar (ach le táille chúil suas go 25% iníoctha leis an GNBS) agus cuimsíonn **Iasacht C** iasachtaí nua a réamhíoctar i leith caipitil oibre agus caiteachas caipitiúil. Is é an gnás go ngearrtar ús ar Iasacht A ar ráta atá 2.5% os cionn Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (EURIBOR) sé mhí; féadfaidh an ráta bheith suas go 4% os cionn EURIBOR maidir le hIasacht C. Féadfaidh go gcuirfear meicníochtaí dreasaithe san áireamh uaireanta; féadfar, mar shampla, brabús os cionn spriocleibhéal aisíocaíochta an GNBS a roinnt 90% don GNBS agus 10% don fhéichiúnaí. Léirítear sa sampla seo a leanas an dóigh a mbítear ag súil go bhfeidhmeoidh an t-athstruchtúrú fiachais:

**TÁBLA 7: Sampla d'athstruchtúrú fiachais**

| | €m |
|---|---|
| Fiachas pair gan íoc | 1,000 |
| Luach margaidh reatha na bunmhaoine | 480 |
| Luach geilleagrach fadtréimhseach (LEV) fiachais (ina n-ionchorpraítear ardú Iascainithe) | 490 |
| **Iasacht A (LEV móide sprioc aisíocaíochta breise)** | 540 |
| Caipiteal oibre a réamhíoc an GNBS **(Iasacht C)** | 20 |
| Fiachas iomlán ús-thorthach | 560 |
| **Iasacht B (neamhúsmhar)** | 440 |

Sa sampla, féadfar an mheicníocht dreasaithe a chur ar obair tar éis don fhéichiúnaí an spriocfhiachas ús-thorthach de €560m a aisíoc. Má ghlacann an féichiúnaí páirt iomlán ann agus má chomhoibríonn sé leis an GNBS, agus má réadaítear méid de €570m, mar shampla, dáileofar na fáltais bhreise a réadaíodh, ag tabhairt €9m (90%) don GNBS agus €1m (10%) don fhéichiúnaí. Ní íocfar an €1m don fhéichiúnaí ach ag deireadh an phróisis agus is dóchúil go mbeidh sé sin i bhfad uainn.

*Ráthaíochtaí Pearsanta*

Is é polasaí an GNBS dul sa tóir ar gach ráthaíocht phearsanta a mhéad is féidir.

*Díolacháin Shócmhainní*

Is minic a theastaíonn ó na spriocanna laghdaithe fiachais clár díolachán sócmhainní suntasacha a bheith ag an bhféichiúnaí. Beidh uainiú d'aon díolachán ar leith ag brath ar an gcineál réadmhaoine i gceist (infheistíocht chónaithe, infheistíocht tráchtála, talamh, srl), ar dhlínse agus ar láthair na réadmhaoine agus ar dheireadh sceidealaithe na léasanna bainteacha. Beidh sé bunaithe ag an réamhanailís, cuir i gcás, an sáraíonn an glanluach láithreach (NPV) ar dhiúscairt níos moille an glanluach láithreach ar dhiúscairt luath nó nach sáraíonn, agus ioncam císa, costais bhainistithe réadmhaoin agus fáltais ghlandíolachán curtha san áireamh. I gcás na diúscartha cúlsaothair talún, is gá go ndéantar measúnú ar riosca comhchruinnithe agus go ndéantar athbhreithniú ar straitéis trí thagairt do chúlsaothair talún sa láthair chéanna.

*Aisiompú aistrithe sócmhainní*

Cuireann an GNBS faoi deara, mar chuid de chomhaontú comhthoiliúil leis an bhféichiúnaí, an t-aistriú sócmhainní do thríú páirtithe (céilithe, baill teaghlaigh eile, srl.) le blianta beaga anuas a aisiompú. Féadann sé seo réadmhaoin, airgead, scaireanna agus bronntanais eile a chur san áireamh. Éilítear ar fhéichiúnaithe ráitis Ghlanfhiúchais faoi mhionn a thaispeáint agus, nuair is cuí, cuardaigh shócmhainní choimisiún an GNBS chun faisnéis a sholáthraíonn na féichiúnaithe a dheimhniú. Ina rannpháirtíocht leis na féichiúnaithe ní ba mhó, d'éirigh go breá leis an GNBS go dtí seo comhaontú féichiúnaí le haisiompú aistrithe sócmhainní a aimsiú.

*Cur i gcrích urrúis*

Is gá d'fhéichiúnaí tiomnú d'urrús a fheabhsú nó a chur i gcrích, nuair is gá.

*Tithe Cónaithe Príobháideacha (PDH)*

Féadfaidh an socrú le féichiúnaí éileamh air teach cónaithe príobháideach neamhualaithe thar a acmhainn a dhiúscairt. Tá polasaí ag an GNBS tithe cónaithe príobháideacha neamhualaithe a thógáil i gcúram má tá sé indéanta ó thaobh an dlí de. Féadfar cuid de na fáltais díolachán a úsáid chun teach cónaithe príobháideach a cheannach atá níos oiriúnaí d'acmhainní reatha an fhéichiúnaí

*Ioncam císa*

Is é polasaí an GNBS go gcuirtear faoi shainordú an GNBS ioncam císa ó shócmhainní infheistíochta atá a rianú ag an bhféichiúnaí.

*Sócmhainní Neamhualaithe*

Is é polasaí an GNBS sócmhainní neamhualaithe a fháil mar urrús breise, ag cur san áireamh costais an chuir i bhfeidhm agus na rioscaí dlí atá i gceist. Le hacmhainneacht ar an taobh thuas amach anseo a ghabháil, tógann an GNBS cothromas breise i gcúram más cuí.

*Sócmhainní nach de réir maoine*

I gcás ina bhfuil airgead barrachais ann, glanluacháiltear é in éadan oibleagáidí iasachta féichiúnaí. Más cuí, éilítear ar fhéichiúnaí scaireanna, saothair ealaíne agus sócmhainní neamh-mhaoine a dhíol agus fáltais dhiúscartha den chineál seo a fheidhmiú in éadain fhiachas an GNBS atá aige.

*Fochostais*

Déanfaidh an GNBS coinníoll socruithe bainisteoireachta agus soláthair foirne. I measc na saincheisteanna a ndéanfar machnamh orthu tá (a) an leibhéal cuí fochostais mar gheall ar chastacht nó eile ghnólacht an fhéichiúnaí, (b) cé acu, más cuí, baill den fhoireann bhainistíochta reatha a d'fhéadfadh luach a chur léi dá gcoinneofaí iad agus (c) an gá an fhoireann bhainistíochta a neartú nó a fheabhsú nó nach gá.

*Maoiniú*

I gcásanna áirithe, soláthraíonn an GNBS cistiú a éascaíonn cur i gcrích na dtionscadal inmharthana.

*Aonáin thrádála*

I gcás a bhfuil baint ag aonáin thrádála leis (óstáin, mar shampla), déanann an GNBS athbhreithniú ar an bhfuil an bhainisteoireacht reatha agus/nó an Bord Stiúrthóirí measta a bheith ábalta sreabhadh airgid ón ngnólacht a bharrfheabhsú nó nach bhfuil.

**Gníomhaíocht creidmheasa**

Le linn 2010, rinneadh athbhreithniú ar phleananna gnó ó thríocha féichiúnaí mór Thráinse 1 agus Thráinse 2, ab ionann agus €31 billiún in iarmhéideanna ainmniúla iad. I gcomhar leis seo, rinneadh athbhreithniú ar bheagnach 1,000 iarratas suntasach creidmheasa agus faomhadh nó diúltaíodh iad idir mí an Mhárta agus mí na Nollag 2010; cuimsíodh anseo iarratais ar airgead nua, ceaduithe léasanna nua agus iarratais ar dhiúscairt sócmhainní. D'fhaomh an GNBS freisin diúscairt €1.9 billiún de réadmhaoin faoi dheireadh na bliana 2010.

D'fhaomh an GNBS díolachán de thimpeall ar €3.6 billiún i sócmhainní réadmhaoine a bhí á sealbhú ag féichiúnaithe faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2011; baineadh úsáid as fáltais ó dhíolacháin chríochnaithe chun íoc as fiachais leis an nGíomhaireacht féin nó le bainc nach bhfuil páirteach i scéim an GNBS a chomhiasachtaigh ar fhorbairtí.

Faoin Acht, tá an chumhacht ag an GNBS suas go €5 billiún a iasachtú le haghaidh réamhíocaíocht airgid nua a éascóidh forbairtí neamhchurtha i gcrích a bheidh le cur i gcrích nó a fheabhsóidh luach na sócmhainní ar shlí eile. D'fhaomh an GNBS €812m i réamhíocaíochtaí airgid nua ón 1 Márta 2010 go deireadh mhí na Bealtaine 2011.

Amhail deireadh mhí na Bealtaine 2011, d'fhaomh an GNBS an ceapadh glacadóirí i 66 cás. Amhail an 31 Nollaig 2010, níor ghlac an GNBS seilbh ar aon sócmhainní réadmhaoine ar bith go fóill. Nuair a cheaptar glacadóir, is é an glacadóir agus ní an GNBS a ghlacann bainistiú ar iasachtaí agus ar réadmhaoin bainteach an fhéichiúnaí, agus tá an oibleagáid dhlíthiúil aige fáltais ó dhiúscairt sócmhainní a uasmhéadú le feidhmiú in éadan fhéichiúnas an fhéichiúnaí.

# Roinnt Eochair-Chur Chuige Straitéiseacha/ Beartas ar Ghlac an Bord Leo

## A. Déileáil le Féichiúnaithe

1. **Féichiúnaithe**
   Féadfaidh an GNBS obair le féichiúnaithe áirithe i gcás ina mbeidh an tuairim acu gur straitéis bharrmhaith tráchtála í seo sna cúinsí. Ní tharlóidh sé seo, áfach, ach i gcás ina mbeidh féichiúnaithe comhoibritheach, ina soláthróidh siad nochtadh iomlán agus ina mbeidh siad réadúil i ndáil le maoiniú sócmhainní agus le himpleachtaí ar a stíl maireachtála mar gheall ar thacaíocht an GNBS. Caithfidh siad glacadh le dlúthmhonatóireacht an GNBS ar a ngníomhaíochtaí.

2. **Laghdú Fiachais**
   Rachaidh an GNBS sa tóir ar gach fiachas agus féichiúnaí a mhéad is féidir. Bheartaigh an Bord na spriocanna seo a leanas maidir le laghdú fiachais thar a shaolré: Laghdú fiachais 25% faoi 2013, 40% faoi 2015, 80% faoi 2017, 95% faoi 2018 agus 100% faoi 2019.

3. **Réamhíocaíochtaí airgid nua**
   Is saoráid chostasach theoranta é airgead nua. Beidh ócáidí ann nuair a bheidh sé riachtanach airgead nua a réamhíoc le féichiúnaí ar bhonn coigeartaithe de réir riosca (ROCE) ionas staid airgeadais iomlán an GNBS a fheabhsú. Bheartaigh an GNBS corrlaigh úis idir 2.5% agus 4% os cionn an ráta úis mhargaidh san am. Méadóidh an t-aischur a theastóidh ón GNBS i gcomhréir leis an riosca bainteach le sócmhainn.

4. **Ráthaíochtaí pearsanta a chur i bhfeidhm**
   Rachaidh an GNBS sa tóir ar gach ráthaíocht phearsanta a mhéad is féidir.

5. **Gannchion i seirbhísiú úis**
   Éileofar ar fhéichiúnaithe 100% dá sreabhadh airgid ar fáil a íoc leis an GNBS nuair nach mbeidh siad ábalta a n-oibleagáidí úis/aisíocaíochta reatha don GNBS a chomhlíonadh ina n-iomláine.

6. **Sócmhainní Neamhualaithe**
   Ba é polasaí an GNBS sócmhainní neamhualaithe a fháil mar urrús breise, ag cur san áireamh costais an chuir i bhfeidhm agus na rioscaí dlí atá i gceist.

7. **Aistriú sócmhainní neamhualaithe ag féichiúnaithe**
   Rachaidh an GNBS sa tóir ar aisghabháil na sócmhainní a aistríodh do thríú páirtithe.

8. **Rialú sócmhainne (sócmhainní)**
   I gcás nach bhfuil bainisteoireacht/féichiúnaí ag cur luacha leis agus atá ar mainneachtain, iarrfaidh an GNBS, más cuí, rialú a ghlacadh ar an tsócmhainn (na sócmhainní).

9. **Earnáil miondíola - cíosanna "láimhdeachas-bhunaithe"**
   Féadfaidh an GNBS cíosanna "láimhdeachas-bhunaithe" a thairiscint agus a fhaomhadh mar chuid dá gclár bainistíochta sócmhainní

10. **Athchóiriú iasachtaí agus doiciméadúcháin chun éifeachta**
    Déanfaidh an GNBS a struchtúir iasachta reatha a athstruchtúrú agus a shimpliú agus bainfidh siad feidhm as cáipéisíocht dlí an GNBS le haghaidh iasachtaí a chaighdeánú agus a chomhdhlúthú.

11. **Deimhniú Sócmhainní Pearsanta an Ráthóra / an Phríomhaí**
    Éilíonn Polasaí Creidmheasa an GNBS ar fhéichiúnaithe agus ar phríomhaithe/ar ráthóirí sceideal deimhnithe ar a sócmhainní agus ar a ndliteanais go léir a sholáthar.

## B. Déileáil le sócmhainní iasachta agus maoine

1. **Diúscairtí Sócmhainní**
   Seasfaidh an GNBS do choinníollacha margaidh ina gcinneadh an ndíolfaidh siad réadmhaoin aonair le haghaidh sócmhainní a dhiúscairt ar mhodh céimnithe ordúil nó nach ndíolfaidh. Ní thabharfaidh an GNBS, áfach, faoi aon chnapaireacht sócmhainní. Beidh straitéis á cruthú ag dearcadh neodrach i leith gluaiseachtaí margaidh sa todhchaí, ar bhonn punainne.

2. **Díolachán iasachtaí**
   Pléifidh an GNBS, ar bhonn cáis-ar-chás, díolachán nó sannachán iasachtaí nó punanna iasachta do thríú páirtithe dá mbeadh ciall tráchtála ag baint leis.

3. **Talamh neamhfhorbartha agus forbairtí páirt-chríochnaithe**
   Déanfaidh an GNBS iarracht ar a neamhchosaint do thalamh neamhfhorbartha agus d'fhorbairtí páirtchríochnaithe a luaithe is féidir agus, más cuí, trí cheant poiblí.

4. **Eastáit neamhchríochnaithe**
   Is ábhar casta é ábhar na n-eastát neamhchurtha i gcrích, ábhar nach bhfuil réitigh ar fáil go réidh ann. Cé gur gá don GNBS a ndícheall a dhéanamh straitéis fhoriomlán a leagan amach, d'fhéadfaí gur ghá réitigh aonair a chruthú i leith na timpeallachta agus d'fhéadfadh sé seo díol, cíos nó cur i gcrích a fholú. I gcásanna áirithe, ní bheidh an dara rogha ann ach feidhm talmhaíochta a athbhunú. Bhí an GNBS páirteach i nGrúpa Oibre a bhunaigh an Rialtas le fairsinge na n-eastát neamhchurtha i gcrích in Éirinn a scrúdú. D'fhoilsigh an tAire Tithíochta tuarascáil an Ghrúpa i mí an Mheithimh 2011. Shainaithin an tuarascáil sin 2,800 eastát neamhchurtha i gcrích agus chatagóirigh sí iad de réir na fairsinge ar a raibh feabhsúchán ag teastáil uathu. Shainaithin an tuarascáil timpeall ar 225 eastát Chatagóir 4 a measadh gur theastaigh aire láithreach feabhsúcháin uathu. Tá iasachtaí le neamhcosaintí do 28 de na heastáit Chatagóir 4 sin ag féichiúnaithe an GNBS. Thiomnaigh an GNBS do thabhairt faoi anailís ar na 28 eastát le haghaidh pleananna um réitigh láithreáin a fhorbairt. Díreoidh na pleananna ar na saincheisteanna is práinní a bhfuil feabhsúchán ag teastáil uathu.

5. **Maoiniú le forbairtí a chur i gcrích**
   Gheobhaidh an GNBS, i gcásanna áirithe, réadmhaoin a mbeadh ciall tráchtála bainteach lena cur i gcrích agus, sna cásanna seo, rachaidh an GNBS go réamhghníomhach sa tóir ar chomhpháirtithe comhfhiontair.

6. **Óstáin**
   I gcás ina bhfuil roinnt óstán atá á maoiniú ag an GNBS in iomaíocht le chéile i láthair mar nach bhfuil an cumas ann ach do shaoráid amháin, déanfaidh an GNBS cinneadh, bunaithe ar an toradh tráchtála barrmhaithe.

7. **Tuaisceart Éireann / an Ríocht Aontaithe / Stáit Aontaithe Mheiriceá / an Eoraip**
   Ní ghlacfaidh an GNBS le polasaí ar leith le déileáil le haon limistéar geografach ar leith. Is gá go bhfuil aon ghníomhaíocht sócmhainne/féichiúnaí de réir bhaint amach na dtorthaí is fearr.

## C. Déileáil le tríú páirtithe leasmhara

1. **Rannpháirtíocht le hÚdaráis Phleanála**
   Oibreoidh an GNBS le hÚdaráis Phleanála ag tabhairt airde do phrionsabail phleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe agus do shainchúram tráchtála an GNBS.

2. **Rannpháirtíocht le haonáin Rialtais agus le pobail áitiúla maidir lena riachtanais thalún**
   Beidh an GNBS ag gabháil go réamhghníomhach do rannpháirtíocht le Ranna Stáit, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí Stáit agus le comhlachtaí iomchuí eile i ndáil leis na riachtanais talún/réadmhaoine a d'fhéadfadh bheith acu. Tairgfear talamh den chineál seo ar íosphraghas forchoimeádta (atá á mheasúnú go príobháideach) do na comhlachtaí seo go ceann ceithre seachtaine, faoi réir cinneadh cinnte, conartha agus tréimhse dhúnta suas go 90 lá, sula dtairgfear í don mhargadh oscailte.

3. **Institiúidí Neamh-rannpháirteacha**
   Beidh an GNBS ag gabháil go réamhghníomhach do rannpháirtíocht le hinstitiúidí neamh-rannpháirteacha, faoi réir cód cleachtais faofa, leis na torthaí ba fhearr ar chomhshócmhainní agus ar fhéichiúnaithe a uasmhéadú. Tá an GNBS ag súil go n-oibreoidh institiúidí neamh-rannpháirteacha ar bhealach cómhalartach, ag cur cuspóirí an GNBS san áireamh.



# Athbhreithniú Airgeadais

Rinne an GNBS brabús oibriúcháin, roimh mhuirear bhearnaithe, €305m don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2010. Thaifead an GNBS caillteanas foriomlán €1,180 tar éis muirear bearnaithe de €1,485.

Leagtar amach sa tábla thíos an fheidhmíocht fhoriomlán oibriúcháin:

**TÁBLA 8: Eochairghnéithe d'ioncaim agus de chostais**

| | €m |
|---|---|
| Ioncam úis | 525 |
| Costas úis | (179) |
| **Glanioncam úis** | **346** |
| Caillteanais ar dhíorthaigh | (17) |
| Costais Riaracháin | (46) |
| Gnóthachain mhalairte eachtraí | 22 |
| **Brabús oibriúcháin roimh bhearnú** | **305** |
| Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus ar infháltais | (1,485) |
| **Caillteanas tar éis bearnaithe** | **(1,180)** |

## Ioncam úis

B'ionann ioncam úis san iomlán do 2010 agus €525m, á mhiondealú mar a leanas:

**TÁBLA 9: Ioncam úis**

| | €m |
|---|---|
| Ús ar iasachtaí agus infháltais | 448 |
| Ús a fuarthas ar dhíorthaigh faighte | 75 |
| Ús bainc | 2 |
| **IOMLÁN** | **525** |

Is é an chuid is mó d'Ioncam Úis (€448m) an t-ioncam a shaothraigh an GNBS ó iasachtaí agus infháltais a fuarthas. Áirítear ioncam úis iasachta ag baint úsáid as ráta úis a dhíorthaítear faoi mhodh an ráta úis éifeachtaigh (EIR). Déantar measúnú, faoin modh seo, ar shreabhadh airgid ionchasaigh iasachta thar shaolré na hiasachta. Is é an EIR an ráta a lascainíonn go díreach (a) íocaíochtaí measta airgid nó fáltais mheasta airgid amach anseo thar shaolré ionchasach na hiasachta le (b) méid glan na hiasachta. Leagtar tuilleadh sonraí amach i mBeartas Cuntasaíochta 2.10 de na Ráitis Airgeadais. Aithníonn an GNBS ioncam ar bhonn punainne féichiúnaí, rud a sheasann don fhíric go ndéantar iasachtaí a ghrúpáil trí thagairt do cheangal féichiúnaí, in ionad measúnú a dhéanamh orthu ar bhonn iasachta-ar-iasacht.

Mar chuid d'fháil shócmhainní, fuair an GNBS timpeall ar €14 billiún (ainmniúil) de dhíorthaigh (babhtálacha ráta úis go príomha) a bhí bainteach le hiasachtaí a fuarthas (laghdaíodh díorthaigh a fuarthas go €10.1 billiún faoi mhí na Nollag 2010). Díorthaigh thuillmhacha ba ea timpeall is €3 billiún (ainmniúil) díobh seo. Saothraíodh €75m d'ioncam úis ar na díorthaigh seo i rith na tréimhse.

## Costas Úis

Déantar achoimre i **dTábla 10** thíos ar chostas úis don tréimhse:

**TÁBLA 10: Costas úis**

| | €m |
|---|---|
| Ús ar urrúis fiachais shinsearaigh an GNBS in eisiúint | 99 |
| Ús ar dhíorthaigh fálaithe a bhí curtha i bhfeidhm ag an GNBS | 44 |
| Ús ar dhíorthaigh faighte | 35 |
| Ús ar fhiachas eile | 1 |
| **IOMLÁN** | **179** |

B'ionann an costas úis iomlán don tréimhse agus €179m. Cuimsíonn sé seo €99m d'ús a íocadh agus a fabhraíodh ar bhannaí an GNBS in 2010 agus costas úis €79m a tháinig as díorthaigh. Íocann an GNBS ús ar a n-urrúis fiachais ag Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro agus íoctar cúpóin go leathbhliantúil i mí Mheán Fómhair agus i mí an Mhárta.

Mar chuid dá straitéis bhainistíochta riosca, shocraigh an GNBS an costas úis ar €13.3bn dá n-urrúis fhiachais dul isteach i €13.3bn de bhabhtáil ar ráta úis chomhlúthaigh go babhtáil ar ráta úis seasta. Is ionann an costais úis ar na díorthaigh seo sa tréimhse agus €44m.

Chuaigh an GNBS isteach i €2.5bn (ainmniúil) de bhabhtálacha ar ráta úis chun neamhchosaint do riosca ráta úis a thagann as díorthaigh a fuair siad ó na hinstitiúidí rannpháirteacha a fhálú. B'ionann an costas úis ar na díorthaigh seo agus €35m don tréimhse.

## Costais Riaracháin

B'ionann na costais riaracháin a thabhaigh an GNBS i rith 2010 agus €46.2m. Soláthraítear sonraí ar na costais seo i **dTábla 11** thíos.

**TÁBLA 11: Costais Riaracháin**

| | €m |
|---|---|
| Costais oibriúcháin inaisíoctha leis an GBCN | 15.0 |
| Táillí príomh-sheirbhíseora agus bunseirbhíseora | 14.8 |
| Táillí comhairleora airgeadais agus comhairliúcháin | 5.0 |
| Táillí bainistíochta punainne | 5.1 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 0.7 |
| Táillí dlí | 3.3 |
| Táillí cánach | 0.5 |
| Táillí boird agus coiste | 0.6 |
| Luach saothair iniúchóirí seachtracha | 0.5 |
| Eile | 0.7 |
| **IOMLÁN** | **46.2** |

Leagtar amach i Nóta 8 do na Ráitis Airgeadais mionanailís ar na costais seo.

### Costais díchill chuí

Tabhaíonn an GNBS costais díchill chuí mar chuid den phróiseas fálaithe iasachtaí agus díorthach bainteach ó na hinstitiúidí rannpháirteacha. Folaítear sna costais seo táillí dlí, luachála agus díchill chuí réadmhaoine mar aon le táillí an chomhordaitheora iniúchóireachta. B'ionann costais díchill chuí a thabhaigh an GNBS le linn na tréimhse agus €29.6m. Chuir an GNBS na costais seo san áireamh, áfach, i bpraghas fáltais na sócmhainní ionas gur aisghabhadh iad ó na hinstitiúidí rannpháirteacha i riocht íocaíochta laghdaithe do na sócmhainní.

Ag deireadh na bliana 2010, choinnigh an GNBS soláthar €30.3m maidir le costais díchill chuí don €38 billiún d'iasachtaí nár cuireadh dícheall cuí i gcrích orthu.

### Díorthaigh agus gluaiseachtaí airgeadra eachtraigh

Fuair an GNBS iasachtaí airgeadra eachtraigh (iasachtaí steirling go príomha) ar íoc siad astu i mbannaí ráta comhdhlúthaigh ainmnithe in Euro. Mar gheall air seo, chuaigh an GNBS isteach i dtimpeall ar €10bn de dhíorthaigh airgeadra eachtraigh chun an riosca airgeadra bainteach leis na hiasachtaí airgeadra eachtraí a fuarthas a fhálú. Ag deireadh 2010, b'ionann an ghlanluacháil mhargaidh-ar-mhargadh ar na díorthaigh seo (glanluacháil na ngluaiseachtaí ar iasachtaí agus ar infháltais an airgeadra eachtraigh) agus €22m agus léiríodh é seo sa ráiteas ioncaim mar ghnóthachan airgeadra (Nóta 9 sna Ráitis Airgeadais).

De bhreis ar na hiasachtaí airgeadra eachtraigh, fuair an GNBS €14bn i ndíorthaigh féichiúnaithe (agus tromlach acu neamhthuillmheach) bainteach leis na hiasachtaí seo. Chuaigh siad isteach i €2.5bn de dhíorthaigh ráta úis chun an riosca ráta úis a thagann as an chuid thuillmheach de na díorthaigh seo a fuair siad ó na hinstitiúidí rannpháirteacha a fhálú. Breactar síos ar an ráiteas ioncaim caillteanas luachála margaidh-ar-mhargadh de €17m ar na díorthaigh faighte agus ar na fáluithe bainteacha seo, ach ní chuirtear san áireamh anseo an glanghnóthachan úis €40m ar na díorthaigh faighte seo, rud a chuirtear san áireamh mar chuid den ioncam agus den chostas úis.

Chuaigh an GNBS isteach i €13.3bn de bhabhtáil ar ráta úis chomhlúthaigh go babhtáil ar ráta úis seasta le linn na tréimhse chun cuid den neamhchosaint do ráta úis ar bhreis agus €28bn de bhannaí ráta chomhlúthaigh a eisíodh mar pháirt-chomaoin do na hiasachtaí a fuarthas a fhálú. Taifeadadh gnóthachan €77m, a tháinig as na díorthaigh ráta úis seo, mar chuid de chúlchistí eile laistigh de chothromas. Níor breacadh an gnóthachan síos sa ráiteas ioncaim mar go gcomhlíonann na fáluithe seo na riachtanais 'cuntasaíochta fálaithe'. Ciallaíonn sé seo go nglactar aon ghnóthachain agus caillteanais luacha cóir a thagann orthu go díreach chuig na cúlchistí agus ní imríonn siad tionchar ar an ráiteas iomcaim. Tá sé seo ar aon dul le caighdeáin chuntasaíochta

### Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus ar infháltais

De réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), is gá don GNBS athbhreithniú a dhéanamh ar a bpunann iasachtaí i leith bearnaithe ag gach dáta tuairiscithe. Meastar gur iasacht bearnaithe í iasacht a bhfuil a luach anonn (is é sin an luach a thaifeadann an GNBS ina dtaifid) níos lú ná a luach in-aisghabhála.

Faoi rialacha cuntasaíochta, is gá don GNBS measúnú an bhfuil fianaise oibiachtúil ina léirítear go bhfuil bearnú aonair do shócmhainní airgeadais ag a bhfuil suntasacht aonair, agus suntasacht aonair nó comhshuntasacht do shócmhainní airgeadais nach bhfuil suntasacht aonair ag baint leo.

Thaifead an GNBS soláthar bearnaithe €1.485 billiún in éadan a bpunainne iasachtaí agus infháltas don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2010.

Is éard atá anseo ná soláthar bearnaithe €719m in aghaidh iasachtaí féichiúnaithe a mheasúnaítear ina n-aonar agus soláthar comhbhearnaithe €766m in éadan féichiúnaithe ar cuireadh a n-iasachtaí faoi athbhreithniú comhbhearnaithe. Déantar achoimre i dTábla 12 thíos ar an soláthar bearnaithe a taifeadadh amhail an 31 Nollaig 2010.

**TÁBLA 12: Soláthar Bearnaithe**

| | Fiachas an GNBS €bn | Soláthar €bn | Bearnú % |
|---|---|---|---|
| Féichiúnaithe measta ina n-aonar | 13.3 | 0.719 | 5.41% |
| Féichiúnaithe measta go comhchoiteann | 16.1 | 0.766 | 4.76% |
| **IOMLÁN** | **29.4** | **1.485** | **5.05%** |

Don bhliain 2010, chuimsigh na féichiúnaithe a measadh ina n-aonar na féichiúnaithe a fuarthas i dTráinsí 1 agus 2, rud a sheas d'iasachtaí agus dhíorthaigh ghaolmhara dar luach iompair €13.3 billiún nó 44% de na hiarmhéideanna iasachtaí iomlána. Níor measúnaíodh féichiúnaithe i dtráinsí ina dhiaidh sin, rud a sheas d'iasachtaí agus dhíorthaigh ghaolmhara dar luach iompair €16.1 billiún, ag deireadh na bliana. Áirítear féichiúnaithe den sórt sin sa mheasúnú comhchoiteann chun críoch an bheartaithe ag deireadh na bliana.

D'ionchorpraigh an mhodheolaíocht luachála a d'fhaomh Coimisiún an AE toimhdí caighdeánaithe áirithe maidir le huainiú na ndiúscairtí sócmhainní agus maidir le cóir na ranguithe sócmhainní cinnte. Mar chuid den rannpháirtíocht mhionsonraithe leis na féichiúnaithe Thráinse 1 agus Thráinse 2, bhí gá le hathcheartú na dtoimhdí caighdeánaithe chun toradh athbhreithnithe an GNBS ar phleananna gnó féichiúnaí a léiriú m.sh. sceidil iarbhír dhiúscartha, luachálacha nuashonraithe ar shócmhainní cinnte, ionchais nuashonraithe thionóntachta agus rollaithe cíosa do shócmhainní infheistíochta.

Tá an measúnú bearnaithe i leith féichiúnaithe atá suntasach ina n-aonar bunaithe ar réamh-mheastacháin sreafa airgid a d'ullmhaigh an GNBS do gach duine acu le linn an phróisis rannpháirtíochta um plean gnó an fhéichiúnaí. Mar chuid den phróiseas seo thug an GNBS aird ar na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid a bhí leagtha amach i bplean gnó an fhéichiúnaí agus a measadh tríd an bpróiseas Athbhreithnithe Neamhspleách Gnó. Uasdátaíodh na réamh-mheastacháin sreafa airgid d'fheidhmíocht an fhéichiúnaí ó rinneadh athbhreithniú ar phlean gnó an fhéichiúnaí agus ar fhorbairtí aitheanta eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shreabhadh airgid don fhéichiúnaí sa todhchaí.

Ós rud é go gcoinníonn an GNBS a n-iasachtaí ar bhunphraghas, is gá dóibh soláthar bearnaithe a chruthú d'iasachtaí nuair a réamh-mheastar go n-aisghnóthóidís faoi bhun an luacha anonn. Maidir le roinnt féichiúnaithe a mheasúnaítear ina n-aonar, réamh-mheas an GNBS go réadóidís ní ba mhó ná luach anonn na n-iasachtaí; cuirtear bac orthu, áfach, gnóthachain ionchasacha den chineál seo a aithint go dtí go réadófar iad.

I líon beag de chásanna nár críochnaíodh plean gnó an fhéichiúnaí iontu, réamh-mheas an GNBS sreabhadh airgid don fhéichiúnaí ar bhonn fheidhmíocht níos dóchúla na n-iasachtaí bunúsacha agus na comhthaobhachta gaolmhara.

Le haghaidh machnamh a dhéanamh ar mheasúnú comhbhearnaithe d'fhéichiúnaithe, ní raibh aon sonraí stairiúla ar leith ar fáil ag an GNBS le measúnú a dhéanamh ar an ráta dóchúil mainneachtana agus ar aon chaillteanas ina dhiaidh sin a d'fhéadfaí a thabhú i ndáil leis na féichiúnaithe seo. Ba bheag eolas a bhí ag an GNBS ar na féichiúnaithe seo mar nár cuireadh aon athbhreithniú ar phlean gnó i gcrích agus bhí dícheall cuí neamhchríochnaithe amhail deireadh 2010. Mar thoradh air seo, bhí an fhorbairt ar chomh-mheasúnú doiligh agus an-suibiachtúil ó nádúr.

Mar gheall ar an mbeagán eolais a bhí ar fáil don GNBS, rinneadh an comh-mheasúnú trí úsáid a bhaint as taithí bearnaithe na bhféichiúnaithe a bhí suntasach ina n-aonar. Cuireadh an meánráta bearnaithe, d'fhéichiúnaithe ag a bhfuil suntasacht ina n-aonar, i bhfeidhm leis na féichiúnaithe a mheasúnaítear i dteannta a chéile, agus rinneadh roinnt coigeartuithe do bhearnaithe asluitigh ar leith, rudaí a mheastar a bheith neamhábhartha leis na féichiúnaithe siúd a mheasúnaítear i dteannta a chéile.

Tá an measúnú ar bhearnuithe ar phunann iasachtaí an GNBS suibiachtúil ó nádúr. Baineann réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid i leith féichiúnaithe aonair le breithiúnas agus meastachán suntasach ag an GNBS, rud lena mbaineann toimhdí agus breithiúnais maidir le coinníollacha áitiúla eacGNBSíocha, le feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus le luachanna réadaithe na comhthaobhachta réadmhaoine bunúsaí amach anseo.

## Ráiteas Sreafa Airgid

Ghin an GNBS glansreabhadh airgid de €740m óna n-oibríochtaí i rith 2010. Ba iad na nithe ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar shreabhadh airgid ná airgead a gineadh ó iasachtaí agus airgead a réamhíocadh le hiasachtaithe.

- Ghin na hiasachtaí a fuair an GNBS de bhreis ar €1 billiún go deireadh 2010 in aisíocaíochtaí iasachta agus in íocaíochtaí díorthach.
- Réamhíoc an GNBS €240m le hiasachtaithe agus thug siad íocaíochtaí de €50m do sholáthraithe seirbhíse sa tréimhse.
- Gineadh €47m ó shreabhadh airgid i ndáil le díorthaigh a ndeachaigh an GNBS isteach iontu sa tréimhse.
- B'ionann íocaíochtaí i ndáil le hús ar Fhiachas Sinsearach an GNBS agus le réamhíocaíochtaí ón Lárchiste agus €31m.

Le linn na tréimhse, réamhíoc an tAire €299m mar iasacht leis an GNBS ón Lárchiste. Ba éard a bhí anseo ná €49m lena n-infheistíocht sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta a mhaoiniú agus €250 chun costais bhunaithe a mhaoiniú agus chun caipiteal oibre a sholáthar do Ghrúpa an GNBS. Aisíocadh an iasacht €250m, mar aon le hús fabhraithe, ina iomláine ar an 27 Deireadh Fómhair 2010. Aisíocadh an €49m iarmhair ag deireadh mhí Feabhra 2011.

Chríochnaigh an GNBS 2010 le €837 i gcúlchistí airgid.

## Iasachtaí agus infháltais

Faoi dheireadh-2010 fuair an GNBS €71.2 billiún i sócmhainní inghlactha do chomaoin €30.2 billiún. Cuimsíodh sa chomaoin €30 billiún i ndáil le hiasachtaí agus le hinfháltais agus €0.2 billiún i ndáil le díorthaigh a fuarthas.

B'ionann luach anonn iasachtaí agus infháltas agus €27.9bn amhail an 31 Nollaig 2010.

Léirítear sa ghluaiseacht ar iarmhéideanna iasachta leibhéal na réamhíocaíochtaí nua a thug an GNBS, íocaíochtaí airgid a fuarthas ó fhéichiúnaithe, costais díchill chuí, coigeartuithe luachála agus bearnúchán.

Déantar achoimre i **dTábla 13** thíos ar ghluaiseacht na n-iarmhéideanna iasachta ó fháil.

**TÁBLA 13: Gluaiseacht na n-iarmhéideanna iasachta**

| | 2010 €m |
|---|---|
| **Iasachtaí a fuarthas – iarmhéid tosaigh** | 29,971 |
| ***An dáta luacha coigeartaithe go dtí an dáta fála iasachta*** | |
| Coigeartuithe ón dáta luachála go dtí an dáta aistrithe | (386) |
| Coigeartuithe ar luachanna iasachta tar éis dícheall cuí a chur i gcrích | (115) |
| Coigeartuithe faoi Ailt 88, 93 agus 98 | 24 |
| Costais díchill chuí | 60 |
| ***Gluaiseachtaí na n-iasachtaí a réamhíocadh ón dáta fála*** | |
| Iasachtaí nua a réamhíocadh | 240 |
| Aisíocaíochtaí Airgid | (371) |
| Fáltais ó dhíol na comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas | (363) |
| Ioncam úis iasachta | 448 |
| Gluaiseacht malairte eachtraí | (72) |
| Bearnú iasachtaí agus infháltas | (1,485) |
| **Iarmhéid deiridh ag an dáta tuairiscithe** | **27,951** |

Coigeartaítear luachanna fála na n-iasachtaí le haghaidh coigeartuithe luacha go dáta aistrithe, coigeartuithe a thagann aníos ó chur i gcrích an díchill chuí ar iasachtaí bulcaistrithe agus coigeartuithe eile a thagann chun cinn faoi Ailt 88, 93 agus 98 den Acht. Seasann coigeartuithe luacha go dáta aistrithe do ghluaiseachtaí ar iasachtaí idir na dátaí luachála iasachtaí agus dátaí fála an GNBS agus socraítear iad tar éis na n-iasachtaí a fháil.

Ina theannta sin, coigeartaíonn an GNBS luach anonn na gcostas díchill chuí atá bainteach le hiasachtaí faighte.

### Urrúis fhiachrais eisithe ag an GNBS

D'eisigh an GNBS fiachas sinsearach agus fofhiach do na hinstitiúidí rannpháirteacha mar chomaoin do na hiasachtaí a fuarthas. Is ionann an fiachas sinsearach, atá á ráthú ag an Aire Airgeadais, agus 95% de luach na n-iasachtaí a fuarthas. Íocann na hurrúis fhiachais ráta comhlúthach úis ar bhonn leathbhliantúil, agus an cúpón bunaithe ar Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro sé mhí.

Is ionann an fofhiach, atá suthain agus neamhcharnach ó nádúr, agus 5% de luach na n-iasachtaí a fuarthas. Coinníonn sé ráta úis bainteach leis an toradh ar Bhannaí deich mbliana Rialtas na hÉireann (san am ar eisíodh na chéad fhobhannaí ann) agus cuimsíonn sé corrlach úis de 0.75%. Mar thoradh air seo, socraíodh an ráta úis ar 5.26%. Tá íocaíocht an úis agus na príomhshuime ar an bhfofhiach ag brath ar fheidhmíocht airgeadais an GNBS. Réitigh Bord an GNBS nár cheart go n-íocfaí an cúpón iníoctha ar an bhfofhiach i mí an Mhárta 2011.

Soláthraítear i **dTábla 14** miondealú ar an bhfiach sinsearach agus ar an bhfofhiach a eisíodh do na hinstitiúidí rannpháirteacha in 2010(leagtar amach tuilleadh sonraí i Nóta 23 agus i Nóta 27 de na Ráitis Airgeadais):

**TÁBLA 14: Urrúis a eisíodh do na PInna**

| PI | Fiachas sinsearach €m | Fofhiach €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| AIB | 8,036 | 423 | 8,459 |
| BOI | 5,134 | 270 | 5,404 |
| Anglo | 12,275 | 645 | 12,920 |
| EBS | 314 | 17 | 331 |
| INBS | 2,891 | 152 | 3,043 |
| **IOMLÁN** | **28,650** | **1,507** | **30,157** |

Ó dheireadh na bliana 2010, bhain an GNBS úsáid as a sreabhadh láidir airgid chun €750m i bhfiachas sinsearach a fhuascailt.

### Gnóthas leantach

Mar atá leagtha amach go mionchruinn i Nóta 2.1 de na Ráitis Airgeadais, bhí na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthas leantach agus tá an Bord sásta go leanfaidh an GNBS agus a n-aonáin ghrúpa mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Tá an chuid is mó de mhaoiniú an GNBS i bhfoirm Nótaí Rialtas-Ráthaithe Ráta Chomhlúthaigh ghearrthéarmaigh (Nótaí). Tar

éis dheiridh na tréimhse, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir do GNBS faoi Alt 14 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Rinne an treoir coinníoll gur cheart go ndéanfaí leasú ar na téarmaí agus coinníollacha de na Nótaí a eisíodh ar an 1 Márta 2011, agus d'aon Nótaí a eisíodh ina dhiaidh sin, chun rogha an eisitheora a shocrú trí eisiúint na Nótaí nua ar théarmaí comhchosúla a bhaint mura bhfaightear toiliú roimh ré ón nótashealbhóir. Chuir an treoir deireadh le rogha an eisitheora aibíocht na Nótaí a shíneadh. Dá bhrí sin, d'fhágfadh ceanglas chun roinnt nó gach ceann de na Nótaí a fhuascailt ar airgead go mbeadh ar an GNBS iarraidh ar an Rialtas fuascailt airgid den sórt sin a mhaoiniú.

Tá na Nótaí i seilbh institiúidí airgeadais agus féadann siad iad a úsáid mar chomhthaobhacht chun rochtain a fháil ar scéimeanna tacaíochta leachtachta údaráis airgeadaíochta. Mar sin féin, tá na nótashealbhóirí reatha faoi réir treorach ón Aire Airgeadais agus tá na Nótaí faoi ráthaíocht an Rialtais. Mar gheall ar na himthosca seo, creideann an Bord gurb ionann a dtoimhde go mbeidh an GNBS, ar aibíocht na Nótaí, in ann a ndliteanas i leith Nótaí nua a shocrú, eisithe ar théarmaí comhchosúla, agus toimhde réasúnach.

Ar an mbonn sin, tá an Bord sásta go mbeidh rochtain ag an GNBS ar acmhainní leordhóthanacha chun leanúint ar aghaidh lena gcuid oibríochtaí go ceann i bhfad agus go bhfuil sé iomchuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

## Bainistíocht sócmhainní agus dliteanais


Baintear bainistiú ar shócmhainní agus ar dhliteanais an GNBS amach trí chur i bhfeidhm straitéisí a bhí faofa ag an mBord. Déanann foireann chisteáin an GNBS bainistiú laethúil agus forghníomhaíonn an GBCN idirbhearta thar ceann an GNBS.

Mar thoradh ar iasachtaí agus ar dhíorthaigh a fháil, tá an GNBS neamhchosanta do rioscaí airgeadais agus do rioscaí ráta úis. Tagann foinse mhór riosca airgeadra eachtraigh chun cinn ag pointe na fála iasacht nuair a eisítear urrúis ainmnithe in Euro mar chomaoin do shócmhainní iasachta in GBP nó in airgeadraí eile, ag cruthú neamhréire airgeadra sócmhainne/dliteanais don GNBS. Tá rioscaí airgeadais leanúnacha os comhair an GNBS tar éis iasachtaí a fháil de réir mar a tharraingítear, a aisíoctar nó a sceidealtar saoráidí agus a dhiúscraítear sócmhainní. Tá an GNBS neamhchosanta do riosca ráta úis ar iasachtaí agus ar dhíorthaigh a fuarthas. Is eochairghné den mheasúnú ar an riosca ráta úis atá le bainistiú í feidhmíocht reatha nó réamh-mheasta na hiasachta nó an díorthaigh.

Bainistíonn an GNBS a riachtanais laethúla leachtachta agus maoinithe ionas go gcinntíonn siad go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí go léir de réir mar a bhíonn siad dlite. Ina measc seo, tá iasachtú nua a réamhíoctar le féichiúnaithe, ús ar dhliteanais, costais laethúla feidhmiúcháin, táillí agus speansas. Ghlac an Coiste Bainistíochta Riosca agus an Bord le polasaí leachtachta stuma a ionchorpraíonn tastáil leanúnach faoi strus leachtachta agus cothabháil íosmhaoláin leachtachta nó cúlchiste airgid de €250m. Coinnítear an maolán seo faoi athbhreithniú ar aon dul leis an straitéis bhainistíochta fhoriomlán um shócmhainní agus dliteanas.

Féadfaidh an GNBS fáil ar iasacht, faoi Alt 50 den Acht, aon suimeanna airgid atá ag teastáil le haghaidh feidhmithe a bhfeidhmeanna faoin Acht. Cuireadh clár gearrthéarmach Páipéir Thráchtála Eorpaí (ECP) in 2010 agus rinneadh réamhobair ullmhúcháin do bhunú an Chláir um Nóta Meántéarma Eorpach (MTN). Mar gheall ar ghlansreabhadh airgid dhearfaigh ó ghníomhaíochtaí an GNBS agus ar na coinníollacha deacra sa mhargadh bannaí flaithiúnais, áfach, níor cuireadh aon eisiúint ar siúl in 2010 agus níl aon eisiúint beartaithe do 2011.

# Struchtúr Eagrúcháin an GNBS




Méadaíodh líon bhall foirne an GBCN a sannadh don GNBS ó sheachtar i dtús 2010 go 104 ag deireadh na bliana.

Is iad seo a leanas na líontaí ball foirne réamh-mheasta, de réir rannóg an GNBS:

**TÁBLA 15: Soláthar Foirne an GNBS de réir Rannóige**

| Rannóg | Réamh-mheasta |
|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin / Feidhmeannaigh Shinsearacha | 8 |
| Bainistíocht Punainne | 85 |
| Creidmheas agus Riosca | 47 |
| Iasachtú | 9 |
| Cisteán | 5 |
| Dlí agus Cáin | 23 |
| Seirbhísí Gnó | 14 |
| Airgeadas an GNBS | 8 |
| **IOMLÁN** | **199** |

Tugann Aonad Airgeadais an GNBS tuairisc do Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca an GNBS.

Táthar ag súil go mbeidh a n-earcaíocht curtha i gcrích ag an GNBS faoin tríú ráithe in 2011.

Is iad seo a leanas na rannóga éagsúla san GNBS:

## Bainistíocht Punainne

Is é príomhról rannóg na **Bainistíochta Punainne** bainistiú ar na 180 nasc ollfhéichiúnaí atá á stiúradh ag an GNBS. Faoin am a mbeidh earcaíocht an GNBS curtha i gcrích, beidh 85 ball foirne ag **Bainistíocht Punainne** a chuimsíonn foirne ildisciplíneacha a bhfuil ceathrar nó cúigear iontu le meascán saineolais i réimsí ar nós réadmhaoine, airgeadais agus cuntasaíochta.

Bhí an-chuid de bhéim na **Bainistíochta Punainne** in 2010 curtha ar a rannpháirtíocht leis na féichiúnaithe ba mhó a bhfuarthas a n-iasachtaí mar chuid de Thráinsí 1 agus 2. Faoi dheireadh na bliana seo caite, rinneadh measúnú grinn ar na pleananna gnó ó thríocha féichiúnaí de na féichiúnaithe is mó agus cuireadh moltaí ar bhainistiú na bhféichiúnaithe agus a sócmhainní faoi bhráid an Choiste Creidmheasa agus/nó an Bhoird (más cuí). Faomhadh straitéisí comhaontuithe agus bhí siad ar chéimeanna éagsúla feidhmithe i roinnt cásanna.

Is é an cuspóir is mó don bhliain 2011 próiseas an phlean gnó a chur i gcrích do na 180 féichiúnaí atá á mbainistiú ag an GNBS, gach socrú athstruchtúraithe agus gach plean bainistíochta sócmhainní a fhaomhadh i leith iad siúd atá inmharthana agus tús a chur le himeachtaí forfheidhmithe ar shlí eile.

Tá ról ag **Bainistíocht Punainne** sa phróiseas cinnteoireachta d'fhéichiúnaithe atá á mbainistiú ag an institiúid rannpháirteach i gcás ina bhfuil cinntí bainistíochta sócmhainní agus airgeadais lasmuigh den údarás a sannadh do na hinstitiúidí rannpháirteacha.

Mar chríoch, tá páirt lárnach ag **Bainistíocht Punainne** i straitéisí foriomlána um earnálacha ríthábhachtacha laistigh dá bpunann faighte a fhorbairt. Treoróidh siad seo polasaí i ndáil le bainistiú shócmhainní an fhéichiúnaí aonair.

## Creidmheas agus Riosca

Tá feidhm neamhspleách agus oibiachtúil **Creidmheasa agus Riosca** ríthábhachtach maidir leis an fhorbairt a dhéanann an GNBS ar réitigh straitéise féichiúnaí agus bainistíochta sócmhainní. Is ionann dúshlán éifeachtach agus gné ríthábhachtach dá ról agus, sa chomhthéacs seo, déanann sé measúnuithe criticiúla ar thograí creidmheasa agus bainistíochta sócmhainní agus fiachais. Tá a bpríomh-róil mar seo a leanas:

- Straitéisí ar bhainistíocht féichiúnaithe agus sócmhainní a fhorbairt i gcomhar le rannóga eile an GNBS.
- Imoibriú laethúil le féichiúnaithe a bhainistiú i gcomhar le Bainistíocht Punainne, lena n-áirítear próiseáil na n-iarratas creidmheasa.
- Creat bainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh den GNBS.

- Dearbhú Cáilíochta Creidmheasa agus Creataí Creidmheasa a chur i bhfeidhm laistigh den GNBS agus de na hinstitiúidí rannpháirteacha.
- Sainfhoireann chuardaigh dhócmhainneachta/shócmhainní a úsáid.

Faoin am a mbeadh earcaíocht curtha i gcrích, ba éard a bheadh san fhoireann Chreidmheasa agus Riosca ná 47 ball foirne, ba speisialtóirí i mbainistíocht riosca agus creidmheasa anásta iad go príomha

## Iasachtú

Is é príomhról na foirne **Iasachtaithe** laistigh den GNBS ná sainchomhairle a sholáthar ar shaincheisteanna atá bainteach le fiachas agus le cothromas. Cuimsíonn sé seo:

- Comhairle ar athstruchtúrú iasachtuithe féichiúnaithe tar éis straitéis ghnó don fhéichiúnaí a fhaomhadh, lena n-áirítear comhairle ar na téarmaí tráchtála i leith doiciméadúcháin iasachta agus urrúis athcheartaithe.
- Ullmhú Meabhrán Tuisceana (MOU) agus Leatháin Théarma Athstruchtúraithe chun na comhaontuithe leis na féichiúnaithe a dhéanamh foirmiúil.
- Measúnú ar struchtúir riosca chuí/luaíochta maidir le fiachais nua agus le hinfheistíochtaí cothromais nua faoi bhreithniú ag an GNBS.
- Forbairt straitéisí luachála airgid ar shócmhainní an GNBS.
- Plé le caipiteal cothromais idirnáisiúnta d'fhonn athstruchtúrú fiachais, comhfhiontair nó luach a chur ar airgid de phunann an GNBS a éascú.
- Plé le bainc shindeacáite i gcomhthéacs na sócmhainní iasachta sindeacáite a fuair an GNBS.
- Measúnú ar thograí díolacháin iasachta agus sócmhainní agus idirbheartaíocht bhainteach le ceannaitheoirí ionchasacha.

Is as éagsúlacht cúlraí a thagann an fhoireann **Iasachtaithe**, lena n-áirítear caipiteal cothromais phríobháidigh um eastát réadach, bainc infheistíochta, ollchomhlachtaí réadmhaoine sa Ríocht Aontaithe agus airgeadas corparáideach.

## Cisteán

Is é príomhról an Chisteáin bainistíocht rioscaí Cláir Comhardaithe an GNBS agus a riachtanas leachtachta. Cuimsíonn sé seo:

- Bainistiú riachtanais mhaoinithe agus leachtachta an GNBS.
- Monatóireacht agus réamh-mheas riachtanas leachtachta meántéarmaí agus fadtéarmaí.
- Bunú na gclár maoinithe don GNBS.
- Bunú na rátálacha creidmheasa ar urrúis fhiachais an GNBS.
- Bainistiú neamhchosaintí díorthach féichiúnaithe
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas an Chláir Chomhardaithe, lena n-áirítear bainistíocht rioscaí airgeadra agus ráta úi

Is éard atá san fhoireann faoi láthair ná cúigear ball foirne agus oibríonn sí go dlúth le foirne déileála agus riosca margaidh an GBCN maidir le forghníomhú agus le monatóireacht na n-idirbheart.

## Dlí agus Cáin

Is comhairleoir neamhspleách don Bhord, don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus do rannóga gnó an GNBS é **Dlí agus Cáin** ar raon saincheisteanna dlí a théann i bhfeidhm ar an GNBS agus ar a n-oibriúcháin. I measc a eochair-róil tá:

- Bainistiú an phróisis fhorleathain díchill chuí dhlíthiúil atá riachtanach mar chuid de luacháil na n-iasachtaí a fuair an GNBS.
- Ról lárnach i bhfáil na sócmhainní bainc inghlactha ó na hinstitiúidí rannpháirteacha, i ndréachtú théarmaí na bhfáltas agus i sainordú iarfhháltais an GNBS chun luach na sócmhainní a fuarthas a chosaint agus a mhéadú.
- Ullmhú de Threoracha cuimsitheacha a eisíodh do na hinstitiúidí rannpháirteacha faoi Alt 131 den Acht a ordaíonn a n-oibleagáidí seirbhíse i ndáil le sócmhainní an GNBS.
- Comhairle ar na gnéithe dlíthiúla den phróiseas plean gnó féichiúnaí.
- Bainistiú ar dhlí rialachais agus cuideachtaí an GNBS agus ar a riachtanais chomhlíonta cánach.
- Dréachtú théarmaí an Nóta Shinsearaigh agus na gclár Fóbhannaí Rialtas-ráthaithe.
- Comhairle maidir le ceapadh straitéisí forfheidhmithe agus iar-fhorfheidhmithe nuair is gá don GNBS a leas a chosaint trína n-urrús a fhorfheidhmiú.

Tá croí-fhoireann ghairmithe dlí agus ball foirne tacaíochta a bhfuil saineolas acu ar réadmhaoin tráchtála, ar bhaincéireacht agus ar dhócmhainneacht ag an bhfoireann **Dlí agus Cánach**, foireann a bhfuiltear ag súil go mbeidh 23 ball foirne aici tar éis chur i gcrích na hearcaíochta.

## Seirbhísí Gnó an GNBS

Tá an fhreagracht ag **Seirbhísí Gnó** cinntiú go bhfuil córais curtha i bhfeidhm ag an GNBS a chuirfidh ar fáil, ar bhealach cruinn is cuimsitheach, na sonraí go léir a dteastaíonn uathu a ngnó a stiúradh go proifisiúnta. Tá freagracht ag Seirbhísí Gnó as bainistíocht agus as cur i bhfeidhm na dtionscadal TF go léir atá bainteach leis an GNBS.

Tá dhá thionscadal mhóra á gcur i bhfeidhm faoi láthair: Córas Bainistíochta Punainne (PMS) agus Córas Bainistíochta Doiciméad (DMS). Tá an Córas Bainistíochta Punainne deartha chun bainistíocht iasachtaí agus idirbheart díorthaigh agus bainistíocht eolais ar réadmhaoin agus foirmeacha eile comhthaobhachta a éascú. Éascóidh an Córas Bainistíochta Doiciméad an bhainistíocht, an stóráil agus an aisghabháil de mhéid mór sonraí a phróiseálann an GNBS mar chuid dá ngníomhaíochtaí.

Déanann **Seirbhísí Gnó** maoirseacht ar fheidhmíocht na n-institiúidí rannpháirteacha mar sholáthraithe seirbhíse don GNBS. Cuimsíonn sé seo forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar eochair-tháscairí feidhmíochta do sheirbhísí riaracháin iasachta agus tuairiscithe punainne agus, i gcásanna ina dteipeann ar institiúidí rannpháirteacha Leibhéil Sheirbhíse réamhchinnte a chomhlíonadh, Creidiúintí Seirbhíse a fheidhmiú (laghduithe táille). Déanann **Seirbhísí Gnó** maoirseacht ar fheidhmíocht an Phríomh-Sheirbhíseora le soláthar seirbhíse éifeachtúil agus costéifeachtach a chinntiú, lena n-áirítear bainistíocht sreafa airgid.

Tá an phríomh-fhreagracht ag **Seirbhísí Gnó** as tuairisciú reachtúil an GNBS don Aire agus don Oireachtas (Ailt 53 agus 55 den Acht), as anailís straitéiseach na punainne agus as comhordúchán freagairtí do na meáin chumarsáide agus d'iarratais phoiblí.

Táthar ag súil gurbh é a bheadh i bhfoireann na **Seirbhísí Gnó** tar éis chur i gcrích na hearcaíochta ná 14 ball foirne.

## Aonad Airgeadais an GNBS

TTugann Rialtóir Airgeadais an GNBS, a bheidh mar cheannasaí ar fhoireann d'ochtar sa deireadh, tuairisc do Stiúrthóir Airgeadais an GBCN agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus tá an phríomh-fhreagracht aige as forbairt agus ar chur i bhfeidhm tuairiscithe láidir airgeadais agus bainistíochta. Idirghníomhaíonn an fhoireann airgeadais le réimsí eile gnó an GNBS agus go háirithe le Seirbhísí Gnó le cinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm.



# Sólathróirí Seirbhíse don GNBS

Leagtar amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais mionanailís ar na costais a thabhaigh an GNBS. B'ionann costais in 2010 agus €76 milliún ach cuirtear san áireamh san fhigiúr seo costais aonuaire díchill chuí agus luachála iasachta atá bainteach le fáil na punainne iasachta. Is ionann costais don bhliain 2010 agus 0.25% den chomaoin a íocadh as an bpunann agus léiríonn siad an fhíric go raibh an GNBS ina n-oibriúchán nuathionscanta. Táthar ag súil gurbh ionann costais in 2011 agus 0.5% den phraghas fáltais a íocadh de €30 billiún. Íocfaidh an GNBS timpeall ar leathchuid de na costais in 2011 - €72 milliún - do na hinstitiúidí rannpháirteacha chun costais tuarastail agus forchostais 500 ball foirne, a bhí fostaithe ag na hinstitiúidí chun na hiasachtaí a riar, a chlúdach.

## An GBCN

Faoi Alt 41 d'Acht an GNBS, soláthraíonn an GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta don GNBS, lena n-áirítear HR, TE, Anailís ar Riosca Margaidh agus forghníomhú agus próiseáil na n-idirbheart fálaithe. Déanann an GNBS aisíocaíocht don GBCN as costas na seirbhísí seo ab ionann agus €15m in 2010 (costais bhall foirne san áireamh). Déantar miondealú air seo mar a leanas:

**TÁBLA 16: Na costais a aisíocadh leis an GBCN**

| | €m |
|---|---|
| Costais thuarastail agus speansais | 10.6 |
| Cíos | 1.4 |
| Seirbhísí oifige agus costais oibriúcháin an TF | 2.1 |
| Seirbhísí comhairleacha | 0.9 |
| **IOMLÁN** | **15.0** |

Faoi dheireadh Bhealtaine 2011 d'earcaigh an GNBS, tríd an GBCN, 140 ball foirne ag a raibh taithí fhairsing agus saineolas fairsing i réimsí an iasachtaithe, na maoine, na cuntasaíochta, an dlí, na baincéireachta agus an chreidmheasa. Is é is aidhm dóibh 60 ball foirne breise a earcú faoin tríú ráithe in 2011. Caithfidh an GBCN cinntiú, i leith aon fhostaí féideartha a bheidh á shannadh don GNBS, go gcomhlíonann an duine na caighdeáin charachtar a leagtar amach in Alt 42 den Acht, nach bhfuil aon choimhlint leasa ábhartha aige agus go soláthraíonn sé don GBCN ráiteas leasa, sócmhainní agus dliteanas.

## Institiúidí rannpháirteacha - seirbhísí iasachtaí an GNBS

Éilítear ar institiúidí rannpháirteacha dea-chleachtas tionscail a fheidhmiú ina mbainistíocht ar iasachtaí an GNBS. Bhunaigh siad aonaid thiomanta le hiasachtaí an GNBS a bhainistiú agus éilítear orthu cinntiú go bhfeidhmíonn na haonaid seo, agus iad i lánfheidhm, ar bhonn deighilte foirne, córas, sonraí agus bonneagair ó rannóga eile san institiúid.

Is achoimre í seo a leanas ar na hoibleagáidí mionsonraithe a chuirtear ar institiúidí rannpháirteacha i dTreoir a eisíodh faoi Alt 131 den Acht:

- Éilítear ar institiúidí rannpháirteacha struchtúir agus nósanna imeachta rialachais a shonrú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cinnte creidmheasa, próisis riaracháin agus socruithe aisghabhála costais, nósanna imeachta um bainistíocht chreidmheasa, nósanna imeachta um chaidreamh custaiméara, nósanna imeachta le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh Leibhéal Seirbhíse, nósanna imeachta le haghaidh tuairisciú don agus obair leis an GNBS agus leis an bPríomh-Sheirbhíseoir.
- Is gá go ndéantar grinnfhiosrúchán slándála ar bhaill fhoirne a fhostaítear sna hinstitiúidí rannpháirteacha agus is gá dóibh cáilíochtaí, oiliúint agus taithí chuí a bheith acu.
- Is gá nach raibh baint ag comhaltaí d'Aonad an GNBS le bainistíocht chaidrimh agus riarachán na n-iasachtaí céanna sula bhfuair an GNBS iad.
- Nuair a ionadaítear pearsanra tábhachtach, is gá go dtugtar an deis don GNBS an t-iarrthóir a chur faoi agallamh agus toiliú scríofa a sholáthar.
- Tá dualgas ag na hinstitiúidí rannpháirteacha tuairiscithe seirbhíse agus bainistíochta tráthúla cruinne a sholáthar don GNBS.
- Is gá Sonraí an GNBS a choinneáil scartha. Is gá go gcuireann na hinstitiúidí rannpháirteacha nósanna imeachta i bhfeidhm chun faisnéis faoi rún a chosaint.
- Tionóltar cruinnithe míosúla an Choiste Stiúrtha idir an GNBS agus gach institiúid rannpháirteach le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse agus ar fheidhmíocht. Forbraíodh eochair-tháscairí feidhmíochta (KPI) le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.
- Éilítear ar na hinstitiúidí rannpháirteacha Leibhéil Sheirbhíse réamh-chinnte a chomhlíonadh nó a shárú (gearrfar muirir sheirbhíse, agus go héifeachtach, fíneálacha, i gcás mainneachtana).

B'ionann an táille chomhiomlán iníoctha leis na cúig institiúid rannpháirteacha maidir le 2010 agus €13m, bunaithe ar tháille 6 bhonnphointe (bps) a bhí infheidhmithe sa chás. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, tá táille athghabhála costais suas go 10 mbonnphointe ar iarmhéideanna iasachta ainmniúla á húdarú ag Coimisiún an AE mar íocaíocht as seirbhísí curtha ar fáil ag na hinstitiúidí rannpháirteacha don GNBS. Táthar ag súil gurbh ionann é seo agus timpeall ar €72m in 2011.

## Capita Asset Services

Gníomhaíonn Capita Asset Services mar Phríomh-Sheirbhíseoir. Is ionann a bhfeidhm agus sonraí iasachta a chomhordú ó na cúig institiúid rannpháirteacha agus faisnéis airgeadais agus bhainistíochta chomhdhlúite ar a bpunann a sholáthar don GNBS. Íocadh táille €2m le Capita maidir le 2010; meastar gurbh ionann a dtáille in 2011 agus timpeall ar €3.5m.

## Seirbhísí Eile

Ós rud é gur comhlacht poiblí iad an GNBS, tá na nósanna imeachta agus na tairseacha bunaithe ar Threoirlínte don Soláthar Poiblí eisithe ag an Roinn Airgeadais agus ar na Treoracha ón AE a dhéileálann le soláthar poiblí. Is é cuspóir na nósanna imeachta seo ná próiseas iomaíoch a chruthú a chuireann ar chumas na gcomhlachtaí conraithe táirgí, soláthairtí nó seirbhísí ardchaighdeáin a fháil ag an gcostas is ísle nó ag an gcostas is mó tairbhe. Is iad na bunphrionsabail a fholuíonn idir chóras náisiúnta agus chóras an AE ná comhionannas cóir, follasacht, comhréireacht agus coimeád na nósanna imeachta cothroma.

Mar chomhlacht poiblí, tugann an GNBS a seirbhísí chun críche ag baint úsáid as na forálacha cuí soláthair phoiblí. Critéar tábhachtach i roghnú na soláthróirí seirbhíse is ea an pointe ar a bhfuil siad ábalta luach ar airgead a sholáthar do cháiníocóirí.

Le linn na céime luachála agus fála iasachta, bhí caiteachas riachtanach ar sheirbhísí díchill chuí dhlíthiúil agus luachála a aimsiú. Fuarthas an costas air seo - €30m in 2010 - ar ais as na hinstitiúidí rannpháirteacha i riocht comaoin laghdaithe a íocadh as na sócmhainní faighte. Tháinig mórán tairbhí as seo mar gur aithin an próiseas díchill chuí easnaimh in urrúis iasachta agus mar gheall air seo, baineadh coigiltí timpeall ar €300m amach ar an méid a bheadh íoctha ag an GNBS as na hiasachtaí ar shlí eile.

Chuir an GNBS ar bun freisin roinnt painéal le sainseirbhísí atá riachtanach dá rannpháirtíocht leanúnach le féichiúnaithe a sholáthar. I measc na bpainéal seo tá painéal d'athbhreithneoirí neamhspleácha gnó a stiúrann anailís agus a sholáthraíonn moltaí ar phleananna gnó féichiúnaithe. Ceapadh painéil de chleachtóirí dócmhainneachta agus de ghlacadóirí sócmhainní le réadú na sócmhainní a éascú i gcásanna ina bhfuil gá le forfheidhmiú. I leith na bpainéal seo, is é gnás an GNBS miontairiscintí a choinneáil le cinntiú go bhfaightear an praghas is ísle is féidir do gach sannadh aonair.

Roghnaigh an GNBS freisin soláthraithe córais do Chóras Bainistíochta Punainne agus do Chóras Bainistíochta Doiciméad trí sholáthar poiblí. Is iad **Ergo Services Teo**. agus **Bearing Point Ireland Teo**. na soláthraithe faoi seach.

Tá liosta tairiscintí á reáchtáil ag an GNBS agus torthaí na dtairiscintí ar fáil ar a láithreán gréasáin www.GNBS.ie.



# Rialú

## Bord agus Coistí an Bhoird

Leagtar priomh-fhreagrachtaí an Bhoird amach in Alt 18 d'Acht an GNBS:

(i) A chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;

(ii) Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha don GNBS a leagan;

(iii) A chinntiú go bhfuil córais chuí agus nósanna cuí imeachta i bhfeidhm chun na cuspóirí agus na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach; agus

(iv) Gach beart réasúnach atá ar fáil dóibh a ghlacadh chun na spriocanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach.

Cheap an tAire Airgeadais ochtar comhaltaí de Bhord an GNBS ar an 22 Nollaig 2009. Is iad seo na comhaltaí; Frank Daly (Cathaoirleach), Michael Connolly, John Corrigan (Priomhfheidhmeannach an GBCN, de bhrí oifige), Eilish Finan, Brendan McDonagh (Príomhoifigeach an GNBS, de bhrí oifige), Brian McEnery, William Soffe agus Peter Stewart. Cheap an tAire an naoú comhalta den Bhord, an Dr. Steven Seelig, ar an 26 Bealtaine, 2010.
Níl aon chomhalta ceaptha i dteideal fónamh ar bhreis agus dhá théarma chomhleanúnacha oifige. Cinneann an tAire leibhéal an luacha saothair de chomhaltaí ceaptha agus dá dteidlíocht d'aisíocaíocht as speansais.

Bhuail an Bord le chéile 27 uair ó go mall i mí na Nollag 2009 go dtí deireadh 2010. Leagtar amach i dTábla 17 thíos na sonraí tinrimh maidir le cruinnithe an Bhoird agus an Choiste:

Bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúla (faoi Alt 32 den Acht) agus dhá choiste chomhairleacha (faoi Alt 33):

- An Coiste Iniúchóireachta (cathaoirleacht á déanamh ag Brian McEnery)
- An Coiste Creidmheasa (cathaoirleacht á déanamh ag Michael Connolly)
- An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin (cathaoirleacht á déanamh ag Eilish Finan)
- An Coiste Bainistíochta Riosca (cathaoirleacht á déanamh ag Steven Seelig)
- An Coiste Comhairleach Pleanála (cathaoirleacht á déanamh ag William Soffe)
- Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann (cathaoirleacht á déanamh ag Peter Stewart)

Ghlac an Bord freisin leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna oiriúnú do struchtúr rialachais an GNBS agus ar riachtanais reachtúla d'Acht an GNBS. Nuair is gá, tá siad ag cur socruithe i bhfeidhm chun comhlíonadh leis an gCód a chinntiú.

**TÁBLA 17: Tinreamh ar chruinnithe an Bhoird agus ar chruinnithe Choiste an Bhoird**

| | Bord | Iniúchadh | Creidmheas | Airgeadas & Feidhmiúchán | Riosca Foireann | Pleanáil | Tuaisceart Éire |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhaltaí Boird** | | | | | | | |
| Frank Daly | 27 | | | | | | |
| Michael Connolly | 27 | | 54 | | | 7 | |
| John Corrigan | 18 | | | | 5 | | |
| Eilish Finan | 26 | 14 | | 15 | | | 4 |
| Brendan McDonagh | 27 | | 48 | 13[1] | 4 | 7 | |
| Brian McEnery | 23 | 14 | | | | | 1 |
| Steven Seelig | 21 | 9 | | | 5 | | |
| William Soffe | 27 | | | 14 | | 7 | |
| Peter Stewart | 24 | 14 | 52 | | | | 4 |
| **Comhaltaí seachtracha** | | | | | | | |
| Michael Wall | | | | | | 7 | |
| Gavin Daly[2] | | | | | | 2 | |
| Alice Charles[3] | | | | | | 1 | |
| Brian Rowntree | | | | | | | 4 |
| Frank Cushnahan | | | | | | | 4 |

1 Níor fhreastail Brendan McDonagh ar dhá chruinniú den Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin mar gur chomhchruinnithe iad leis an gCoiste Iniúchóireachta.

2 D'éirigh Gavin Daly as i lár na bliana 2010.

3 D'éirigh Alice Charles ina ball go mall in 2010 le Gavin Daly a ionadú.

# Tuarascálacha ó Chathaoirligh Choistí an GNBS

## An Choiste Iniúchóireachta

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta cuidiú a thabhairt don Bhord ina maoirseacht ar na réimsí seo a leanas:

- an próiseas tuairiscithe airgeadais
- éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh an GNBS
- neamhspleáchas agus iomláine na bpróiseas iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh
- na próisis i bhfeidhm chun comhlíonadh a n-oibleagáidí conraithe don GNBS ag soláthraithe seirbhíse iasachta a chinntiú
- na próisis ceaptha chun comhlíonadh riachtanas cuí dlí, rialála agus cánachais don GNBS a chinntiú

Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht ar, agus trína gCathaoirleach, tá sé mar chuid de struchtúr tuairiscithe sceithireachta cuí agus meoin mhacánta. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord ar na príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste tar éis gach cruinnithe..

**Áiríodh ar phríomh-ghníomhaíochtaí an choiste in 2010 na nithe seo a leanas:**

1. **Tuairisciú Airgeadais and Bainistíochta**
   Rinne an Coiste athbhreithniú ar shaincheisteanna suntasacha cuntasaíochta agus tuairiscithe, ar oiriúnacht na bpolasaithe agus na bprionsabal molta cuntasaíochta agus ar a dtionchar ar dréacht-Ráitis Airgeadais. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla sular chuir siad faoi bhráid an Bhoird iad ar son faofa. Chuimsigh an t-athbhreithniú measúnú an Choiste ar eochair-shaincheisteanna cuntasaíochta ar theastaigh feidhmiú breithiúnais uathu, lenar áiríodh luach cóir sócmhainní ar bhearnú fála agus féichiúnaí.

2. **Rialuithe Inmheánacha**
   Rinne an Coiste measúnú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sa GNBS, lenar áiríodh na nósanna imeachta ar ghlac an GNBS leo ina bhfeidhmíocht comhlíonta agus feidhmeanna rialaithe don GNBS.

3. **Iniúchadh Seachtrach**
   Phléigh an Coiste an raon iniúchta molta leis an iniúchóir seachtrach, agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinne an Coiste monatóireacht ar an bpointe ar a raibh saincheisteanna suntasacha ag teacht chun cinn le linn a chuid oibre agus ar an leibhéal comhoibrithe idir iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha.

4. **Iniúchadh Inmheánach**
   Chinn an Coiste na téarmaí tagartha d'obair an iniúchóra inmheánaigh agus, tar éis measúnaithe ar ghearrliosta de thairgeoirí, mhol siad ceapachán ar an mBord. Scrúdaigh an Coiste plean bliantúil a bhí beartaithe, raon feidhme iniúchta, acmhainní agus cur chuige ginearálta an iniúchóra inmheánaigh agus mhol siad athruithe, nuair ba chuí. Rinne an Coiste measúnacht ar thorthaí an iniúchóra inmheánaigh maidir le próisis éagsúla laistigh den GNBS agus le hoibríochtaí sholáthróirí seirbhísí an GNBS. Déanann siad monatóireacht ar chur i bhfeidhm a mholtaí.

5. **Monatóireacht ar Sholáthróirí Seirbhísí Iasachta**
   Rinne an Coiste measúnú ar na dréacht-Mhúnlaí Oibriúcháin a d'ullmhaigh na hinstitiúidí rannpháirteacha mar fhreagra ar na hoibleagáidí a forchuireadh orthu mar sholáthróirí seirbhísí iasachta faoi Alt 131 d'Acht an GNBS. Ina theannta sin, mheas an Coiste na próisis atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag na soláthróirí seirbhísí iasachta. Scrúdaigh an Coiste na córais agus na rialuithe a chuir an Máistirsheirbhíseoir i bhfeidhm freisin, agus fuair siad nuashonruithe rialta ar a bhfeidhmíocht.

**Brian McEnery**
Cathaoirleach

**Is éard atá sa Choiste Iniúchóireachta ná na daoine seo a leanas:**

- Brian McEnery (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Eilish Finan (Comhalta Boird)
- Peter Stewart (Comhalta Boird)
- Stephen Seelig (Comhalta Boird)
- Jim Kelly (Comhalta seachtrach a ceapadh ar an 12 Eanáir 2011)

Is iaroifigeach sinsearach leis na Coimisinéirí Ioncaim é an **tUas. Jim Kelly**. Bhí sé ina chomhalta Boird d'Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus bhí sé ina Rúnaí den Choimisiún um Chánachas 2008-2009.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire dhéag in 2010.

# An Coiste Creidmheasa

Éilíodh in alt 32 d'Acht an GNBS ar an mBord, a bhfuil bunfhreagracht orthu as riosca creidmheasa an GNBS, Coiste Creidmheasa a bhunú, rud a d'oibreofaí faoina n-údarás tarmligthe. Feidhmíonn an Coiste Creidmheasa de réir Téarmaí Tagartha atá ceadaithe ag an mBord, mar a éilítear faoi alt 32(6) den Acht.

Agus iad i gcomhréir leis an bpolasaí creidmheasa atá ceadaithe ag an mBord, agus faoi réir teorainneacha comhaontaithe punainne, is iad an Coiste Creidmheasa an t-údarás cinnteoireachta atá freagrach as iarratais chreidmheasa, atá faoi bhun an leibhéil atá ag teastáil do cheadú an Bhoird, ach a sháraíonn an t-údarás ceadaithe creidmheasa a tharmligeann an Bord chuig Príomhfheidhmeannach an GNBS, a cheadú nó a dhiúltú. Ní mór don Choiste feidhmiú ar bhealach meabhraithe tráthúil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach a bhaineann le creidmheas i ndáil le fiachais ghnóthaithe 850 féichiúnaí.

De réir sainmhíniú leathan, ciallaíonn **iarratas creidmheasa** eascairt ó aon imeacht a athraíonn próifíl riosca bhunúsaigh an nochta nó an fhéichiúnaí go hábhartha. Áirítear na nithe seo a leanas air:

- Pleananna Gnó;
- iarratas ar iasachtaí méadaithe;
- athstruchtúrú nó comhréiteach na hoibleagáide iasachta;
- ceadú díolacháin réadmhaoine;
- iarratas ar mhaoiniú díoltóra nó ar mhaoiniú do thionscadail chomhfhiontair;
- glacadh le plean gnó féichiúnaí atá athbhreithnithe;
- síntí ar théarmaí iasachta;
- cinntí maidir le ráthaíochtaí pearsanta;
- rolladh suas úis atá nua nó leanúnach;
- ceadú gnímh forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear glacadóireacht, athshealbhú agus gníomhartha eile den sórt sin; agus
- leibhéil soláthair chun críocha bearnaithe.

**I measc phríomh-fhreagrachtaí an Choiste tá:**

1. Measúnú ar iarratais chreidmheasa atá lasmuigh d'údarás tarmligthe an Phríomhfheidhmeannaigh. Féadfar iad a cheadú / a dhiúltú / a leasú mar is cuí. I gcás go sáraíonn an leibhéal riosca údarás an Choiste, tarchuirtear iarratas creidmheasa, le moladh an Choiste Creidmheasa, chuig an mBord le haghaidh a mbreithnithe.
2. Forbairt agus measúnú a dhéanamh ar Pholasaithe Creidmheasa agus Earnála le haghaidh bhreithniú / cheadú an Bhoird.
3. Príomhtháscairí feidhmíochta, polasaithe agus straitéisí foriomlána ginearálta a chinneadh, rudaí ar a bhféadtar feidhmíocht na punainne foriomláine a mheas go tréimhsiúil agus a gcuid torthaí a thuairisciú don Bhord.

Tagann an Coiste le chéile ar bhonn seachtainiúil de ghnáth, ach féadann siad teacht le chéile níos rialta más gá. De réir a nádúr, comhlíonann an Coiste Creidmheasa feidhm thar a bheith tábhachtach maidir leis an dóigh a leagann an GNBS polasaí creidmheasa síos agus maidir lena chinntiú, ar deireadh, go bhfuil cinnteoireacht ar bhainistíocht féichiúnaithe comhsheasmhach le polasaí foriomlán an Bhoird.

**Is éard atá sa Choiste Creidmheasa na daoine seo a leanas:**

- Michael Connolly (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brendan McDonagh (Príomhfheidhmeannach)
- Peter Stewart (Comhalta Boird)
- Ronnie Hanna (Ceannasaí Creidmheasa & Riosca)
- John Mulcahy (Ceannasaí Bainistíochta Punainne)
- Aideen O'Reilly (Ceannasaí Dlí & Cánach)
- Graham Emmett (Ceannasaí Iasachtaithe)

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire is caoga in 2010.

### Áiríodh ar phríomh-ghníomhaíochtaí an choiste in 2010 na nithe seo a leanas:

1. Maoirseacht a dhéanamh ar bhunú fheidhm Chreidmheasa an GNBS ó ghnólacht nuathionscanta go dtí go bhfuil sí go hiomlán infheidhme, lena n-áirítear soláthar foirne, nósanna imeachta, tarmligean údaráis, monatóireacht féichiúnaithe agus dearadh doiciméadúcháin.
2. Cinntiú go mbeadh córais éifeachtacha i bhfeidhm chun iarratais chreidmheasa a phróiseáil don Choiste agus don Bhord.
3. Athbhreithniú ar 30 Plean Gnó Ollfhéichiúnaí, rud a bhí comhionann le 38% de réir luach na punainne a ghnóthaigh an GNBS.
4. De bhreis ar 300 iarratas aonair chreidmheasa a mheas, a mholadh agus a cheadú, ó chinntí bunúsacha bainistíochta sócmhainní go hábhair chasta a bhaineann le gníomhaíochtaí plean gnó féichiúnaí amhail maoiniú leanúnach sócmhainní forbartha.
5. Cinntí ar chomhaontuithe agus fhorfheidhmithe Plean Gnó.
6. Polasaithe creidmheasa agus eolas bainistíochta creidmheasa lena mbaineann a fhorbairt.

Táthar ag súil go mbeidh an bhliain 2011 ina bliain éilitheach dhúshlánach don Choiste Creidmheasa, mar leanann an GNBS de bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht dheacair gheilleagrach in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, áiteanna ina bhfuil níos mó ná 90 faoin gcéad de na sócmhainní lonnaithe. Tá leachtacht agus infhaighteacht mhaoiniú an bhainc gann agus tá cinntí creidmheasa a dhéanann an Coiste Creidmheasa ag éirí níos deacra, toisc go n-éilítear ar an GNBS glacadh le dearcadh stuama tráchtála agus iad ag coinneáil oibiachtúlacht scrupallach. Meastar gach togra go cúramach agus déantar breithniú go hiomlán ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach gníomh. Aithníonn an Coiste go bhféadfaí tionchar suntasach a bheith ag a gcinntí ar na sócmhainní agus féichiúnaithe atá i gceist, ach ní fhéadtar é seo a sheachaint má tá an GNBS chun a gcuspóirí lárnacha maidir le luach na sócmhainní siúd a chosaint nó a fheabhsú ar shlí eile a chomhlíonadh ar mhaithe le leasanna an Stáit.

**Michael Connolly**
Cathaoirleach

## An Coiste Bainistíochta Riosca

Is é cuspóir uileghabhálach an Choiste Bainistíochta Riosca cur i bhfeidhm an pholasaí riosca atá ceadaithe ag an mBord a neadú agus a mhaoirsiú. Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as athbhreithniú agus maoirsiú leanúnach a dhéanamh ar phróifíl riosca an GNBS laistigh de chomhthéacs an pholasaí riosca atá ceadaithe.

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus maoirseacht ar phleananna an Fheidhmeannais maidir leis na rioscaí ábhartha atá roimh an GNBS a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus a mhaolú ar bhonn uile-fhiontair. Maoirsíonn an Coiste Bainistíochta Riosca cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Chreata Bainistíochta um Riosca Fiontair agus sásaíonn siad iad féin go ndéantar bearta cuí i gcás go sainaithnítear aon imní shuntasach. Cinntíonn an Coiste Bainistíochta Riosca go soláthraíonn rialachas bainistíochta riosca agus múnla eagrúcháin an GNBS leibhéil chuí neamhspleáchais agus dúshláin.

**Is éard atá sa Choiste Bainistíochta Riosca na daoine seo a leanas:**

- Steven Seelig (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- John Corrigan (Príomhfheidhmeannach an GBCN agus Comhalta Boird)
- Brian McDonagh (Príomhfheidhmeannach an GNBS agus Comhalta Boird)
- Brendan Murphy (Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca an GBCN)
- Ronnie Hanna (Ceannasaí Creidmheasa & Riosca)
- John Mulcahy (Ceannasaí Bainistíochta Punainne)
- Aideen O'Reilly (Ceannasaí Dlí & Cánach)
- Graham Emmett (Ceannasaí Iasachtaithe)
- Seán Ó Faoláin (Ceannasaí Seirbhísí Gnó)
- Frank O'Connor (Ceannasaí an Chisteáin)

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2010.

### Áiríodh ar phríomh-ghníomhaíochtaí an Choiste in 2010 na nithe seo a leanas:

1. Rinne an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus maoirseacht ar phleananna an Fheidhmeannais maidir leis na rioscaí ábhartha atá roimh an GNBS a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus a mhaolú ar bhonn uile-fhiontair. Mar thoradh air sin, d'athbhreithnigh agus cheadaigh an Coiste na straitéisí, na polasaithe, na múnlaí, na córais agus na teorainneacha a bhí i bhfeidhm chun rioscaí ábhartha a thomhas, a thuairisciú agus a mhaolú, mhol siad iad (mar ba chuí) don Bhord. D'fhonn a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, faigheann an Coiste tacaíocht ón gCeannasaí Creidmheasa & Riosca a chinntíonn go dtuairiscítear na rioscaí ábhartha agus na rioscaí éiritheacha don Choiste agus go mbreithníonn an Coiste iad.
2. Mhol an Coiste Bainistíochta Riosca polasaithe thar speictream de chineálacha riosca le ceadú ag an mBord in 2010. Is ráitis ar chúrsa gníomhaíochta iad na polasaithe seo agus tá siad le glacadh agus le saothrú ag an GNBS chun gach cineál riosca a bhainistiú agus a chaitheamh leo. Sainaithnítear sna polasaithe seo cé atá freagrach as gach cineál riosca agus leagtar amach iontu an t-údarás is gá maidir le riosca a bhainistiú. I gcás gach riosca, bunaíonn an Bord teorainneacha inghlactha oibriúcháin agus tarmligtear iad chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca a chinneann conas ba cheart go dtarmligfí na teorainneacha sin ar aghaidh chuig an bhFeidhmeannas. Bhunaigh an Coiste Bainistíochta Riosca meicníochtaí tuairiscithe chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus ar phríomhstraitéisí maolaithe, agus cinntíonn siad go n-oibríonn na rioscaí sin laistigh de theorainneacha ceadaithe an Bhoird. Dhírigh an Coiste ar nochtadh díorthach an GNBS chun measúnú níos iomláine ar riosca airgeadais a chinntiú.
3. Bhí sé mar thosaíocht ag an gCoiste Bainistíochta Riosca in 2010 a chinntiú go n-ullmhófaí clár cuimsitheach riosca. Sainaithnítear sa chlár rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS lena gcuid cuspóirí a bhaint amach agus déantar measúnú sa chlár ar thionchar na dteagmhas éagsúil riosca ar fud na heagraíochta. Athbhreithníodh pleananna gníomhaíochta rialaithe do gach riosca sainaitheanta chun a chinntiú go raibh na rioscaí iarmharacha laistigh de lamháltas ceadaithe riosca an GNBS. Chun cabhrú le hullmhú agus cothabháil leanúnach an chláir riosca, mhol an Coiste go mbunófaí grúpa oibre le hionadaithe ó gach feidhm an GNBS. Soláthraíonn an grúpa oibre fóram chun aird a tharraingt ar rioscaí nua agus éiritheacha agus cuireann siad feasacht ar chleachtais agus pholasaithe bainistíochta riosca chun cinn ar fud an GNBS.

**Steven Seelig**
Cathaoirleach

# An Coiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin

Is é cuspóir an Choiste Airgeadais agus Oibriúcháin monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus oibriúcháin an GNBS agus ar a dtuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta, lena n-áirítear:

- Gach tuairisciú airgeadais agus bainistíochta don Aire Airgeadais, don Oireachtas nó ar shlí eile (ach amháin i gcás ráitis bhliantúla airgeadais an GNBS as a bhfuil an Coiste Iniúchta freagrach).
- Ullmhú na gcuntas bainistíochta.
- Ullmhú na mbuiséad bliantúil agus réamhaisnéisí eile.
- An t-athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar athraitheas in aghaidh buiséid agus fheidhmíocht na bliana roimhe.
- Ceadú ollchaiteachais chaipitil.
- Bainistíocht an tsoláthair.
- Maoirseacht soláthróirí seirbhísí (seachas iad siúd a bhfuil a maoirseacht forchoimeádta go sonrach do choistí eile Boird).

Déanann an Coiste Airgeadais agus Oibriúcháin maoirseacht ar fhreagrachtaí an Fhoireann Feidhmiúcháin as polasaithe airgeadais, oibriúcháin agus buiséadaithe an GNBS a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú agus as tuairisciú a dhéanamh orthu. Déanann siad moltaí don Bhord maidir le caiteachas agus riachtanais bhuiséid an GNBS. Tuairiscíonn an Cathaoirleach go foirmiúil don Bhord ar na príomhghnéithe d'imeachtaí an Choiste tar éis gach cruinnithe.

**Áiríodh ar phríomh-ghníomhaíochtaí an choiste in 2010 na nithe seo a leanas:**

1. **Tuairisciú Airgeadais agus Bainistíochta.**
   Le linn 2010, rinne an Coiste mionscrúdú ar Chuntas agus Tuarascáil Ráithiúil an GNBS don chéad ráithe, don dara ráithe agus don tríú ráithe de 2010 (Alt 55 den Acht) agus ar Ráitis Bhliantúla an GNBS do 2010 agus do 2011 (Alt 53 den Acht) agus chuir siad i láthair iad le haghaidh cheadú an Bhoird.
   I rith na bliana, bhreithnigh an Coiste saincheisteanna éagsúla cuntasaíochta teicniúla a bhaineann le glacadh le polasaithe cuntasaíochta an IFRS, lena n-áirítear príomh-shaincheisteanna amhail bearnú, cuntasaíocht fálaithe, luacháil iasachta agus an measúnú ar luach cóir.
   Rinne an Coiste athbhreithniú, ar bhonn rialta, ar phleananna le haghaidh fháil an PMS (córas bainistíochta punainne) atá deartha chun riachtanais fhadtéarmacha tuairiscithe bainistíochta an GNBS a chomhlíonadh, fáil an DMS (Córas Bainistíochta Doiciméad) agus rinne siad athbhreithniú freisin ar shocruithe eatramhacha an MIS.
2. **Ullmhú na mbuiséad bliantúil agus réamhaisnéisí eile**
   Rinne an Coiste monatóireacht ar Bhuiséad an GNBS 2010 agus d'athbhreithnigh agus chuir siad isteach an dréachtBhuiséad 2011. le haghaidh cheadú an Bhoird. Rinne an Coiste mionscrúdú ar Phlean Gnó an GNBS (a foilsíodh i mí Iúil 2010), agus ar na boinn tuisceana a ionchorpraíodh ina chásanna a bhaineann leis an NPV, agus chuir siad i láthair é le haghaidh cheadú an Bhoird. Scrúdaigh an Coiste gnéithe éagsúla de mhodheolaíocht luachála iasachta, lena n-áirítear ardú an LEV, rátaí lascaine a cuireadh i bhfeidhm leis an LEV, luachálacha réadmhaoine an CMV agus an próiseas ar phraghsáil chuí fála d'iasachtaí a fhionnadh.
3. **Maoirseacht ar sholáthróirí seirbhísí**
   Rinne an Coiste measúnacht, ar bhonn rialta, ar fheidhmíocht Capita Asset Services mar Phríomh-Sheirbhíseoir don GNBS. Thug an Coiste breithmheas ar na múnlaí oibriúcháin a bhí ag na Cúig Institiúid Rannpháirteacha d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann siad leis an Treoir maidir le seirbhísiú shócmhainní an GNBS a eisítear chuig na hinstitiúidí faoi Alt 131 den Acht.
4. **Bainistíocht an tsoláthair**
   Rinne an Coiste measúnú, i gcomhar le baill an Choiste Iniúchóireachta, ar ghearrliosta d'iarrthóirí ar cheapachán mar iniúchóir inmheánach leis an GNBS, agus rinne siad moladh don Bhord. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar mholtaí feidhmiúcháin i ndáil le ceapadh na soláthróirí córais do chórais bhainistíochta punainne agus doiciméad agus, i gcás an dara ceann, ghlac siad páirt in athbhreithniú léiriúcháin ar iarrthóirí gearrliostaithe.
5. **Ginearálta**
   Rinne an Coiste mionscrúdú ar dhréacht-Chóid reachtúla Chleachtais (faoi alt 35 den Acht) a cuireadh faoi bhráid an Bhoird agus a cheadaigh an tAire i mí Iúil 2010.
   Rinne an Coiste athbhreithniú ar éilimh acmhainní amach anseo an GNBS, mar a chur an Fhoireann Feidhmiúcháin ar aghaidh iad, agus rinne siad moltaí i ndáil le hacmhainní breise a measadh a bheith riachtanach don GNBS a chumasú chun a gcuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Bhreithnigh an Coiste réamh-mheastacháin sreafa airgid agus saincheisteanna polasaithe leachtachta agus fálaithe de chuid an GNBS freisin.

**Eilish Finan**
Cathaoirleach

**Is éard atá sa Choiste Airgeadais agus Feidhmiúcháin na daoine seo a leanas:**

- Eilish Finan (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- William Soffe (Comhalta Boird)
- Brian McDonagh (Príomhfheidhmeannach an GNBS agus Comhalta Boird)
- Brendan Murphy (Stiúrthóir Airgeadais, Teicneolaíochta agus Riosca an GBCN)
- Seán Ó Faoláin (Ceannasaí Seirbhísí Gnó)
- John Mulcahy (Ceannasaí Bainistíochta Punainne)
- Frank O'Connor (Ceannasaí an Chisteáin)

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire dhéag in 2010..

## Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann

Foráiltear in Acht an GNBS do bhunú na gcoistí comhairleacha agus, ar mholadh an Aire Airgeadais, bhunaigh an GNBS Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann. Is é a chuspóir comhairle a thabhairt don Bhord i ndáil le straitéis do shócmhainní Thuaisceart Éireann.

**Bhí dhá thosaíocht ag an gCoiste in 2010:**

1. Tuiscint a fhorbairt ar na cúinsí ar leith a bhí i réim i dTuaisceart Éireann san am.
2. Cumarsáid a dhéanamh le rannpháirtithe lárnacha chun imní a mhaolú ar thionchar a d'fhéadfaí bheith ag an GNBS i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann

Mar chuid dá sainchúram, chuaigh an Coiste i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara éagsúla i dTuaisceart Éireann. Bhuail siad le hAire Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann agus le hionadaithe Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann, leis an Ionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach in Ard Mhacha agus lena gcuid comhpháirtithe, Ollscoil Uladh agus NUI Má Nuad. Labhair Cathaoirleach an Choiste ag Comhlachas Tráchtála Thuaisceart Éireann agus ag comhdháil Bhliantúil EacGNBSíochta Thuaisceart Éireann.

Cuireadh eochair-theachtaireacht in iúl go nglacfadh an GNBS, agus iad ag comhlíonadh a spriocanna réadaithe sócmhainní, le dearcadh neodrach i leith gluaiseachtaí margaidh amach anseo agus ní thaobhóidh siad le haon mhargadh geografach ar leith. Ba é a bpríomhchuspóir maidir le réadú sócmhainní an toradh is fearr tráchtála a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba é leachtacht an mhargaidh an t-eochairspreagthóir maidir le straitéis díolacháin a chinneadh agus aithníonn an GNBS go mbeidh sé seo ina shaincheist shuntasach i dTuaisceart Éireann. Bhí an Coiste díocasach freisin i ndáil le béim a chur ar ról an GNBS maidir le soláthar na leachtachta do thionscadail inmharthana agus maidir le cur le cobhsú an mhargaidh.

Tuigeann Bord an GNBS na srianta reatha agus réamh-mheasta airgeadais atá roimh Rialtas Thuaisceart Éireann agus a phobal agus ní mór dóibh an tionchar is dóichí a bheadh ag diúscairtí féideartha réadmhaoine ag Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann a mheas. Is foinse thábhachtach comhairle do Bhord an GNBS Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann, le tacaíocht ó bheirt chleachtóirí a bhfuil taithí áitiúil agus eolas mionsonraithe ar mhargadh Thuaisceart Éireann acu. Cuideoidh an fhíric go mbeidh an GNBS in ann glacadh le dearcadh níos fadtéarmaí ar mhargaí cónaithe agus tráchtála Thuaisceart Éireann le toradh atá dearfach ó thaobh na tráchtála de a bhaint amach do gach leas gaolmhar i ngeilleagar Thuaisceart Éireann.

Do 2011, measfaidh an GNBS sonraí atá ar fáil ar shócmhainní Thuaisceart Éireann a úsáidtear mar urrús d'iasachtaí a fuair siad, agus cinnfidh siad straitéisí ina dhiaidh sin, lena n-áirítear roghanna cruthaitheacha maoinithe, a bheidh deartha chun cuidiú leis an GNBS a spriocanna laghdaithe fiachais a chomhlíonadh, agus iad ag cinntiú nach maolófar margadh leochaileach a thuilleadh.

**Peter Stewart**
Cathaoirleach

**Is éard atá i gCoiste Comhairleach Thuaisceart Éireann na daoine seo a leanas::**

- Peter Stewart (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brian McEnery (Comhalta Boird)
- Eilish Finan (Comhalta Boird)
- William Soffe (Comhalta Boird)
- Ronnie Hanna (Ceannasaí Creidmheasa agus Riosca)
- Frank Cushnahan (Comhalta seachtrach)
- Brian Rowntree (Comhalta seachtrach)

á roinnt ceapachán neamhfheidhmiúcháin ag **an Uas. Cushnahan** faoi láthair, laistigh den earnáil phoiblí agus den earnáil phríobháideach araon. I measc a chuid post roimhe sin, tá Cathaoirleach Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste, Cathaoirleach Aonad Seachadta Roinn Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire agus comhalta neamhfheidhmeannach Boird Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire.

Ceapadh **an tUas. Rowntree** mar Chathaoirleach ar Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann i mí na Bealtaine 2004. Bhí roinnt ceapachán poiblí aige roimhe sin, ag leibhéal an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin i gCeartas Coiriúil, i Sláinte agus i mBreisoideachas agus bhí sé ina chathaoirleach ar réimse leathan d'fhóraim i dTuaisceart Éireann agus ar bhonn trasteorann, agus ghlac sé páirt iontu freisin. Chuaigh an tUas. Rowntree isteach ar Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann le déanaí.

Tionóladh an chéad chruinniú den choiste i mí na Bealtaine 2010 agus tionóladh trí chruinniú bhreise in 2010.

# An Coiste Comhairleach Pleanála

Is é cuspóir an Coiste comhairle a thabhairt don Bhord ar chúrsaí pleanála agus talún agus ar chúrsaí lena mbaineann a bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar luacháil agus réadú shócmhainní an GNBS agus, tríd sin, ar chomhlíonadh chuspóir agus fheidhmeanna an GNBS.

### Bhí dhá thosaíocht ag an gCoiste in 2010:

1. Dul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara eile chun tuiscint a fhorbairt ar a ndearcadh ar roinnt eochair-shain-cheisteanna agus, mar sin, ar a seal, polasaithe agus straitéisí Bhord an GNBS a chur ar an eolas.
2. Dul i mbun plé le comhlachtaí an Rialtais agus le páirtithe eile chun an dóigh is fearr a bhféadfaí ról an GNBS a chur ar chomhréim le cuspóirí eile polasaí phoiblí a chinneadh.

Ar a mbunú, lorg agus fuair an Coiste aighneachtaí scríofa ó eagraíochtaí forordaithe roghnaithe atá liostaithe sna **Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2006**. Chuimsigh na haighneachtaí seo réimse leathan tuairimí a chlúdaigh pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe go ginearálta, mar aon le saincheisteanna ar leith amhail beartas tithíochta, iompar poiblí, eochairbhonneagar, áiseanna taitneamhachta agus pobail, soláthar láithreán chun críocha poiblí, cuspóirí forbartha eacGNBSíochta agus sóisialta, reachtaíocht phleanála agus leas fadtéarmach an phobail. Mar atá molta ag an gCoiste, thug an Bord aird ar na haighneachtaí seo i bhforbairt straitéisí agus polasaithe an GNBS.

Le linn 2010, rinne an Coiste plé le roinnt Ranna Rialtais agus le heagraíochtaí eile ar chúrsaí leasa choitinn um pleanáil agus forbairt. I measc na gcomhlachtaí seo, bhí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG), an Roinn Oideachais agus Scileanna (DoES), An Bord Pleanála (ABP), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (HSCA) agus Cumann na mBainisteoirí Contae & Cathrach (CCMA). Seo a leanas roinnt de na saincheisteanna a clúdaíodh sna díospóireachtaí seo agus a bhí i gceist i gcomhairle an Choiste don Bhord:

Agus iad ag aithint an ghéarghá atá le córas faisnéise pleanála náisiúnta, tá sé beartaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (le tacaíocht ó eagraíochtaí leasmhara eile, lena n-áirítear an GNBS) córas faisnéise pleanála bhrabhsálaí-bhunaithe idirlín an GIS a bhunú faoi dheireadh na bliana 2011, rud ina n-ionchorpraítear sonraí spásúla pleanála náisiúnta, lena n-áirítear criosú, forbraíochtaí neamhchríochnaithe tithíochta, infhaighteacht talún tithíochta agus ceantair forbartha. D'oibrigh an Coimisiún go dlúth leis an Roinn i ndáil le rannpháirtíocht an GNBS sa chóras.

**Is éard atá sa Choiste Comhairleach Pleanála na daoine seo a leanas:**

- William Soffe (Cathaoirleach, Comhalta Boird)
- Brian McDonagh (Príomhfheidhmeannach an GNBS agus Comhalta Boird)
- Michael Connolly (Comhalta Boird)
- John Mulcahy (Ceannasaí Bainistíochta Punainne)
- Michael Wall (Comhalta Seachtrach a ceapadh i mí Aibreáin 2010)
- Gavin Daly (Comhalta Seachtrach a ceapadh i mí Aibreáin 2010, agus a d'éirigh as i mí an Mheithimh 2010)
- Alice Charles (Comhalta Seachtrach a ceapadh i mí na Samhna 2010)

Is ailtire agus abhcóide é an **tUas. Wall** agus tá sé ina iarchomhalta Boird den Bhord Pleanála. Tá an-taithí pleanála ag an **Uas. Charles** agus tá sí ina comhalta d'Institiúid Ríoga na bPleanálaithe Bailte agus d'Institiúid Pleanála na hÉireann.

Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2010.

Tionóladh díospóireachtaí leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, leis an ABP agus leis an CCMA ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar obair an GNBS, lena n-áirítear an méid ró-chriosaithe, dlúis tithíochta, forbairtí neamhchríochnaithe tithíochta (idir thithe agus árasáin), forbairt bonneagair, fadhbanna ar leith a bhaineann le hóstáin agus le cúrsaí gailf, le ranníocaíochtaí forbartha, le bannaí agus leis an reachtaíocht nua pleanála.

Stiúir an Coiste rannpháirtíocht an GNBS sa **Sainghrúpa Comhairleach ar Fhorbraíochtaí Neamhchríochnaithe Tithíochta**, rud a bunaíodh chun comhairle a thabhairt do na hAirí do Thithíocht agus Pleanála ar bhearta chun bainistiú éifeachtach na bhforbairtí seo a chinntiú. Bhí cruinnithe ag an gCoiste leis an DoES agus an HSE araon maidir le láithreáin agus réadmhaoine a d'fhéadfadh bheith oiriúnach do scoileanna agus áiseanna cúram sláinte. Shainaithin an dá chomhlacht roinnt láithreán le haghaidh tuilleadh breithnithe. Bhí díospóireachtaí leanúnacha leis an HSCA freisin maidir leis an spéis atá acu i dtalamh agus i réadmhaoine (go háirithe i gceantair uirbeacha) le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus scéimeanna cíosa agus léasaithe.

**William Soffe**
Cathaoirleach

# Nochtadh agus Freagracht

## Riachtanais nochta ar chomhaltaí Boird

Leagtar amach in ailt 30-31 d'Acht an GNBS na ceanglais atá ar chomhaltaí an Bhoird maidir le leasanna a nochtadh.

Éilítear in Alt 30 ar chomhaltaí Boird nádúr aon leasa airgid nó aon leasa thairbhiúil eile atá acu in aon ábhar atá faoi bhreithniú ag an mBord a nochtadh do chomhaltaí eile an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí bheith as láthair ó chruinniú Boird nuair atá an t-ábhar faoi bhreithniú agus tá siad coisithe ó aon vótáil a fhéadfar a dhéanamh ar an ábhar sin.

Cuirtear comaoin in Alt 31 den Acht ar gach comhalta de Bhord an GNBS agus ar gach stiúrthóir ar aonán ghrúpa an GNBS fógra a thabhairt don GNBS go bliantúil ar gach leas inchláraithe de réir an tsainmhínithe a thugtar san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995.

## Baill foirne atá sannta don GNBS

Tá baill foirne a shanntar don GNBS faoi réir Cód Cleachtais agus Iompair Ghairmiúil ina gcuirtear comaoin orthu i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Oibleagáidí dlíthiúla agus eiticiúla a bhaineann le rúndacht, lena n-áirítear Alt 202 d'Acht an GNBS agus an tAcht um Rúin Oifigiúla 1963.
- Éilítear orthu freisin na forálacha d'Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a chomhlíonadh, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le próiseáil agus láimhseáil na sonraí pearsanta.
- Tá siad faoi réir forálacha sonracha reachtaíochta i ndáil le coinbhleachtaí leasa. Ní mór do gach fostaí, sula sannfar don GNBS iad, ráiteas a leasanna, a sócmhainní agus a ndliteanas a chur ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS agus do Phríomhfheidhmeannach an GBCN. Ina theannta sin, ní mór do shealbhóirí 'post sainithe', faoi na hAchtanna um Eitic, ráiteas bliantúil leasanna a chomhdú.
- Níl cead ag baill foirne an GNBS glacadh le haon fhlaithiúlacht ó aon duine, ghnólacht nó aonán dlíthiúil eile lena ndéileálann an GNBS.
- Bhunaigh an GBCN rialacha agus cóid chleachtais freisin i ndáil le drochúsáid mhargaidh, lena n-áirítear déileáil chos istigh. Tá comhaltaí Boird agus baill foirne an GNBS faoi réir na nithe seo, mar atá siad faoi réir rialacha agus chóid an GBCN a bhaineann le hidirbhearta cuntais phearsanta.
- Is cion é stocaireacht a dhéanamh ar chomhalta Boird nó baill foirne an GNBS nó ar sholáthraí seirbhíse an GNBS maidir le haon chinneadh a bhaineann le hiasachtú, le tionscnamh na n-imeachtaí dlí, le rannpháirtíocht soláthraí seirbhíse nó comhairleora, le ceannach nó díol aon réadmhaoine nó le haon tairisceoir. Tá sé d'oibleagáid ar dhuine atá faoi réir cumarsáide den sórt sin fógra a thabhairt do na Gardaí maidir leis seo agus is cion é loiceadh fógra a thabhairt.
- Tá oifigigh an GNBS go léir faoi réir Cód Cleachtais atá faofa ag an Aire Airgeadais faoi Alt 35 den Acht.

## Freagracht an GNBS

Is gá do Bhord an GNBS a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách ach tá siad á dtreorú go géar ag a n-oibleagáidí faoin Acht agus tá siad faoi réir leibhéal ard cuntasachta poiblí.

1. Faoin Acht, tá roinnt cumhachtaí ag an Aire a fhéadann sé feidhmiú i ndáil leis an GNBS, lena n-áirítear an chumhacht treoirlínte (Alt 13) agus treoracha (Alt 14) a eisiúint. D'eisigh an tAire trí threoir faoi Alt 14 - cóipeanna ar fáil ar www.GNBS.ie/legislation.
2. Cuireann an GNBS tuarascálacha ráithe faoi bhráid an Aire ar a ngníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach in Alt 55 den Acht. Cuimsíonn sé seo faisnéis ar a n-iasachtaí, a socruithe maoinithe agus a n-ioncam is a gcaiteachas. Cuirtear gach tuarascáil ráithe faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
3. Cuireann an GNBS cuntais bhliantúla isteach, i bhfoirm a ordaíonn an tAire, faoi Alt 54 den Acht. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna cuntais: liosta de gach urrús fiachais a eisíodh, liosta de gach airleacan a rinneadh ón bPríomh-Chiste nó a rinne an GNBS agus a n-aonáin ghrúpa agus liosta de phunanna sócmhainní le luach leabhair. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an GNBS agus cuirtear na cuntais iniúchta faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
4. Mar aon lena gcuntais bhliantúla, éilítear ar an GNBS, faoi Alt 53, Ráiteas Bliantúil a chur faoi bhráid an Aire, rud ina leagtar amach a gcuid cuspóirí atá beartaithe do gach bliain, raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le déanamh, a gcuid straitéisí agus beartas agus an úsáid acmhainní atá beartaithe acu. Cuirtear gach ráiteas bliantúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.
5. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach agus tugann siad fianaise, nuair a éilíonn an Coiste um Chuntais Phoiblí. Tagann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach os comhair coistí eile an Oireachtais freisin nuair a éilítear a leithéid orthu.
6. Féadfaidh an tAire éileamh ar an GNBS tuairisc a thabhairt dó ag am ar bith ar aon ábhar, lena n-áirítear feidhmíocht a gcuid feidhmeanna nó eolas nó staidreamh a bhaineann le feidhmíocht.
7. D'ullmhaigh an GNBS cóid chleachtais chun rialú a dhéanamh ar ábhair áirithe, lena n-áirítear, i measc nithe eile, iompar a gcuid oifigeach, caighdeáin seirbhísithe le haghaidh sócmhainní bainc a fuarthas, bainistíocht riosca, diúscairt sócmhainní bainc agus an dóigh a gcuirfeadh an GNBS leasanna tráchtála na mbanc neamh-rannpháirteach san áireamh. D'fhaomh an tAire na cóid chleachtais agus tá siad foilsithe ar www.GNBS.ie/CodesOfPractice.
8. Chomh luath agus is féidir tar éis an 31 Nollaig 2012, measfaidh an tAire agus an C&G ar leithligh méid an dul chun cinn a rinne an GNBS maidir lena gcuid cuspóirí foriomlána a chomhlíonadh agus cinnfidh an tAire an bhfuil gá le leanúint an GNBS. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an tAire athbhreithniú ar dhul chun cinn gach cúig bliana agus déanfaidh an C&AG athbhreithniú air gach trí bliana.

# Bainistíocht Riosca

## Rioscaí bunairgid agus neamhchinnteachtaí

Tá an GNBS faoi réir rioscaí ar leith a bhfuil tábhachtach dá gcuid gnó agus, gan straitéis chuí bhainistíochta riosca, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar a gcuid feidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin. I measc na rioscaí bunairgid tá:

- riosca geilleagrach ginearálta;
- riosca creidmheasa;
- riosca oibriúcháin a thagann aníos laistigh den GNBS agus ó sholáthróirí tríú páirtí;
- riosca polaitiúil, dlíthiúil agus rialála, a thagann aníos laistigh d'Éirinn, den Aontas Eorpach agus de dhlínsí eile ina bhfuil réadmhaoin lonnaithe; agus
- riosca margaidh.

Ba í an phríomhthosaíocht bainistíochta do 2010 Creat a bhunú chun na príomhfhoinsí riosca a shainaithint agus a mheas, chun na rioscaí a raibh an Ghníomhaireacht nochta ina leith a thuiscint agus chun déileáil leo ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach. D'fhonn na rioscaí sin a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, úsáideadh creat láidir rialaithe agus timpeallacht monatóireachta ar phrionsabal na 'trí líne chosanta':

1. Glacann oifigigh i ngach ceann de na feidhmeanna le príomhúinéireacht riosca agus cinntíonn siad go bhforbraítear, go ndoiciméadaítear agus go n-oibrítear próisis agus rialuithe laistigh de lamháltas riosca atá leagtha síos ag an mBord
2. Dúshlán agus maoirseacht neamhspleách ag foireann thiomanta Bainistíochta Riosca laistigh den GNBS chun feidhmiú, agus comhlíonadh, polasaí a chinntiú agus formhéadú aon imní chuig Coiste Bainistíochta Riosca an Bhoird. I measc fheidhmeanna an choiste seo neadú agus maoirsiú chur i bhfeidhm na bpolasaithe riosca agus an lamháltais riosca atá ceadaithe ag an mBord. Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as athbhreithniú agus maoirsiú leanúnach a dhéanamh ar phróifíl riosca an GNBS laistigh de chomhthéacs an lamháltais riosca atá ceadaithe.
3. Soláthraíonn na feidhmeanna éagsúla iniúchta (an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste, an tIniúchóir Inmheánach agus Feidhm Rialaithe an GBCN) an tríú líne chosanta. Soláthraíonn siad dearbhú neamhspleách ar dhearadh, leorgacht agus éifeachtacht thimpeallacht Rialaithe an GNBS.

Ullmhaíodh Clár Riosca, rud a chuimsíonn gach feidhm an GNBS. Sainaithnítear ann rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS lena gcuid cuspóirí a bhaint amach agus déantar measúnú sa chlár ar thionchar na dteagmhas éagsúil riosca ar fud na heagraíochta. Forbraíodh pleananna gníomhaíochta rialaithe do gach riosca chun a chinntiú go bhfuil an riosca iarmharach laistigh de lamháltas riosca an GNBS agus gur forbraíodh rialuithe maolaithe agus gur cuireadh i bhfeidhm iad. Chom maith le riosca inmheánach, bhí mórfhócas riosca ar eochairsheirbhísí seachfhoinsithe, amhail na príomhsheirbhíseoirí agus an Máistirsheirbhíseoir.

Baineann an GNBS úsáid as saineolas feidhme an GBCN chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí margaidh agus ar rioscaí cláir chomhardaithe a eascraíonn ó ghluaiseachtaí ráta úis agus ráta malairte.



# Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

Don tréimhse ón 21 Nollaig 2009 (dáta bunaithe) go dtí an 31 Nollaig 2010


| | |
|---|---|
| An Bord agus eolas eile | 50 |
| Tuarascáil an Bhoird | 51 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 52 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 54 |
| Ráiteas comhdhlúite ioncaim | 56 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncaim chuimsithigh | 57 |
| Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais | 58 |
| Ráiteas na gníomhaireachta ar an staid airgeadais | 59 |
| Ráiteas comhdhlúite ar na hathruithe ar chothromas | 60 |
| Ráiteas na gníomhaireachta ar na hathruithe ar chothromas | 61 |
| Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid | 62 |
| Ráiteas na gníomhaireachta ar shreabhadh airgid | 63 |
| Nótaí leis na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais | 65–111 |

# An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní An Bord agus eolas eile

**Bord**

Frank Daly (Cathaoirleach) (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
Michael Connolly (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
John C. Corrigan (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
Eilish Finan (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
Brian McEnery (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
Steven A. Seelig (ceaptha ar an 26 Bealtaine 2010)
William Soffe (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)
Peter Stewart (ceaptha ar an 22 Nollaig 2009)

**Oifig Chláraithe**

Foirgneamh an Státchiste
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí**

Banc Ceannais na hÉireann
Sráid an Dáma,
Baile Átha Cliath 2.

Citibank
I.F.S.C,
Baile Átha Cliath 1.

**Iniúchóir**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

# Tuarascáil an Bhoird

Cuireann Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('an GNBS' nó 'an Ghníomhaireacht') a dtuarascáil agus ráitis Chomhdhlúite agus Ghníomhaireachta iniúchta airgeadais i láthair don tréimhse ón 21 Nollaig 2009 (dáta bunaithe) go dtí an 31 Nollaig 2010.

Leagtar na ráitis airgeadais amach ar leathanaigh 56 go 111

## Ráiteas ar Fhreagracht na Gníomhaireachta as na ráitis airgeadais

Ceanglaítear faoi Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú i leith a n-oibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, ní mór don Ghníomhaireacht:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé sin neamhchuí a dhéanamh (Tagair do Nóta 2.1);
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta agus na n-aonán a lena mbaineann.

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht chomh maith as sócmhainní faoina gcosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

## Bainistíocht riosca airgeadais

Nochtar an grúpa do riosca creidmheasa, do riosca margaidh (i bhfoirm riosca ráta úis agus riosca malairte eachtraí) agus do riosca leachtachta i ngnáthchúrsa an ghnó. Tugtar tuilleadh sonraí ar an dóigh a mbainistíonn an Grúpa na rioscaí seo tugtha i nótaí 17 go 19 de na ráitis airgeadais.

## Leasanna Bhaill an Bhoird

Níl aon leas tairbhiúil ag Baill an Bhoird in aon aonán ghrúpa an GNBS agus chomhlíon siad Alt 30 d'Acht an GNBS 2009, i ndáil le nochtadh na leasanna.

## Iniúchóir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir an Ghrúpa de bhua Alt 57 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009.

Thar ceann an Bhoird

**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Foráiltear in Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 ("an tAcht") gurb iad na feidhmeanna de chuid Bhord na Gníomhaireachta ná:

a) A chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an GNBS go héifeachtach agus go héifeachtúil;
b) Cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha an GNBS a leagan síos;
c) A chinntiú go bhfuil córais chuí agus nósanna cuí imeachta i bhfeidhm chun cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha an GNBS a bhaint amach agus chun gach beart réasúnach atá ar fáil dóibh a dhéanamh chun na spriocanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach.

Foráiltear san Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin bainistiú agus rialú go ginearálta ar riarachán agus ghnó na Gníomhaireachta agus ar na baill foirne a shanntar don Ghníomhaireacht agus go gcomhlíonfaidh sé aon fheidhm eile a dtugann an Bord dó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin is freagrach chun críocha Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, freisin.

Aithníonn an Bord a gcuid freagrachtaí as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais na Gníomhaireachta. Ní féidir le córas den sórt sin ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

## Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Ós rud é gurbh ionann 2010 agus chéad bhliain d'oibríochtaí na Gníomhaireachta, bhí dúshláin shuntasacha rompu maidir le gnóthas go hiomlán nua a bhunú, agus iad ag bunú na gcóras, na bpróiseas agus na nósanna imeachta a bhí ag teastáil chun rialú inmheánach láidir airgeadais a chinntiú, agus iad ag fáil leabhar iasachta de thart ar €71billiún ag an am céanna. Braitheann an Ghníomhaireacht go suntasach ar na rialuithe a oibríonn roinnt de na tríú páirtithe, lena n-áirítear Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), na hInstitiúidí Rannpháirteacha (Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann, Corparáid an Bhainc Angla-Éireannaigh, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann agus Cumann Foirgníochta an EBS) agus Capita Asset Services (Capita).

Cuireann an GBCN seirbhísí comhroinnte ar fáil don Ghníomhaireacht, lena n-áirítear rialú airgeadais, próiseáil idirbheart, bainistíocht riosca airgeadais, tuairisciú airgeadais agus bainistíochta, an TFC agus acmhainní daonna. Tá córas dea-fhorbartha rialaithe inmheánaigh ag an GBCN agus cuirtear na seirbhísí seo ar fáil don Ghníomhaireacht laistigh den chreat reatha rialaithe seo. Bhí riachtanais an GNBS ina gcúis leis an ngá atá le próisis bhreise i réimsí áirithe, agus tá cuid acu siúd fós á gcur ar fáil.

Cheap an Ghníomhaireacht Capita mar Mháistirsheirbhíseoir i mí na Nollag 2009. De réir a gconartha, soláthraíonn Capita eolas airgeadais don Ghníomhaireacht ar iasachtaí a fuarthas de chuid na Gníomhaireachta, bunaithe ar shonraí a thugann na cúig Institiúid Rannpháirteacha dóibh. Ina theannta sin, soláthraíonn Capita seirbhísí cisteáin agus cuntasaíochta airgeadais don Ghníomhaireacht.

Ceanglaítear ar na hInstitiúidí Rannpháirteacha de réir treoracha arna eisiúint faoi alt 131 den Acht leanúint ar aghaidh de bheith ag soláthar seirbhísí oibriúcháin agus riaracháin don Ghníomhaireacht, i ndáil leis na hiasachtaí a fuarthas. I measc na seirbhísí oibriúcháin agus riaracháin den sórt sin, tá cothabháil iasachta, baincéireacht idirbheart, próiseáil saoráidí agus iasachta, bainistíocht choimeádta agus chomhthaobhachta, tuairisciú do Capita agus seirbhísí ábhartha eile baincéireachta.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita, lena n-áirítear athbhreithnithe rialta seirbhíse agus bunú na gcoistí stiúrtha oibriúcháin. Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí na nInstitiúidí Rannpháirteacha agus Capita faoi réir iniúchta ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha na Gníomhaireachta.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht próisis chun iasachtaí a fháil ó Institiúidí Rannpháirteacha de réir an Achta agus na rialachán lena mbaineann. Mar chuid den phróiseas fála, bhí an Ghníomhaireacht i dteagmháil le comhairleoirí neamhspleácha dlí, mar aon le luachálaithe iasachta agus réadmhaoine, chun dícheall cuí dlíthiúil agus luachálacha a dhéanamh. Ina theannta sin, ceapadh comhordaitheoir iniúchta chun athbhreithniú a dhéanamh ar luachálacha iasachta agus chun a dheimhniú gur luacháladh na hiasachtaí de réir an Achta agus na rialachán lena mbaineann.

I rith na bliana bhunaigh an Bord ceithre choiste reachtúla chun maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí na Gníomhaireachta agus a bhfeidhmeannaigh; an Coiste Iniúchta, an Coiste Riosca, an Coiste Creidmheasa agus an Coiste Airgeadais & Oibriúcháin. Tháinig gach ceann de na coistí seo le chéile cuid mhór uaireanta i rith na bliana agus cuirtear síos ar a gcuid ról sa chóras rialaithe i gcomhthéacs na bpróiseas rialaithe inmheánaigh airgeadais thíos.

## Príomhphróisis Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis a chuir an Ghníomhaireacht i bhfeidhm d'fhonn rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:

- I rith na bliana earcaíodh Foireann Shinsearach Feidhmiúcháin agus cuireadh i bhfeidhm í. Sainmhíníodh agus comhaontaíodh leis an mBord freagracht, údarás agus cuntasacht na bainisteoireachta.

- Feidhmíonn an Coiste Iniúchta de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áirítear lena gcuid freagrachtaí maoirsiú an phróisis tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú an chórais rialaithe inmheánaigh agus athbhreithniú na bpróiseas iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh.
- Tá an Coiste Creidmheasa freagrach as cinntí creidmheasa a dhéanamh laistigh dá n-údarás tarmligthe. Ina measc seo tá réamhshocrú an airgid nua, leagan amach agus ceadú na dtéarmaí aisíocaíochta, cinntí bainistíochta réadmahoine agus cinntí ar ghníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair is gá. Tá an Coiste freagrach freisin as príomhtháscairí feidhmíochta, agus polasaithe agus straitéisí, a chinneadh, rudaí ar a bhféadtar feidhmíocht na punainne foriomláine a mheas.
- Tá an Coiste Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpolasaithe riosca agus an lamháltais riosca atá ceadaithe ag an mBord. Cinntíonn an Coiste Riosca go mbainistítear riosca go héifeachtach agus go héifeachtúil chun toradh foriomlán tráchtála de réir an Achta a bhaint amach. Bhunaigh an Coiste Riosca meicníochtaí tuairiscithe chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhrioscaí agus ar phríomhstraitéisí maolaithe, agus cinntíonn siad go n-oibríonn na rioscaí sin laistigh de theorainneacha ceadaithe an Bhoird. Cheadaigh an Coiste Riosca Clár Riosca ardleibhéil tosaigh ó bharr anuas i mí na Bealtaine 2010. Ina dhiaidh sin d'ullmhaigh grúpa oibre d'ionadaithe ó gach feidhm an GNBS Clár Riosca ó bhun aníos a bhí níos cuimsithí níos mionsonraithe i mí na Nollag 2010. Rinne an Coiste Riosca athbhreithniú ar an gClár Riosca agus cuireadh faoi bhráid Bhord an GNBS é. Sainaithnítear agus catagóirítear sa Chlár Riosca rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an GNBS lena gcuid cuspóirí a bhaint amach agus déantar measúnú sa chlár ar thionchar na dteagmhas éagsúil riosca ar fud na heagraíochta agus a dtimpeallachta oibre. Ar bhonn na rioscaí a shainaithnítear, comhaontaítear bearta chun na rioscaí seo a bhainistiú agus a mhaolú. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le rioscaí a bhainistiú, leantar de bheith ag obair chun ag cinntiú go mbainistítear gach riosca suntasach d'fhonn maoluithe cuimsitheacha a bheith i bhfeidhm.
- Déanann an Coiste Airgeadais & Oibriúcháin monatóireacht ar bhainistíocht airgeadais agus oibriúcháin na Gníomhaireachta agus ar thuairisciú agus bhuiséadú a mbainistíochta, lena n-áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil. Spreagann agus maoirsíonn an Coiste forbairt an chórais tuairiscithe chuimsithigh bhainisteoireachta.
- I rith na bliana, d'fhorbair an Ghníomhaireacht beartais agus nósanna imeachta i ndáil leis na príomhrioscaí atá rompu. Leanfar de bheith ag forbairt beartas agus nósanna imeachta le linn 2011.
- Lorg agus fuair an Ghníomhaireacht dearbhuithe ón GBCN (mar sholáthraí seirbhíse), ó Capita (mar mháistirsheirbhíseoir) agus ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha go ndearna siad athbhreithniú ar a gcórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Bhunaigh an Ghníomhaireacht creat tuairiscithe airgeadais, agus chuir siad faisnéis ráithiúil airgeadais agus feidhmíochta faoi bhráid an Bhoird agus an Aire Airgeadais i ndáil lena gcuid feidhmíochta.
- Ghlac Bord an GNBS leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna oiriúnú chun aird a thabhairt ar chreat sonrach rialachais an GNBS agus ar riachtanais reachtúla an Achta, agus bhunaigh siad creat Rialachais.
- Comhaontaíodh cóid chleachtais i mí Iúil 2010 leis an Aire Airgeadais de réir alt 35 den Acht, rudaí ina leagtar amach na caighdeáin lena bhfuiltear ag súil ó oifigigh na Gníomhaireachta.
- Bhunaigh an Ghníomhaireacht nósanna imeachta um sholáthar. Faoi na nósanna imeachta seo, soláthraítear seirbhísí i gcomhréir le riachtanais náisiúnta agus an AE um sholáthar.
- Cheap an GNBS Deloitte mar Iniúchóir Inmheánach i mí Lúnasa 2010. Bhunaigh an tIniúchóir Inmheánach feidhm inmheánach iniúchta, rud a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Cheadaigh an Coiste Iniúchta plean iniúchta inmheánaigh. Rinne an tIniúchóir Inmheánach roinnt iniúchtaí ar rialuithe a oibríonn an Ghníomhaireacht agus na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Thuairiscigh an tIniúchóir Inmheánach a chuid torthaí don Choiste Iniúchta agus tá a gcuid moltaí á gcur i bhfeidhm faoi láthair.
- Bhunaigh an Ghníomhaireacht nósanna seanbhunaithe imeachta le Capita agus leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha chun teagmhais, lena n-áirítear teipeanna rialaithe, a thuairisciú. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht córas níos cuimsithí um thuairisciú teagmhas a fhorbairt le linn 2011.
- I measc na nósanna imeachta do mhonatóireacht an Bhoird ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh, tá tuairisciú rialta don Bhord ag an gCoiste Iniúchta, ag an gCoiste Riosca, ag an gCoiste Creidmheasa agus ag an gCoiste Airgeadais & Oibriúcháin.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Gníomhaireachta don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2010.

**Frank Daly**
An Cathaoirleach
An Bord

**Brian McEnery**
An Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta

An 30 Meitheamh 2011

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste -Tuarascáil lena leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2010 faoi Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim, an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach, na Ráitis Chomhdhlúite agus Ráitis na Gníomhaireachta ar an Staid Airgeadais, na Ráitis Chomhdhlúite agus Ráitis na Gníomhaireachta ar Athruithe ar Chothromas, na Ráitis Chomhdhlúite agus Ráitis na Gníomhaireachta ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna), arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus na forálacha d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith riachtanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar
- chur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais..

Déanaim iarracht freisin ar fhianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart i gcomhréir leis na IFRSanna arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus na forálacha d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, maidir le staid chúrsaí an Ghrúpa agus na Gníomhaíochta amhail an 31 Nollaig 2010 agus maidir le caillteanas an Ghrúpa don tréimhse dar críoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

## Béim ar Ábhar

Tarraingím aird ar

- Nóta 2.1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ina gcuirtear síos ar an seasamh maidir leis an bpríomhfhoinse maoinithe don Ghníomhaireacht agus ina leagtar síos an bonn go bhfuil an Bord sásta go bhfuil sé iomchuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, agus
- Nóta 3.3 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, ina gcuirtear síos ar na neamhchinnteachtaí ar méid an tsreafa airgid amach anseo ó iasachtaithe agus ar a uainiú agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidh caillteanais bhearnaithe bheith faoi réir athraithe.

Níl mo thuairim cáilithe i leith na n-ábhar seo.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don tréimhse dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Chóid Chleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit de chuid na Gníomhaireachta, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**John Buckley**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 30 Meitheamh 2011

# Ráiteas comhdhlúite ioncaim

Don tréimhse ón 21 Nollaig 2009 (dáta bunaithe) go dtí an 31 Nollaig 2010

| | Nóta | €'000 |
|---|---|---|
| Ús agus ioncam dá shamhail | 5 | 525,033 |
| Ús agus costais dá shamhail | 6 | (179,007) |
| **Glanioncam úis** | | **346,026** |
| Gnóthachain agus (caillteanais) ar dhíorthaigh airgeadais | 7 | (17,004) |
| **Iomlán an ioncaim oibriúcháin** | | **329,022** |
| Costais riaracháin | 8 | (46,193) |
| Gnóthachain mhalairte eachtraí / (caillteanais) | 9 | 22,079 |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(24,114)** |
| **Brabús oibriúcháin roimh bhearnú** | | **304,908** |
| Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais | 10 | (1,484,523) |
| **Caillteanas oibriúcháin roimh cháin ioncaim** | | **(1,179,615)** |
| Cáin (costas) / creidmheas | 11 | (375) |
| **Caillteanas don tréimhse** | | **(1,179,990)** |

Thar ceann an Bhoird

**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach Feidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach

Don tréimhse ón 21 Nollaig 2009 (dáta bunaithe) go dtí an 31 Nollaig 2010

| | Nóta | €'000 |
|---|---|---|
| **Caillteanas don tréimhse** | | **(1,179,990)** |
| Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe sreafa airgid, roimh cháin | 28 | 77,554 |
| Cáin ioncaim a bhaineann le codanna d'ioncam cuimsitheach eile | 12 | - |
| **Ioncam cuimsitheach eile don tréimhse glan ó cháin** | | 77,554 |
| **Iomlán an chaillteanais chuimsithigh don tréimhse** | | **(1,102,436)** |
| **Caillteanas is inchurtha i leith:** | | |
| Úinéirí an Ghrúpa | | **(1,128,990)** |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(51,000)** |
| **Iomlán an chaillteanais chuimsithigh is inchurtha i leith:** | | |
| Úinéirí an Ghrúpa | | **(1,051,436)** |
| Leasanna neamh-urlámhais | | **(51,000)** |

Thar ceann an Bhoird

**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach Feidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo..


# Ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2010

| | Nóta | €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 13 | 836,739 |
| Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha | 14 | 349,923 |
| Díorthaigh airgeadais | 15 | 499,155 |
| Iasachtaí agus infháltais | 16 | 27,950,833 |
| Sócmhainní eile | 22 | 17,960 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **29,654,610** |
| | | |
| **Dliteanais** | | |
| Méideanna atá dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha | 14 | 142,793 |
| Díorthaigh airgeadais | 15 | 173,717 |
| Urrúis Fiachais Shinsearaigh in eisiúint | 23 | 28,650,000 |
| Dliteanais eile | 24 | 183,156 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 26 | 49,380 |
| **Iomlán na nDliteanas** | | **29,199,046** |
| | | |
| **Cothromas Scairshealbhóirí** | | |
| Cothromas eile | 27 | 1,507,000 |
| Caillteanais choinnithe | | (1,128,990) |
| Cúlchistí eile | 28 | 77,554 |
| Leasanna neamh-urlámhais i bhfochuideachtaí | 29 | - |
| **Iomlán an chothromais** | | **455,564** |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **29,654,610** |

Thar ceann an Bhoird





**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach Feidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas na gníomhaireachta ar an staid airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2010

| | Nóta | €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 13 | 95 |
| Infhaighte ó aonáin ghrúpa | 22 | 3,823 |
| Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 30 | 49,000 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **52,918** |
| | | |
| **Dliteanais** | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 26 | 49,380 |
| Dliteanais eile | 24 | 3,974 |
| **Iomlán na nDliteanas** | | **53,354** |
| | | |
| **Cothromas Scairshealbhóirí** | | |
| Caillteanais choinnithe | | (436) |
| **Iomlán an chothromais** | | **(436)** |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **52,918** |

Thar ceann an Bhoird

**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach Feidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.


# Ráiteas comhdhlúite ar na hathruithe ar chothromas

Amhail an 31 Nollaig 2010

| | Nóta | Cothrom as eile €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cúlchistí eile €'000 | Leas Neamh-Urlámhais €'000 | Iomlán an chothro mais €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag tús na tréimhse** | | - | - | - | - | - |
| Caillteanas don tréimhse | | - | (1,128,990) | - | (51,000) | (1,179,990) |
| **Ioncam cuimsitheach eile:** | | | | | | |
| Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe sreafa airgid | 28 | - | - | 77,554 | - | 77,554 |
| Cáin ioncaim a bhaineann le codanna d'ioncam cuimsitheach eile | 12 | - | - | - | - | - |
| **Iomlán an chaillteanais chuimsithigh** | | **-** | **(1,128,990)** | **77,554** | **(51,000)** | **(1,102,436)** |
| Eisiúint scairchaipitil | | - | - | - | 5,100 | 5,100 |
| Eisiúint scairphréimhe | | | | | 45,900 | 45,900 |
| Eisiúint cothromais eile | 27 | 1,507,000 | - | - | - | 1,507,000 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010 is inchurtha i leith úinéirí na máthairchuideachta** | | **1,507,000** | **(1,128,990)** | **77,554** | **-** | **455,564** |

Thar ceann an Bhoird





**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach Feidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas na gníomhaireachta ar na hathruithe ar chothromas

Amhail an 31 Nollaig 2010

| | **Iomlán an chothromais €'000** |
|---|---|
| **Ag tús na tréimhse** | – |
| Caillteanas don tréimhse | (436) |
| **Iomlán an chaillteanais chuimsithigh** | **(436)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010 is inchurtha i leith na Gníomhaireachta** | **(436)** |

Thar ceann an Bhoird

**Brendan McDonagh**
Príomhfheidhmeannach Feidhmeannach

**Frank Daly**
Cathaoirleach

An 30 Meitheamh 2011

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2010

| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **€'000** |
|---|---|
| Airgead a fuarthas ó dháta luachála go dáta aistrithe | |
| - Fáltais ó iasachtaí a fuarthas | 196,415 |
| - Fáltais ó tháillí agus dhíorthaigh a fuarthas | 22,530 |
| | |
| Fáltais ó iasachtaithe ó fháil | |
| - Fáltais ó iasachtaí a fuarthas[2] | 734,431 |
| - Fáltais ó dhíorthaigh a fuarthas | 60,351 |
| | |
| Cistí a tugadh ar airleacan d'iasachtaithe ó fháil | (240,320) |
| Sreabhadh airgid dhíorthaigh eile | 46,867 |
| Íocaíochtaí le soláthróirí seirbhísí | (49,914) |
| Costas úis ar urrúis fiachais in eisiúint | (30,127) |
| Ús bainc a fuarthas | 1,128 |
| Ús a íocadh ar airleacain ón bPríomh-Chiste | (1,066) |
| **Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **740,295** |
| | |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | **-** |
| | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | |
| Fáltais ó eisiúint scairchaipitil chuig infheisteoirí príobháideacha | 51,000 |
| Iasachtaí a fuarthas ón bPríomh-Chiste[3] | 299,000 |
| Aisíocaíocht iasachta leis an bPríomh-Chiste | (250,000) |
| **Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí maoinithe** | **100,000** |
| | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na tréimhse** | - |
| Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 740,295 |
| Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta | - |
| Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí maoinithe | 100,000 |
| Tionchair athruithe ráta malairte ar airgead agus choibhéisí airgid | (3,556) |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse** | **836,739** |

[1] Is ionann airgead a fuarthas ó dháta luachála go dáta aistrithe agus an t-airgead glan a fuarthas ar iasachtaí a ghnóthaigh an Grúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha i leith na tréimhse idir an dáta luachála iasachta agus an dáta aistrithe iasachta. Is ionann an t-airgead glan a fuarthas agus bunairgead, airgead úis agus airgead díorthach lúide airleacain cháilitheacha cheadaithe agus costas maoinithe i leith na n-iasachtaí a fuarthas. Socraítear an méid seo glan le hInstitiúidí Rannpháirteacha tar éis chríochnú an dícheall chuí ar shócmhainní a aistríodh.

[2] Áirítear leis fáltais airgid iasachta de €371m agus fáltais ó dhíol na comhthaobhachta urraithe i gcoinne iasachtaí agus infháltas de €363m.

[3] I measc na méideanna a tugadh ar airleacan, bhí €49m ón Státchiste chun 49% den scairchaipiteal sa GINBST a fháil. Is ionann an Príomh-Chiste agus an méid atá chun creidiúna Chuntas an Státchiste ag Banc Ceannais na hÉireann.

# Ráiteas na gníomhaireachta ar shreabhadh airgid

Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2010

| | €'000 |
|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | |
| Ús iasachta a fuarthas | 1,601 |
| Ús iasachta a íocadh | (1,066) |
| Táillí an Bhoird | (440) |
| **Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **95** |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | |
| Infheistíocht na gníomhaireachta sa GINBST | **(49,000)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | |
| Fáltais ó eisiúint scairchaipitil | - |
| Iasachtaí a tugadh ar airleacan ón bPríomh-Chiste | 299,000 |
| Aisíocaíocht iasachta leis an bPríomh-Chiste | (250,000) |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | **49,000** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na tréimhse** | - |
| Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 95 |
| Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta | (49,000) |
| Airgead glan a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí maoinithe | 49,000 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na tréimhse** | **95** |

# Nótaí leis na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

## Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais don tréimhse ón 21 Nollaig 2009 (dáta bunaithe) go dtí an 31 Nollaig 2010


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Eolas ginearálta | 66 |
| 2. | Beartais shuntasacha chuntasaíochta | 68 |
| 3. | Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla | 75 |
| 4. | Anailís dheighilteach | 77 |
| 5. | Ús agus ioncam dá shamhail | 78 |
| 6. | Ús agus costais dá shamhail | 78 |
| 7. | Gnóthachain agus (caillteanais) ar dhíorthaigh airgeadais | 79 |
| 8. | Costais Riaracháin | 79 |
| 9. | Gnóthachain mhalairte eachtraí / (caillteanais) | 82 |
| 10. | Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus ar infháltais | 82 |
| 11. | Costas cánach / creidmheas cánach | 83 |
| 12. | Cáin ioncaim a bhaineann le codanna d'ioncam cuimsitheach eile | 84 |
| 13. | Airgead agus coibhéisí airgid | 84 |
| 14. | Méideanna atá dlite do/ ó Institiúidí Rannpháirteacha | 85 |
| 15. | Díorthaigh airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe | 86 |
| 16. | Iasachtaí agus infháltais | 88 |
| 17. | Bainistíocht riosca | 89 |
| 18. | Riosca creidmheasa | 93 |
| 19. | Riosca leachtachta | 98 |
| 20. | Luach cothrom sócmhainní agus dliteanas airgeadais | 100 |
| 21. | Cáin iarchurtha | 102 |
| 22. | Sócmhainní eile | 102 |
| 23. | Urrúis fiachais shinsearaigh in eisiúint – Grúpa | 103 |
| 24. | Dliteanais eile | 103 |
| 25. | Dliteanais theagmhasacha | 104 |
| 26. | Iasachtaí agus Iasachtaíochtaí úsmhara - Grúpa agus Gníomhaireacht | 104 |
| 27. | Cothromas eile | 104 |
| 28. | Cúlchistí eile | 105 |
| 29. | Leasanna neamh-urlámhais i bhfochuideachtaí | 105 |
| 30. | Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais an Ghrúpa | 106 |
| 31. | Nochtaí páirtithe gaolmhara | 107 |
| 32. | Eolas forlíontach de réir Alt 54 den Acht | 109 |
| 33. | Teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe | 111 |
| 34. | Ceadú na Ráiteas Airgeadais | 111 |

# Nótaí leis na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais

## 1 Eolas ginearálta

Fógraíodh cruthú beartaithe na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('GNBS nó an Ghníomhaireacht') i mBuiséad Forlíontach an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009 agus ritheadh Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ('an tAcht') i mí na Samhna 2009.

Bunaíodh an GNBS mar chomhlacht reachtúil ar leith, lena mBord agus bPríomhfheidhmeannach féin a cheap an tAire Airgeadais, san Acht i mí na Nollag 2009.

Is é príomhchuspóir an GNBS sócmhainní a fháil i bhfoirm iasachtaí a bhaineann le maoin ó chúig institiúid chreidmheasa a d'ainmnigh an tAire Airgeadais mar Institiúidí Rannpháirteacha faoi Alt 67 den Acht. Is iad na cúig Institiúid Rannpháirteacha: Bainc-Aontas Éireann, cpt (AIB), Corparáid an Bhainc Angla-Éireannaigh Teoranta (Anglo), Banc na hÉireann (BOI), Cumann Foirgníochta an EBS (EBS) agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS).

**1.1 Grúpa na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní**

Chun críocha na gcuntas seo, is éard atá in "Grúpa an GNBS"; an máthairaonán (an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní), an Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta, Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta, Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta, Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta, Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta agus Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta. Déantar achoimre ar an nGrúpa agus an gaol atá acu le haonáin eile an GNBS i gCairt 1 ar leathanach 67.

**An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta (GINBST)**

Is é an GINBST an chuideachta trínar infheistigh infheisteoirí príobháideacha sa Ghrúpa. Tá 49% de na scaireanna sa Chuideachta i seilbh an GNBS. Tá an 51% eile de na scaireanna sa Chuideachta i seilbh infheisteoirí príobháideacha.

D'infheistigh an GNBS €49m sa GINBST, iad ag fáil 49m gnáthscair A. D'infheistigh infheisteoirí príobháideacha an €51m eile sa GINBST, gach infheisteoir acu ag fáil sciar cothrom de 51m gnáthscair B. Faoi na téarmaí de chomhaontú scairshealbhóirí idir an GNBS agus infheisteoirí príobháideacha, féadann an GNBS cinntí a rinne an GINBST a chrosadh. Mar thoradh ar an gcrosadh seo, is teoranta atá cumas na n-infheisteoirí príobháideacha chun rialú a dhéanamh ar na polasaithe airgeadais agus oibriúcháin agus tá rialú éifeachtach ar an gcuideachta ag an GNBS. De bhua an rialaithe seo, chomhdhlúthaigh an GNBS an GINBST agus a gcuid fochuideachtaí agus tuairiscítear an infheistíocht sheachtrach 51% sa GINBST mar leas neamh-urlámhais sna ráitis airgeadais seo.

**Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta ('BSNT')**

Tá an BSNT freagrach as eisiúint na n-ionstraimí fiachais Rialtas-ráthaithe, agus as eisiúint na n-ionstraimí fofhiachais, rudaí a úsáidtear mar chomaoin i leith sócmhainní iasachta a fháil ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Tá urrúis fiachais Rialtas-ráthaithe arna n-eisiúint ag an BSNT liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann ('ISE'). Aistrítear na hionstraimí fiachais Rialtas-ráthaithe agus na hionstraimí fofhiachais chuig Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta, grúpa a aistríonn ar aghaidh iad chuig Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta. Úsáideann an dara ceann na hionstraimí fiachais seo mar chomaoin do na sócmhainní iasachta a ghnóthaítear ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Tá ceithre fhochuideachta ag an BSNT.

1. *Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NAMGS Teo.)*

   Feidhmíonn an NAMGS Teo. mar chuideachta shealbhaíochta do na trí chuideachta atá acu, Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta, Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta agus Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta.


   Gnóthaíonn an NAMGS Teo. ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag an BSNT faoi chomhaontú iasachta rannpháirteachais bhrabúis (PPL) agus, ina dhiaidh sin, cuireann siad na hionstraimí fiachais seo ar fáil do Bhainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta ar théarmaí comhchosúla.

Tá an NAMGS Teo. faoi úinéireacht iomlán an BSNT.

2. *N1) Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NALM Teo.)*
   Is é cuspóir an NALM Teo. na sócmhainní iasachta a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha a ghnóthú, a shealbhú agus a bhainistiú.
3. *Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NAPM Teo.)*
   Is é cuspóir an NAPM Teo. úinéireacht dhíreach ar shócmhainní réadacha maoine a ghlacadh más gá agus nuair is gá. Níl aon mhaoin i seilbh an Ghrúpa faoi láthair.
4. *Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NAMS Teo.)*
   Tá an NAMS Teo. freagrach as riaracháin cánach agus as cuntais bhainc an Ghrúpa a oibriú. Is iad an príomhphróiseálaí sonrasc freisin.

Is ionann seoladh oifig chláraithe gach cuideachta agus Foirgneamh an Chisteáin, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2. Tá gach Cuideachta ionchorpraithe agus tá sainchónaí orthu i bPoblacht na hÉireann.

**Cairt 1 "Grúpa an GNBS**



## 2 Beartais shuntasacha chuntasaíochta

### 2.1 Bonn ullmhúcháin

*Gnóthas leantach*

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach agus tá na Stiúrthóirí sásta go leanfaidh an Grúpa mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht faoi reacht agus tá sainordú reachtúil ar leith acu. Ina dtuairim ar cé acu an bhfuil cuntasaíocht ar bhonn gnóthas leantach cuí nó nach bhfuil, thug an Bord aird ar chuspóirí Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 mar a leagtar amach ann. Is iad seo, i measc nithe eile, tabhairt faoi bhagairt thromchúiseach don gheilleagar agus faoi chobhsaíocht na n-institiúidí creidmheasa sa Stát i gcoitinne agus an gá atá le cothabháil agus cobhsú an chórais airgeadais sa Stát. Creideann an Bord go bhfuil sé réasúnta a cheapadh, mar gheall ar chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát bearta cuí chun a chinntiú go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a sainordú a chomhlíonadh.

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi réir tosca riosca, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin. Rinne an Bord athbhreithniú ar na tosca riosca seo agus ar gach eolas ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus a gCoistí athbhreithniú ar phríomhghnéithe de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach agus déanann siad athbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla a mbuntacaíonn lena straitéisí fadtéarmacha.

Tá an chuid is mó de mhaoiniú na Gníomhaireachta i bhfoirm Nótaí Rialtas-Ráthaithe Ráta Chomhlúthaigh (Nótaí).

Mar a leagtar amach i Nóta 23, eisítear na Nótaí ar gach dáta fála agus tháinig gach Nóta a eisíodh roimh an 1 Márta 2011 in aibíocht ar an 1 Márta 2011. Cheadaigh na Nótaí a eisíodh in 2010 an t-eisitheoir gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí a shocrú ar aibíocht trí Nóta nua a eisiúint ar na téarmaí céanna leis an Nóta reatha (seachas go haibíocht, rud a d'fhéadfadh bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfaí aibíocht níos giorra a bheith ag an Nóta reatha).

D'fhoráil na Nótaí freisin d'aibíocht insínte de suas le 364 lá, ag rogha an eisitheora, agus d'fhéadfaí síneadh a fheidhmiú i leith gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí.

Socraíodh gach ceann de na Nótaí a tháinig in aibíocht ar an 1 Márta 2011 trí Nótaí nua, a thiocfaidh in aibíocht ar an 1 Márta 2012 agus a d'fhéadfaí a shíneadh go suas le 364 ag rogha an eisitheora, a eisiúint.

Tar éis na tréimhse, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009, gur cheart go ndéanfaí leasú ar na téarmaí agus na coinníollacha de na Nótaí a eisíodh ar an 1 Márta 2011, agus d'aon Nótaí a eisíodh ina dhiaidh sin, chun rogha an eisitheora a shocrú trí eisiúint na Nótaí nua ar théarmaí comhchósúla a bhaint mura bhfaightear toiliú roimh ré ón nótashealbhóir, agus chun rogha an eisitheora aibíocht na Nótaí a shíneadh a bhaint. Dá bhrí sin, d'fhágfadh ceanglas chun roinnt nó gach ceann de na Nótaí a fhuascailt ar airgead go mbeadh ar an nGníomhaireacht iarraidh ar an Rialtas fuascailt airgid den sórt sin a mhaoiniú.

Tá na Nótaí i seilbh institiúidí airgeadais agus féadann siad iad a úsáid mar chomhthaobhacht chun rochtain a fháil ar scéimeanna tacaíochta leachtachta údaráis airgeadaíochta. Mar sin féin, tá na nótashealbhóirí reatha faoi réir treorach ón Aire Airgeadais agus tá na Nótaí faoi ráthaíocht an Rialtais. Mar gheall ar na himthosca seo, creideann an Bord gurb ionann a dtoimhde go mbeidh an GNBS, ar aibíocht na Nótaí, in ann a ndliteanas i leith Nótaí nua a shocrú, eisithe ar théarmaí comhchosúla, agus toimhde réasúnach.

Ar an mbonn sin, tá an Bord sásta go mbeidh rochtain ag an nGníomhaireacht ar acmhainní leordhóthanacha chun leanúint ar aghaidh lena gcuid oibríochtaí go ceann i bhfad agus go bhfuil sé iomchuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

### 2.2 Bonn Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis chomhdhlúite airgeadais an Ghrúpa don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2010 de réir na gCaighdeán Náisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna), arna nglacadh ag léirmhínithe an Aontais Eorpaigh, an Choiste Idirnáisiúnta Léirmhínithe um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), agus i gcomhréir le hAcht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Acmhainní, 2009. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo i gcomhréir leis na caighdeáin siúd de chuid an IFRS agus le léirmhínithe an IFRIC atá eisithe agus éifeachtach nó atá eisithe agus glactha amhail an dáta tuairiscithe.

### 2.3 Bonn tomhais

Ullmhaíodh na ráitis chomhdhlúite airgeadais faoi chomhghnás an chostais stairiúil, seachas d'iasachtaí agus d'infháltais agus do dhliteanais airgeadais a choinnítear ag costas amúchta, agus tomhaiseadh díorthaigh airgeadais ag luach cóir.

Cuirtear na ráitis chomhdhlúite airgeadais i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil agus láithritheach an Ghrúpa. Tá na figiúirí a léirítear sna ráitis chomhdhlúite airgeadais luaite i mílte €.

Léirítear sa ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid na hathruithe ar airgead agus ar choibhéisí airgid a d'eascair ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus ó ghníomhaíochtaí maoinithe le linn na tréimhse.

Cinntear an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tríd an modh díreach, ina nochtar cineálacha móra fáltas comhlán airgid agus íocaíochtaí comhlána, a úsáid.

Tuairiscítear sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus airgeadais ar bhonn comhlán. Braitheann sannadh sreafa airgid an Ghrúpa do chatagóirí oibriúcháin, infheistíochta agus airgeadais ar mhúnla gnó an Ghrúpa (cur chuige bainistíochta).

### 2.4 Caighdeáin, leasuithe agus léirmhínithe an IFRS atá eisithe ach nach bhfuil curtha i gcrích go fóill

Eisíodh na caighdeáin agus na léirmhínithe seo a leanas agus tá siad éigeantach do thréimhsí cuntasaíochta an Ghrúpa dar tosach an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh agus táthar ag súil go mbeidh siad ábhartha don Ghrúpa.

IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí (Leasú). Beidh leasuithe de thoradh Feabhsúcháin Bhliantúla leis na IFRSanna i mí na Bealtaine 2010 infheidhme ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh. Beidh tionchar ag na leasuithe seo ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas airgeadais agus ní bheidh aon tionchar acu ar thomhas. Níor ghlac an Grúpa le IFRS athbhreithnithe 7.

IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais - Aicmiú agus Tomhas. Beidh an caighdeán seo infheidhme ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Tá an caighdeán seo fós á fhorbairt ag an IASB. Tá an chéad chéim d'aicmiú agus thomhas críochnaithe agus beidh tionchar aici ar thomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais an Ghrúpa, go sonrach maidir le hurrúis fiachais in eisiúint a d'fhéadfaí a thomhas, ag brath ar chritéir áirithe, ag luach cóir seachas ag tomhas reatha an chostais amúchta. Táthar ag súil go gcríochnófar céimeanna 2 agus 3 faoi dheireadh 2011. Déileáiltear sna céimeanna seo le modheolaíocht bearnúcháin agus le cuntasaíocht fálaithe agus táthar ag súil go mbeidh tionchar acu ar an nGrúpa sna réimsí seo. Mar sin féin, ní féidir an tionchar cruinn a chinneadh go fóill. Níor ghlac an Grúpa go luath le IFRS 9.

IAS 1 Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais (Leasú). Beidh leasuithe de thoradh Feabhsúcháin Bhliantúla leis na IFRSanna i mí na Bealtaine 2010 infheidhme ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh. Beidh tionchar ag na leasuithe seo ar nochtadh sócmhainní agus dliteanas airgeadais agus ní bheidh aon tionchar acu ar thomhas. Ghlac an Grúpa le IAS athbhreithnithe 1 chun críocha tuairiscithe ar an 31 Nollaig 2010.

IAS 24 Nochtaí Páirtithe Gaolmhara (Leasú). Forálann an leasú seo do shainmhíniú athbhreithnithe ar pháirtithe gaolmhara agus beidh an caighdeán seo infheidhme ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh. Beidh tionchar ag an leasú seo ar nochtadh na bpáirtithe gaolmhara agus ní bheidh aon tionchar aige ar thomhas na sócmhainní agus na ndliteanas. Simplíonn an leasú an sainmhíniú atá ar pháirtí gaolmhar agus soláthraíonn sé díolúine pháirteach ó na riachtanais nochta d'aonáin a bhaineann leis an rialtas. Ghlac an Grúpa le IAS athbhreithnithe 24 agus chuir siad é seo i bhfeidhm chun críocha tuairiscithe ar an 31 Nollaig 2010. Nochtar eolas faoi na páirtithe gaolmhara i Nóta 31.

### 2.5 Bonn Comhdhlúthaithe

Is éard atá i ráitis chomhdhlúite airgeadais an ghrúpa ráitis airgeadais na máthairchuideachta (GNBS) agus a gcuid fochuideachtaí go léir. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí a bhí úsáidte chun na ráitis chomhdhlúite airgeadais a ullmhú don tréimhse ón 27 Eanáir 2010 (dáta a n-ionchorpraithe) go dtí an 31 Nollaig 2010.

Comhdhlúthaíonn an Grúpa gach aonán i gcás ina gcoinníonn siad, go díreach nó go hindíreach, formhór na gceart vótála agus i gcás ina gcineann siad a gcuid polasaithe airgeadais agus gnó, agus tá siad in ann iad a rialú d'fhonn leas a bhaint as a gcuid gníomhaíochtaí.

Tugtar cuntas in infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar chostas lúide bearnú. Tá beartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí i gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Díchuirtear idirbhearta idirghrúpa agus iarmhéideanna agus gnóthachain idir cuideachtaí grúpa. Díchuirtear caillteanais idirghrúpa freisin, mura dtugann an t-idirbheart fianaise ar bhearnú na sócmhainne aistrithe.

Tá infheistíocht 49% sa GINBST ag an nGrúpa, tá sealúchas 100% i ngach fochuideachta ag an GINBST (Feic Nóta 30).

### 2.6 Aistriú airgeadra eachtraigh

*(a) Airgeadra feidhmiúil agus láithritheach*

Tomhaistear míreanna atá san áireamh i ráitis airgeadais gach ceann d'aonáin an Ghrúpa trí úsáid a bhaint as airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí ina n-oibríonn an t-aonán ('an t-airgeadra feidhmiúil').

Tá na ráitis chomhdhlúite airgeadais curtha i láthair in euro, airgeadra láithritheach agus feidhmiúil an Ghrúpa.

*(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Aistrítear idirbhearta a dhéantar amach in airgeadra eachtrach, nó a éilíonn socrú, go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgeadaíochta a dhéantar amach in airgeadra eachtrach trí úsáid a bhaint as an ráta deiridh amhail an dáta tuairiscithe. Aistrítear míreanna neamhairgeadaíochta, a thomhaistear ag costas stairiúil agus a dhéantar amach in airgeadra eachtrach, trí úsáid a bhaint as an ráta malairte ar dháta na haitheanta tosaigh.

Aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam atá gnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí atá mar thoradh ar shocrú na n-idirbheart airgeadra eachtraigh agus atá mar thoradh ar aistriú na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadaíochta, ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse, a rinneadh in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas malairte eachtraí a aithnítear sa ráiteas ar ioncam i láthair i ngnóthachain agus caillteanais mhalairte eachtraí mar mhír líne ar leithligh sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam.

## 2 Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 2.7 Sócmhainní Airgeadais

Aicmíonn an Grúpa a gcuid sócmhainní airgeadais i gcatagóirí IAS 39, mar seo a leanas:

*(a) Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas agus;*
*(b) Iasachtaí agus infháltais.*

Cineann an Grúpa aicmiú a gcuid ionstraimí airgeadais ag aithint tosaigh.

*(a) Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas*

Is éard atá sa chatagóir seo de shócmhainní díorthaigh seachas díorthaigh atá ainmnithe agus tá siad éifeachtach mar ionstraimí fálaithe. Aithnítear na sócmhainní seo ag luach cóir ar dtús agus glactar costais idirbheart go díreach chuig an ráiteas comhdhlúite ar ioncam. Áirítear ioncam agus costas úis a eascraíonn ó na sócmhainní seo in ioncam úis agus i gcostas úis. Áirítear gnóthachain agus caillteanais luacha chóir ar na sócmhainní airgeadais seo i ngnóthachain agus caillteanais ar dhíorthaigh airgeadais sa ráiteas comhdhlúite a ioncam nó mar chuid de ghnóthachain agus chaillteanais mhalairte airgeadra nuair a bhaineann siad le díorthaigh airgeadra.

*(b) Iasachtaí agus infháltais.*

Is ionann iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní neamhdhíorthacha airgeadais le híocaíochtaí seasta nó inchinnte nach luaitear i margadh gníomhach. Déileáiltear le hiasachtaí a fuair an Grúpa mar iasachtaí agus infháltais mar gur foráladh sna conarthaí bunaithe d'íocaíochtaí seasta nó inchinnte.

D'aicmigh an Grúpa na sócmhainní iasachta a fuair siad ó Institiúidí Rannpháirteacha mar iasachtaí agus infháltais.

Aithnítear iasachtaí agus infháltais ag luach cóir ar dtús. Déileáiltear le sócmhainní iasachta a fuair an Grúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha, rud dá bhforáiltear in Acht an GNBS 2009, mar go bhfuil luach cóir acu ar aithint tosaigh, luach atá cothrom leis an bpraghas fála a íocadh as an tsócmhainn, agus ag cur san áireamh aon ghluaiseachtaí sreafa airgid in iarmhéid na hiasachta idir an dáta luachála agus an dáta aistrithe.

Ina dhiaidh sin, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta lúide bearnú trí úsáid a bhaint as modh an ráta éifeachtaigh úis.

Aicmítear iasachtaí agus infháltais mar seo a leanas:

- *Iasachtaí talún agus forbartha*
- *Iasachtaí réadmhaoine infheistíochta*

Áirítear le hiasachtaí talún agus forbartha iasachtaí ar thalamh a cheannaítear chun críocha forbartha agus iasachtaí atá urraithe ar thalamh atá forbartha go páirteach.

Is ionann iasachtaí maoine infheistíochta agus iasachtaí atá urraithe ar aon réadmhaoin a cheannaítear, go príomhúil d'fhonn í a choinneáil agus taitneamh a bhaint as an tuairisc iomlán, i.e. ioncam agus/nó luachmhéadú caipitil, thar shaolré an úis a fhaightear. Ina measc seo bheadh iasachtaí atá urraithe ar fhorbairtí réadmhaoine cónaithe atá aicmithe mar iasachtaí maoine infheistíochta.

### 2.8 Dliteanais airgeadais

Iompraíonn an Grúpa gach dliteanas airgeadais ag costas amúchta, seachas díorthaigh airgeadais, rudaí a thomhaistear ag luach cóir. Tá tuilleadh eolais ar dhliteanais dhíorthacha san áireamh i Nóta 2.14.

### 2.9 Dí-aithint sócmhainní agus dliteanas airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a scoireann na cearta conartha chun an sreabhadh airgid a fháil ó na sócmhainní seo de bheith ann nó nuair a aistrítear na sócmhainní agus nuair a aistrítear go mór gach riosca agus luach saothair úinéireacht na sócmhainní freisin. Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a fhuasclaítear iad nó nuair a mhúchtar ar shlí eile iad.

### 2.10 Ioncam úis agus costas úis

Aithnítear ioncam agus costas úis do gach ionstraim úsmhar airgeadais in ioncam úis agus costas úis sa ráiteas ioncaim trí úsáid a bhaint as modh an ráta éifeachtaigh úis ('EIR').

Is ionann modh an EIR agus modh chun costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais a ríomh agus chun ioncam úis nó costas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é an EIR an ráta a lascainíonn go díreach íocaíochtaí measta airgid nó fáltais mheasta airgid amach anseo thar shaolré ionchasach na hionstraime airgeadais le méid glan iasachta na sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais. Agus an EIR á ríomh acu, déanann an Grúpa meastachán ar shreabhadh airgid, ag cur san áireamh gach téarma conarthach na hionstraime airgeadais (mar shampla, roghanna réamhíocaíochta), ach ní chuireann siad san áireamh caillteanais chreidmheasa amach anseo seachas iad siúd atá aitheanta cheana féin i bpraghas fála na n-íocaíochtaí. Áirítear leis an ríomh costais idirbhirt agus gach táille atá íoctha nó faighte idir páirtithe sa chonradh atá mar chuid lárnach den EIR.

I gcás nach bhféadtar meastachán iontaofa a dhéanamh ar shreabhadh airgid iasachta ar aithint tosaigh, aithnítear ioncam úis ar

bhonn fáltas úis chonarthaigh go dtí go bhféadfar meastachán a dhéanamh ar shreabhadh airgid, am ag a n-aithneofar ioncam úis trí úsáid a bhaint as modh an EIR.

Chomh luath agus a leagtar anuas sócmhainn airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais den chineál céanna) mar thoradh ar chaillteanas bearnaithe, aithnítear ioncam úis trí úsáid a bhaint as an ráta bunaidh úis a úsáidtear chun sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú d'fhonn an caillteanas bearnaithe a thomhas.

Aithnítear táillí agus coimisiúin nach bhfuil mar chuid lárnach den EIR ar bhonn fabhraithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

## 2.11 Bearnú sócmhainní airgeadais

Measann an Grúpa, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, an bhfuil fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

*(a) Iasachtaí agus infháltais a iompraítear ag costas amúchta*

I dtús báire measúnaíonn an Grúpa an bhfuil fianaise oibiachtúil ina léirítear go bhfuil bearnú aonair do shócmhainní airgeadais ag a bhfuil suntasacht aonair, agus suntasacht aonair nó comhshuntasacht do shócmhainní airgeadais nach bhfuil suntasacht aonair ag baint leo. Cuirtear an measúnú ar shuntasacht aonair i gcrích i ndáil le punann iomlán iasachtaí gach féichiúnaí ag a bhfuil suntasacht aonair agus gach páirtí bhaintigh, seachas ar bhonn iasacht aonair.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn nó punann sócmhainní bearnaithe tar éis fála ag an GNBS:

- Coinníollacha idirnáisiúnta, náisiúnta, nó eacGNBSíocha áitiúla a chomhghaolaíonn le mainneachtain ar na sócmhainní sa ghrúpa (e.g. laghdú ar phraghsanna réadmhaoine sa réimse ábhartha nó athruithe díobhálacha ar choinníollacha tionscail a théann i bhfeidhm ar an bhféichiúnaí)
- Sonraí inbhraite ina léirítear go bhfuil laghdú intomhaiste ar luach measta an tsreafa airgid amach anseo ó phunann sócmhainní ó aithint tosaigh na sócmhainní seo
- Athruithe díobhálacha ar ionchais maidir leis an méid gur dóigh go réadófar ó dhiúscairt na comhthaobhachta a bhaineann leis an iasacht nó leis an bpunann iasachta.
- Athruithe díobhálacha ar ionchais maidir le huainiú an tsreafa airgid amach anseo a eascraíonn ó dhiúscairtí comhthaobhachta
- Athruithe díobhálacha ar stádas íocaíochta an fhéichiúnaí (e.g. méadú ar líon na n-íocaíochtaí moillithe)
- Géarbhroid shuntasach eile airgid ar thaobh an fhéichiúnaí ó fháil
- Sáruithe conarthacha eile, cosúil le mainneachtain nó le faillí ar ús nó ar phríomhíocaíochtaí
- Nuair a éiríonn sé níos dóchúla go dtitfidh an féichiúnaí i bhféimheacht nó go rachaidh sé isteach in aon atheagrú eile airgeadais

*Suntasacht aonair*

Chun críocha an mheasúnaithe ar shuntasacht aonair, tomhaistear an méid caillteanais mar dhifríocht idir luach tugtha anonn na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid amach anseo (lena n-áirítear caillteanais chreidmheasa amach anseo nár tabhaíodh), lascainithe ag ráta bunaidh éifeachtach úis na sócmhainne airgeadais (IER) (i.e. ráta éifeachtach úis atá ríofa ag aithint tosaigh). Laghdaítear luach tugtha anonn na sócmhainne trí úsáid a bhaint as cuntas liúntas. Aithnítear luach an chaillteanais bhearnaithe sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam.

*Comh-mheasúnú*

I gcás nár críochnaíodh athbhreithniú ar phlean gnó an fhéichiúnaí, measúnaítear iasachtaí i dteannta a chéile chun measúnú bearnaithe a fheidhmiú. Tá an measúnú seo bunaithe ar eispéireas an mheasúnaithe mhionsonraithe bearnaithe a dhéantar i ndáil le hiasachtaí dá bhfuil athbhreithniú déanta ar phlean gnó an fhéichiúnaí.

Más rud é, i dtréimhse ina dhiaidh sin, go laghdaíonn an caillteanas bearnaithe agus go bhféadtar an laghdú a bhaint go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis aithint an bhearnaithe (cosúil le feabhas ar chumas an fhéichiúnaí na méideanna dlite a íoc), aisiompaítear an caillteanas bearnaithe a bhí aitheanta roimhe sin tríd an gcuntas liúntas a choigeartú. Aithnítear luach an aisiompaithe sa ráiteas ioncaim.

Sa chás nach bhfuil aon chosúlacht eile go n-aisghabhfar luach tugtha anonn na hiasachta, nó cuid de, díscríobhtar an méid nach bhfuil in-aisghabhála i gcoinne an liúntais ghaolmhair do bhearnú féichiúnaí. Díscríobhtar sócmhainní airgeadais den sórt sin tar éis gach nós imeachta a chríochnú agus tar éis méid an chaillteanais a chinneadh.

## 2.12 Bearnú sócmhainní neamhairgeadais

Athbhreithnítear luach tugtha anonn sócmhainní neamhairgeadais an Ghrúpa ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu atá aon fhianaise ar bhearnú nó nach bhfuil. Sa chás go bhfuil aon fhianaise den sórt sin, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne agus a luach in úsáid nó a luach cóir, cibé ceann atá níos mó, lúide costais díola.

Nuair atá luach in úsáid á mheas, lascainítear sreabhadh measta airgid amach anseo i gcoinne a luacha reatha trí úsáid a bhaint as ráta lascaine a léiríonn measúnú margaidh reatha ar amluach an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn. Aithnítear caillteanas bearnaithe i mbrabús nó i gcaillteanas más rud é go bhfuil an méid iompair níos mó ná an méid in-aisghabhála.

## 2 Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 2.13 Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead airgead tirim agus taiscí prapéilimh.

Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach.

### 2.14 Díorthaigh airgeadais agus cuntasaíocht fálaithe

Úsáidtear díorthaigh, amhail babhtálacha ráta úis, babhtálacha trasairgeadra agus babhtálacha malairte eachtraí, chun críocha fálaithe mar chuid de straitéis bhainistíochta riosca an Ghrúpa. Ina theannta sin, fuair an Grúpa, ag luach cóir, díorthaigh áirithe a bhaineann leis na hiasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Ní théann an Grúpa isteach i ndíorthaigh chun críocha trádála dílsithe.

Is é beartas an Ghrúpa a nochtadh i leith airgeadra eachtraigh a fhálú trí úsáid a bhaint as díorthaigh airgeadra. Fálaítear riosca ráta úis a eisíonn an Grúpa trí úsáid a bhaint as babhtálacha ráta úis. Fálaítear babhtálacha ráta úis a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha trí mheán babhtálacha ráta úis atá cothrom agus urchomhaireach.

Mínítear díorthaigh ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas nó, sa chás go bhfuil siad ainmnithe mar ionstraimí fálaithe, trí úsáid a bhaint as forálacha cuntasaíochta fálaithe IAS 39.

*Díorthaigh ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas*

Aithnítear díorthaigh ar dtús de réir an luacha chóir trí bhrabús nó trí chaillteanas ar an dáta a théitear istach sa chonradh díorthach nó ar an dáta a fuarthas conradh díorthach, agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir a luacha chóir.

Cinntear luach cóir na ndíorthach trí theicníc um marcáil ón margadh a úsáid, rud atá bunaithe ar luachálacha neamhspleácha a fhaightear trí úsáid a bhaint as ionchur margaidh inbhraite amhail cuar toraidh Euribor agus Libor, par-ús agus rátaí malairte eachtraí.

Áirítear leis na boinn tuisceana a bhaineann leis na teicnící luachála seo dóchúlacht agus tráthúlacht ionchasach sreafa airgid na hionstraime amach anseo. Rialaíonn téarmaí na hionstraime an sreabhadh airgid seo go ginearálta, cé go bhfuil breithiúnas bainisteoireachta ag teastáil nuair atá cumas an chontrapháirtí an ionstraim a sheirbhísiú i gcomhréir leis na téarmaí conartha in amhras.

Iompraítear díorthaigh mar shócmhainní nuair atá an luach cóir dearfach agus mar dhliteanais nuair atá an luach cóir diúltach.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar bhabhtálacha airgeadra i mbrabús nó i gcaillteanas mar chuid de ghnóthachain agus chaillteanais mhalairte eachtraí.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais luacha chóir ar na díorthaigh seo sa ráiteas ioncaim. Mar sin féin, sa chás go bhfuil siad sainithe mar ionstraimí fálaithe, braitheann ionramháil ghnóthachain agus chaillteanais an luacha chóir ar nádúr an chaidrimh fálaithe.

*Díorthaigh atá sainaithe i gcaidrimh fálaithe*

Sainíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar fháluithe sreafa airgid atá an-dóchúil, inchurtha i leith sócmhainn nó dliteanas aitheanta, nó i leith idirbheart réamh-mheasta (fáluithe sreafa airgid).

Tráth thús an ghaoil fálaithe, cuireann an Grúpa an gaol idir an ionstraim fálaithe agus an mhír fálaithe i gcuntas, mar aon lena gcuspóirí bainistíochta riosca agus a straitéis i leith tabhairt faoi idirbhearta éagsúla fálaithe. Ina theannta sin, tráth thús an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, cuireann an Grúpa i gcuntas cibé acu an an-éifeachtach nó nach an-éifeachtach an ionstraim fálaithe a úsáidtear i ngaol fálaithe i dtaca le hathruithe ar shreabhadh airgid na míre fálaithe a fhritháireamh.

*Fálú sreafa airgid*

The Aithnítear in ioncam cuimsitheach eile an chuid éifeachtach d'athruithe ar luach cóir na ndíorthach atá sainithe agus a cháilíonn mar fháluithe sreafa airgid agus áirítear sa chúlchiste fálaithe sreafa airgid iad, rud a áirítear i gcothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann leis an gcuid neamhéifeachtach láithreach sa ráiteas comhdhlúite ioncaim.

Athaicmítear méideanna a charntar i gcothromas go dtí an ráiteas ioncaim sna tréimhsí nuair a théann an mhír fhálaithe i bhfeidhm ar bhrabús nó chaillteanas. Áirítear i nglanioncam úis méideanna a athaicmítear go brabús nó caillteanas ó chothromas.

Nuair a éagann ionstraim fálaithe nó nuair a dhíoltar í, nó nuair nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, fanann aon ghnóthachan carnach nó aon chaillteanas carnach, a bhí i gcothromas ag an am sin, i gcothromas agus aithnítear sa ráiteas ioncaim é nuair a tharlaíonn an t-idirbheart atá tuartha. Nuair nach bhfuiltear ag súil a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamh-mheasta, athaicmítear an gnóthachan nó an caillteanas carnach a tuairiscíodh i gcothromas chuig an ráiteas ioncai

### 2.15 Cánachas

Cuimsíonn cáin ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid is go mbaineann sí le míreanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile. Ina leithéid de chás, aithnítear í in ioncam cuimsitheach eile.

*(a) Cáin ioncaim reatha*

Is ionann cáin ioncaim reatha agus an méid ionchasach cánach atá iníoctha ar an ioncam incháinithe don bhliain, trí úsáid a bhaint as rátaí cánach a bhí achtaithe nó achtaithe go suntasach ag an dáta tuairiscithe agus as aon choigeartú ar cháin a bhí iníoctha i mblianta roimhe sin.

Aithnítear cáin ioncaim reatha is iníoctha ar bhrabúis, bunaithe ar an dlí is infheidhme i ngach dlínse chánach, mar chostas sa tréimhse ina n-eascraíonn na brabúis.

Aithnítear mar shócmhainn na héifeachtaí cánach atá ag caillteanais chánach ioncaim atá ar fáil chun tabhairt ar aghaidh nuair is dóigh go mbeidh brabúis incháinithe amach anseo ar fáil a bhféadfar na caillteanais seo a úsáid ina gcoinne.

Ní fhritháiríonn an Grúpa sócmhainní cánach ioncaim reatha ná dliteanais chánach ioncaim reatha.

*(b) Cáin ioncaim iarchurtha*

Soláthraítear cáin ioncaim iarchurtha ina hiomláine, trí úsáid a bhaint as an modh dliteanais, ar dhifríochtaí sealadacha a eascraíonn idir boinn chánach na sócmhainní agus na ndliteanas agus a gcuid méideanna iompair sna ráitis chomhdhlúite airgeadais. Cinntear cáin ioncaim iarchurtha trí úsáid a bhaint as rátaí cánach (agus dlíthe cánach) a bhí achtaithe nó achtaithe go suntasach faoi dháta an ráitis ar an staid airgeadais agus a bhfuiltear ag súil go mbeidh feidhm acu nuair a réadófar sócmhainn ghaolmhar na cánach ioncaim iarchurtha nó nuair a shocrófar dliteanas na cánach ioncaim iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cánach ioncaim iarchurtha nuair is dóigh go mbeidh brabúis incháinithe amach anseo ar fáil a bhféadfar na difríochtaí sealadacha seo a úsáid ina gcoinne.

Aithnítear cáin ioncaim iarchurtha a bhaineann le fáluithe sreafa airgid in ioncam cuimsitheach eile agus, ina dhiaidh sin, sa ráiteas comhdhlúite ioncaim in éineacht leis an ngnóthachan agus caillteanas iarchurtha.

**2.16 Forálacha le haghaidh dliteanas agus muirear agus sócmhainní teagmhasacha agus dliteanas teagmhasach**

*Forálacha*

Aithnítear forálacha le haghaidh éilimh dhlíthiúla sa chás go bhfuil oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe mar thoradh ar eachtraí a tharla roimhe; tá sé níos dóchúla ná a mhalairt go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú; agus féadtar an méid sin a mheas go hiontaofa. Ní aithníonn an Grúpa aon fhorálacha le haghaidh caillteanais oibriúcháin amach anseo.

*Dliteanais theagmhasacha*

Ní aithníonn an Grúpa dliteanais theagmhasacha ach nochtar iad mura bhfuil dóchúlacht chianda go dtarlóidh siad.

*Sócmhainní teagmhasacha*

Ní aithníonn an Grúpa sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad sa chás gur dóigh go mbeidh insreabhadh leasanna eacGNBSíocha. Más rud é go n-éiríonn réadú an ioncaim beagnach cinnte, aithnítear an tsócmhainn lena mbaineann.

Measúnaítear sócmhainní teagmhasacha agus dliteanais theagmhasacha go leanúnach chun a chinntiú go léirítear go cuí iad sna ráitis airgeadais.

**2.17 Méideanna atá dlite do/ó Institiúidí Rannpháirteacha**

Aicmítear méideanna dlite do/ó Institiúidí Rannpháirteacha mar seo a leanas:

(a) Coigeartuithe luachála díchill chuí
(b) Cogeartuithe ó dháta luachála go dáta aistrithe
(c) Coigeartuithe Alt 88, Alt 93, Alt 98

*(a) Coigeartuithe luachála díchill chuí*

Aithnítear aon choigeartuithe a eascraíonn ar chríochnú an díchill chuí ar shócmhainní atá aistrithe sa ráiteas ar an staid airgeadais ar dtús mar choigeartú ar luach iompair na sócmhainní atá faighte agus mar mhéideanna atá dlite do/nó Institiúidí Rannpháirteacha. Socraítear coigeartuithe díchill chuí i bhfoirm airgid nó trí eisiúint nó fhuascailt na n-urrús fiachais rialtas-ráthaithe.

*(b) Cogeartuithe ó dháta luachála go dáta aistrithe*

Baineann coigeartuithe ó dháta luachála go dáta aistrithe le glanaistrithe a tharla ar nochtaí iasachtaí idir dáta luachála na sócmhainní iasachta agus an dáta a aistríodh na hiasachtaí chuig an nGrúpa. Socraítear méid ar bith atá dlite d'Institiúid Rannpháirteach nó uaithi i bhfoirm airgid nó trí eisiúint nó fhuascailt na n-urrús fiachais rialtas-ráthaithe.

*(c) Coigeartuithe Alt 88, Alt 93, agus Alt 98*

Baineann coigeartuithe faoi Alt 88 d'Acht an GNBS le hearráidí soiléire nó le heasnaimh shoiléire i sceideal fála.

Tagann coigeartuithe faoi Alt 93 d'Acht an GNBS chun cinn nuair a ró-íocann an Grúpa as sócmhainn. Más rud é go bhfaigheann Institiúid Rannpháirteach méid mar mhalairt ar shócmhainní iasachta a fuarthas ón nGrúpa, méid atá níos mó ná atá dlite don Institiúid Rannpháirteach faoin Acht, nó más rud é go bhfaigheann sí méid ar bith eile nach bhfuil sí ina theideal, tá sé d'oibleagáid ar an Institiúid Rannpháirteach méid ar bith ró-íocaíochta móide ús fabhraithe, de réir mar a chinneann an Grúpa, a aisíoc leis an nGrúpa.

## 2 Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

### 2.18 Conarthaí ráthaíochta airgeadais a fuarthas

Is ionann conarthaí ráthaíochta airgeadais agus conarthaí ina n-éilítear ar an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an sealbhóir i leith aon chaillteanais a thabhaíonn sé cionn is go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite, i gcomhréir le téarmaí na hionstraime fiachais. Tugtar ráthaíochtaí airgeadais den sórt sin do bhainc, d'institiúidí airgeadais agus do chomhlachtaí eile ar son na gcustaiméirí chun iasachtaí, rótharraingtí agus áiseanna eile baincéireachta a urrú.

Ar dtús aithnítear ráthaíochtaí sna ráitis airgeadais ag luach cóir ar an dáta a fuarthas an ráthaíocht. Tar éis aitheantas tosaigh, tomhaistear dliteanais an Ghrúpa, atá faoi ráthaíochtaí den sórt sin, ag an méid is airde idir an méid tosaigh, lúide amúchadh táillí a aithnítear de réir IAS 18, agus an meastachán is fearr ar an méid is gá chun ráthaíocht den sórt sin a shocrú. Cinntear na meastacháin seo bunaithe ar thaithí ar idirbhearta den chineál céanna agus ar stair caillteanas san am atá caite, forlíonta ag breithiúnas na bainisteoireachta. Aithnítear an t-ioncam táille atá tuillte ar bhonn líne dhíreach thar shaolré na ráthaíochta. Tuairiscítear aon mhéadú ar an dliteanas a bhaineann le ráthaíochtaí sa ráiteas comhdhlúite ioncaim le costais eile oibriúcháin.

### 2.19 Ionstraimí fiachais agus cothromais

Aicmítear ionstraimí fiachais agus cothromais mar dhliteanais nó mar chothromas i gcomhréir le substaint théarmaí conarthacha na n-ionstraimí. Aicmítear ionstraimí nach bhfuil oibleagáid chonartha orthu airgead nó aon sócmhainn eile airgeadais a sholáthar d'aonán eile mar chothromas agus cuirtear i láthair i scairchaipiteal iad. Aithnítear na híocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí seo go díreach i gcothromas. Is éard atá sna fobhannaí a eisíonn an Grúpa cúpón lánroghnach agus níl aon oibleagáid orthu airgead a sholáthar. Dá bhrí sin, aicmítear mar ionstraimí cothromais iad.

Aicmítear urrúis shinsearacha fiachais a eisíonn an Grúpa mar ionstraimí fiachais cionn is go n-iompraíonn na hurrúis cúpón seasta atá bunaithe ar Euribor agus tá an íocaíocht cúpóin neamhroghnach.

Ar dtús tomhaistear urrúis fiachais in eisiúint ag luach cóir ach tomhaistear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta éifeachtaigh úis. Is ionann luach tosaigh an fhiachais shinsearaigh a eisíodh agus 95% de chostas fála na n-iasachtaí a aistríodh ó gach Institiúid Rannpháirteach. Is ionann luach tosaigh na bhfobhannaí agus 5% de chostas fála na n-iasachtaí a aistríodh.

### 2.20 Cothromas eile

Cuimsíonn sé seo na fobhannaí a chomhlíonann an sainmhíniú atá ar ionstraim chothromais. Léirítear íocaíochtaí cúpóin ar na hionstraimí seo go díreach i gcothromas nuair a dhearbhaítear iad.

### 2.21 Tuairisciú deighilteach

Tuairiscítear deighleoga oibriúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear don phríomhchinnteoir oibriúcháin. Is é an príomhchinnteoir oibriúcháin an duine nó an grúpa a leithdháileann acmhainní agus a dhéanann measúnú ar dheighleoga oibriúcháin an aonáin. Chinn an Grúpa go mbeadh Bord an GNBS agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS mar phríomhchinnteoir oibriúcháin.

### 2.22 Leasanna neamh-urlámhais i bhfochuideachtaí

Is éard atá i leasanna neamh-urlámhais i bhfochuideachtaí gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach inchurtha go díreach nó go hindíreach leis an máthairchuideachta. Maidir leis an ngrúpa, is ionann é seo agus infheistíocht na n-infheisteoirí i ngnáth-scairchaipiteal an GINBST.

Faoi na téarmaí de chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus infheisteoirí príobháideacha, féadann an GNBS cinntí arna ndéanamh ag an GINBST a chrosadh.

Faoi chomhaontú na scairshealbhóirí, tá an toradh uasta a íocfar leis na hinfheisteoirí príobháideacha mar dhíbhinn teoranta do Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann agus cuirtear i bhfeidhm é ar dháta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, tá toradh uasta infheistíochta na n-infheisteoirí príobháideacha caidhpeáilte faoi Airteagail Chomhlachais an GINBST.

Srianann cumas an GNBS cinntí arna ndéanamh ag an GINBST a chrosadh cumas na n-infheisteoirí príobháideacha rialú a dhéanamh ar bheartais airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa agus, mar thoradh air sin, tá rialú éifeachtach ag an GNBS ar an GINBST agus ar fhochuideachtaí sa Ghrúpa, agus ar thart ar gach ceann de thairbhí agus rioscaí geilleagracha an Ghrúpa. Cé go bhfuil infheisteoirí príobháideacha faoi réir an riosca go bhféadfadh an GNBS caillteanais a thabhú agus nach n-aisghabhfaí luach iomlán a gcuid infheistíochta, níl ceanglas orthu aon chaipiteal eile a chur leis an GINBST.

Leithdháiltear brabúis a d'fhéadfadh teacht chun cinn in aon tréimhse ar an leas neamh-urlámhais, i gcomhréir leis an toradh uasta infheistíochta a d'fhéadfaí íoc leis na hinfheisteoirí príobháideachta. Leithdháiltear caillteanais a thagann chun cinn in aon tréimhse ar an leas neamh-urlámhais, suas le luach an leasa neamh-urlámhais sa Ghrúpa amháin, mar go nglacann an GNBS le thart ar gach ceann de thairbhí agus rioscaí geilleagracha an Ghrúpa.

## 3 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir leis an IFRS go n-úsáidtear na meastacháin agus na toimhdí a théann i bhfeidhm ar méideanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na gcostas, agus go nochtar sócmhainní teagmhasacha agus dliteanais theagmhasacha. Measúnaítear meastacháin agus breithiúnais go leanúnach agus tá siad bunaithe ar eispéireas stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca. Ós rud é go mbaineann breithiúnas na bainisteoireachta le meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht na n-imeachtaí amach anseo, d'fhéadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil ó na meastacháin sin, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar méideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas amach anseo.

Creideann an bhainisteoireacht go bhfuil na toimhdí bunúsacha a úsáidtear cuí agus go léirítear go cothrom an staid airgeadais agus na torthaí airgeadais i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Cuirtear síos ar réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó ar réimsí ina bhfuil toimhdí agus meastacháin tábhachtach do na ráitis chomhdhlúite airgeadais, mar seo a leanas:

### 3.1 Luach cóir iasachtaí agus infháltas ag fáil

Éilítear in IAS 39 go n-aithnítear gach sócmhainn airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí agus infháltais, ag luach cóir margaidh ar dtús agus luaitear ann gurb ionann an fhianaise is fearr ar luach cóir agus praghas an idirbhirt nó an praghas fála. Creideann an GNBS nach raibh aon mhargadh gníomhach, ag an am fála, don chineál sócmhainní a fuair siad, agus tá siad sásta gur tomhas cuí luacha chóir é praghas an idirbhirt.

Mar a thuairiscítear i mbeartas cuntasaíochta 2.7 Sócmhainní Airgeadais, aithnítear iasachtaí atá faighte ag an GNBS ag a gcostas fála ar dtús, de réir mar atá coigeartaithe le haghaidh gluaiseachtaí ar leith san iarmhéid iasachta idir an dáta luachála iasachta agus an dáta fála. Cinneadh an praghas fála d'iasachtaí a bhí faighte ag an GNBS trí mhodheolaíocht um Luacháil EacGNBSíoch Fhadtéarmach (LTEV) a úsáid, mar a leagtar amach in Acht an GNBS agus sna rialacháin lena mbaineann.

D'úsáid an mhodheolaíocht seo múnla luachála comhthaobhacht-bhunaithe, rud lena raibh réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid a bhaineann le réadmhaoin agus ar réadú na comhthaobhachta réadmhaoine i gceist. Is ionann bonn luachála do gach comhthaobhacht réadmhaoine agus luach na réadmhaoine bunúsaí ag an 30 Samhain 2009, ach ceadaítear san Acht d'ardú ar luach eacGNBSíoch fadtéarmach na comhthaobhachta réadmhaoine, chun go léireofar an luach a d'fhéadfadh an tsócmhainn a bhaint amach i gcóras cobhsaí airgeadais nuair atá maolú tagtha ar na coinníollacha géarchéime a bhí i réim ag am rite an Achta. Is iad na príomh-ionchuir leis an múnla an luacháil neamhspleách réadmhaoine agus an measúnú ar shreabhadh airgid, lascainithe chun luach reatha na sócmhainne a chinneadh.

### 3.2 Iasachtaí 'bulcaistrithe' agus infháltais 'bhulcaistrithe'

Tuairiscítear i Nóta 2.7 ar bheartas cuntasaíochta d'iasachtaí agus d'infháltais.

Aistríodh iasachtaí agus infháltais dar parluach €33 billiún agus costas fála €14 billiún chuig an nGrúpa tar éis an 30 Meán Fómhair 2010 ach roimh an dáta tuairiscithe, faoin bpróiseas brostaithe dá bhforáiltear in Ionstraim Reachtúil (S.I.). 504 de 2010 agus S.I. 505 de 2010 (dá ngairtear sócmhainní 'bulcaistrithe'). Fuarthas na sócmhainní seo gan dícheall cuí iomlán ag an am fála.

I gcomhréir leis na rialacháin atá in S.I. 504 de 2010, rinne an GNBS luacháil tosaigh ar luach eacGNBSíoch fadtéarmach na sócmhainní seo agus ar luach eacGNBSíoch fadtéarmach chomhthaobhachta réadmhaoine na sócmhainní gaolmhara. Agus é sin á dhéanamh acu, thug siad aird

- ar an gcineál iasachtaí nó ar aicmiú na n-iasachtaí a bhí i gceist leis agus, go háirithe, ar an gcineál comhthaobhachta bunúsaí agus ar shuíomh na comhthaobhachta bunúsaí
- ar a gcuid taithí i ndáil le luachálacha a rinneadh cheana féin maidir le hiasachtaí a fuarthas ón institiúid ar leith nó ó institiúidí eile, agus
- ar leibhéal na lascainí ó luach leabhar arna ionadú ag luach fála shócmhainní incháilithe an bhainc a fuarthas roimhe sin ón institiúid sin.

Cinneadh na lascainí a feidhmíodh le parluach na n-iasachtaí trí thagairt do mhaitrís de lascainí a díorthaíodh ón taithí a bhí ag an GNBS ar luacháil iasachtaí le gach ceann de na cúig Institiúid Rannpháirteacha thar Thráinsí 1 agus 2 (rud lena raibh dícheall cuí iomlán i gceist) i roinnt dlínsí (Éire, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe) agus i ndáil leis na cineálacha réadmhaoine seo a leanas:

- Forbairt neamhiomlán (<30%)
- Forbairt neamhiomlán (>30%)
- Réadmhaoin infheistíochta (il-ligean)
- Réadmhaoin infheistíochta (ligean singil)
- Réadmhaoin il-aonaid chónaithe
- Réadmhaoin aonuaire chónaithe
- Talamh neamhfhorbartha
- Óstáin

Feidhmíodh lascaine iasachta 100% i gcásanna inar chuir an Institiúid Rannpháirteach in iúl nach raibh na hiasachtaí urraithe i gceart.

## 3 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla (ar lean)

Tá an Grúpa ag déanamh athbhreithniú mionsonraithe díchill chuí faoi láthair ar gach iasacht a aistríodh, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe sa chuid deiridh de 2011. Tá an bhainisteoireacht den tuairim gurb ionann an méid a íocadh as sócmhainní iasachta bulcaistrithe agus meastachán réasúnta ar luach fála agus ní réamh-mheasann siad go mbeidh luach éagsúil ar chríochnú phróiseas an díchill chuí. Tá tuilleadh eolais faoi nádúr agus méideanna iompair na n-iasachtaí aistrithe seo san áireamh i Nóta 14, Méideanna dlite do/ó Institiúidí Rannpháirteacha agus i Nóta 16 Iasachtaí agus infháltais. Níor eascair aon tionchair ar bhrabús ná ar chaillteanas ó chríochnú an díchill chuí.

### 3.3 Bearnú iasachtaí agus infháltas agus díorthaigh ghaolmhara a fuarthas

Is é beartas an Ghrúpa athbhreithniú a dhéanamh ar a bpunann iasachtaí agus infháltas i leith bearnaithe gach bliain ar a laghad. Agus iad ag cinneadh cé acu ba cheart go dtaifeadfaí caillteanas bearnaithe sa ráiteas comhdhlúite ioncaim ag an dáta tuairiscithe nó nár cheart, déanann an Grúpa breithiúnais maidir le cé acu atá aon fhaisnéis inbhraite a léiríonn fianaise ar bhearnú ar dóigh dó bheith ina chúis le laghdú intomhaiste ar uainithe agus méideanna an tsreafa measta airgid amach anseo nó nach bhfuil. Leagtar amach i mbeartas cuntasaíochta 2.11 beartas an Ghrúpa i leith bearnaithe.

*Measúnaítear sócmhainní ina n-aonar nó cuirtear i ngrúpaí agus measúnaítear le chéile iad.*

Cuimsíonn na féichiúnaithe a measúnaítear ina n-aonar go príomha na féichiúnaithe a fuarthas i dtráinsí 1 agus 2, rud a sheasann d'iasachtaí agus dhíorthaigh ghaolmhara dar luach iompair €13.3 billiún. Níor measúnaíodh féichiúnaithe i dtráinsí ina dhiaidh sin, rud a sheas d'iasachtaí agus dhíorthaigh ghaolmhara dar luach iompair €16.4 billiún, ag deireadh na bliana. Is é seo an cás toisc go raibh dícheall cuí i ndáil leis na féichiúnaithe seo neamhchríochnaithe agus nár cuireadh tús leis an bpróiseas um rannpháirtíocht féichiúnaí. Áirítear féichiúnaithe den sórt sin sa comh-mheasúnú chun críoch an bheartaithe.

*Féichiúnaithe a measúnaítear ina n-aonar*

Tá an measúnú bearnaithe bunaithe ar réamh-mheastacháin sreafa airgid a d'ullmhaigh an bhainisteoireacht do gach ceann de na féichiúnaithe a measúnaítear ina n-aonar.

D'ullmhaigh an bhainisteoireacht réamh-mheastacháin sreafa airgid le linn an phróisis rannpháirtíochta um plean gnó an fhéichiúnaí. Mar chuid den phróiseas seo thug an bhainisteoireacht aird ar na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid a bhí leagtha amach i bplean gnó an fhéichiúnaí agus a measadh tríd an bpróiseas Athbhreithnithe Neamhspleách Gnó.

Rinne an bhainisteoireacht nuashonrú ar na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid i leith fheidhmíocht an fhéichiúnaí ó rinneadh athbhreithniú ar phlean gnó an fhéichiúnaí, agus i leith forbairtí eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shreabhadh airgid amach anseo.

I líon beag de chásanna nár críochnaíodh plean gnó an fhéichiúnaí iontu, réamh-mheas an bhainisteoireacht sreabhadh airgid don fhéichiúnaí ar bhonn fheidhmíocht níos dóchúla na n-iasachtaí bunúsacha agus na comhthaobhachta gaolmhaire.

Baineann réamh-mheastachán ar shreabhadh airgid le breithiúnas agus meastachán suntasach ag an mbainisteoireacht, rud lena mbaineann toimhdí maidir le coinníollacha áitiúla eacGNBSíocha, le feidhmíocht trádála an fhéichiúnaí agus le luach na comhthaobhachta réadmhaoine bunúsaí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an sreabhadh iarbhír airgid, agus uainiú an tsreafa iarbhír airgid, bheith go suntasach difriúil ón sreabhadh réamh-mheasta airgid a d'ullmhaigh an bhainisteoireacht chun méid an tsoláthair bhearnaithe a chinneadh d'fhéichiúnaithe ag a bhfuil suntasacht ina n-aonar.

Déanann an bhainisteoireacht athbhreithniú go rialta ar na toimhdí a úsáidtear chun méid agus uainiú an tsreafa airgid amach anseo a réamh-mheas d'fhéichiúnaithe aonair agus déantar nuashonrú ar réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid.

*Féichiúnaithe a mheasúnaítear i dteannta a chéile*

Meastar féichiúnaithe, nach measúnaítear ina n-aonar, i dteannta a chéile chun measúnú bearnaithe ("comh-measúnú") a fheidhmiú. Ríomhtar an comh-mheasúnú seo trí thaithí bhearnaithe na bhféichiúnaithe ag a bhfuil suntasacht ina n-aonar a ghlacadh. Cuirtear an meánráta bearnaithe, d'fhéichiúnaithe ag a bhfuil suntasacht ina n-aonar, i bhfeidhm leis na hiasachtaí a mheasúnaítear i dteannta a chéile, coigeartaithe do bhearnaithe asluiteacha ar leith, rudaí nach mbeidh ábhartha leis na féichiúnaithe siúd a mheasúnaítear i dteannta a chéile, is dócha.

Réamh-mheasann an bhainisteoireacht méid aon tsoláthair bhearnaithe i bhfianaise an leibhéil bhearnaithe a bhí sa chuid a meastar ina haonar den phunann iasachta. Agus é sin á dhéanamh acu, is í an phríomhthoimhde go mbeidh an leibhéal bearnaithe sa dá chuid den phunann cosúil le chéile. Sa chás go bhfuil feidhmíocht na sócmhainní a meastar ina n-aonar éagsúil ón méid lena rabhthas ag súil nó sa chás go bhfuil feidhmíocht na bhféichiúnaithe a mheastar i dteannta a chéile ó fheidhmíocht na bhféichiúnaithe a meastar ina n-aonar, bheadh tionchar aige seo ar leibhéal an tsoláthair bhearnaithe chomhchoitinn.

### 3.4 Aithint ioncaim ar iasachtaí agus infháltais

Leagtar amach i mbeartas cuntasaíochta 2.10 beartas cuntasaíochta d'aithint an ioncaim úis d'iasachtaí agus d'infháltais. Fuair an Grúpa an phunann iasachta ag lascaine shuntasach ar Pharluach na n-iasachtaí, rud a léirigh caillteanais iasachta a tabhaíodh cheana féin ar na hiasachtaí roimh fháil ag an GNBS. Glacadh leis gurbh ionann ráta úis éifeachtaigh na punainne seo agus an ráta lascaine a chothromaigh luach reatha an tsreafa airgid ar glacadh leis sa mhúnla luachála fála iasachta.

Leag an Grúpa amach sreabhadh réamh-mheasta airgid thar shaol ionchais a gcuid iasachtaí agus déantar nuashonrú ar na réamh-mheastacháin seo de réir mar a thagann tuilleadh eolais ar imthosca gach féichiúnaí chun cinn. Agus na réamh-mheastacháin seo á ndéanamh acu, bhain an Grúpa úsáid as toimhdí ar uainiú agus méid an tsreafa airgid. Bheadh tionchar ag aon athruithe ar na toimhdí seo ar ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais iompartha ag costas amúchta mar a nochtar i nóta 5.

## 4 Anailís dheighilteach

Déanann an Grúpa tuairisciú deighilteach i gcomhréir le IFRS 8, 'Deighleoga oibriúcháin'.

Tuairiscítear deighleoga oibriúcháin i gcomhréir leis an tuairisciú inmheánach a sholáthraítear do Bhord an GNBS agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS (an príomhchinnteoir oibriúcháin).

Chinn an Grúpa nach bhfuil ach deighleog amháin acu a oibríonn ar bhonn domhanda, is é sin an gnóthas bainistíochta punainne sócmhainní a oibríonn an Grúpa. Is éard atá i gceist le príomhghníomhaíocht an chomhlachta fáil na n-iasachtaí incháilithe ó Institiúidí Rannpháirteacha, déileáil go gasta leis na hiasachtaí a fuarthas agus cosaint, nó feabhsú ar shlí eile, luach na n-iasachtaí sin.

Tá an t-eolas soláthraithe faoin deighleog bunaithe ar an tuarascáil ráithiúil airgeadais, rud a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bord an GNBS athbhreithniú air.

**Torthaí deighilteacha oibriúcháin**

Is ionann an t-eolas deighilteach a sholáthraítear do Bhord an GNBS agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS maidir leis an deighleog intuairiscithe agus an t-eolas sa ráiteas comhdhlúite ioncaim agus sa ráiteas comhdhlúite ar an staid airgeadais, agus ní chuirtear an t-eolas seo i láthair sna Nótaí. Léirítear sa tábla thíos an anailís gheografach ar ioncam seachtrach, ar shócmhainní seachtracha agus ar dhliteanais sheachtracha. Leithdháiltear ioncam ar gach deighleog de réir shuíomh na comhthaobhachta i ngach earnáil gheografach. Léirítear an anailís do shócmhainní agus dhliteanais lasmuigh den Ghrúpa san anailís agus ní léirítear an anailís do shócmhainní agus dhliteanais idirghrúpa.

### Anailís gheografach

**Grúpa**

| | Éire €'000 | An Ríocht Aontaithe lena n-áirítear Tuaisceart Éireann €'000 | An Chuid Eile den Domhan €'000 | Bearnú Iasachta €'000 | 2010 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam comhlán reatha seachtrach | 307,220 | 186,341 | 31,472 | - | **525,033** |
| **Sócmhainní seachtracha** | | | | | |
| Iasachtaí agus infháltais roimh bhearnú | 17,955,567 | 9,419,314 | 2,060,475 | - | **29,435,356** |
| Bearnú iasachtaí agus infháltas | - | - | - | (1,484,523) | **(1,484,523)** |
| Sócmhainní seachtracha eile | 1,324,024 | 355,965 | 23,353 | - | **1,703,342** |
| **Iomlán na Sócmhainní** | **19,279,591** | **9,775,279** | **2,083,828** | **(1,484,523)** | **29,654,175** |
| Dliteanais sheachtracha | 29,034,306 | 154,720 | 9,493 | - | 29,198,519 |
| **Iomlán na nDliteanas** | **29,034,306** | **154,720** | **9,493** | **-** | **29,198,519** |

Cuirtear ioncam agus sócmhainní i leith tíortha de réir shuíomh na comhthaobhachta.

Ní sholáthraítear bearnú iasachtaí agus infháltas de réir earnáil gheografach toisc go ndéantar measúnú bearnaithe ag leibhéal féichiúnaí agus toisc go mbeidh comhthaobhacht suite ar fud na n-earnálacha éagsúla geografacha ag féichiúnaithe aonair.

Áirítear le formhór na ndliteanas seachtrach Urrúis Fiachais Shinsearaigh atá in eisiúint, rudaí a eisítear in Euro ar stocmhalartán na hÉireann agus, dá bhrí sin, tuairiscítear iad mar chuid de dheighleog gheografach na hÉireann.

Níor díorthaíodh aon ioncam ó idirbhearta le custaiméir seachtrach amháin a bhí cothrom le 10% nó níos mó d'ioncam an Ghrúpa.

## 5 Ús agus ioncam dá shamhail

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---:|
| Ús ar iasachtaí agus infháltais | 447,860 |
| Ús ar airgead agus ar iarmhéideanna le bainc | 1,850 |
| Ús ar dhíorthaigh airgeadais | 75,323 |
| **Iomlán an ioncaim úis** | **525,033** |

| Gníomhaireacht | 2010<br>€'000 |
|---|---:|
| Ús ar iasachtaí | 1,601 |
| **Iomlán an ioncaim úis** | **1,601** |

Is tuillte atá gach ioncam úis a aithnítear. Aithnítear ioncam úis ar iasachtaí agus infháltais i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.10. Nochtar tuilleadh eolais sna meastacháin chuntasaíochta criticiúla, nóta 3.4.

Baineann ioncam úis ar dhíorthaigh airgeadais le hús a ghnóthaítear ar dhíorthaigh a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha.

## 6 Ús agus costais dá shamhail

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---:|
| Ús ar urrúis fiachais in eisiúint | 98,833 |
| Ús ar iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 1,445 |
| Ús ar dhíorthaigh sa chás go bhfuil cuntasaíocht fálaithe curtha i bhfeidhm | 43,492 |
| Ús ar dhíorthaigh eile airgeadais | 35,237 |
| **Iomlán na gcostas úis** | **179,007** |

| Gníomhaireacht | 2010<br>€'000 |
|---|---:|
| Ús iníoctha ar airleacain ón bPríomh-Chiste | 1,445 |
| **Iomlán na gcostas úis** | **1,445** |

## 7 Gnóthachain agus (caillteanais) ar dhíorthaigh airgeadais

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Gnóthachan luacha chóir ar dhíorthaigh a fuarthas | 30,479 |
| (Caillteanas) luacha chóir ar dhíorthaigh eile | (47,483) |
| **Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas luacha chóir ar dhíorthaigh** | **(17,004)** |

Is éard atá i ngnóthachan luacha chóir ar dhíorthaigh a fuarthas gnóthachain luacha chóir ar dhíorthaigh a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí gaolmhar leis na hiasachtaí a fuarthas. Is éard atá i gcaillteanais luacha chóir ar dhíorthaigh eile caillteanas ar bhabhtálacha ráta úis a ndeachaigh an Grúpa isteach iontu le linn na tréimhse.

Sainíodh roinnt de na díorthaigh seo a ndeachaigh an GNBS isteach iontu i gcaidrimh fálaithe ina dhiaidh sin. Cuimsíonn an caillteanas de €47.4m caillteanas luacha chóir i ndáil leis na díorthaigh seo de €30.4m, tomhaiste ag dáta a sainithe i gcaidreamh fálaithe.

Ní raibh aon díorthaigh ag an nGníomhaireacht agus, dá bhrí sin, ní raibh gnóthachain agus caillteanais luacha chóir ar dhíorthaigh acu.

## 8 Costais riaracháin

| Grúpa | Nóta | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais inaisíoctha leis an GBCN | 8.1 | 14,965 |
| Táillí máistirsheirbhíseora agus príomhsheirbhíseora | 8.2 | 14,813 |
| Táillí comhairleora agus comhairliúcháin airgeadais | 8.3 | 5,014 |
| Táillí bainistíochta punann | 8.4 | 5,087 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 8.5 | 703 |
| Táillí dlí | 8.6 | 3,311 |
| Táillí cánach | 8.6 | 463 |
| Táillí Bhord agus Choiste an GNBS | 8.7 | 589 |
| Luach saothair iniúchóirí seachtracha | | 530 |
| Costais eile riaracháin | | 718 |
| **Iomlán na gcostas riaracháin** | | **46,193** |
| | | |
| Costais díchill chuí a tabhaíodh ar fhálacha iasachta | 8.8 | 29,605 |
| **Iomlán na gcostas** | | **75,798** |

| Gníomhaireacht | Nóta | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais inaisíoctha leis an GBCN | 8.1 | 14,965 |
| Táillí Bhord agus Choiste an GNBS | 8.7 | 589 |
| Costais eile | | 187 |
| **Iomlán na gcostas riaracháin** | | **15,741** |

## 8 Costais riaracháin (ar lean)

### 8.1 Costais inaisíoctha leis an GBCN

Faoi Alt 42 (4) d'Acht an GNBS 2009, tá ceanglas ar an GNBS na costais a thabhaigh an GNBS, mar gheall ar bhaill foirne a shannadh agus seirbhísí a chur ar fáil don GNBS, a aisíoc leis an GBCN. Gearrtar na costais a thabhaíonn an GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht), agus aisíocann an Grúpa leis an nGníomhaireacht.

Leagtar amach sa tábla a leanas na costais a aisíocadh leis an GBCN:

| Costais inaisíoctha leis an GBCN | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Costais foirne | 10,329 |
| Cíos | 1,386 |
| Seirbhísí oifige | 1,467 |
| Árachas, teileachumarsáid, postas agus stáiseanóireacht | 200 |
| Costais oibriúcháin an TF | 473 |
| Costais taistil agus ghnó | 276 |
| Comhairleacht a d'íoc an GBCN thar ceann an GNBS | 457 |
| • Comhairle dlí agus cánach ar bhunú an Ghrúpa | 240 |
| • Modheolaíocht luachála iasachta agus costais bhunaithe mhúnla | 137 |
| • TF agus costais eile | |
| **Iomlán** | **14,965** |

*Costais foirne*

Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa. Tá gach pearsanra fostaithe ag an GBCN agus athghearrann an Grúpa costais tuarastail na mball foirne atá ag obair go lánaimseartha le gnó an GNBS ar an GBCN. B'ionann líon fostaithe an GBCN, a bhí ag obair go díreach leis an ngrúpa ('Oifigigh an GNBS'), ag an dáta tuairiscithe agus 104 agus b'ionann an costas iomlán tuarastail, lena n-áirítear costais phinsin, agus €9.2m. Ina theannta sin, cuireann an GBCN seirbhísí comhroinnte ar fáil don GNBS, lena n-áirítear an TF, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. B'ionann costas fhostaithe an GBCN (Oifigigh nach bhfuil fostaithe ag an GNBS) a bhí ag cur na seirbhísí seo ar fáil don GNBS le linn 2010 agus €1.1m. Is baill de Scéim Pinsin Sochair Shainithe an GBCN fostaithe an GBCN atá i mbun ghnó an GNBS (Oifigigh an GNBS) agus déanann an GBCN ranníocaíochtaí leis an scéim ar son na bhfostaithe seo. Athghearrtar costas na ranníocaíochtaí pinsin seo ar an GNBS.

Áirítear i gcostais foirne tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin mar a mhionsonraítear thíos:

| Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | 2010<br>€ |
|---|---|
| Tuarastal | 430,000 |
| Sochair incháinithe (Árachas Gluaisteáin & Sláinte) | 23,036 |
| Bónas a bhaineann le feidhmíocht | - |
| | **453,036** |

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin thar na teidlíochtaí caighdeáin i scéim aoisliúntais samhla sochar sainithe na hearnála poiblí.

Is é an tAire Airgeadais, tar éis comhairliúcháin leis an gCoiste Comhairleach, a chinneann luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Agus iad ag tabhairt comhairle ar luach saothair, cuireann tuairimí Choiste Luach Saothair an GBCN Coiste Comhairleach an GBCN ar an eolas. Tá Cathaoirleach na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ina bhall de Choiste Luach Saothair an GBCN d'fhonn plé a dhéanamh ar shaincheisteanna i ndáil le baill foirne a shanntar don GNBS.

Tá luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochair incháinithe agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht suas go 60% den tuarastal bliantúil. Bronnadh íocaíocht feidhmíochta ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin do 2010, ach i bhfianaise na ndúshlán geilleagrach atá roimh an tír, tarscaoileadh an íocaíocht seo.

### 8.2 Táillí máistirsheirbhíseora agus príomhsheirbhíseora

Is éard atá i dtáillí Máistirsheirbhíseora agus Príomhsheirbhíseora táillí a íoctar leis an Máistirsheirbhíseoir ('Capita') agus táillí a íoctar le gach Institiúid Rannpháirteach, na Príomhsheirbhíseoirí, as na sócmhainní incháilithe bainc a sheirbhísiú. Cuireann Capita Asset Management seirbhísí leabharchoimeádta agus bainistíochta sonraí ar fáil don Ghrúpa. Riarann na hInstitiúidí Rannpháirteacha na hiasachtaí agus na hinfháltais a tionscnaíodh laistigh de gach Institiúid Rannpháirteach. Leagtar amach i Nóta 31, Páirtithe Gaolmhara, na méideanna atá iníoctha le gach Institiúid Rannpháirteach. B'ionann na táillí a íocadh agus a fabhraíodh leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha agus €12.8m, rud is ionann agus 6 bhonnphointe iarmhéideanna ainmniúla na n-iasachtaí a tugadh. B'ionann táillí Capita agus €2.0m in 2010.

**8.3 Táillí comhairleora agus comhairleachta airgeadais**

Áirítear i dtáillí comhairleora agus comhairleachta airgeadais táillí a íocadh as comhairle ar na próisis chuntasaíochta, airgeadais agus ghnó thar an tréimhse ón dáta ionchorpraithe go dtí an dáta tuairiscithe. Fuair an Grúpa baill foirne ar iasacht ó chomhairleacht sheachtrach airgeadais agus ó chomhairleoirí seachtracha airgeadais chun cuidiú le bunú tosaigh na n-aonad gnó (go dtí gur earcaigh an GBCN Oifigigh an GNBS) agus le forbairt agus feidhmiú na bpróiseas agus na bpolasaithe.

**8.4 Táillí bainistíochta punann**

Baineann táillí bainistíochta punann le táillí a tabhaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó féichiúnaithe.

**8.5 Táillí iniúchta inmheánaigh**

Bhain an Grúpa úsáid as seirbhísí an ghnólachta iniúchta sheachtraigh (Deloitte) chun feidhmiú mar iniúchóir inmheánach don Ghrúpa. Baineann táillí a tabhaíodh go dtí seo leis an iniúchadh ar phróisis ghnó ag na hiniúchóirí inmheánacha agus leis an tuairisciú ar na torthaí ó iniúchtaí inmheánacha a rinneadh.

**8.6 Táillí Dlí agus Cánach**

Is éard atá i dtáillí dlí agus cánach táillí a íocadh le gnólachtaí seirbhíse gairmiúla maidir le comhairle dlí agus cánach agus le hiasacht na mball foirne le haghaidh dícheall cuí dlí.

**8.7 Táillí Bhord agus Choiste an GNBS**

| **Táillí an Bhoird** | **2010 €** |
|---|---|
| Frank Daly (Cathaoirleach) | 159,116 |
| Michael Connolly | 146,374 |
| Eilish Finan | 58,408 |
| Brian McEnery | 58,408 |
| Steven Seelig | 35,753 |
| William Soffe | 57,641 |
| Peter Stewart | 57,641 |
| | **573,341** |

| **Táillí an Choiste** | **2010 €** |
|---|---|
| **An Coiste Comhairleach Pleanála** | |
| Alice Charles | 1,000 |
| Gavin Daly | 2,000 |
| Michael Wall | 5,000 |
| | |
| **Coiste Comhairleach Thuaisceart Éireann[1]** | |
| Frank Cushnahan | 4,000 |
| Brian McEnery | 4,000 |
| | 16,000 |
| **Iomlán Tháillí an Bhoird agus an Choiste** | **589,341** |

Ní fhaigheann John Corrigan (Príomhfheidhmeannach an GBCN) ná Brendan McDonagh (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GNBS) aon luach saothair mar bhaill de bhrí oifige den Bhord.

*Costais*

Le linn 2010, aisíocadh nó íocadh méid iomlán de €36,246 i gcostais i ndáil le baill Choiste agus Bhord an GNBS :

| | **Costais Taistil €** | **Cóiríocht & Cothú €** | **Eile €** | **Iomlán €** |
|---|---|---|---|---|
| Frank Daly(Cathaoirleach) | 44 | - | 287 | 331 |
| Steven Seelig[2] | 34,288 | 1,627 | - | 35,915 |
| | **34,332** | **1,627** | **287** | **36,246** |

[1] Íocadh in 2011, i ndáil le 2010

[2] Tá an tUasal Seelig ina chónaí sna Stáit Aontaithe. Baineann costais le costais taistil agus chóiríochta ar bhonn aisghabhála costais chun freastal ar chruinnithe i mBaile Átha Cliath.

## 8 Costais riaracháin (ar lean)

### 8.8 Costais díchill chuí

Is ionann costais díchill chuí agus costais a thabhaigh an Grúpa ar phunann na n-iasachtaí a fháil ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Cuireann an múnla luachála iasachta, a úsáideann an Grúpa chun na hiasachtaí a fháil, costais díchill chuí san áireamh mar laghdú ó luach fála na n-iasachtaí. Meastar gur costais idirbhirt iad costais an díchill chuí a thabhaigh an Grúpa agus áirítear iad i gcostas fála na n-iasachtaí agus na n-infháltas. Ina theannta sin, rinneadh soláthar de €30.3 milliún (Nóta 24) i ndáil le costais an díchill chuí ar na hiasachtaí siúd nach raibh dícheall cuí críochnaithe dóibh ag deireadh 2010. Taispeántar sa tábla thíos costais iarbhír an díchill chuí a tabhaíodh ag an dáta tuairiscithe.

Déantar anailís ar chostais díchill chuí mar seo a leanas;

| | 2010 €'000 |
|---|---|
| Dícheall cuí dlí | 7,062 |
| Costais luachála iasachta | 9,295 |
| Dícheall cuí réadmhaoine | 4,419 |
| Iniúchadh | 8,829 |
| **Iomlán** | **29,605** |

### 8.9 Léas

Le linn 2010, chuaigh an Ghníomhaireacht isteach i léas le haghaidh a gcuid áitreabh oifige ar feadh tréimhse deich mbliana ag cíos bliantúil de €810,845. Cuireadh tús le híocaíochtaí i ndáil leis an léas seo in 2011 tar éis tréimhse saor ó chíos.

## 9 Gnóthachain mhalairte eachtraí / (caillteanais)

| Grúpa | 2010 €'000 |
|---|---|
| (Caillteanais) mhalairte eachtraí ar iasachtaí agus infháltais | (72,107) |
| Gnóthachain mhalairte eachtraí ar dhíorthaigh airgeadais | 89,693 |
| Gnóthachain eile mhalairte eachtraí | 4,493 |
| | **22,079** |

Eascraíonn caillteanais mhalairte eachtraí ar iasachtaí agus infháltais ó athluacháil na n-iasachtaí agus na n-infháltas a bhí déanta amach in airgeadra eachtrach ón dáta fála go dtí an dáta tuairiscithe. Aithnítear méideanna aistrithe airgeadra eachtraigh i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.6.

Tar éis aistriú na sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, chuaigh an Grúpa isteach in idirbhearta airgeadra chun a neamhchosaint i leith luaineachtaí ráta malairte, a eascraíonn ar iasachtaí agus infháltais a bhí déanta amach in airgeadra eachtrach a fuarthas, a laghdú. Aithnítear gnóthachain ar dhíorthaigh mhalairte eachtraí ag gluaiseacht luacha chóir na ndíorthach airgeadra ó tionscnaíodh an díorthach. Mínítear díorthaigh airgeadra níos mine i Nóta 15.

Baineann gnóthachain eile mhalairte eachtraí le haistriú na n-iarmhéideanna a bhí déanta amach in airgeadra eachrach ag an dáta tuairiscithe.

## 10 Muirir bhearnaithe ar iasachtaí agus infháltais

| Grúpa | 2010 €'000 |
|---|---|
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | - |
| Méadú ar bhearnú sa tréimhse | 1,484,523 |
| Méideanna a díscríobhadh mar dhobhriste le linn na tréimhse | - |
| **Iarmhéid ag deireadh na tréimhse** | **1,484,523** |
| | |
| Anailísithe mar: | |
| Sainbhearnú | 718,577 |
| Comhbhearnú | 765,946 |

Tá tuilleadh eolais ar bhearnú na n-iasachtaí agus na n-infháltas san áireamh i Nóta 3.3, Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta Criticiúla agus i Nóta 18, Riosca Creidmheasa.

## 11 Costas cánach / (creidmheas cánach)

| Grúpa | 2010 €'000 |
|---|---|
| **Cáin reatha** | |
| Cáin chorparáide na hÉireann | (375) |
| Cáin choigríche | - |
| **Total** | (375) |
| | |
| **Cáin iarchurtha** | |
| Tionscnamh agus aisiompú difríochtaí sealadacha | (19,389) |
| Caillteanais chánach ar fáil le haghaidh fritháirimh | 19,389 |
| **Creidmheas cánach / (muirear)** | - |

Eascraíonn an muirear cánach ar na brabúis a thuilleann an GINBST. Íocadh méid iomlán de €0.34m leis na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse, rud b'ionann agus 12.5% de na brabúis a d'eascair sa GINBST. Níor eascair aon chaillteanais eile chánach in aon aonán eile de chuid Ghrúpa an GNBS agus tá an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó cháin ioncaim, cháin chorparáide agus cháin ghnóthachan caipitil na hÉireann.

Is ionann an ráta cánach corparáide atá infheidhme maidir leis an gcuid is mó d'ioncam an Ghrúpa agus 25%. Is ionann an ráta cánach corparáide atá infheidhme maidir leis an gcuid is mó d'ioncam na bhfochuideachtaí agus 12.5% nó 25%. B'ionann an ráta éifeachtach cánach corparáide do 2010 agus 0%.

Níl aon dliteanais theagmhasacha ná sócmhainní teagmhasacha a bhaineann le cáin, de réir IAS 37, Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha, ag an nGrúpa ná ag an nGníomhaireacht. Ní eascraíonn aon tionchair shuntasacha ó athruithe ar rátaí cánach ná ar dhlíthe cánach tar éis na tréimhse tuairiscithe.

## 12 Cáin ioncaim a bhaineann le codanna d'ioncam cuimsitheach eile

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Gluaiseacht i gcúlchiste fálaithe sreafa airgid, roimh cháin | 77,554 |
| (Costas) cánach iarchurtha/sochar | (19,389) |
| Caillteanais chánach ar fáil le haghaidh fritháirimh | 19,389 |
| **Cúlchiste fálaithe sreafa airgid glan ó cháin** | **77,554** |

Is ionann an ghluaiseacht i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid agus difríocht shealadach idir bonn cánach na ndíorthach i gcás inar cuireadh cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm agus a luach cóir sna ráitis airgeadais. Tá caillteanais chánach ar fáil ag an ngrúpa chun aon oibleagáid chánach a eascraíonn a fhritháireamh.

## 13 Airgead agus coibhéisí airgid

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann | 709,950 |
| Iarmhéideanna le bainc eile | 66,377 |
| Taiscí téarma | 60,412 |
| **Iomlán an airgid agus na gcoibhéisí airgid** | **836,739** |

| Gníomhaireacht | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Iarmhéideanna le Banc Ceannais na hÉireann | 95 |
| **Iomlán an airgid agus na gcoibhéisí airgid** | **95** |

Is éard atá in iarmhéideanna le bainc eile iarmhéideanna le Citibank agus leis an AIB. Oibríonn na hInstitiúidí Rannpháirteacha na cuntais seo mar chuntais reatha. Is é an NAMS Teo. úinéir dlíthiúil na gcuntas seo agus is é an NALM Teo. an t-úinéir tairbhiúil.

## 14 Méideanna atá dlite do / ó Institiúidí Rannpháirteacha

| Grúpa | Nóta | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| *Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha:* | | |
| Coigeartú luachála díchill chuí | 14.1 | 113,482 |
| Socrú ó dháta luachála go dáta aistrithe | 14.2 | 209,788 |
| Coigeartuithe faoi Alt 88 d'Acht an GNBS | 14.3 | 6,302 |
| Coigeartuithe faoi Alt 93 d'Acht an GNBS | 14.3 | 20,351 |
| **Iomlán** | | **349,923** |
| | | |
| *Méideanna atá dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha:* | | |
| Coigeartú luachála díchill chuí | 14.1 | (72,265) |
| Socrú ó dháta luachála go dáta aistrithe | 14.2 | (19,601) |
| Coigeartuithe faoi Alt 98 d'Acht an GNBS | 14.3 | (50,927) |
| **Iomlán** | | **(142,793)** |
| | | |
| Méid Glan Reatha atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha: | | **207,130** |
| Méid Glan Neamhreatha atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha: | | - |

**14.1 Coigeartú luachála díchill chuí**

Is ionann coigeartú luachála díchill chuí agus coigeartú ar luach fála bunaidh na sócmhainne, tar éis chríochnú an díchill chuí.

Mar a thuairiscítear i Nóta 3.2, aistríodh €14bn d'iasachtaí agus infháltais 'bhulcaistrithe' chuig an nGrúpa gan próiseas iomlán an díchill chuí a bheith críochnaithe. Íocadh comaoin, i bhfoirm fiachas sinsearach agus fofhiachais, le hInstitiúidí Rannpháirteacha as bulcaistrithe iasachta. Ag an dáta tuairiscithe, bhí dícheall cuí críochnaithe ar €2.4bn de na sócmhainní seo.

Ní raibh dícheall cuí críochnaithe go hiomlán ag an dáta tuairiscithe ar an iarmhéid atá fágtha de €11.6bn.

**14.2 Socrú ó dháta luachála go dáta aistrithe**

Cuimsíonn méid an tsocraithe ó dháta luachála go dáta aistrithe na gluaiseachtaí glana a tharla ar na hiasachtaí a fuair an GNBS sa tréimhse idir an dáta luachála iasachta agus an dáta fála. Leagann an GNBS an dáta luachála iasachta síos do gach tráinse de na sócmhainní iasachta a fuarthas. Is éard atá sa ghluaiseacht bunairgead, airgead úis agus airgead díorthach lúide réamhshocruithe cáilitheacha faofa agus costas maoinithe i leith na n-iasachtaí a fuarthas. Socraítear méid ar bith atá dlite d'Institiúid Rannpháirteach nó uaithi i bhfoirm airgid nó trí eisiúint nó fhuascailt na n-urrús fiachais shinsearaigh rialtas-ráthaithe.

Áirítear freisin i gcoigeartú an tsocraithe ó dháta luachála go dáta aistrithe, i méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha, méid de €17.3m maidir le sócmhainní a fuair an Grúpa a measadh a bheith neamh-incháilithe le haghaidh aistrithe chuig an nGrúpa. Tabharfar na sócmhainní seo ar ais d'Institiúidí Rannpháirteacha.

**14.3 Coigeartuithe faoi Ailt 88, 93 agus 98 d'Acht an GNBS**

Foráiltear in Acht an GNBS faoi Alt 88, Alt 93 agus Alt 98 do choigeartú an luacha fála iasachta tar éis á fála sa chás go raibh earráid sa phróiseas fála nó sa luach fála curtha i leith iasachta. Aithnítear coigeartuithe faoi na hailt seo i gcomhréir le beartas cuntasaíochta 2.17.

Déanfar socrú ar éilimh Alt 88, 93 nó 98 trí airgead nó trí laghdú / mhéadú ar eisiúintí urrús fiachais rialtas-ráthaithe atá cothrom leis an méid a ró-íocadh / gearríocadh leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

## 15 Díorthaigh airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe

Mar chuid de phróiseas fála na n-iasachtaí ó Institiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt díorthach a raibh baint acu le hiasachtaí bunúsacha.

Ina theannta sin, téann an Grúpa isteach i gconarthaí díorthacha chun a nochtadh i leith riosca ráta úis agus riosca malairte eachtraí a fhálú.

Bhunaigh an Grúpa beartais, lena n-áirítear beartais fálaithe, chun na rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le díorthaigh a bhainistiú, rudaí a mhínítear i Nótaí 17 agus 18.

Ní gá go seasann méideanna barúlacha de chineálacha áirithe ionstraime airgeadais do mhéideanna an tsreafa airgid amach anseo atá i gceist, nó do luach cóir reatha na n-ionstraimí agus, mar sin de, ní thugann siad léargas maith ar nochtadh an Ghrúpa i leith rioscaí creidmheasa nó margaidh. Éiríonn díorthaigh fabhrach (sócmhainní) nó neamhfhabhrach (dliteanais) mar thoradh ar luaineachtaí ar rátaí úis mhargaidh nó ar rátaí malairte eachtraí i gcoibhneas a dtéarmaí. Féadfaidh méid comhiomlán conarthach nó méid barúlach de dhíorthaigh airgeadais ag an láimh, cé chomh fabhrach nó neamhfhabhrach is atá ionstraimí, agus, dá bhrí sin, luach cóir comhiomlán na sócmhainní díorthacha airgeadais agus na ndliteanas díorthach airgeadais, luainiú go suntasach thar am.

Is ionann babhtálacha rátaí airgeadra agus úis agus gealltanais chun sraith amháin sreafa airgid a mhalartú ar shraith eile. Tá babhtálacha ina gcúis le malairt eacGNBSíoch airgeadraí nó rátaí úis (mar shampla, ráta seasta le ráta comhlúthach) nó meascán díobh seo go léir (e.g. babhtálacha ráta úis trasairgeadra). Is ionann riosca creidmheasa an Ghrúpa agus an costas féideartha ar na conarthaí babhtála a athsholáthar sa chás go dteipeann ar chontrapháirtí a chuid oibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh. Déantar monatóireacht ar an riosca seo ar bhonn leanúnach le tagairt don luach cóir reatha.

Is comhaontuithe conarthacha iad roghanna ráta úis agus malairte eachtraí, rudaí faoina ndeonaíonn an díoltóir (scríbhneoir) an ceannaitheoir (sealbhóir) an ceart, ach ní an oibleagáid, méid sonrach d'airgeadra eachtrach nó d'ionstraim airgeadais a cheannach (céadrogha ar cheannach) nó a dhíol (céadrogha ar dhíol) ar phraghas réamhshocraithe ag dáta socraithe nó faoi dháta socraithe le linn tréimhse shocraithe. Faigheann an díoltóir préimh ón gceannaitheoir i gcomaoin don ghlacadh le riosca malairte eachtraí nó le riosca ráta úis. Tá an Grúpa nochta i leith riosca creidmheasa maidir le roghanna a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha amháin, agus gan ach sa mhéid go bhfuil méid iompair acu.

Leagtar amach thíos luachanna córa na ndíorthach airgeadais atá sealbhaithe agus na méideanna barúlacha atá orthu.

| **Luach cóir na ndíorthach airgeadais<br>Grúpa<br>Amhail an 31 Nollaig 2010** | **Méid barúlach<br>€'000** | **Sócmhainní<br>€'000** | **(Dliteanais)<br>€'000** |
|---|---|---|---|
| (a) Díorthaigh ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas | | | |
| Díorthaigh airgeadais a fuarthas | 10,126,785 | 283,888 | (47,987) |
| Díorthaigh eile airgeadais | 2,460,310 | 97 | (16,830) |
| Díorthaigh airgeadra eachtraigh | 10,284,776 | 162,896 | (103,761) |
| **Iomlán** | **22,871,871** | **446,881** | **(168,578)** |
| (b) Díorthaigh airgeadais atá sainithe i gcaidrimh fálaithe | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 13,300,000 | 52,274 | (5,139) |
| **Iomlán na sócmhainní díorthacha / (iomlán na ndliteanas díorthach)** | **36,171,871** | **499,155** | **(173,717)** |

*(a) Díorthaigh airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas*

Baineann díorthaigh airgeadais a fuarthas leis an luach cóir ar dhíorthaigh a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí gaolmhar leis na hiasachtaí a fuarthas. B'ionann luach cóir na ndíorthach seo ag fáil agus €206m agus b'ionann gluaiseacht luacha chóir ar na díorthaigh seo sa tréimhse agus gnóthachan de €30m. (Feic nóta 7)

Baineann díorthaigh eile airgeadais a fuarthas leis an luach cóir ar dhíorthaigh a ndeachaigh an Grúpa isteach iontu chun díorthaigh airgeadais a fuarthas a fhálú. Níor sainíodh na díorthaigh seo i gcaidrimh fálaithe.

Tar éis aistriú na sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha, agus ós rud é go n-íocann an GNBS as na hiasachtaí seo le bannaí atá déanta amach in Euro, chuaigh an GNBS isteach i ndíorthaigh airgeadra eachtraigh chun a neamhchosaint i leith luaineacht ráta malairte, a eascraíonn ar iasachtaí agus infháltais déanta amach in airgeadra eachtrach a fuarthas, a laghdú.

*(b) Díorthaigh airgeadais atá sainithe i gcaidrimh fálaithe*

Chuaigh an Grúpa isteach i gconarthaí babhtála ráta úis chun a nochtadh i leith inathraitheacht sreafa airgid, a eascraíonn ó riosca ráta úis i bpunann a n-urrús fiachais, a fhálú. Sainíodh na babhtálacha seo go foirmiúil i gcaidrimh fálaithe le linn na tréimhse, nuair ab ionann luach cóir na ndíorthach seo agus €30.4m (diúltach). Aithníodh an méid seo mar chaillteanas luacha chóir ar dhíorthaigh airgeadais sa ráiteas ioncaim (Nóta 7). Aithnítear an gnóthachan ina dhiaidh sin ar fháluithe sreafa airgid de €77.5m ó shainiú i gcúlchiste fálaithe an tsreafa airgid in ioncam cuimsitheach eile.

Ní raibh aon díorthaigh i seilbh na Gníomhaireachta ag an dáta tuairiscithe.

Léirítear sa tábla thíos na tréimhsí ina bhfuiltear ag súil a) go dtarlóidh an sreabhadh fálaithe airgid agus b) go bhfabhrófar an sreabhadh fálaithe airgid i mbrabús agus i gcaillteanas.

| **Grúpa**<br>**Amhail an 31 Nollaig 2010** | **0-6 mhí**<br>**€'000** | **6 mhí-1 bhliain**<br>**€'000** | **1-5 bliana**<br>**€'000** | **Thar 5 bliana**<br>**€'000** | **Iomlán**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| a) Ag súil go dtarlóidh siad | 75,411 | 84,147 | 713,669 | 120,065 | **993,292** |
| b) Ag súil go bhfabhrófar iad | 81,235 | 91,327 | 670,560 | 99,896 | **943,018** |

Léirítear sa tábla a) na tréimhsí ina bhfuiltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh iarbhír airgid agus b) an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar ag an sreabhadh fálaithe airgid ar an ráiteas ioncaim sna tréimhsí ina dhiaidh sin, seachas aon choigeartuithe cuntasaíochta fálaithe a fhéadfar cur i bhfeidhm.

Tá an sreabhadh airgid in a) difriúil ó b) tríd an méid úis a fabhraíodh in 2010 agus nár íocadh go fóill.

Níl aon sreabhadh fálaithe airgid curtha i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

## 16 Iasachtaí agus infháltais

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Iasachtaí agus infháltais | 29,435,356 |
| Lúide: soláthar do mhuirir bhearnaithe ar iasachtaí agus ar infháltais (nóta 10) | (1,484,523) |
| **Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas** | **27,950,833** |

Léirítear sa tábla thuas luach iompair na n-iasachtaí a fuarthas ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, ag cur san áireamh an méid a d'íoc an Grúpa as na hiasachtaí (méid a bhí ar lascaine sna méideanna conartha a bhí dlite faoin na comhaontuithe conartha), agus gluaiseachtaí iasachta ó fháil, lúide aon bhearnú eile a mheastar a tharla tar éis fála.

Níor tugadh aicmiú iasachtaí agus infháltas idir reatha agus neamhreatha mar nár cuireadh dícheall cuí i gcrích go hiomlán ar gach iasacht a fuarthas.

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar ghluaiseacht na n-iarmhéideanna iasachta ó fháil.

| Réiteach gluaiseachtaí in iasachtaí agus infháltais | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| **Iasachtaí a fuarthas – iarmhéid tosaigh** | 29,971,189 |
| Coigeartuithe eile iasachta tar éis chríochnú an díchill chuí sa tréimhse. | (115,088) |
| **Luach iomlán na n-iasachtaí a fuarthas sa tréimhse** | **29,856,101** |
| | |
| **Gluaiseachtaí le linn 2010** | |
| Socrúithe airgid iasachta ó dháta luachála go dáta aistrithe | (196,415) |
| Cogeartuithe neamhshocraithe ó dháta luachála go dáta aistrithe | (190,187) |
| Costais dícheall chuí | 59,941 |
| Iasachtaí nua a tugadh ar airleacan | 240,320 |
| Príomh-aisíocaíochtaí airgid | (371,098) |
| Fáltais ó dhíol na comhthaobhachta mar urrús i gcoinne iasachtaí agus infháltas | (363,333) |
| Ioncam úis iasachta | 447,860 |
| Coigeartuithe S.88, S.93 agus S.98 | 24,274 |
| Gluaiseacht malairte eachtraí | (72,107) |
| Bearnú iasachtaí agus infháltas | (1,484,523) |
| **Iarmhéid deiridh ag an dáta tuairiscithe** | **27,950,833** |

## 17 Bainistíocht Riosca

Tá an Grúpa faoi réir réimse rioscaí agus neamhchinnteachtaí i ngnáthchúrsa a ngníomhaíochtaí gnó. Áirítear leis na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí gnó coinníollacha ginearálta maicreacGNBSíocha. Ní fhéadtar tionchar beacht ná dóchúlacht bheacht na rioscaí seo a thuar le cinnteacht agus tá cuid mhaith acu lasmuigh de rialú an Ghrúpa. Tá freagracht deiridh ar an mBord as rialachas gach gníomhaíochta maidir le dul i riosca agus bhunaigh siad creat chun riosca a bhainistiú ar fud an Ghrúpa.

I dteannta na rioscaí a luaitear thuas, eascraíonn rioscaí ar leith ó úsáid na n-ionstraimí airgeadais.Is iad na príomhchatagóirí rioscaí a shainaithníonn agus a bhainistíonn an Grúpa ina gcuid gnó laethúil riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus maoinithe, riosca margaidh agus riosca oibriúcháin.

**Maoirseacht agus Rialachas Riosca**

*An Coiste Riosca*

Déanann an Coiste Riosca, fochoiste de chuid an Bhoird, maoirseacht ar bhainistíocht riosca agus comhlíonta ar fud an Ghrúpa. Déanann siad athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar na príomhrioscaí atá mar chuid dhílis sa ghnó agus cinntíonn siad go bhfuil creat leordhóthanach bainistíochta riosca i bhfeidhm chun próifíl riosca an Ghrúpa agus a nochtaí ábhartha a bhainistiú.

*An Coiste Iniúchta*

Féachann an Coiste Iniúchta le comhlíonadh ceanglas tuairiscithe airgeadais a chinntiú. Tuairiscíonn siad don Bhord ar éifeachtacht na bpróiseas rialaithe atá á n-oibriú ar fud an Ghrúpa

*Cisteán an GNBS*

Tá príomhfhreagracht ar Chisteán an GNBS as riosca margaidh, riosca leachtachta agus riosca maoinithe a bhainistiú. Déileáiltear le riosca creidmheasa go mion i Nóta 18.

**Creidmheas agus Riosca an GNBS**

Tá feidhm an GNBS um Chreidmheas agus Riosca freagrach as:

- Tacú leis an mBord maidir le fonn riosca agus beartais riosca an Ghrúpa a leagan síos;
- Dúshlán neamhspleách agus oibiachtúil ar bhainistíocht riosca agus nochtaí na n-aonad gnó, i gcomhréir le foinn chomhaontaithe riosca;
- Beartais agus nósanna imeachta um bainistíocht riosca a fhorbairt agus a chur in iúl; agus
- Eolas bainistíochta riosca a anailísiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú chun léargas comhdhlúite ar nochtaí riosca an Ghrúpa a thabhairt don fhoireann bainistíochta sinsearaí, don Choiste Riosca agus don Bhord.

**Aonad Riosca an GBCN**

Soláthraíonn Aonad Riosca an GBCN tacaíocht riosca margaidh agus creidmheasa don Ghrúpa. Ina theannta sin, tarmligeadh bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí an Ghrúpa ar idirbhearta a bhaineann leis an margadh (díorthaigh agus taiscí airgid), i gcomhréir le beartas an Bhoird, chuig an GBCN.

## 17 Bainistíocht Riosca (ar lean)

### 17.1 Riosca margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann le caillteanas féideartha in ioncam nó glanluach an Ghrúpa, ag eascairt ó athruithe ar rátaí úis, ar rátaí malairte nó ar phraghsanna eile margaidh.

Eascraíonn rioscaí margaidh ó shuímh oscailte i dtáirgí ráta úis nó airgeadra, gach ceann acu nochta i leith gluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus i leith athruithe ar leibhéal luaineachta na rátaí margaidh nó na bpraghsanna margaidh amhail rátaí úis, raonta difríochta creidmheasa agus rátaí malairte eachtraí. Tá an Grúpa nochta i leith riosca margaidh ar a gcuid iasachtaí agus infháltas, urrús agus suíomh díorthach. Cé go bhfuil sraith chuimsitheach nósanna imeachta um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa chun maolú agus rialú a dhéanamh ar thionchar na ngluaiseachtaí i rátaí úis, i rátaí malairte eachtraí agus i rioscaí eile margaidh a bhfuil siad nochta ina leith, tá sé deacair athruithe ar choinníollacha geilleagracha nó margaidh a thuar go cruinn nó na héifeachtaí beachta a d'fhéadfadh bheith ag athruithe den sórt sin ar an nGrúpa a réamh-mheas.

Tá urrúis fiachais an Ghrúpa déanta amach in euro, agus tá cuid shuntasach de shócmhainní faighte an Ghrúpa déanta amach i steirling agus i ndollair an SAM. Mar thoradh air sin, bhain an Grúpa úsáid fhorleathan as díorthaigh airgeadra eachtraigh chun próifíl reatha a gcuid sócmhainní agus dliteanas a bhainistiú. Mar an gcéanna, baintear úsáid as babhtálacha ráta úis chun mí-oiriúnaithe i bpróifíl ráta úis an Ghrúpa a bhainistiú

### 17.2 Bainistíocht riosca margaidh

*Cuspóir*

Tá córais agus modheolaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag an nGrúpa le haghaidh shainaithint agus thomhas na rioscaí margaidh ina ráiteas ar an staid airgeadais. Ina dhiaidh sin, bainistítear na rioscaí seo laistigh de theorainneacha dochta agus i gcomhthéacs an fhoinn choimeádaigh bhainistíochta riosca atá i gcomhréir le reachtaíocht an GNBS.

*Beartais*

Á bainistíocht riosca margaidh laistigh den Ghrúpa faoi rialú ag beartais riosca margaidh atá ceadaithe ag an gCoiste Riosca agus ag an mBord. Ceadaíonn an Bord lamháltas foriomlán riosca margaidh agus tarmligeann siad leibhéal níos ísle um leagan síos teorann chuig an gCoiste Riosca. Tá bainistíocht príomhrioscaí margaidh an Ghrúpa (i.e. riosca ráta úis agus riosca malairte eachtraí) láraithe laistigh d'aonad Cisteáin an Ghrúpa. Soláthraíonn aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS maoirseacht agus tá siad freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat teorann laistigh de chomhthéacs na dteorainneacha atá ceadaithe ag an gCoiste Riosca. Soláthraíonn Aonad Riosca an GBCN tacaíocht riosca margaidh.

*Maolú riosca*

Baineann maolú riosca le suímh riosca sócmhainne agus dliteanais a mheaitseáil an oiread agus is féidir, agus le húsáid a bhaint as díorthaigh chun íogaireacht na ré agus an ráta úis a bhainistiú laistigh den struchtúr teorann atá ceadaithe. Tá Beartas Cisteáin an Ghrúpa deartha chun a chinntiú go bhfuil córas dian rialaithe i bhfeidhm, rud ina n-áirítear réimse sonrach táirgí agus teorainneacha atá ceadaithe agus ina gclúdaítear gach ceann de na híogaireachtaí riosca a bhaineann le táirgí atá ceadaithe.

Soláthraíonn an Grúpa tuairisciú míosúil don Choiste Riosca, rud ina bhfuil anailís mhionsonraithe ar gach suíomh riosca shuntasaigh agus ar chomhlíonadh teorainneacha riosca. Mar aon le teorainneacha suímh riosca margaidh, úsáidtear tástáil struis chun tionchar shuíomh an Ghrúpa ar raon de chásanna foircneacha margaidh a mheas. Úsáidtear tástálacha struis bunaithe ar chás agus insamhaltaí fadtréimhseacha stairiúla (ag dul siar go dtí na 1990í) ar shuímh reatha chun riosca margaidh a mheas agus a bhainistiú.

Déanann an Coiste Riosca athbhreithniú, formheas agus moltaí ar phróifíl riosca margaidh agus teorainneacha ar fud an Ghrúpa. Ina theannta sin, tagann Grúpa Bainistíochta Riosca Margaidh, atá comhdhéanta de bhainisteoirí sinsearacha ó Aonad Creidmheasa agus Riosca an GNBS, ó Chisteán an GNBS agus ó Aonad Riosca an GBCN, le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an suíomh riosca margaidh agus chun comhlíonadh cinntí an Bhoird agus an Choiste Riosca a chinntiú. Áirítear sa tuairisciú míosúil a tháirgeann Aonad Riosca an GBCN anailís mhionsonraithe ar gach suíomh riosca shuntasaigh agus ar chomhlíonadh teorainneacha riosca.

### 17.3 Tomhas Riosca Margaidh

#### *17.3.1 Riosca Ráta Úis*

Fuair an Grúpa iasachtaí ráta sheasta agus ráta athraithigh ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, chomh maith le díorthaigh a úsáideadh chun iasachtaí ráta athraithigh a thiontú (d'fhéichiúnaithe) go hiasachtaí ráta sheasta. Ina theannta sin, d'eisigh an Grúpa urrúis ráta chomhlúthaigh agus chuaigh siad isteach in idirbhearta díorthacha chun mí-oiriúnaithe ina bpróifíl sócmhainne agus dliteanais a bhainistiú. Úsáideann an Grúpa íogaireachtaí riosca, tástáil struis toisce riosca agus anailís ar chnámha scéil chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca ráta úis. Ríomhtar íogaireachtaí riosca trí bhogadh aníos comhthreomhar sa chuar toraidh a thomhas chun tionchar na ngluaiseachtaí ráta úis a mheas.

Ní gá go léiríonn eolas a sholathraítear san anailís íogaireachta an t-athrú iarbhír ar luach cóir a thabhódh an Grúpa faoi ghnáthchoinníollacha margaidh mar, de bharr teorainneacha praiticiúla, coimeádtar gach athróg, seachas an toisc shonrach riosca margaidh, seasmhach.

Déantar achoimre sna táblaí seo a leanas ar nochtadh ambhuicéid an Ghrúpa agus na Cuideachta (arna sainiú ag athphraghsáil chonartha nó ag dáta aibíochta, cibé ceann acu atá níos luaithe) i leith an riosca a bhaineann le hathshocrú an ráta úis. Leagtar amach iontu, de réir ambhuicéid, na sócmhainní agus dliteanais a bhfuil athshocrú ráta úis rompu.

Tá ionstraimí airgeadais léirithe ag méideanna ainmniúla. Cuirtear san áireamh sna táblaí seo ionstraimí fálaithe a fhéadann íogaireacht ráta úis a laghdú go suntasach.

| **Riosca Ráta Úis<br>Grúpa<br>Amhail an 31 Nollaig 2010** | **0-6 mhí<br>€'000** | **Neamhúsmhar<br>€'000** | **Iomlán<br>€'000** |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 836,739 | - | 836,739 |
| Iasachtaí agus infháltais | 27,950,833 | - | 27,950,833 |
| Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha | - | 349,923 | 349,923 |
| Sócmhainní eile | - | 17,960 | 17,960 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais atá nochta i leith athshocrú ráta úis** | **28,787,572** | **367,883** | **29,155,455** |
| **Dliteanais** | | | |
| Méideanna atá dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha | - | 142,793 | 142,793 |
| Urrúis fiachais shinsearaigh in eisiúint | 28,650,000 | - | 28,650,000 |
| Díorthaigh airgeadais | (13,300,000) | - | (13,300,000) |
| Dliteanais eile | - | 183,156 | 183,156 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais atá nochta i leith athshocrú ráta úis** | **15,350,000** | **325,949** | **15,675,949** |

| **Riosca Ráta Úis<br>Gníomhaireacht<br>Amhail an 31 Nollaig 2010** | **0-6 mhí<br>€'000** | **Neamhúsmhar<br>€'000** | **Iomlán<br>€'000** |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní airgeadais idirghrúpa | - | 3,823 | 3,823 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais atá nochta i leith athshocrú ráta úis** | **-** | **3,823** | **3,823** |
| **Dliteanais** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 49,380 | - | 49,380 |
| Dliteanais eile | - | 3,974 | 3,974 |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais atá nochta i leith athshocrú ráta úis** | **49,380** | **3,974** | **53,354** |

*Íogaireacht ráta úis*

Léirítear sa tábla seo a leanas an íogaireacht ráta úis a eascraíonn ó mhéadú nó laghdú de 50 bonnphointe ar rátaí úis ar fud an chuair, faoi réir ráta íosta úis de 0%. Tomhaistear an riosca seo mar thionchar an ghlanluacha reatha (NPV), ar an ráiteas ar an staid airgeadais, ar an athrú sin ar rátaí úis. Bogann an anailís seo gach ráta úis do gach airgeadra agus do gach aibíocht go comhuaineach leis an méid céanna.

Tá na rátaí úis do gach airgeadra leagtha síos amhail an 31 Nollaig 2010. Cuirtear san áireamh sna figiúirí an tionchar a bhí ag na hionstraimí fálaithe, ag na hiasachtaí agus na hinfháltais agus ag na hurrúis a eisíodh.

**Anailís íogaireachta ráta úis - bogadh 50bp ar fud chuar an ráta úis.**

| | **+50bp<br>€'000** | **-50bp<br>€'000** |
|---|---|---|
| EUR | 177,417 | (181,751) |
| GBP | (460) | 1,555 |
| USD | 679 | (675) |

Níl na híogaireachtaí ráta úis siméadrach mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear an cruth atá ar an gcuar toraidh agus próifíl aibíochta na punainne.

## 17 Bainistíocht Riosca (ar lean)

*17.3.2 Riosca malairte eachtraí*

Mar chuid de phróiseas fála na n-iasachtaí agus na ndíorthach ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha, fuair an Grúpa roinnt iasachtaí agus infháltas a bhí déanta amach in airgead eachtrach, go príomha sa GBP. Mar thoradh air sin, tá an Grúpa nochta i leith éifeachtaí na luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh, ar a staid airgeadais agus ar a sreabhadh airgid. Déanann an Grúpa monatóireacht ar bhonn rialta ar an leibhéal nochta de réir airgeadra agus chuaigh siad isteach i bhfáluithe chun na rioscaí seo a mhaolú.

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar nochtadh an Ghrúpa i leith riosca airgeadra eachtraigh amhail an 31 Nollaig 2010. Áirítear sa tábla sócmhainní agus dliteanais an Ghrúpa, ag méideanna iompair, catagóirithe de réir airgeadra. Cuirtear san áireamh sna táblaí seo ionstraimí fálaithe a fhéadann riosca airgeadra a laghdú go suntasach.

| **Grúpa**<br>**Amhail an 31 Nollaig 2010** | **US$**<br>**€'000** | **£**<br>**€'000** | **Elie**<br>**€'000** | **Iomlán**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 549 | 108,775 | 935 | **110,259** |
| Iasachtaí agus infháltais | 464,383 | 9,471,290 | 110,260 | **10,045,933** |
| Díorthaigh airgeadais | (419,516) | (9,759,280) | (105,980) | **(10,284,776)** |
| **Iomlán na sócmhainní atá nochta i leith riosca airgeadra** | **45,416** | **(179,215)** | **5,215** | **(128,584)** |
| **Dliteanais** | | | | |
| Méideanna atá dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha | - | (15,577) | - | **(15,577)** |
| **Iomlán na ndliteanas atá nochta i leith riosca airgeadra** | **-** | **(15,577)** | **-** | **(15,577)** |
| **Glansócmhainní / (glandliteanais) atá nochta i leith riosca airgeadra** | **45,416** | **(194,792)** | **5,215** | **(144,161)** |

Tá gach ceann de shócmhainní agus dhliteanais na Gníomhaireachta luaite in euro. Dá bhrí sin, níl aon nochtadh i leith riosca airgeadra eachtraigh ag an nGníomhaireacht.

**Nochtadh i leith riosca malairte eachtraí - Anailís íogaireachta**

Mhéadódh neartú 10% ar an euro in aghaidh na n-airgeadraí seo a leanas ag an 31 Nollaig 2010 cothromas agus brabús roimh chánachas leis na méideanna atá leagtha amach thíos. Glacann an anailís seo leis go bhfanfadh na hathróga eile, go háirithe rátaí úis, tairiseach. Bheadh tionchar cothrom ach contrártha ag lagú 10% ar an euro in aghaidh na n-airgeadraí céanna, ar an mbonn go bhfanfadh gach athróg eile tairiseach..

| **Grúpa** | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| GBP | 21,820 |
| USD | (3,929) |
| Eile | (435) |

## 18 Riosca creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca a bhaineann le caillteanas airgeadais a thabhú, ag cur san áireamh na comhthaobhachta a gealladh mar urrús a d'eascródh ó theip ó thaobh féichiúnaí nó contrapháirtí margaidh an Ghrúpa a gcuid oibleagáidí don Ghrúpa a chomhlíonadh. Eascraíonn príomhriosca creidmheasa an GNBS ó fheidhmíocht a gcuid féichiúnaithe, agus ó shócmhainní gaolmhara a choimeádtar mar urrús.

Eascraíonn nochtaí a bhaineann le Féichiúnaithe an Ghrúpa, sa chéad áit, ó phunann shubstaintiúil iasachtaí a bhaineann le réadmhaoin a fháil, den chuid is mó in earnáil na réadmhaoine tráchtála agus cónaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, agus, ar scála níos lú, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa chuid eile den domhan. Eascraíonn riosca creidmheasa freisin i ndáil le gníomhaíochtaí iasachtaithe an Ghrúpa, rudaí a dhéantar d'fhonn luach a chaomhnú nó a fheabhsú leis an aidhm go mbainfear amach an toradh uasta airgeadais don Stát, faoi réir riosca inghlactha. Cruthaíonn ionstraimí airgeadais, cosúil le gealltanais agus ráthaíochtaí iasachta neamhtharraingthe, riosca creidmheasa freisin.

Is é riosca creidmheasa an riosca is tábhachtaí maidir le gnó an Ghrúpa. Dá bhrí sin, bainistíonn an Grúpa go cúramach a nochtadh i leith riosca creidmheasa. Maolaíodh an riosca creidmheasa a d'eascair ó fháil bhunaidh na punainne mar gheall ar chríochnú an díchill chuí dhéine réadmhaoine agus dhlíthiúil. Bhí sé seo deartha chun a chinntiú go luachálfaí iasachtaí mar ba cheart, i gcomhréir leis an scéim reachtúil inar foráladh dá bhfáil ag an nGrúpa. Déantar bainistíocht leanúnach riosca creidmheasa faoin gCreat Beartais um Chreidmheas agus Riosca de chuid an Ghrúpa.

**An Creat Beartais um Chreidmheas agus Riosca**
Is é cuspóir foriomlán an Chreata Beartais um Chreidmheas agus Riosca an Ghrúpa an Grúpa a chumhdach trí luach na n-iasachtaí a fuarthas a chosaint agus a fheabhsú.

Tá freagracht deiridh ar an mBord Grúpa as bainistíocht riosca creidmheasa sa Ghrúpa. Tá bainistíocht agus rialú riosca creidmheasa láraithe san fhoireann bainistíochta um Chreidmheas agus Riosca. Tuairiscítear riosca creidmheasa do Bhord an GNBS agus don Choiste Creidmheasa ar bhonn rialta.

Tá an Grúpa freagrach as iasachtaí, a fuarthas faoi fhorálacha Acht an GNBS, a bhainistiú. Grúpáiltear iasachtaí a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha le chéile agus bainistíonn ceangal féichiúnaí iad.

Titeann féichiúnaithe in dhá chatagóir:

**Féichiúnaithe atá á mbainistiú ag an GNBS:** Sa chatagóir seo, déanann an Grúpa príomhchinntí creidmheasa agus bainistíocht caidrimh. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha riarachán iasachta.

**Féichiúnaithe atá á mbainistiú ag Institiúid Rannpháirteach:** Sa chatagóir seo, déanann na hInstitiúidí Rannpháirteacha bainistíocht féichiúnaithe agus riarachán iasachta. Déanann Institiúidí Rannpháirteacha cinntí creidmheasa faoi Chreat um Údarás Tarmligthe agus faoi réir beartais agus nósanna imeachta creidmheasa atá sainordaithe ag an nGrúpa, mar aon le maoirseacht leanúnach ag Aonad Dearbhaithe Cáilíochta an Ghrúpa.

Tá ceanglas ar an nGrúpa cinntí creidmheasa éagsúla a dhéanamh, rud a fhéadfaidh bheith bainteach le; hiasachtú nua, le hathstruchtúrú na n-iasachtaí agus na n-infháltas nó le gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Go sonrach, féadfaidh cinneadh creidmheasa eascairt ó aon teagmhas a d'fhéadfadh próifíl riosca bhunúsaigh an nochta nó an fhéichiúnaí a athrú go hábhartha, lena n-áirítear:

- Iarratas ar chreidmheas ag féichiúnaí;
- Togra ó fhéichiúnaí a fhéadfaidh bheith bainteach le comhréitigh phragmatacha / thráchtála nó le dreasachtaí pragmatacha / tráchtála d'fhonn suíomh foriomlán an GNBS a uasmhéadú;
- Iarratas ar mhaoiniú;
- Plean gnó féichiúnaí atá beartaithe;
- Leathnú atá beartaithe ar théarmaí le haghaidh aon cheann nó gach ceann de nochtaí féichiúnaí;
- Iarratas ar rolladh suas úis atá nua nó leanúnach
- Togra chun gníomh dócmhainneachta a thionscnamh.

Déantar tomhas, measúnú agus rialú ar riosca creidmheasa do gach idirbheart nó teagmhas creidmheasa a eascraíonn ó fháil an Ghrúpa, agus ó bhainistíocht leanúnach na n-iasachtaí.

### 18.1 Tomhas riosca creidmheasa

Cuireann an Grúpa na bearta nochta seo a leanas i bhfeidhm:

**Punann Iasachta - Tomhas riosca creidmheasa**

- Parnochtadh - an méid comhlán atá dlite ag an bhféichiúnaí, i.e na méideanna iomlána atá dlite de réir théarmaí conarthacha bunaidh na n-iasachtaí a fuarthas. B'ionann iomlán an Pharfhiachais a ghnóthaigh an Grúpa agus €71.2 billiún.
- Fiachas an GNBS - an méid fála a d'íoc an Grúpa (móide aon airgead nua a thug an Grúpa ar iasacht agus aon mhuirear úis a cuireadh leis, lúide íocaíochtaí airgid a fuarthas). B'ionann iomlán na comaoine a íocadh as iasachtaí agus as díorthaigh ghaolmhara a fuarthas agus €30.2 billiún.

## 18 Riosca creidmheasa (ar lean)

De réir Alt 10 den Acht, tá ceanglas ar an GNBS an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát, ag féachaint do Pharfhiachas, do chostas fála, d'aon chostais mar thoradh ar dhéileáil leis na sócmhainní, dá gcostas caipitil agus dá gcostais eile. Is iad seo na bearta bunúsacha ar a ndéanfar cinntí creidmheasa agus cinntí straitéise cáis. Is iad an bonn freisin le haghaidh an leibhéil chuí Údaráis Tharmligthe a chinneadh do chinntí creidmheasa a dhéanann an Grúpa nó na hInstitiúidí Rannpháirteacha. Déanann an GNBS monatóireacht ar an dá bheart seo go comhthreomhar agus úsáideann siad iad chun tacú le gach cinneadh creidmheasa.

**Punann Dhíorthach - Tomhas riosca creidmheasa**
Chomh maith leis na hiasachtaí a fuair an Grúpa, fuarthas roinnt díorthaigh airgeadais a bhí bainteach le hiasachtaí féichiúnaithe a fuarthas ó na cúig Institiúid Rannpháirteacha.

Ag aon am, tá an nochtadh i leith riosca creidmheasa teoranta do luach cóir dearfach ionstraimí an Ghrúpa (i.e. sócmhainní ar a bhfuil luach dearfach marcála ón margadh). Is ionann an luach marcála ón margadh agus codán beag den luach conartha (nó luach barúlach na n-ionstraimí gan íoc) de ghnáth.

### 18.2 Measúnú riosca creidmheasa

Dírítear i measúnú riosca creidmheasa ar chumas aisíocaíochta an fhéichiúnaí agus ar gach feabhsú creidmheasa atá ar fáil, lena n-áirítear urrús. Comhthaobhaítear iasachtaí agus airleacain d'fhéichiúnaithe go príomha trí mhuirir ar shócmhainní eastáit réadaigh, ar shócmhainní eile, ar liain ar thaiscí airgid, agus forlíontar i mórán cásanna iad trí ráthaíochtaí pearsanta.

Braitheann an Grúpa ar dtús ar na luachálacha a chuirtear ar urrús reatha agus ar iontaoibh ag baint le hiasachtaí a fuarthas mar chuid den phróiseas fála. Mar sin féin, féachann an Grúpa lena chinntiú go n-áirítear luacháil chuí chothrom le dáta ar aon fhoirmeacha breise urrúis nó iontaoibhe i dtogra nua creidmheasa féichiúnaí ar bith. Féadfar urrús reatha a athluacháil mar chuid den phróiseas sin.

Is príomhghné d'airgead nua a airleacan cibé acu a mhéadóidh togra creidmheasa an Fhéichiúnaí an luach nó nach méadóidh. Agus iad ag tabhairt airgead nua ar airleacan nó ag déanamh aon chinneadh nua creidmheasa, féachfaidh an Grúpa le hurrús breise nó iontaoibh bhreise a fháil ón bhféichiúnaí nuair is gá leo chun a leasanna a chosaint.

Agus iad ag cinneadh foirmeacha breise nó malartacha urrúis nó iontaoibhe, féadfaidh an Grúpa measúnuithe sócmhainní pearsanta ar fhéichiúnaí a choimisiúnú chun aon urrús nó iontaoibh a d'fhéadfadh bheith ar fáil chun leasanna an Ghrúpa a chosaint a shainaithint

### 18.3 Rialú riosca creidmheasa

Baineann beartas riosca creidmheasa, mar atá arna chinneadh ag an nGrúpa, le hiasachtaí atá á mbainistiú ag an GNBS agus le hiasachtaí atá á mbainistiú ag Institiúid Rannpháirteach araon. Shainigh an Grúpa Creat Beartais um Chreidmheas agus Riosca don Ghrúpa agus d'Institiúidí Rannpháirteacha. Leagtar amach ann leibhéil údaráis maidir le cinntí ceadaithe creidmheasa agus le teorainneacha ceadaithe creidmheasa, agus le monatóireacht agus tuairisciú riosca creidmheasa a dhéanfaidh an Grúpa agus Institiúidí Rannpháirteacha.

Leagtar amach sa Chreat Beartais um Chreidmheas agus Riosca an chinnteoireacht cheadaithe chreidmheasa agus na teorainneacha ceadaithe creidmheasa i ndáil:

- Le faomhadh na bPleananna Gnó Féichiúnaí agus na nAthbhreithnithe Bliantúla
- Le faomhadh an iasachtaithe nua
- Le hathstruchtúrú nó ath-idirbheartaíocht iasachta i gcás nach dtugtar aon airgead nua ar iasacht
- Le gníomh forfheidhmiúcháin atá á dhéanamh ag an nGrúpa
- Le bearnú iasachta
- Le díolachán sócmhainní /iasachtaí
- Le bainistíocht maoine agus sócmhainne

Cinntear an leibhéal ceadaithe atá ag teastáil do gach ceann de na cinntí creidmheasa trí thagairt do mhéid na hiarmhéide gan íoc atá ag an bhféichiúnaí. Ceadaíonn ceann amháin nó níos mó de na haonáin seo a leanas cinntí creidmheasa laistigh de leibhéal cascáideach údaráis cheadaithe tarmligthe:

- Bainisteoir Sinsearach Creidmheasa, Bainisteoir Sinsearach Punann nó Bainisteoir Sinsearach Iasachtaithe
- Ceannasaí Creidmheasa & Riosca, Ceannasaí Bainistíochta Punann nó Ceannasaí Iasachtaithe
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Ceannasaí Creidmheasa & Riosca
- An Coiste Creidmheasa
- An Bord Grúpa

Déantar gach cinneadh údaráis tharmligthe faoin gCoiste Creidmheasa ar bhonn décheadaithe.

Is gá go gceadaíonn Coiste Creidmheasa na hInstitiúide Rannpháirtí agus/nó Ceannasaí Creidmheasa in Aonad an GNBS de chuid na hInstitiúide Rannpháirtí gach cinneadh creidmheasa d'iasachtaí atá á mbainistiú ag Institiúid Rannpháirteach, laistigh de theorainneacha ceadaithe an Ghrúpa.

Déanann an Fhoireann um Dhearbhú Cáilíochta, atá mar chuid den fheidhm um Chreidmheas & Riosca, maoirseacht ar chomhlíonadh an Bheartais Údaráis Tharmligthe.

**Leagtar amach thíos bearta ar leith rialaithe agus maolaithe arna nglacadh ag an nGrúpa:**

*(a) Bainistíocht Airgid*

Is rialú lárnach í bainistíocht airgid laistigh de cheangal féichiúnaí agus is é an aidhm atá léi a chinntiú go bhfuil forchostais agus íocaíochtaí caiteachais chaipitil oibre nó chaipitil forbartha cuí agus deimhnithe le go ndíchuirfear ligean féideartha airgid.

*(b) Comhthaobhacht*

Comhthaobhaítear iasachtaí agus airleacain d'fhéichiúnaithe go príomha trí mhuirir ar shócmhainní eastáit réadaigh, ar shócmhainní eile, ar liain ar thaiscí airgid, agus forlíontar i mórán cásanna iad trí ráthaíochtaí pearsanta.

Úsáideann an Grúpa réimse beartas agus cleachtas chun riosca creidmheasa a mhaolú. Baineann an ceann is traidisiúnta díobh siúd le glacadh leis an gcéad urrús muirir sheasta d'aon chaipiteal oibre nó forbartha a tugadh ar airleacan.

Is iad na príomhchineálacha comhthaobhachta atá inghlactha do mhaolú riosca creidmheasa iasachtaí agus infháltas:

- Morgáistí ar thailte agus réadmhaoine éagsúla;
- Muirir chomhlúthacha ar shócmhainní gnó amhail áitreabh, fardal agus cuntais infhaighte;
- Muirir ar ionstraimí airgeadais amhail urrúis fiachais agus cothromais;
- Muirir ar thaiscí bainc.

*(c) Díorthaigh*

Tagann an t-urrús do dhíorthaigh a fuarthas ón gcomhthaobhacht a fuarthas leis an iasacht, agus léirítear é sa phraghas fála iasachta a íocadh. Chuir an Grúpa díorthaigh i gcrích freisin le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) chun nochtaí i leith ráta úis agus airgeadra eachtraigh a fhálú.

Bainistítear nochtadh creidmheasa na ndíorthach a fuarthas, mar aon le nochtaí féideartha a eascraíonn ó ghluaiseachtaí margaidh, mar chuid de bhainistíocht fhoriomlán nochta an fhéichiúnaí.

Maidir le díorthaigh a ndeachaigh an Grúpa isteach iontu, is iad an GBCN an t-aon chontrapháirtí.

**18.4 Nochtadh uasta i leith riosca creidmheasa - roimh chomhthaobhacht atá sealbhaithe nó feabhsuithe eile creidmheasa**

Leagtar amach sa tábla thíos an nochtadh uasta i leith riosca creidmheasa do shócmhainní airgeadais atá faoi réir riosca creidmheasa (glan ó bhearnú) ag an 31 Nollaig 2010, gan chomhthaobhacht ná feabhsuithe eile creidmheasa atá sealbhaithe a chur san áireamh. Tá nochtaí bunaithe ar na méideanna glana iompair, mar a thuairiscítear sa ráiteas ar an Staid Airgeadais de chuid an Ghrúpa.

| **Nochtadh uasta<br>Grúpa** | **2010<br>€'000** |
|---|---|
| Airgead agus coibhéisí airgid | 836,739 |
| Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha | 349,923 |
| Díorthaigh airgeadais | 499,155 |
| | |
| Iasachtaí agus infháltais | |
| Talamh agus forbairt | 11,459,842 |
| Réadmhaoin infheistíochta | 16,490,991 |
| | |
| Sócmhainní eile | 17,960 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | **29,654,610** |
| | |
| Ceangaltais iasachta (nóta 19.4) | 417,457 |
| **Iomlán an nochta uasta** | **30,072,067** |

| **Nochtadh uasta<br>Gníomhaireacht** | **2010<br>€'000** |
|---|---|
| Iarmhéideanna idirghrúpa | 3,823 |
| **Iomlán an nochta uasta** | **3,823** |

## 18 Riosca creidmheasa (ar lean)

**18.5 Eolas a bhaineann le caighdeán creidmheasa na n-iasachtaí agus na n-infháltas**

*(a) Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil dlite thar téarma ná bearnaithe*

Níl an nochtadh a éilítear i mír 36(c) d'IFRS 7, maidir le caighdeán creidmheasa na n-iasachtaí agus ná n-infháltas nach bhfuil dlite thar téarma ná bearnaithe, á chur ar fáil. Tá sé seo amhlaidh mar, ag an bpointe seo, nach bhféadfaí aon eolas den sórt sin bheith bunaithe ar théarmaí conarthacha bunaidh agus ar chórais ghrádaithe, atá éagsúil ar fud na nInstitiúidí Rannpháirteacha, amháin.

Tá an Grúpa i mbun iasachtaí le féichiúnaithe a ath-idirbheartú agus a athstruchtúrú de réir mar a fhaigheann siad pleananna gnó ó fhéichiúnaithe. Agus iad athstruchtúrtha, déanfar monatóireacht ar na saoráidí athbhreithnithe i gcoinne bheartas creidmheasa an Ghrúpa.

Ar na hiasachtaí agus na hinfháltais a fháil ó Institiúidí Rannpháirteacha, measadh go raibh cuid shuntasach de na sócmhainní a fuarthas dlite thar téarma, bunaithe ar chórais aicmithe na nInstitiúidí Rannpháirteacha. Mar sin féin, athróidh an stádas dlite thar téarma seo nuair a athstruchtúrófar na hiasachtaí agus na hinfháltais. Déanfar measúnú ar chaighdeán creidmheasa na hiasachta agus ar an bhfeidhmíocht a bhaineann léi i gcoinne an méid iasachta athstruchtúrtha.

Is sócmhainní idirghrúpa agus reatha iad gach ceann de shócmhainní na Gníomhaireachta.

*(b) Iasachtaí agus infháltais atá dlite thar téarma ach nach bhfuil bearnaithe*

Níl an nochtadh a éilítear i mír 37(a) d'IFRS 7, maidir le hanailís aosaithe na n-iasachtaí agus ná n-infháltas atá 'dlite thar téarma ach nach bhfuil bearnaithe', á chur ar fáil. Tá anailís reatha aosaithe bunaithe ar théarmaí conarthacha bunaidh na n-iasachtaí a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha, agus ní léirítear inti feidhmíocht iasachta i gcomparáid le luach fála iasachta.

Tá gach ceann d'infháltais na Gníomhaireachta dlite ó aonáin ghaolmhara agus tá siad reatha. Níl ceann ar bith acu dlite ná bearnaithe.

*(c) Iasachtaí agus infháltais a meastar ina n-aonar le haghaidh bearnaithe*

Bhí luach iompair €6.1bn ar iasachtaí agus ar dhíorthaigh ghaolmhara a cinneadh a bheith bearnaithe mar thoradh ar an athbhreithniú ar bhearnú aonair (feic tábla thíos).

Bhain an Grúpa úsáid as an díolúine faoi IFRS 7 maidir le gan luach cothrom na comhthaobhachta a choimeádtar mar urrús i gcoinne na n-iasachtaí a nochtadh, mar go mbeadh sé neamhphraiticiúil a leithéid a dhéanamh.

| **Iasachtaí agus infháltais a meastar ina n-aonar le haghaidh bearnaithe** | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| Méid comhlán | 13,336,010 |
| Iasachtaí bearnaithe ina n-aonar | (6,109,779) |
| **Iasachtaí agus infháltais nach bhfuil bearnaithe ina n-aonar** | **7,226,231** |

Níl aon cheann de na sócmhainní sa Ghníomhaireacht atá nochta i leith riosca creidmheasa bearnaithe ina n-aonar.

*(d) Iasachtaí agus Airleacain a ath-idirbheartaíodh*

Luaitear iasachtaí agus infháltais a fuarthas le linn na tréimhse ag costas fála lúide bearnú. Tá iasachtaí áirithe á n-áthidirbheartú agus á n-athstruchtúrú faoi láthair tríd an bpróiseas um rannpháirtíocht féichiúnaí.

D'fhéadfaí go n-áireofaí i ngníomhaíochtaí athstruchtúraithe socraithe leathnaithe íocaíochta agus modhnú agus/nó iarchur íocaíochtaí. Leagtar amach i mBeartas Praghsála agus Athstruchtúraithe an GNBS beartais um athstruchtúrú atá san áireamh sa Chreat Beartais um Chreidmheas agus Riosca. Athstruchtúraítear gach iasacht de réir na straitéise is oiriúnaí chun aisíocaíocht gach ceann de na hoibleagáidí fiachais gan íoc a bhaint amach, ag cur san áireamh struchtúr, ráthaíochtaí, saincheisteanna cánach agus straitéisí díolacháin. Athbhreithníonn agus ceadaíonn an Coiste Creidmheasa agus, nuair is ábhartha, an Bord na sonraí de gach plean um athstruchtúrú atá beartaithe, lena n-áirítear aon imeachtaí ó bheartas.

Níor athstruchtúraíodh ná níor ath-idirbheartaíodh aon iasachtaí ag an dáta tuairiscithe.

Níor ath-idirbheartaíodh aon cheann de shócmhainní a bhí nochta i leith riosca creidmheasa na Gníomhaireachta.

### 18.6 Earnálacha geografacha

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar phríomhnochtaí creidmheasa an Ghrúpa ag a méideanna iompair, bunaithe ar thír shainchónaithe an chontrapháirtí.

| Earnáil gheografach<br>Amhail an 31 Nollaig 2010 | Éireann<br>€'000 | An Ríocht Aontaithe lena n-áirítear Tuaisceart Éireannd<br>€'000 | An Chuid Eile den Domhan<br>€'000 | Bearnú iasachta<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| *Iasachtaí agus infháltais* | | | | | |
| – Talamh agus forbairt | 8,241,900 | 3,237,889 | 588,707 | - | 12,068,496 |
| – Réadmhaoin infheistíochta | 9,713,667 | 6,181,425 | 1,471,768 | - | 17,366,860 |
| – Bearnú Iasachta | - | - | - | (1,484,523) | (1,484,523) |
| | 17,955,567 | 9,419,314 | 2,060,475 | (1,484,523) | 27,950,833 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 810,835 | 11,786 | 14,118 | - | 836,739 |
| Díorthaigh airgeadais | 145,741 | 344,179 | 9,235 | - | 499,155 |
| Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha | 349,923 | - | - | - | 349,923 |
| Sócmhainní eile | 17,960 | - | - | - | 17,960 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **19,280,026** | **9,775,279** | **2,083,828** | **(1,484,523)** | **29,654,610** |

Is éard atá i Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais sócmhainn idirghrúpa amháin i ndáil le haisíocaíocht na gcostas riaracháin ón ngrúpa. Dá bhrí sin, tá gach ceann de na sócmhainní sa Ghníomhaireacht atá nochta i leith riosca creidmheasa lonnaithe in Éirinn.

## 19 Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a bhaineann le neamhábaltacht an Ghrúpa gach ceann dá n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh mar agus nuair a bhíonn siad dlite.

### 19.1 Próiseas bainistíochta riosca leachtachta

Áirítear i bpróiseas bainistíochta riosca leachtachta an Ghrúpa, mar a dhéantar laistigh den Ghrúpa agus mar a dhéanann foireann ar leith i gCisteán an GNBS monatóireacht air:

- Bainistíocht maoinithe laethúil, lena n-áirítear monatóireacht ar shreabhadh ionchais airgid amach anseo, e.g. ceangaltais iasachta amach anseo, cúpóin bhannaí, chun a chinntiú go bhféadtar riachtanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.
- Bainistíocht Sócmhainní agus Dliteanas; trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de ráiteas an Ghrúpa ar an staid airgeadais chun a chinntiú go gcoimeádtar acmhainní leordhóthanacha airgid agus/nó go mbunaítear maoiniú i gcásanna gur dócha go dtarlóidh mí-oiriúnuithe, rud a íoslaghdóidh tionchar an eis-sreafa leachtachta.

Déantar monatóireacht agus tuairisciú i bhfoirm thomhas agus réamh-mheastacháin an tsreafa airgid do thréimhsí idir seachtain amháin agus bliain amháin, agus clúdaíonn an próiseas pleanála tréimhsí níos faide ná bliain amháin. Cuirtear na réamh-mheastacháin seo ar fáil don Choiste Riosca agus don Bhord ar bhonn míosúil. Áirítear i ngach réamh-mheastachán réamhaisnéis 'strusta' chun freastal ar thréimhsí fada éiginnteachta. Is é an pointe tosaigh do na réamh-mheastacháin siúd anailís ar aibíocht chonarthach na ndliteanas airgeadais agus ar dháta ionchasach aisíocaíochta na sócmhainní airgeadais.

Is é an príomhriosca leachtachta don Ghrúpa maoiniú na Nótaí Ráta Chomhlúthaigh Rialtas-Ráthaithe (Nótaí) a eisíodh mar chomaoin i leith 95% de luach na sócmhainní a fuarthas. Ceadaíonn na Nótaí in eisiúint an t-eisitheoir gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí a shocrú ar aibíocht trí Nóta nua a eisiúint ar na téarmaí céanna leis an Nóta reatha (seachas go haibíocht, rud a d'fhéadfadh bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfaí aibíocht níos giorra a bheith ag an Nóta reatha). Forálann na Nótaí freisin d'aibíocht insínte de suas le 364 lá, ag rogha an eisitheora, agus d'fhéadfaí a síneadh a fheidhmiú i leith gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí.

Socraíodh gach ceann de na Nótaí a tháinig in aibíocht ar an 1 Márta 2011 trí Nótaí nua, a thiocfaidh in aibíocht ar an 1 Márta 2012 agus a d'fhéadfaí a shíneadh go suas le 364 lá ag rogha an eisitheora, a eisiúint. Mar sin féin, bainfear an ceart chun an aibíocht a shíneadh, tar éis treorach ón Aire Airgeadais le déanaí (feic nóta 23).

### 19.2 Sreabhadh airgid neamhdhíorthaigh

Cuirtear i láthair sa tábla seo a leanas an sreabhadh airgid atá iníoctha ag an nGrúpa agus ag an nGníomhaireacht de bhun a ndliteanas neamhdhíorthach airgeadais ag aibíochtaí conarthacha atá fágtha ag an dáta tuairiscithe. Is ionann na méideanna a nochtar sa tábla agus an sreabhadh conarthach neamhlascainithe airgid.

| Sreabhadh airgid neamhdhíorthaigh Grúpa | 0-6 mhí €'000 | 6-12 mhí €'000 | 2010 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Dliteanais** | | | |
| Méideanna atá dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha | 142,793 | - | 142,793 |
| Urrúis fiachais shinsearaigh in eisiúint | 28,650,000 | - | 28,650,000 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 49,380 | - | 49,380 |
| Dliteanais eile | - | 183,156 | 183,156 |
| **Iomlán na nDliteanas** | **28,842,173** | **183,156** | **29,025,329** |
| **Sócmhainní atá sealbhaithe le haghaidh riosca leachtachta a bhainistiú** | **836,739** | **-** | **836,739** |

| Sreabhadh airgid neamhdhíorthaigh Gníomhaireacht | 0-6 mhí €'000 | 2010 Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Dliteanais** | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 49,380 | 49,380 |
| Dliteanais eile | 3,974 | 3,974 |
| **Iomlán na nDliteanas** | **53,354** | **53,354** |
| **Sócmhainní atá sealbhaithe le haghaidh riosca leachtachta a bhainistiú** | **-** | **-** |

I measc sócmhainní atá ar fáil chun gach ceann de na dliteanais a chomhlíonadh agus chun ceangaltais iasachta gan íoc a chlúdach, tá airgead, taiscí Bainc Cheannais agus taiscí téarma.

### 19.3 Sreabhadh airgid dhíorthaigh

*(a) Díorthaigh a shocraítear ar bhonn glan*

Áirítear i ndíorthaigh an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan:

Díorthaigh ráta úis; babhtálacha ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta, roghanna ráta úis thar an gcuntar, cónarthaí eile ráta úis.

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar dhliteanais dhíorthacha airgeadais an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn glan ina ngrúpálacha ábhartha aibíochta, bunaithe ar an tréimhse atá ar marthain ag an dáta tuairiscithe go dáta na haibíochta conarthaí. Is ionann na méideanna a nochtar sa tábla agus an sreabhadh conarthach neamhlascainithe airgid.

| **Grúpa**<br>**An 31 Nollaig 2010** | **0-6 mhí**<br>**€'000** | **6 -12 mhí**<br>**€'000** | **1-5 bliana**<br>**€'000** | **Thar 5 bliana**<br>**€'000** | **2010**<br>**Iomlán**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh ráta úis – sa chás nach bhfuil cuntasaíocht fálaithe curtha i bhfeidhm | 29,811 | 21,814 | 94,018 | 91,430 | 237,073 |
| Díorthaigh ráta úis – sa chás go bhfuil cuntasaíocht fálaithe curtha i bhfeidhm | 55,365 | (138,731) | 48,314 | 41,659 | 6,607 |
| **Iomlán** | **85,176** | **(116,917)** | **142,332** | **133,089** | **243,680** |

*(b) Díorthaigh a shocraítear ar bhonn comhlán*

Folaíonn díorthaigh an Ghrúpa a shocraítear ar bhonn comhlán na nithe seo a lenas:

- Díorthaigh mhalairte eachtraí: réamhaíochtaí airgeadra, babhtálacha airgeadra; agus
- Díorthaigh ráta úis trasairgeadra, babhtálacha ráta úis trasairgeadra.

Déantar anailís sa tábla seo a leanas ar dhíorthaigh airgeadais an Ghrúpa a shocrófar ar bhonn comhlán ina ngrúpálacha ábhartha aibíochta, bunaithe ar an tréimhse atá ar marthain ag an dáta tuairiscithe go dáta na haibíochta conarthaí. Is ionann na méideanna a nochtar sa tábla agus an sreabhadh conarthach neamhlascainithe airgid.

| **Grúpa**<br>**An 31 Nollaig 2010** | **0-6 mhí**<br>**€'000** | **6 -12 mh**<br>**€'000** | **1-5 bliana**<br>**€'000** | **Iomlán**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh mhalairte eachtraí: | | | | |
| – Eis-sreabhadh | (2,671,156) | (2,424,428) | (891,091) | (5,986,675) |
| – Insreabhadh | 2,705,382 | 2,396,325 | 884,460 | 5,986,167 |
| Díorthaigh ráta úis trasairgeadra; | | | | |
| – Eis-sreabhadh | (24,615) | (30,939) | (4,493,363) | (4,548,917) |
| – Insreabhadh | 23,262 | 30,096 | 4,505,845 | 4,559,203 |
| **Iomlán an Insreafa / (an Eis-sreafa)** | **32,873** | **(28,946)** | **5,851** | **9,778** |

### 19.4 Ceangaltais Iasachta

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar dhátaí na méideanna conarthacha d'ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a gcuireann ceanglas orthu creidmheas a shíneadh do chustaiméirí agus saoráidí creidmheasa eile. Cuimsíonn an méid seo ceangaltais atá ar marthain cheana ag fáil na n-iasachtaí agus na gceangaltas breise a thugtar ó aistriú na sócmhainní iasachtaí chuig an nGrúpa.

| **Grúpa**<br>**An 31 Nollaig 2010** | **Nach moille ná 1 bhliain**<br>**€'000** | **1-5 bliana**<br>**€'000** | **Thar 5 bliana**<br>**€'000** | **Iomlán**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|
| Ceangaltais le hiasachtú | 185,840 | 222,194 | 9,423 | 417,457 |
| Ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa a fuarthas | 5,283 | - | - | 5,283 |
| **Iomlán** | **191,123** | **222,194** | **9,423** | **422,740** |

Ní raibh aon cheangaltais iasachta ag an nGníomhaireacht.

## 20 Luach cóir sócmhainní agus dliteanas airgeadais

### (a) Luach iompair i gcomparáid le luach cóir

Déantar achoimre sa tábla thíos ar luachanna iompair agus luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais nach gcuirtear i láthair ar ráiteas an Ghrúpa agus na Gníomhaireachta ar an staid airgeadais ag a luach cóir.

| Grúpa | 2010<br>Luach iompair<br>€'000 | 2010<br>Luach cóir<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 836,739 | 836,739 |
| Méideanna atá dlite ó Institiúidí Rannpháirteacha | 349,923 | 349,923 |
| Díorthaigh airgeadais | 499,155 | 499,155 |
| Iasachtaí agus infháltais | 27,950,833 | 27,363,663 |
| Sócmhainní eile | 17,960 | 17,960 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | **29,654,610** | **29,067,440** |
| | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Méideanna atá dlite d'Institiúidí Rannpháirteacha | 142,793 | 142,793 |
| Díorthaigh airgeadais | 173,717 | 173,717 |
| Urrúis fiachais shinsearaigh in eisiúint | 28,650,000 | 28,572,645 |
| Dliteanais eile | 183,156 | 183,156 |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 49,380 | 49,380 |
| **Iomlán na nDliteanas** | **29,199,046** | **29,121,691** |

| Gníomhaireacht | 2010<br>Luach iompair<br>€'000 | 2010<br>Luach cóir<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| Sócmhainní idirghrúpa | 3,823 | 3,823 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | **3,823** | **3,823** |
| | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí úsmhara | 49,380 | 49,380 |
| Dliteanais eile | 3,974 | 3,974 |
| **Iomlán na nDliteanas** | **53,354** | **53,354** |

*Sócmhainní airgeadais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ag luach cóir*

Leagtar amach thíos na modhanna agus toimhdí a úsáidtear chun luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas a ríomh do shócmhainní agus dhliteanais airgeadais nach dtomhaistear ina dhiaidh sin ag luach cóir sa ráiteas ar an staid airgeadais.

*(i) Airgead agus iarmhéideanna le bainc*

Is ionann luach cóir na láithriúchán agus na dtaiscí téarma ráta chomhlúthaigh agus a luach iompair. Is ionann luach cóir measta na dtaiscí seasta úsmhara agus a luach iompair ag deireadh na tréimhse mar go bhfuil taiscí gearrthéarmach agus go bhfuil tionchar íosta ag an lascainiú.

*(ii) Iasachtaí agus infháltais*

Léirítear iasachtaí agus infháltais glan ó mhuirir le haghaidh bearnaithe. Tá luach cóir measta na n-iasachtaí agus na n-infháltas go bunúsach éiginnte agus tá leibhéal measartha íseal idirbheart inbhraite sa mhargadh réadmhaoine in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon chun luach cóir cuí a chinneadh ag an 31 Nollaig 2010. Nuair atá luach cóir na punainne á mheas, breithnítear ar thosca riosca atá de dhlúth agus d'inneach sa phunann, amhail riosca creidmheasa agus riosca ráta úis. Measadh luach cóir na n-iasachtaí agus na n-infháltas trí úsáid a bhaint as an sreabhadh ionchasach airgid amach anseo sa phunann. Tógadh sreabhadh ionchasach airgid amach anseo d'fhéichiúnaithe suntasach ina n-aonar ó phleananna gnó féichiúnaí. Díorthaíodh sreabhadh ionchasach airgid amach anseo don iarmhéid ó phróifíl na ndiúscairtí sócmhainní atá leagtha amach sa phlean gnó is déanaí de chuid an GNBS. Ina dhiaidh seo, lascainíodh an sreabhadh airgid seo ag ráta úis an mhargaidh a mheas an bhainisteoireacht a bheith iomchuí. Tá an meastachán seo faoi réir thuairim na bainisteoireachta maidir leis an ráta lascaine a úsáideadh agus le huainiú agus méid an tsreafa airgid amach anseo.

*(iii) Urrúis fiachais in eisiúint*

Ríomhtar na luachanna comhiomlána córa bunaithe ar mhúnla luachála agus trí ionstraimí atá luaite den chineál céanna a úsáid agus trí chuar toraidh reatha atá oiriúnach don téarma atá fágtha go haibíocht a úsáid..

## (b) Ordlathas luacha chóir

Sonraítear in IFRS 7 ordlathas trí leibhéal teicnící luachála atá bunaithe ar cé acu atá an t-ionchur sna teicnící luachála sin inbhraite nó nach bhfuil. Léiríonn ionchur inbhraite sonraí margaidh a fhaightear ó fhoinsí neamhspleácha; léiríonn ionchur dobhraite toimhdí margaidh an Ghrúpa. Is éard atá san ordlathas luacha chóir

- *Leibhéal 1* – praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní comhionanna nó do dhliteanais chomhionanna. Áirítear sa leibhéal seo urrúis chothromais agus ionstraimí fiachais atá liostaithe ar mhalartáin aitheanta.
- *Leibhéal 2* - ionchur seachas praghsanna luaite atá san áireamh laistigh de Leibhéil 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (is é sin, mar phraghsanna) nó go hindíreach (is é sin, díorthaithe ó phraghsanna). Áirítear sa leibhéal seo an chuid is mó de chonarthaí díorthacha an OTC. I measc fhoinsí paraiméadar ionchur amhail cuar toraidh an LIBOR nó rátálacha riosca creidmheasa contrapháirtí, tá Bloomberg nó Reuters.
- *Leibhéal 3* – ionchur le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur dobhraite). Áirítear sa leibhéal seo infheistíochtaí cothromais agus ionstraimí fiachais a bhfuil comhpháirteanna dobhraite suntasacha acu.

Éilíonn an t-ordlathas seo úsáid sonraí margaidh inbhraite nuair atá siad ar fáil. Measann an Grúpa praghsanna margaidh ábhartha inbhraite ina gcuid luachálacha nuair is féidir.

**Ordlathas luacha chóir do shócmhainní agus dhliteanais a thomhaistear ag luach cóir**

| **Grúpa**<br>**Amhail an 31 Nollaig 2010** | **Leibhéal 1**<br>**€'000** | **Leibhéal 2**<br>**€'000** | **Leibhéal 3**<br>**€'000** | **Iomlán**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | - | |
| Díorthaigh airgeadais: | - | 336,259 | - | 336,259 |
| Díorthaigh airgeadra eachtraigh | - | 162,896 | - | 162,896 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | **-** | **499,155** | **-** | **499,155** |
| | | | | |
| **Dliteanais** | | | | |
| Díorthaigh airgeadais | - | (69,956) | - | (69,956) |
| Díorthaigh airgeadra eachtraigh | - | (103,761) | - | (103,761) |
| **Iomlán na nDliteanas** | **-** | **(173,717)** | **-** | **(173,717)** |

Ní iompraítear ceann ar bith de shócmhainní ná dliteanais na Gníomhaireachta ag luach cóir.

## 21 Cáin iarchurtha

Fritháirítear sócmhainní cánach iarchurtha ioncaim agus dliteanais chánach iarchurtha ioncaim sa chás go bhfuil ceart infhorghníomhaithe le dlí in aghaidh dliteanas cánach reatha agus go mbaineann cánacha iarchurtha ioncaim leis an údarás fioscach céanna.

Tá sócmhainní cánach iarchurtha ioncaim agus dliteanais chánach iarchurtha ioncam inchurtha i leith na nithe seo a leanas:

| **Grúpa** | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| **Dliteanais chánach iarchurtha ioncaim** | |
| Difríocht shealadach incháinithe a eascraíonn ar chúlchiste fálaithe sreafa airgid | (19,389) |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | |
| Caillteanais atá tugtha ar aghaidh | 19,389 |
| **Glansócmhainní cánach iarchurtha** | **-** |

Níl aon sócmhainní cánach iarchurtha ná aon dliteanais chánach iarchurtha ag an nGníomhaireacht.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ioncaim i ndáil le caillteanais chánach a thugtar ar aghaidh ach amháin sa mhéid is gur dócha go réadófar an sochar cánach gaolmhar. Ní aithnítear sócmhainn chánach iarchurtha ioncaim de €295 milliún i ndáil le caillteanais chánach sna ráitis airgeadais seo mar gheall ar éiginnteacht a bhaineann le brabúsacht todhchaí an Ghrúpa.

## 22 Sócmhainní eile

| **Grúpa** | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| Babhtáil úis fhabhraithe atá infhaighte | 16,500 |
| Ús fabhraithe bainc | 722 |
| CBL atá infhaighte | 401 |
| Eile | 337 |
| | **17,960** |
| Reatha | 17,960 |
| Neamhreatha | - |

Baineann babhtáil úis fhabhraithe leis an ús a fabhraíodh ar dhíorthaigh a fuair an Grúpa ó Institiúidí Rannpháirteacha a bhí bainteach le hiasachtaí a fuarthas ó Institiúidí Rannpháirteacha.

| **Gníomhaireacht** | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| Costais atá inaisíoctha ó Bhainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 3,823 |
| | **3,823** |
| Reatha | 3,823 |
| Neamhreatha | - |

## 23 Urrúis fiachais shinsearaigh in eisiúint – Grúpa

| | Iomlán €'000 |
|---|---|
| In eisiúint ag tús na tréimhse | - |
| Eisíodh sa tréimhse | 28,650,000 |
| **In eisiúint ag deireadh na tréimhse** | **28,650,000** |
| | |
| Reatha | 28,650,000 |
| Neamhreatha | - |

Is Nótaí Ráta Chomhlúthaigh Rialtas-Ráthaithe (Nótaí) iad gach ceann de na hurrúis fiachais thuas, Nótaí a eisíodh agus a aistríodh chuig Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NAMGS Teo.) faoi shocrú iasachta rannpháirteachais bhrabúis, grúpa a eisíodh agus a aistríodh ar aghaidh iad chuig Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NALM Teo.). D'úsáid an dara cuideachta na hionstraimí fiachais seo mar chomaoin (95%) don phunann iasachta a fuarthas ó gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Fabhraíonn ús ó dháta eisiúna na Nótaí agus íoctar go leathbhliantúil é ar an 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair. Is ionann an ráta úis agus ráta úis 6 mhí Euribor a athshocraítear ar an 1 Márta agus ar an 1 Meán Fómhair gach bliain. Go dtí seo níor eisíodh ach nótaí a bhí déanta amach in euro.

Eisítear Nótaí ar gach dáta fála agus tháinig gach Nóta a eisíodh roimh an 1 Márta 2011 in aibíocht ar an 1 Márta 2011. Cheadaigh na Nótaí a eisíodh in 2010 an t-eisitheoir gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí a shocrú ar aibíocht trí Nóta nua a eisiúint ar na téarmaí céanna leis an Nóta reatha (seachas go haibíocht, rud a d'fhéadfadh bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfaí aibíocht níos giorra a bheith ag an Nóta reatha).

D'fhoráil na Nótaí freisin d'aibíocht insínte de suas le 364 lá, ag rogha an eisitheora, síneadh a d'fhéadfaí a fheidhmiú i leith gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí.

Socraíodh gach ceann de na Nótaí a tháinig in aibíocht ar an 1 Márta 2011 trí Nótaí nua, a thiocfaidh in aibíocht ar an 1 Márta 2012 agus a d'fhéadfaí a shíneadh go suas le 364 ag rogha an eisitheora, a eisiúint.

Tar éis na tréimhse, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009, gur cheart go ndéanfaí leasú ar na téarmaí agus na coinníollacha de na Nótaí a eisíodh ar an 1 Márta 2011, agus d'aon Nótaí a eisíodh ina dhiaidh sin, chun rogha an eisitheora a shocrú trí eisiúint na Nótaí nua ar théarmaí comhchósúla a bhaint mura bhfaightear toiliú roimh ré ón nótashealbhóir, agus chun rogha an eisitheora aibíocht na Nótaí a shíneadh a bhaint.

## 24 Dliteanais eile

| **Grúpa** | **2010 €'000** |
|---|---|
| Ús fabhraithe ar urrúis fiachais in eisiúint | 68,706 |
| Babhtáil úis fhabhraithe atá iníoctha | 57,115 |
| Soláthar do chostais díchill chuí | 30,336 |
| Costais fhabhraithe | 25,808 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 664 |
| Dliteanais eile | 527 |
| **Iomlán na nDliteanas eile** | **183,156** |

| **Gníomhaireacht** | **2010 €'000** |
|---|---|
| Méideanna atá dlite don GBCN | 3,823 |
| Dliteanais eile | 151 |
| **Iomlán na nDliteanas eile** | **3,974** |

## 25 Dliteanais theagmhasacha

Tugtar sa tábla thíos méideanna conarthacha na ndliteanas teagmhasach. Is ionann an nochtadh uasta i leith caillteanas creidmheasa faoi dhliteanais theagmhasacha agus méid conarthach na hionstraime i gcás neamhfheidhmíochta ag an bpáirtí eile nuair nach bhfuil frithéilimh, comhthaobhacht ná urrús fiúntach.

| Grúpa | 2010<br>Méid conarthach<br>€'000 |
|---|---|
| **Dliteanais theagmhasacha** | |
| Ráthaíochtaí agus litreacha creidmheasa | **5,283** |

Mar chuid d'fháil na sócmhainní iasachta, fuair an Grúpa ráthaíochtaí áirithe agus litreacha creidmheasa, rudaí a sholáthair Institiúidí Rannpháirteacha roimhe sin. Fuarthas na ráthaíochtaí toisc go raibh baint acu le sócmhainní iasachtaí a bhí le fáil ag an nGrúpa. Is é beartas ginearálta an Ghrúpa gan ráthaíochtaí a fháil.

## 26 Iasachtaí agus Iasachtaíochtaí úsmhara - Grúpa agus Gníomhaireacht

| | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Airleacain don GNBS ón bPríomh-Chiste | 49,000 |
| Ús iníoctha ar airleacain ón bPríomh-Chiste | 380 |
| | **49,380** |

## 27 Cothromas eile

| Grúpa | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| In eisiúint ag tús na tréimhse | - |
| Eisíodh sa tréimhse | 1,507,000 |
| **In eisiúint ag deireadh na tréimhse** | **1,507,000** |

Is Fobhannaí Inghlaoite Suthaine Ráta Sheasta iad na rudaí thuas, Nótaí a eisíodh agus a aistríodh chuig Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NAMGS Teo.) faoi shocrú iasachta um rannpháirtíocht brabúis, grúpa a eisíodh agus a aistríodh ar aghaidh iad chuig Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta (NALM Teo.). D'úsáid an dara cuideachta na hionstraimí fiachais seo mar chomaoin (5%) don phunann iasachta a fuarthas ó gach ceann de na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

Is é an ráta úis ar na hionstraimí ráta 10 mbliana Rialtas na hÉireann ag dáta na chéad eisiúna, móide 75 bonnphointe. Tá an ráta seo socraithe ag toradh seasta de 5.264%. Íoctar ús go bliantúil, ach dearbhaítear an cúpón ag rogha an eisitheora. Ní charnfaidh cúpóin nach ndearbhaítear in aon bhliain. Níor dearbhaíodh aon chúpón ag an dáta tuairiscithe.

Cé go bhfuil na bannaí suthain i nádúr, féadfaidh an t-eisitheoir na bannaí "a ghlaoch" (i.e. a fhuascailt) ar an gcéad dáta glaoigh (atá 10 mbliana ón dáta eisiúna), agus ar gach dáta Íocaíochta Úis (gan ard ar cé acu atá ús le híoc nó nach bhfuil).

Faoi IAS 32, 'Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair', is í substaint shocrú conarthach na hionstraime airgeadais, seachas a foirm dhlíthiúil, a rialaíonn a haicmiú. Ós rud é nach gcuimsíonn na Fonótaí aon oibleagáid chonarthach chun íocaíochtaí (íocaíochtaí úis nó príomhíocaíochtaí) a dhéanamh i gcás nach mian leis an nGrúpa íocaíochtaí a dhéanamh, de réir IAS 32, aicmíodh an fofhiachas mar chothromas sa ráiteas ar an staid airgeadais, agus aicmíodh aon íocaíochtaí cúpóin mar íocaíochtaí díbhinne.

## 28 Cúlchistí eile

Déantar anailís ar chúlchistí eile mar seo a leanas:

| **Grúpa** | **2010 €'000** |
|---|---|
| *Cúlchiste fálaithe sreafa airgid* | |
| Ag tús na tréimhse | - |
| Glanathruithe i luach cóir | 77,554 |
| Aistríodh chuig an ráiteas ioncaim | - |
| **Amhail an 31 Nollag 2010** | **77,554** |

## 29 Leasanna Neamh-Urlámhais i bhFochuideachtaí

Is éard atá i leasanna neamh-urlámhais i bhfochuideachtaí gnáth-scairchaipiteal i bhfochuideachtaí nach inchurtha go díreach nó go hindíreach leis an máthairchuideachta. Maidir leis an ngrúpa, is ionann é seo agus infheistíocht na n-infheisteoirí i ngnáth-scairchaipiteal an GINBST.

D'infheistigh an GNBS, mar aon le hinfheisteoirí príobháideacha, sa GINBST. Sealbhaíonn an GNBS 49% den scairchaipiteal eisithe agus tá an 51% eile den scairchaipiteal i seilbh infheisteoirí príobháideacha.

Faoi na téarmaí de chomhaontú na scairshealbhóirí idir an GNBS agus infheisteoirí príobháideacha, féadann an GNBS cinntí arna ndéanamh ag an GINBST a chrosadh.

Faoi chomhaontú na scairshealbhóirí, tá an toradh uasta a íocfar leis na hinfheisteoirí príobháideacha mar dhíbhinn teoranta do Thoradh Bannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann agus cuirtear i bhfeidhm é ar dháta dearbhaithe na díbhinne. Ina theannta sin, tá toradh uasta infheistíochta na n-infheisteoirí príobháideacha caidhpeáilte faoi Airteagail Chomhlachais an GINBST.

Srianann cumas an GNBS cinntí arna ndéanamh ag an GINBST a chrosadh cumas na n-infheisteoirí príobháideacha rialú a dhéanamh ar bheartais airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa agus, mar thoradh air sin, tá rialú éifeachtach ag an GNBS ar an GINBST agus ar fhochuideachtaí sa Ghrúpa, agus ar thart ar gach ceann de thairbhí agus rioscaí geilleagracha an Ghrúpa. Cé go bhfuil infheisteoirí príobháideacha faoi réir an riosca go bhféadfadh an GNBS caillteanais a thabhú agus nach n-aisghabhfaí luach iomlán a gcuid infheistíochta, níl ceanglas orthu aon chaipiteal eile a chur leis an GINBST.

De bhua an rialaithe a fhéadann an GNBS feidhmiú ar an GINBST, comhdhlúthaigh an GNBS an GINBST agus a gcuid fochuideachtaí, agus d'fhonn na leasanna neamh-urlámhais sna fochuideachtaí a aithint, cuireadh an caillteanas sa tréimhse i leith leas neamh-urlámhais, suas lena leas cothromais de €51 milliún amháin.

## 30 Scaireanna agus infheistíochtaí i ngnóthais an Ghrúpa

### 30.1 Fochuideachtaí

Tuairiscítear i Nóta 1 struchtúr Ghrúpa an GNBS. Is mar seo a leanas atá gnóthais na fochuideachta agus úinéireacht céatadáin an GNBS sna fochuideachtaí sin.

| Fochuideachta | Sealúchas | Príomhghníomhaíocht | Tír ionchorpraithe |
|---|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta | 49% | Cuideachta Sealúchais | Éire |
| Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 49% | Eisiúint Fiachais | Éire |
| Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teo. | 49% | Cuideachta Sealúchais | Éire |
| Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 49% | Bainistíocht urrúsaithe agus sócmhainní | Éire |
| Bainistíocht Réadmhaoine Sócmhainní Náisiúnta Teo. | 49% | Eastát Réadach | Éire |
| Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teo. | 49% | Bainistíocht seirbhísí grúpa | Éire |

Tá oifig chláraithe gach cuideachta suite ag Foirgneamh an Chisteáin, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2.

### 30.2 Infheistíocht i bhfochuideachtaí - Gníomhaireacht

| Gníomhaireacht | €'000 |
|---|---|
| 49,000,000 scair sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta | **49,000** |

Le linn na tréimhse rinne an Ghníomhaireacht infheistíocht €49m sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta.

# 31 Nochtaí páirtithe gaolmhara

## 31.1 Páirtithe gaolmhara

Cuimsíonn na páirtithe gaolmhara de chuid an Ghrúpa na nithe seo a leanas:

*Fochuideachtaí*

Tugtar mionsonraí ar na leasanna atá sealbhaithe i bhfochuideachtaí na Gníomhaireachta i Nóta 30 agus Nóta 1 leis na ráitis airgeadais.

*An GBCN*

Soláthraíonn an GBCN seirbhísí tacaíochta foirne, airgeadais, teicneolaíochta, riosca agus acmhainní daonna don GNBS. Ge-arrtar na costais a thabhaíonn an GBCN ar an GNBS (an Ghníomhaireacht), agus aisíocann an Grúpa leis an nGníomhaireacht. Tugtar mionsonraí ar na costais a ghearrtar ar an nGrúpa i Nóta 8.

*Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an GBCN*

Tá gach ball foirne fostaithe ag an GBCN agus cuireann an GBCN le Scéim Pinsin le Sochar Sainithe an GBCN thar ceann na bhfostaithe seo. Déanann iontaobhaithe neamhspleácha, mar atá ceaptha ag an GBCN, rialú agus bainistiú ar an scéim pinsin. Mar chuid den chomaoin i leith an tsoláthair foirne, rinne an Grúpa íocaíocht de €0.8m, rud a sheasann d'aisíoc rannpháirtíocht an GBCN leis an scéim pinsin i ndáil leis na Feidhmeannaigh seo de chuid an GNBS.

*An tAire Airgeadais*

Deonaítear in Ailt 13 agus 14 d'Acht an GNBS 2009 cumhachtaí áirithe don Aire Airgeadais i ndáil leis an GNBS. Foráiltear in Ailt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint chuig an GNBS chun críocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil leis an gcuspóir chun cur le forbairt shóisialta agus eacGNBSíoch an Stáit. Éilítear ar an GNBS aird a thabhairt ar aon treoirlínte den sórt sin agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna. Foráiltear in Ailt 13 go bhféadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint chuig an GNBS maidir le comhlíonadh chríocha an Achta agus, go háirithe, i ndáil leis an gcuspóir chun cur le forbairt shóisialta agus eacGNBSíoch an Stáit. Tá sé d'oibleagáid ar an GNBS aon treoir den sórt sin a chomhlíonadh.

Fágann na forálacha reachtúla seo go bhfuil an tAire Airgeadais in ann tionchar suntasach a fheidhmiú ar an GNBS.

*Institiúidí Rannpháirteacha*

Le linn 2010, achtaíodh roinnt bearta reachtacha a thug cearta agus cumhachtaí don Aire Airgeadais ar institiúidí áirithe airgeadais maidir le hábhair éagsúla, lena n-áirítear úinéireacht, comhdhéanamh boird, fáil nó díol fochuideachtaí, gníomhaíocht ghnó, athstruchtúrú agus gníomhaíocht bhaincéireachta.

Chomhaontaigh na hInstitiúidí Rannpháirteacha go ndéanfaidís i gcomhairle leis an Aire sula ndéanfaí aon bheart ábhartha a d'fhéadfadh bheith bainteach le leas an phobail.

D'eisigh an Grúpa nótaí sinsearacha agus fonótaí agus d'aistrigh siad iad chuig na hInstitiúidí Rannpháirteacha i gcomaoin sócmhainní iasachta. Nochtar idirbhearta le hInstitiúidí Rannpháirteacha sna ráitis airgeadais, go príomha faoi Nóta 16 Iasachtaí agus Infháltais, faoi Nóta 14, Méideanna dlite do /ó Institiúidí Rannpháirteacha agus faoi na nótaí gaolmhara ar Ráiteas Ioncaim. Le linn na tréimhse chuir an Grúpa taiscí de €89m i gCumann Foirgníochta an EBS, agus aibíodh na taiscí seo faoin dáta tuairiscithe. Tá cuntas oibriúcháin le Bainc-Aontas Éireann cpt ag an nGrúpa, cuntas a raibh iarmhéid €0.387m aige ag an dáta tuairiscithe.

Is mar seo a leanas atá táillí is iníoctha leis na hInstitiúidí Rannpháirteacha i ndáil le costais seirbhísithe iasachta le linn na tréimhse:

| Institiúidí Rannpháirteacha | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Bainc-Aontas Éireann, cpt | 2,691 |
| Banc na hÉireann | 1,932 |
| Corparáid an Bhainc Angla-Éireannaigh Teoranta | 7,115 |
| Cumann Foirgníochta an EBS | 101 |
| Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann | 947 |

*Príomhphearsanra bainistíochta*

Nochtar i Nóta 8 táillí a íocadh le baill an Bhoird. Níl aon fhostaithe ag an nGrúpa.

# 31 Nochtaí páirtithe gaolmhara (ar lean)

### 31.2 Idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Déantar gach idirbheart le páirtithe gaolmhara ar neamhthuilleamaí. Seo a leanas na hidirbhearta a rinneadh le páirtithe gaolmhara le linn na tréimhse:

*Infheistíochtaí in aonáin an Ghrúpa*

D'infheistigh an Ghníomhaireacht €49m sa GINBST, iad ag fáil 49m gnáthscair A. D'infheistigh infheisteoirí príobháideacha an €51m eile sa GINBST, gach infheisteoir acu ag fáil sciar cothrom de 51m gnáthscair B.

*Airleacain ón bPríomh-Chiste*

De réir alt 46(2) den Acht, féadfaidh an tAire Airgeadais suimeanna airgid den sórt atá ag teastáil d'fheidhmíocht a gcuid feidhmeanna a thabhairt ar airleacan ón bPríomh-Chiste don GNBS nó d'aon aonán Ghrúpa an GNBS.

Le linn na tréimhse, rinne an tAire na hairleacain seo a leanas don Ghníomhaireacht ón bPríomh-Chiste.

1. Ar an 26 Márta 2010, fuair an Ghníomhaireacht €49m ar iasacht, airgead a úsáideadh chun a n-infheistíocht €49m sa GINBST a mhaoiniú. Bhí an iasacht seo gan íoc ag an dáta tuairiscithe ach aisíocadh í tar éis dheireadh na tréimhse ar an 25 Feabhra 2011.
2. Ar an 25 Bealtaine 2010 fuair an Ghníomhaireacht €250m ar iasacht ón bPríomh-Chiste chun costais bhunaithe a mhaoiniú agus chun caipiteal oibre a sholáthar do Ghrúpa an GNBS.

Thug an Ghníomhaireacht €249.5m de na cistí seo ar airleacan don GINBST agus, ina dhiaidh sin, thug an GINBST na cistí seo ar iasacht don NALM chun a gcuid oibríochtaí a mhaoiniú. Aisíocadh na hiasachtaí agus an t-ús fabhraithe ar fad ina n-iomláine ar an 27 Deireadh Fómhair 2010.

*Iasachtaí idirghrúpa*

Ar an 1 Aibreán 2010 sholáthair an GINBST iasacht de €99.9m don BSNT. Tá an iasacht seo gan íoc ag an dáta tuairiscithe. Is ionann an t-ús fabhraithe ar an iasacht seo ag an dáta tuairiscithe agus €3.0m

*Comhaontuithe iasachta rannpháirteachais bhrabúis*

Chuaigh an NALM isteach i gcomhaontú iasachta rannpháirteachais bhrabúis (PPL) leis an NAMGS agus, ina dhiaidh sin, chuaigh an NAMGS isteach sa PPL eile leis an NALM ar théarmaí comhchosúla.

B'ionann na hiarmhéideanna gan íoc i ndáil le gach comhaontú an PPL idir na haonáin seo ag an dáta tuairiscithe agus €30.1bn.

*Athmhuirear an GBCN*

Tabhaíonn an GBCN costais as reáchtáil an Ghrúpa, costais a athghearrann siad ar an nGníomhaireacht. B'ionann iomlán na gcostas seo don tréimhse agus €15m. Nochtar i nóta 8.1 tuilleadh sonraí ar na costais seo.

## 32 Eolas forlíontach de réir Alt 54 den Acht

D'fhonn a gcuid cuspóirí a bhaint amach, bhunaigh an GNBS feithiclí sainchuspóra, mar a leagtar amach i Nóta 1. Ullmhaíonn agus cuireann i láthair na haonáin seo ráitis airgeadais ar leithligh. De réir riachtanais Alt 54 den Acht, soláthraítear an t-eolas breise seo a leanas, i ndáil leis an GNBS agus le gach aonán a nGrúpa.

### 32.1 Táillí agus costais riaracháin a thabhaigh an GNBS agus gach aonán Ghrúpa an GNBS.

Leagtar amach i nóta 8 na táillí riaracháin a thabhaigh an Ghníomhaireacht.

Is iad Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta an t-aonán amháin de chuid Ghrúpa an GNBS a thabhaigh táillí agus costais sa tréimhse. Léirítear a gcuid costas, lena n-áirítear athmhuirear €15m i ndáil le costais an GBCN a thabhaigh an Ghníomhaireacht, sa tábla thíos. Áirítear na costais seo sna cuntais comhdhlúite freisin.

| **Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta**<br>**Cineál an chostais** | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| Costais atá inaisíoctha leis an GNBS | 14,965 |
| Táillí máistirsheirbhíseora agus príomhsheirbhíseora | 14,813 |
| Táillí comhairleora agus comhairliúcháin airgeadais | 5,014 |
| Táillí bainistíochta punann | 5,087 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | 703 |
| Táillí dlí | 3,311 |
| Táillí cánach | 463 |
| Luach saothair iniúchóirí seachtracha | 530 |
| Costais eile riaracháin | 715 |
| **Iomlán na gcostas riaracháin** | **45,601** |
| Costais díchill chuí a tabhaíodh ar fhálacha iasachta | 29,605 |
| **Iomlán na gcostas** | **75,206** |

Meastar gur costais idirbhirt iad costais an díchill chuí a thabhaíonn Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta agus áirítear iad i gcostas fála na n-iasachtaí agus na n-infháltas. Nochtar i nóta 8.8 tuilleadh sonraí ar chostais díchill chuí.

### 32.2 Urrúis fiachais a eisíodh chun críocha an Achta

| | **2010**<br>**€'000** |
|---|---|
| Nótaí sinsearacha a d'eisigh an BSNT | 28,650,000 |
| Fofhiachas a d'eisigh an BSNT | 1,507,000 |
| **Iomlán** | **30,157,000** |

### 32.3 Urrúis fiachais a eisíodh agus a fuasclaíodh sa tréimhse do na hinstitiúidí rannphháirteacha

| **Institiúid Rannpháirteach** | **Eisíodh**<br>**€'000** | **Fuasclaíodh**<br>**€'000** | **Gan Íoc**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|
| AIB | 8,459,000 | - | 8,459,000 |
| BOI | 5,404,000 | - | 5,404,000 |
| Anglo | 12,920,000 | - | 12,920,000 |
| INBS | 3,043,000 | - | 3,043,000 |
| EBS | 331,000 | - | 331,000 |
| **Iomlán** | **30,157,000** | **-** | **30,157,000** |

### 32.4 Airleacain don GNBS ón bPríomh-Chiste sa tréimhse

Tugtar i nóta 31.2 sonraí ar airleacain a rinne an tAire Airgeadais don GNBS de réir alt 46(2) den Acht.

## 32 Eolas forlíontach de réir Alt 54 den Acht (ar lean)

### 32.5 Airleacain a rinne an GNBS d'fhéichiúnaithe trí Institiúidí Rannpháirteacha sa tréimhse

| Institiúid Rannpháirteach | 2010<br>Méid a tugadh ar airleacan<br>€'000 |
|---|---|
| AIB | 105,865 |
| Anglo | 101,198 |
| BOI | 29,796 |
| INBS | 3,402 |
| EBS | 59 |
| **Iomlán** | **240,320** |

### 32.6 Punanna sócmhainní atá sealbhaithe ag an GNBS agus ag gach aonán Ghrúpa an GNBS

Leagtar amach thíos na sócmhainní atá sealbhaithe ag an GNBS agus ag gach aonán Ghrúpa an GNBS. Áirítear ar na sócmhainní seo sócmhainní agus dliteanais idirghrúpa agus iasachtaí rannpháirteachais bhrabúis idirghrúpa idir aonáin Ghrúpa an GNBS.

| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Infheistíocht sa Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta | 49,000 |
| Airgead | 95 |
| Infháltais eile | 3,823 |
| **Iomlán** | **52,918** |

| An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní Teoranta | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Iasacht do Bhainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 99,900 |
| Iasachtaí agus infháltais idirghrúpa - Ús fabhraithe | 3,002 |
| **Iomlán** | **102,902** |

| Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Airgead | 836,644 |
| Infhaighte ó Institiúidí Rannpháirteacha | 349,923 |
| Sócmhainní Airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas | 499,155 |
| Iasachtaí agus infháltais | 27,950,833 |
| Sócmhainní Idirghrúpa | 283,022 |
| Ús fabhraithe atá infhaighte | 17,218 |
| Sócmhainní eile | 401 |
| **Iomlán** | **29,937,196** |

| Seirbhísí Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Sócmhainní Idirghrúpa | 383,022 |
| **Iomlán** | **383,022** |

| Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Iasacht Rannpháirteachais Bhrabúis le Bainistíocht Iasachta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 30,157,000 |
| **Iomlán** | **30,157,000** |

| Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 2010<br>€'000 |
|---|---|
| Iasacht Rannpháirteachais Bhrabúis le Seirbhísí Grúpa Bainistíochta Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | 30,157,000 |
| Sócmhainní Idirghrúpa | 99,900 |
| **Iomlán** | **30,256,900** |

**32.7 Bearta tacaíochta Rialtais, lena n-áirítear ráthaíochtaí, a fuair an GNBS agus gach aonán Ghrúpa an GNBS.**

| Aonán | Cur Síos | 2010 Méid a eisíodh €'000 |
|---|---|---|
| Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta Teoranta | Ar an 26 Márta 2010, ráthaigh an tAire Airgeadais Nótaí Sinsearacha a d'eisigh an GNBS, mar a fhoráiltear faoi Alt 48 d'Acht an GNBS 2010. Is ionann méid comhlán príomha uasta na Nótaí Sinsearacha atá le heisiúint ag aon am amháin agus €51,300,000,000 | 28,650,000 |
| Iomlán | | **28,650,000** |

## 33 Teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe

**Treoir an Aire**

Mar a leagtar amach i Nóta 23, tá an chuid is mó de mhaoiniú na Gníomhaireachta i bhfoirm Nótaí Rialtas-Ráthaithe Ráta Chomhlúthaigh (Nótaí). Cheadaigh na Nótaí a eisíodh in 2010 an t-eisitheoir gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí a shocrú ar aibíocht trí Nóta nua a eisiúint ar na téarmaí céanna leis an Nóta reatha (seachas go haibíocht, rud a d'fhéadfadh bheith suas le 364 lá ón dáta eisiúna, d'ainneoin go bhféadfaí aibíocht níos giorra a bheith ag an Nóta reatha).

D'fhoráil na Nótaí freisin d'aibíocht insínte de suas le 364 lá, ag rogha an eisitheora, síneadh a d'fhéadfaí a fheidhmiú i leith gach ceann, nó cuid amháin, de na Nótaí.

Socraíodh gach ceann de na Nótaí a tháinig in aibíocht ar an 1 Márta 2011 trí Nótaí nua, a thiocfaidh in aibíocht ar an 1 Márta 2012 agus a d'fhéadfaí a shíneadh go suas le 364 ag rogha an eisitheora, a eisiúint.

Tar éis dheireadh na tréimhse, d'eisigh an tAire Airgeadais treoir don GNBS faoi Alt 14 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009, gur cheart go ndéanfaí leasú ar na téarmaí agus na coinníollacha de na Nótaí a eisíodh ar an 1 Márta 2011, agus d'aon Nótaí a d'eiseofaí ina dhiaidh sin, chun rogha an eisitheora a shocrú trí eisiúint na Nótaí nua ar théarmaí comhchosúla a bhaint mura bhfaightear toiliú roimh ré ón nótashealbhóir, agus chun rogha an eisitheora aibíocht na Nótaí a shíneadh a bhaint.

Tá na Nótaí i seilbh institiúidí airgeadais agus féadann siad iad a úsáid mar chomhthaobhacht chun rochtain a fháil ar scéimeanna tacaíochta leachtachta údaráis airgeadaíochta. Mar sin féin, tá na nótashealbhóirí reatha faoi réir treorach ón Aire Airgeadais agus tá na Nótaí faoi ráthaíocht an Rialtais. Mar gheall ar na himthosca seo, creideann an Bord gurb ionann a dtoimhde go mbeidh an GNBS, ar aibíocht na Nótaí, in ann a ndliteanas i leith Nótaí nua a shocrú, eisithe ar théarmaí comhchosúla, agus toimhde réasúnach.

**Díbhinn**

Ar an 31 Márta 2011, dhearbhaigh agus cheadaigh Bord an GINBST íocaíocht díbhinne de €0.09987 in aghaidh na scaire, rud is ionann agus €5.093 m. Íocadh é seo le húinéirí ghnáthscaireanna B sa GINBST amháin.

## 34 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar an 24 Meitheamh 2011.

## Gluais Téarmaí

**Comhthaobhacht** Gealladh réadmhaoine ar leith ar thaobh iasachtaí d'iasachtóir, rud a fhorghéillfear i gcás mainneachtana

**Contrapháirtí** Páirtí lena gcuirtear conradh nó idirbheart i gcrích.

**Babhtáil Trasairgeadra** Comhaontú ar shreabhadh airgid a bhabhtáil ar iasachtaí atá ar cóimhéid agus ar théarmaí comhchosúla ach atá déanta amach in airgeadraí éagsúla. Úsáideann an Grúpa na comhaontuithe seo chun costas Euro na n-idirbheart atá déanta amach in airgeadra eachtrach a shocrú.

**Luach Margaidh Reatha** An méid measta ag a malartófaí réadmhaoin idir ceannaitheoir agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

**Féichiúnaí** Iasachtaí, ar measadh go raibh a chuid iasachtaí incháilithe agus aistríodh na hiasachtaí siúd chuig an nGrúpa. Tagraíonn an Grúpa don iasachtaí mar fhéichiúnaí. Is ionann ceangal féichiúnaí agus grúpa iasachtaí atá ceangailte le féichiúnaí.

**Díorthach** Is ionann díorthach agus ionstraim airgeadais a dhíorthaíonn a luach ó mhír bhunúsach e.g. rátaí úis nó airgeadra, agus féadtar iad a úsáid chun rioscaí a bhaineann leis na hathruithe ar luach na míre bunúsaí a bhainistiú.

**Ráta Lascaine** An ráta a úsáidtear chun sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú i gcoinne a luacha reatha.

**Dícheall Cuí** Measúnú cuimsitheach ar ghnóthas, go háirithe chun luach a chuid sócmhainní agus dliteanas a bhunú. Tá dhá chineál díchill chuí a dhéanann an Grúpa, dícheall cuí Dlíthiúil agus dícheall cuí Réadmhaoine.

**Imeachtaí Forfheidhmiúcháin** Imeachtaí chun comhlíonadh conarthaí dlí a éigniú.

**Euribor** Is ionann Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro agus an ráta ag a dtairgtear taiscí idirbhainc an euro ó phríomhbhanc go príomhbhanc laistigh de limistéar an euro.

**Sain-athbhreithneoir** Duine atá cáilithe go cuí ag a bhfuil, i dtuairim an Aire, an saineolas is gá chun athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht na sócmhainní bainc nuair atá an incháilitheacht sin á díospóid ag na hInstitiúidí Rannpháirteacha.

**Ráta Comhlúthach** Ráta úis a athraíonn le himeacht ama. Baineann an t-athrú le gluaiseacht an táscaire sheachtraigh, mar shampla an ráta úis atá leagtha síos ag an ECB, de ghnáth.

**Fálú** Dul isteach i gcomhaontú chun rioscaí na n-athruithe díobhálacha ar phraghas sócmhainne nó dliteanais a bhainistiú.

**Iasacht Bhearnaithe** Tá iasacht bearnaithe i gcás nach dócha go mbaileoidh an t-iasachtóir luach iomlán na hiasachta.

**Babhtáil Ráta Úis** Díorthach ina malartaíonn páirtí amháin sruth sreafa airgid ar shruth sreafa airgid an pháirtí eile, bunaithe ar méid príomha sonraithe. De ghnáth, baineann sé seo le babhtáil an tsreafa airgid is comhionann le híocaíochtaí úis athraithigh le sreabhadh airgid is comhionann le híocaíochtaí úis sheasta ar an méid príomha céanna.

**Iasacht Talún agus Forbartha** Áirítear le hiasachtaí talún agus forbartha iasachtaí ar thalamh a cheannaítear chun críocha forbartha agus iasachtaí atá urraithe ar thalamh atá forbartha go páirteach.

**Luach EacGNBSíoch Fadtéarmach** An luach a chineann an GNBS, de réir Acht an GNBS, atáthar ag súil le réasún go ngnóthófar i gcóras airgeadais chobhsaí nuair a bheidh feabhas curtha ar na coinníollacha géarchéime a bhí i réim le linn rith an Achta agus, i gcás na réadmhaoine, ina bhfuil praghas nó toradh na réadmhaoine sa todhchaí ar aon dul le hionchais réasúnta, trí aird a thabhairt ar an meánphraghas fadtréimhseach stairiúil.

**Luach Marcála go Margadh** Praghas nó luach urrúis, punainne nó cuntais a léiríonn a luach margaidh reatha seachas a luach leabhair.

**OTC** Thar an gCuntar, tagraíonn sé seo do dhíorthaigh nach dtrádáiltear ar mhalartán aitheanta

**Institiúid Rannpháirteach** Institiúid Chreidmheasa atá sainithe ag an Aire faoi alt 67 den Acht 2009 mar Institiúid Rannpháirteach, lena n-áirítear aon cheann dá cuid fochuideachtaí nach bhfuil curtha san áireamh faoin alt sin.

**Banna Suthain** Banna nach bhfuil dáta aibíochta aige

**Luach Reatha** Luach ar dháta áirithe íocaíochta amach anseo nó sraithe íocaíochtaí amach anseo, lascainithe le go léireoidh sé amluach an airgid agus tosca eile amhail riosca infheistíochta.

**Príomhsheirbhíseoir** Institiúid Rannpháirteach a bhainistíonn féichiúnaithe thar ceann an GNBS, laistigh de theorainneacha údaráis atá ceadaithe ag Bord an GNBS.

**Iasacht Rannpháirteachais Bhrabúis** Iasacht a sholáthraíonn toradh don chreidiúnaí, rud a bhraitheann, i bpáirt ar a laghad, ar bhrabúsacht an fhéichiúnaí.

**Airleacan Cáilitheach** Airleacan a dhéanann Institiúid Rannpháirteach le haghaidh iasachtaí (ar sócmhainní incháilithe a chuid iasachtaí) tar éis fhógra an GNBS ag an Aire Airgeadais ar an 7 Aibreán 2009. Cáilíonn airleacain i gcás go ndearnadh iad mar chuid de ghnáthshocruithe baincéireachta tráchtála amháin. Ní chuirtear aon lascaine i bhfeidhm maidir leis na hairleacain seo.

**Urrús** Áirítear leis (a) muirear, (b) ráthaíocht, slánaíocht nó Urra, (c) ceart fritháirimh, (d) bintiúr, (e) bille malairte, (f) nóta gealltanais, (g) comhthaobhacht, (h) aon mhodh eile, chun na nithe seo a leanas a dhaingniú - (i) íocaíocht fiachais, nó (ii) feidhmíocht nó urscaoileadh oibleagáide nó dliteanais, agus (i) aon chomhaontú nó socrú eile ag a bhfuil éifeacht den chineál céanna.

**Feithicil Sainchuspóra** Aonán dlíthiúil a chruthaítear chun cuspóir dea-shainithe atá caol, sonrach nó sealadach a chomhlíonadh.

**Fofhiachas** Fiachas nach mbeidh inaisíoctha go dtí go n-aisíocfar fiachais eile. Íocann an GNBS 5% de luach ceannaigh na n-iasachtaí a fhaigheann siad i bhfoirm fobhannaí.

**Iasacht Sindeacáite** Is ionann iasacht sindeacáite agus iasacht atá curtha ar fáil ag grúpa iasachtóirí agus atá struchtúrtha, socraithe, agus riartha ag ceann amháin nó roinnt banc infheistíochta nó tráchtála ar a dtugtar socraitheoirí.

**Tráinse** Grúpa iasachtaí de chuid féichiúnaithe éagsúla, a aistrítear chuig an GNBS ag pointe áirithe in am. Tarlaíonn aistriú na sócmhainní ó Institiúidí Rannpháirteacha chuig an nGrúpa i dtráinsí.